



Energy for
generations

FUINNEAMH CHUN TÚ A NASCADH 24/7

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2012
esb.ie



MAR GHEALL AR AN ESB

Bunaíodh an ESB sa bhliain 1927 mar chorparáid reachtúil i bPoblacht na hÉireann faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Baineann 95% den ESB le Rialtas na hÉireann, mar sin is é a úinéir tromlaigh é. Le hlontaobhas um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe a bhaineann an 5% eile.

Mar fhóntas láidir, eagsúlaithe, atá comhtháite go hingearach, oibríonn an ESB i ngach cuid den mhargadh leictreachais: idir ghiniúint, tharchur, dháileadh agus sholáthar. Lena chois sin, bainimid breisluach ag pointí áirithe feadh an tslabhra seo: ag soláthar gáis, ag úsáid ár líonraí chun snáth a iompar ar mhaithe le teileachumarsáid, ag forbairt bonneagar poiblí muirir, agus tuilleadh.

Is príomhfhóntas Éireannach muid, a bhfuil bonn sócmhainní rialála (RAB) de €8.3 billiún nó mar sin againn, 43% de chumas iomlán giniúna cumhachta an mhargaidh uile-oileáin, is muid an soláthraí leictreachais do 1.5 milliún custaiméir nó mar sin ar fud oileán na hÉireann agus táimid ag díriú ar ár neart airgeadais a choimeád. Amhail ar 31 Nollaig 2012, bhí tuairim is 8,000 duine fostaithe ag an nGrúpa.


CLÁR

01	FORBHREATHNÚ GNÓ	8
	Ráiteas an Chathaoirligh	9
	Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	10
	Ár Straitéis agus Samhail Ghnó	12
02	ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS	18
	Timpeallacht Oibriúcháin	19
	Athbhreithniú Airgeadais	21
	Rannóga an Aonaid Ghnó:	
	ESB Generation and Wholesale Markets	26
	ESB Networks	28
	NIE	30
	Electric Ireland	32
03	FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH	34
	Réamhrá ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin: Daoine agus Inbhuanaitheacht	35
	Cáirt Inbhuanaitheachta	36
	Úsáid Fuinnimh 2012	37
	Nuálaíocht ESB	38
	Comhionannas agus Éagsúlacht	39
	Ár nDaoine	40
	Ár bPobal	42
04	RIALACHAS CORPARÁIDEACH	44
	Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialachas Corparáideach	45
	An Bord	46
	An Fhoireann Feidhmiúcháin	48
	Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	50
	An Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca	58
05	RÁITIS AIRGEADAIS	62
	Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird	64
	Tuarascáil an Iníúcháir Neamhspleáigh chuig Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB)	65
	Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta	66
	Ráitis Airgeadais	74
	An tAcht um Íoc Pras Cuntas	132



03:35

AN FUINNEAMH CHUN
ATHLUCHTÚ A DHÉANAMH FAOI
CHOINNE LÁ GNÓTHACH



AR LÍNE

Tá an tuarascáil seo le
léamh ar líne, leis, ag
[www.esb.ie/main/about-
esb/financial-information.
jsp](http://www.esb.ie/main/about-esb/financial-information.jsp)



BUAICPHOINTÍ

AIRGEADAIS

- €1,095 MILLIÚN D'EBITDA AGUS €415 MILLIÚN DE BHRABÚS OIBRIÚCHÁIN
- BAINEADH AMACH BREIS IS €200 MILLIÚN DE CHOIGILTEAS AR CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN ÓN MBLIAIN 2010 I LEITH
- CUIREADH €18 BILLIÚN LE GEILLEAGAR NA HÉIREANN
- EISIÓDH LUACH €11 BILLIÚN DE BHANNAÍ

OIBRÍOCHTÚIL


- GINEADH 13 TWh LEICTREACHAIS Ó FHOINSÍ IN-ATHNUAITE
- SHROICH CARRINGTON POWER LIMITED, INNEALRA TUIRBÍN GAOITHE COMH-THIMTHRIALLA 881 MW (CCGT), MANCHAIN, SASANA, DEIREADH AIRGEADAIS
- TÁ MÉADRACHT CHLISTE ANOIS AG CÉIM AN MHIONDEARAIDH

MARGADH

- LAINSEÁIL STRAITÉISE NUA CORPARÁIDÍ MAR FHREAGAIRT AR ATHRUITHE SUNTASACHA AR CHÚRSAÍ EACNAMAÍOCHTA, MARGAIDH, AIRGEADAIS AGUS POLAITÍOCHTA
- 48% DE SCIAR DEN MHARGADH GINIÚNA AGUS 36% DE SCIAR DEN MHARGADH SOLÁTHAIR
- 14 MILLIÚN CUSTAIMÉIR LEICTREACHAIS AGUS 80,000 CUSTAIMÉIR DÉBHREOSLA
- AN TIONSCADAL UM CHOMHCHUIBHÍÚ AN MHARGAIDH A BHEITH TUGTHA CHUN CRÍCHE AG ESB NETWORKS AGUS NIE

FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

- BA É ELECTRIC IRELAND 'PÁIRTÍ OIFIGIÚIL FUINNIMH' FHOIREANN NA HÉIREANN LE HAGHAIDH LONDAIN 2012
- LAGHDAÍODH AN LORG CARBÓIN INMHEÁNACH DE 33% Ó 2006 I LEITH
- BHÍ AN ESB AR CHEANN DEN 11 EAGRAÍOCHT A SHÍNIGH CAIRT ÉAGSÚLACHTA ÉIREANN



NA FÍRICÍ & NA FIGIÚIRÍ IS TÁBHACHTAÍ

BRABÚS OIBRIÚCHÁIN*

€415m

2012	€415m	-€54m -12%
2011	€469m	

EBITDA*

€1,095m

2012	€1,095m	-€26m -2%
2011	€1,121m	

IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ

€12,600m

2012	€12,600m	
2011	€12,539m	€61m 0.5%


GLANFHIACHAS

€4,414m

2012	€4,414m	
2011	€4,324m	€90m 2%


GINIÚINT

sciar den mhargadh uile-oileáin




SOLÁTHAR

sciar den mhargadh uile-oileáin



*áirítear mír eisceachtúil a bhaineann le costais scoir foirme (€161 million)



SA ROINN SEO

Ráiteas an Chathaoirligh	9
Athbhreithniú an	
Phríomhfheidhmeannaigh	10
Ár Straitéis agus Samhail Ghnó	12

BUAICPHOINTÍ 2012

- › LAINSEÁIL ÁR STRAITÉISE CORPARÁIDÍ NUA
- › EISÍODH BREIS IS €1 BILLIÚN SNA MARGAÍ BANNAÍ
- › MAOINIÚ ÁR STÁISIÚIN CHUMHACHTA IN CARRINGTON SA BHREATAIN AGUS TÚS Á CHUR LENA THÓGÁIL
- › AG CLOÍ LENÁR SPRIOCANNA LAGHDAITHE COSTAIS - BREIS IS €200 MILLIÚN BAINTE AMACH GO DTÍ SEO.

07:59

AN FUINNEAMH CHUN TÚS MAITH
A CHUR LEIS

01 FORBHREATHNÚ GNÓ



Lochlann Quinn, Cathaoirleach

RIALACHAS AGUS AN BORD

Geallann do Bhord na caighdeán rialachais chorpáraidigh is airde a chomhlíonadh. Déanaimid ár ngnó go freagrach comhsheasmhach ar aon dul lenár muinín sa trédhearcacht agus sa chuntasacht. Tá an dea-rialachas riachtanach, dár linn, chun go mbeidh dúshraith ann d'fhás inbhuanaithe ár ngnó.

Chríochnaigh Garry Keegan agus Seán Conlan cúig bliana seirbhíse i gcaitheamh na bliana mar chomhaltaí den Bhord. Gabhaim buíochas leo as an méid a rinne siad ar son an Ghrúpa. Tháinig Anne Butler isteach sa Bhord sa bhliain 2012 agus is mór againn í a bheith linn.

IONCHAS

Ionchas dúshlánach is ea ionchas na bliana 2013 i gcónaí, ach creidimid go gcuirfidh an straitéis chorpáraidigh ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht sin.

ÁR BHFOIREANN

Is mian liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a thug gach comhalta den ESB sa bhliain 2012 agus gabhaim buíochas ó chroí leo as an tacaíocht a thug siad i gcónaí dúinn agus muid ag díriú ar spriocanna dúshlánacha.

CRÍOCH

De réir fhorálacha na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 – 2004 cuireann an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 i láthair.

Lochlann Quinn, Cathaoirleach

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

TORTHAÍ

Is áthas liom sraith dea-thorthaí airgeadais a fhógairt don bhliain 2012 d'ainneoin an timpeallacht ghnó a bheith an-dúshlánach. Thairfead an Grúpa €415 milliún de bhrabús oibríúcháin sa bhliain 2012 (2011: €469 milliún). Ar áireamh sna torthaí tá mír eisceachtúil (€161 milliún) a bhaineann leis na costais a ghabh le scéim dheonach eadarscartha a lainseáladh sa bhliain 2012 mar chuid dár gClár um Fheabhsú Feidhmíochta.

DÍBHINN

Tá 3.96 cent in aghaidh an aonaid stoic nó €78.4 milliún go comhlán de dhíbhinn dheireanach á mholadh ag an mBord, rud a thugann na díbhinní ar fad le deich mbliana anuas go beagnach €1 billiún.

STRAITÉIS

Sa bhliain 2012 b'ionann agus 48% sciar an ESB den ghiniúint ar bhonn uile-oileáin agus b'ionann agus 36% ár sciar den ghnó soláthair ar fad, arís ar bhonn uile-oileáin. Tá athrú ó bhun ag teacht ar chúrsaí iomaíochta ó méadú an t-idirnasca go dtí an Bhreatain agus ó tháinig fiontais mhór Eorpacha isteach inár margadh intíre.


Tá straitéis fhadtéarmach ceaptha agus á cur i bhfeidhm ag an mBord chun an ESB a ullmhú faoi choinne na ndúshlán sin. Céim shuntasach is ea tús a chur le tógáil ar stáisiúin ghiniúna 881 MW

ag Carrington, láimh le Manchain. Gné chriticiúil eile is ea ár gClár um Fheabhsú Feidhmíochta a fhéachann le €280 milliún de chostais a thógáil amach as an ngnó faoin mbliain 2015, i ngach cuid de na gnóthaí giniúna, líonraí agus soláthair. Is den riachtanas díriú ar chostais má táimid le táirgí iomaíocha a thairiscint dár gcustaiméirí i gcónaí agus neart airgeadais an ESB a chosaint.

SÁBHÁILTEACHT

Scáth brónach ar an mbliain 2012 ab ea an bheith bhall foirne a maraíodh in Eanáir 2013. Is cúis mhór aiféala bás ar bith a bhfuil baint aige lenár ngnó, cibé an comhalta foirne, conraitheoir nó ball den phobal a mharaítear. Níl rud níos tábhachtaí ná an tsábháilteacht agus beidh sé chun tosaigh i gcónaí ar ár dtosaíochtaí.

ÍOCAÍOCHTAÍ DÍBHINNE 2003 GO 2012



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

Buaicphointí 2012

- > **Lainseáil ár Straitéise Corparáidí nua**
- > **Eisíodh breis is €1 billiún sna margai bannaí**
- > **Maoiniú ár stáisiúin chumhachta i gCarrington sa Bhreatain agus tús á chur lena thógáil**
- > **Ag cloí lenár spriocanna laghdaithe costais - breis is €200 milliún bainte amach go dtí seo**

BEIMID COMHTHÁITE GO HINGEARACH I GCÓNAÍ, AGUS LÁITHREACHT AGAINN I NGACH CUID DEN SLABHRA LUACHA A CHUIMSÍONN GINIÚINT, LÍONRAÍ, TRÁDÁIL AGUS SOLÁTHAR.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom teachtaireacht an Chathaoirligh a athdhearbhú; ba mhór an chúis bhróin dúinn beirt chomhalta foirne a chailleadh in Eanáir 2013 – ár gcomhghleacaí Shane Conlan, a bhí ag obair i bhfostáisiún Fhionnghlaise agus a maraíodh an 15 Eanáir agus ár gcomhghleacaí Oisín Crotty, a maraíodh i dtimpiste tráchta bóthair agus é ag tiomáint chun na hoibre an 17 Eanáir. Is deacair méid na brise dá dteaghligh a shamhlú agus is cúis mhór bróin é dá gcomhghleacaithe in ESB Networks.

Tugaimid John Geraghty, fostaí de chuid Lyons Poling Contractors, agus John O'Donnell, fostaí de chuid Bhord na Móna ag Cumhacht Loch Rí, chun cuimhne, leis. Maraíodh an bheirt i gcaitheamh na bliana.

CÉRBH IAD NA RUDAÍ BA MHÓ AR ÉIRIGH LEIS AN ESB A DHÉANAMH SA BHLIAIN 2012?

Ceann de na rudaí ba mhó a bhaineamar amach mar Ghrúpa ná ár Straitéis Chorporáideach nua go dtí an bhliain 2025 a lainseáil. Cuirfidh an straitéis seo ar ár gcumas fás a dhéanamh agus rioscaí a bhainistiú agus an misean a bhí againn riamh, is é sin réitigh fuinnimh inbhuanaithe agus iomaíocha a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile, a athdhearbhú.

Clochmhíle shuntasach eile ab ea an maoiniú a d'éirigh linn a fháil ar mhaithe le stáisiún cumhachta Carrington sa RA. Tá an maoiniú le haghaidh an tionscadail seo curtha i leataobh ionas nach mbainfidh sé den infheistíocht atá á déanamh againn i mbonneagar leictreachais ar oileán na hÉireann. Léiríu ar mhuinín an mhargaidh i straitéis an ESB agus inár gcumas dul san iomaíocht go rathúil is ea an cistiú a d'éirigh linn a bhailliú le haghaidh an tionscadail seo, agus go deimhin an dá eisiúint rathúla bannaí a rinneadh sa dara leath den bhliain.

CONAS A D'ÉIRIGH LEIS AN NGNÓ SA BHLIAIN 2012?

Ó thaobh an ghnó de, d'éirigh go maith leis an ESB i mbliain a bhí thar a bheith deacair. Gnó dian ar chaipiteal is ea an ESB, agus infheistíonn sé breis is €750 milliún sa bhliain. Bíonn ar ár gcumas cuid den airgead sin a ghiniúint ónár ngnóthai ach teastaíonn cistiú seachtrach

uainn, leis. Comhartha is ea é ar fheabhas ár gcomhghleacaithe airgeadais agus cistíochta, agus ar dhearcadh lucht gnó i leith an ESB, gur éirigh linn breis is €1 billiún a eisiúint sa mhargadh bannaí le linn 2012 chun fiachas a bhí ag teacht in aibíochta a íoc agus chun ár gclár infheistíochta caipitil a mhaoiniú.

Maidir lenár gClár um Fheabhsú Feidhmíochta de, tá súil againn €280 milliún a bheith tógtha amach as an mbonn costais faoin mbliain 2015; tá breis is €200 milliún tógtha amach cheana féin. Thángthamar ar chomhaontú leis an bhfoireann i dtaobh €140 milliún de choigilteas nó 20% ar phárolla na bliana 2010. Bainfear an sprioc sin amach go páirteach tríd an gcoigilteas a ghabhann le 1,000 scor comhalta foirne, nó geall leis, ó 2010 i leith ach tá ganntanas ann i gcónaí agus ní mór dúinn uile san ESB an ganntanas sin a chúiteamh. Is mian liom aitheantas a thabhairt don dílseacht agus don tiomantas thar na bearta atá léirithe ag an bhfoireann sa mhéid sin.

CÉRBH IAD NA BUAICPHOINTÍ I NGACH CEANN DE NA CEITHRE RÉIMSE GNÓ?

In ESB Networks rinneamar €395 milliún d'infheistíocht chun an córas tarchuir agus dáileacháin a athnuachan agus a leathnú. Chuir sin ar ár gcumas, mar shampla, giniúint nua gaoithe a thabhairt isteach sa chóras tarchuir agus feabhsú a dhéanamh ar iontaofacht an tsoláthair de thoradh infheistíocht sa chóras dáileacháin.

I dTuaisceart Éireann, d'oibrigh NIE go dian leis an rialálaí fóntais chun RP5 a thabhairt chun críche. D'ainneoin tréanarrachtaí ar an dá thaobh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid an choimisiúin iomaíochta lena athbhreithniú. Lean NIE den infheistíocht sa líonra sa bhliain 2012 agus leanfaidh feasta.

In ESB Generation and Wholesale Markets, ba é an buaicphointe domsa gur éirigh linn an maoiniú a fháil le haghaidh tionscadal stáisiún cumhachta Carrington, láimh le Manchain, agus an tógáil a thosú. Ráiteas tábhachtach is ea an infheistíocht seo sa Bhreatain ar intinn agus ar féinmhuinín an ESB go mbeimid in ann dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh leictreachais comhtháite atá ag teacht chun cinn idir an Bhreatain agus Éire.

I réimse an tsoláthair tá Electric Ireland ag mealladh custaiméirí ar ais trí luach ar airgead agus seirbhís do chustaiméirí is fearr ná mar atá ag ár n-iomaitheoirí, a thairiscint. Tugadh isteach táirgí nua éifeachtúlacht fuinnimh sa bhliain 2012 mar aon le tairiscintí ar nós seirbhís deisiúcháin agus seirbhísithe do choirí agus do chórais téimh, agus gléas nua ciantéimh ar a dtugtar Climote.

AN BHFÉADFÁ TUILLEADH A INSINT DÚINN MAR GHEALL AR AN STRAITÉIS CHORPARÁIDEACH NUA GO DTÍ AN BHLIAIN 2025?

Is é is ábhar dó misean an ESB, i ndáil le réitigh fuinnimh inbhuanaithe agus iomaíochas a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile, a bhaint amach. Sprioc eile ná bheith ar an gcéad chuideachta fuinnimh in Éirinn agus dul san iomaíocht go rathúil i margadh na Breataine na hÉireann. Sin an dúshlán atá curtha againn fuinn. Ach ní imeoimid ón bpríomhghnó – fuinneamh. Beimid comhtháite go hingearach i gcónaí, agus láithreach againn i ngach cuid den slabhra luacha a chuimsíonn giniúint, líonraí, trádáil agus soláthar. Tabharfaidh sin an scála agus éagsúlú riosca is gá dúinn. Beimid stuama, agus cinnteoidimid go mbeidh an ESB láidir ó thaobh airgeadais i gcónaí trí infheistíocht a dhéanamh go cúramach agus srian a choimeád ar chostais. Ní gá ach nearta an ESB a dhaingniú – an smaointeoireacht straitéiseach, an phleanáil faoi choinne an fhadtearma agus an t-oiriúnú i leith athruithe.

GHEOFAR MIONSONRAÍ AR STRAITÉISE AR LCH 12

CUSPÓIR STRAITÉISEACH TÁBHACHTACH DON ESB IS EA NUÁIL INBHUANAITHE. CÉARD GO DÍREACH ATÁ I GCEIST?

Lena chur in abairt amháin is é gealltanas an ESB todhchaí ísealcharbóin a bhaint amach. Ná

dearmad gur thosaigh an ESB mar chuideachta inathnuaite fuinnimh; ba é an stáisiún giniúna hidrileictreach ag Ard na Croise ár gcéad stáisiún. Tá sprioc leagtha síos againn go mbeidh ár nglanphunann cuideachtaí neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí. I láthair na huaire áirítear ar ár bpunann giniúna 560 MW d'fhoinis in-athnuaite fuinnimh agus ba mhaith linn é sin a bheith ag 1800 MW faoin mbliain 2025.

Sa bhliain 2012 chríochnaíomar an tuirbín gaoithe ag ár bhfeirm ghaoithe 21 MW ag Carrickatane i gCo. Dhoire agus tá an tógáil idir lámha ag ár bhfeirm ghaoithe 35 MW in Myndd y Betwys sa Bhreatain Bheag. Rud eile a tharla sa bhliain 2012 ná go bhfuairamar cistiú AE le haghaidh ár dtionscadail Ocean Energy.

Is mian linn a bheith i bhfíorthosach na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, leithéidí greillí cliste, a dhéanfaidh gníomhaíochtaí úsáideoirí uile an líonra – idir ghinteoirí agus chustaiméirí – a chomhtháthú go ciallmhar le sochair eacnamaíochas agus comhshaoil. Beidh ár mbonneagar luchtaithe poiblí á chur ar fáil i gcónaí chun tacú le leictirí an chórais iompair. Agus ar thaobh an tsoláthair, is mian linn ár gcustaiméirí a spreagadh chun a gcuid tithe a insliú agus a bheith cliste sa tslí ina n-ídiann siad fuinneamh.

AR MHISTE LEAT CUID DE NA DÚSHLÁIN A BHEIDH ROIMH AN ESB SA BHLIAIN 2013 A LUA?

Is í an tsábháilteacht an tosaíocht i gcónaí. Caithfidh taifead láidir sábháilteachta a bheith mar chrann taca le feidhmíocht an ghnó. Tosaíocht eile is ea margadh na Breataine na hÉireann atá ag teacht chun cinn. Imreoir mór ab ea muid i margadh beag go dtí seo ach is imreoir beag i margadh i bhfad níos mó a bheidh ionainn feasta. Tá sé tábhachtach, leis, go gcoimeádfaimid an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ó thaobh spriocanna i ndáil le feabhsú feidhmíochta agus laghdú costais a bhaint amach.

Tionscadal amháin don bhliain 2013 ar fiú trácht air ná an Tionscnamh um Shnáth chun an Fhoirgnimh. Sin tionscadal arbh fhiú súil a choimeád air.

D'iarr an Rialtas ar an ESB tograí ar leith a cheapadh agus a chur ar fáil ar mhaithe le sócmhainní neamhstraitéiseacha a dhíol as a ndéanfaí díbhinní speisialta arbh fhiú suas le €400 milliún iad a íoc leis an Stát. Agus an t-iartras sin á dhéanamh, thug an Rialtas aitheantas sainráite dá thábhachtaí atá sé rátáil creidmheasa an ESB a choimeád ar ghrád infheistíochta. Ábhar mórtais is ea é dúinn gur íocamar geall le


NA TOSAÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2013

AGUS MUID AG BREATHNÚ AR AGHAIDH CHUIG 2013 AGUS INA DHIAIDH, SEO IAD NA TOSAÍOCHTAÍ A BHEIDH AGAINN:

- > Is í an tsábháilteacht an cúram gnó is mó, agus is amhlaidh a bheidh i gcónaí.
- > Ár bpunann giniúna sa Bhreatain a fhorbairt ionas go mbeidh an gnó in ann leas a bhaint as an margadh réigiúnach leictreachais atá ag teacht chun cinn.
- > Neart airgeadais an ESB a choimeád trínár spriocanna i ndáil le laghdú costais agus feabhsú feidhmíochta a bhaint amach, agus trí chaiteachas caipitil a aillíniú le dálaí na margái airgeadais.

€1 billiún i ndíbhinní leis an Stát le deich mbliana anuas agus tá sócmhainní á n-aithint againn i láthair na huaire a d'fhéadfaí a dhíol ar théarmaí nach mbainfeadh de rátáil chreidmheasa an ESB nó nach gcuirfeadh a spriocanna straitéiseacha i mbaol.

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin sin is mian liom aitheantas a thabhairt don obair dhochreidte a rinne an fhoireann sa bhliain 2012.



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

ÁR STRAITÉIS

ÁR BHFÍS

A bheith ar an gcuideachta fuinnimh is ceannasaí in Éirinn, ag dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh uile-oileáin.



ÁR MISEAN

Réitigh fuinnimh inbhuanaithe agus iomaíocha a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile.



ÁR LUACHANNA

AR MHAITHE LEIS AN TSÁBHÁILTEACHT:

Tabharfar tús áite i gcónaí do shábháilteacht na foirne, na gconraitheoirí, na gcustaiméirí agus an phobail, agus déanfaimid ár seacht ndícheall áireamh na ngortuithe agus na dteagmhais a bheith ag nialas.

MACÁNTACHT AGUS MEAS:

Tá meas againn ar a chéile mar fhostaithe den ESB agus déanaimid gach gnó lenár gcustaiméirí, ar gcomhpháirtithe, ár ngeallsealbhóirí agus leis an bpobal go macánta agus ar na caighdeáin eiticiúla is airde.

SEIRBHÍS IONTAOFA IOMAÍOCH:

Cuirimid táirgí agus seirbhísí iontaofa agus ar phraghas iomaíoch ar fáil dár gcustaiméirí uile, agus bímid de shíor ag iarraidh cur lenár bhfeidhmíocht.

NUÁIL INBHUANAITHE:

Tugaimid go fonnmhar faoi na dúshláin atá le sárú ag an eamail fuinnimh, ag féachaint i gcónaí le réitigh nua, chruthaitheacha agus inbhuanaithe a cheapadh chun riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh.

OBAIR BHUÍNE:

Cuirimid oscailteacht agus comhoibriú chun cinn i ngach cuid dár ngnó agus féachaimid leis an ngealladh ar fad atá faoi chomhaltaí na foirne a chomhlíonadh.

ÁR STRAITÉIS GO DTÍ AN BHLIAIN 2025 AGUS ÁR SAMHAIL GHNÓ

GINIÚINT

SCÁLA AGUS FÁS

Suíomh scála inbhuanaithe a bhaint amach sa mhargadh uile-oileáin. Méadú a dhéanamh ar sciar an ESB den phunann giniúna uile-oileáin chun gur féidir dul san iomaíocht le margadh chomhcheangailte na Breataine na hÉireann.

PUNANN

Punann giniúna cothromaithe ísealcharbóin a bhaint amach.

COMHTHÁTHÚ GTS

Oibríochtaí giniúna, trádála agus soláthair a chomhtháthú sa mhargadh uile-oileáin.

AIRGEADAS

An toradh ar shócmhainní uile-oileáin an ESB a bharrfheabhsú trí fheidhmíocht sócmhainne den scoth a bhaint amach, costais a bhainistiú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as deiseanna trádála agus tráchtála.

LÍONRAÍ

BONNEAGAR CRITICIÚIL

Leanúint den bhonneagar criticiúil agus an fheidhmíocht custaiméara is gá faoin réimis rialála a chur ar fáil, lena n-áirítear an infheistíocht is gá chun comhtháthú a dhéanamh ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh.

GREILLÍ CLISTE

Bheith chun tosaigh ó thaobh greillí cliste a fhorbairt in Éirinn le tacaíocht rialála.

COSTAS

Bonn costais ESB Networks and NIE a bharrfheabhsú agus a solúbthacht a mhéadú chun gur féidir caiteachas caipitil agus caiteachas oibríocháin a choigeartú faoi athbheithnithe rialála amach anseo.

ÉIFEACTHÚLACHT

Éifeachtúlacht a mhéadú laistigh de NIE agus d'ESB Networks a rachaidh chun tairbhe ár gcustaiméirí agus ár scairshealbhóirí.

SOLÁTHAR

SCÁLA AGUS FÁS

Féach le sciar an ESB den mhargadh soláthair uile-oileáin a mhéadú.

CUSTAIMÉIRÍ

Samhail éagsúlaithe ó thaobh seirbhíse, praghsála, táirgí agus seirbhísí fuinnimh a chur ar fáil chun luach ar airgead a thabhairt dár gcustaiméirí.

TÁIRGÍ

Branda láidir soiléir Electric Ireland a fhorbairt chun tacú le himeacht ó fheachtais faoi threoir praghsála. Samhail seachadta seirbhíse sholúbtha agus dírithe ar an gcustaiméir a choimeád.

BRABÚS

Praghsáil agus trádáil iomaíoch ar aon dul le costais a bhaint amach. Costais oibríochta a bhainistiú ar shlí a thabharfaidh corrlach brabúis agus a shroichfidh ár spriocanna i dtaca le sciar den mhargadh.

NUÁLAÍOCHT

ESB INTERNATIONAL

A bheith inár soláthraí céadrogha de réitigh innealtóireachta don tionscal cumhachta agus méadú faoi dhó a dhéanamh ar an ngnó seachtrach sna chéad chúig bliana eile.

FUINNEAMH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Bheith chun tosaigh i dtaca le teicneolaíochtaí nua fuinnimh a cheapadh agus a chur ar fáil, le fócas ar leith ar an teicneolaíocht ghlan (m.sh. leictirí na gcóras iompair agus téimh agus cumhacht aigéin).

SNÁTH CHUN AN FHOIRGNIMH

Féachaint an bhféadfadh bonneagar líonraí an ESB seirbhís leathanbhanda ardluais a chur ar fáil trí Shnáth chun an Fhoirgnimh ar bhonn tráchtála.

ESB NOVUSMODUS

Ciste a chruthú chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht ghlan ar son an ESB agus deiseanna todhchaí a chruthú don ESB trí fhoghlaim ón gciste sin.

LÁRIONAD SEIRBHÍSE GNO (BSC)

BSC DEA-CHLEACHTAIS

Spriocanna costais agus caighdeán seirbhíse bunaithe ar thagarmhairc sheachtracha a bheith bainte amach faoin mbliain 2015.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Dul i mbun oibre i gcompháirtíocht leis na hAonaid Ghnó chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais ghnó ar shlí inamhainne.

FEABHAS OIBRÍOCHTÚIL

Athchóirigh chun éifeachta, caighdeánaigh, simpligh.

ÁR NDAOINE

AN TIMPEALLACHT GHNÓ COMHTHÉACS DO STRAITÉIS AN ESB

CUIREADH STRAITÉIS GHRÚPA AN ESB I DTOLL A CHÉILE MAR FHREAGAIRT AR FHÓRSAÍ FADTÉARMACHA ATÁ I RÉIM SNA MARGAÍ INA N-OIBRÍMID. AR LEIBHÉAL BUNÚSACH, TÁ ÉIGINNTEACHT SHUNTASACH LE BRATH I LÁTHAIR NA HUAIRE AR THIMPEALLACHT GHNÓ NA BHFÓNTAS CUMHACHTA EORPACH AGUS TÁ TUAIRIMÍ AN-ÉAGSÚLA I RÉIM FAOIN TIONCHAR A BHEIDH AR NITHE MAR PHRAGHSANNA BREOSLA AGUS AN ÉABHLÓID THEICNEOLAÍOCHTA.

I GCÁS AN ESB, TÁ TRÍ EILIMINT AR LEITH A CHUIRFIDH ATHRÚ Ó BHUN AR CHOMHTHÉACS OIBRIÚCHÁIN AN ESB AMACH ANSEO AGUS PLÉIFEAR IAD SA STRAITÉIS:

1 COMHTHÁTHÚ NA MARGAÍ RÉIGIÚNACHA FUINNIMH

2 AN BEARTAS AERÁIDE EORPACH AGUS NÁISIÚNTA

3 TIMPEALLACHT EACNAMAÍOCHTA DHÚSHLÁNACH SAN EORAIP AGUS IN ÉIRINN

1 COMHTHÁTHÚ NA MARGAÍ RÉIGIÚNACHA FUINNIMH

Tosaíocht beartais is ea é d'údarais Eorpacha agus d'údarais náisiúnta ar fud na hEorpa margaí fuinnimh na hEorpa a chomhtháthú – a léiríonn an iarracht fhadtéarmach chun Margadh Aonair Eorpach a chruthú i ngach earnáil. Tá a fhianaise sin in iarrachtaí lucht rialála cumhacht agus gás a chur á ndíol idir chórais mhargaidh náisiúnta éagsúla ar shlí níos fearr agus i dtógáil an idirnasóra fisicí leictreachais agus gáis lenar féidir é sin a dhéanamh.



COMHTHÁTHÚ AN MHARGAIDH UILE-OILEÁIN

Faoi thionchar Treoracha AE agus idirmaisc

Leagtar amach sa bheartas Eorpach an uailmhian Margadh Réigiúnach Fuinnimh (REM) a chruthú d'Éirinn, don Bhreatain agus don Fhrainc faoin mbliain 2016. Lena chois sin, osclaíodh an t-idirnasóir Soir Siar (EWIC) idir Éire agus an Bhreatain anuraidh, rud a thugann an t-idirnasasc rátáilte iomlán idir an dá oileán go 1000MW, nó geall leis.

Is éard a dhéanfaidh an treocht seo ná an timpeallacht iomaíoch ina n-oibríonn an ESB a athrú ó bhun – athróidh sé ár ngnónna giniúna agus soláthair ionas gur imreoir le scaireanna i bhfad níos lú i margadh comhcheangailte Éireannach-Briotanach-Francach a bheidh ionainn feasta, margadh atá faoi smacht ag fóntais mhóra ar fóntais Pan-Eorpacha iad a bhformhór, in ionad imreoirí measartha mór laistigh de Mhargadh Aonair Leictreachais na hÉireann.

Is é cuspóir an ESB a scála, a gcumas agus a n-iomaíochas costais a mhéadú, chun a bheith cinnte go mairfidh ár ngnónna Giniúna, Trádála agus Soláthair (GTS) i gcoinne an dúshláin seo atá ag teacht chun cinn.

Foinse: An Coimisiún Eorpach - "Treochlár chun bogadh chuig geilleagar iomaíoch ísealcharbóin faoin mbliain 2050"

ASCHUR GINIÚNA LEICTREACHAIS RA AGUS NA HÉIREANN

EDF	50 TWh
E.ON	40 TWh
SSE	41 TWh
CENTRICA	34 TWh
RWE	31 TWh
IBERDROLA	27 TWh
ESB	16 TWh

IOMAITHEOIRÍ AR SCÁLA EORPACH

2 AN BEARTAS AERÁIDE EORPACH AGUS NÁISIÚNTA


An gá san fhadtéarma sochaithe Eorpacha agus domhanda a dhícharbónú chun an baol ó athrú aeráide ar fud an domhain a chur ó dhóras, rud a chothóidh dúshlán marthanach don tionscal fuinnimh sna deichbhlianta atá romhainn. Tá sé sin le sonrú, ar leibhéal Eorpach, sa tsraith chuimsitheach dlíthe agus rialacháin atá ceaptha agus an Aontas Eorpacha agus ag tíortha aonair lena n-áirítear na spriocanna "20-20-20" a d'aontaigh ceannairí Eorpacha sa bhliain 2007 mar chuid de Spriocanna Aeráide agus Fuinnimh an AE.

Is é beartas reatha an AE iomlán na n-astaíochtaí carbóin sochaíocha a laghdú de 80% faoin mbliain 2050. Sa ghearrthéarma, tá spriocanna atá ina gceangal dlí ar leibhéil Eorpacha agus náisiúnta chun astaíochtaí carbóin a laghdú, an cion den fhuinneamh a fhaightear ó acmhainní in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú de 20% faoin mbliain 2020.

Beidh tionchar domhain ag na beartais seo ar na margaí ina n-oibríonn an ESB. Mar shampla, tá beartais rialtais i bhfeidhm i láthair na huair le cinntiú go mbeidh 40% den leictreachas a ghintear laistigh den mhargadh Éireann agus 30% den leictreachas a ghintear laistigh de mhargadh na Breataine á fháil ó fhoinsí in-athnuaite faoi dheireadh an deich mbliana seo. Lena chois sin, san fhadtéarma, teastóidh samhlacha nua gnó, creataí nua rialála agus teicneolaíochtaí nua chun dícharbónú sochaíoch a chur i gcrích – mar shampla, chun athrú ó ghiniúint teirmeach inseolta i bhfabhar iontaobh níos mó a chur i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh ar nós na gaoithe. Chun dícharbónú a dhéanamh teastóidh méadú suntasach ar leibhéal na hinfheistíochta sa bhonneagar giniúna agus líonraí i ngach cuid den tionscal fóntais Eorpach.

Chun go mbeidh rath ar an ESB i gcomhthéacs mar sin, ní mór dó dul i mbun nuála trí infheistíochtaí a dhéanamh i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin agus i samhlacha gnó nua. Sa bhliain 2008, bhí an ESB ar cheann de na chéad fóntais san Eoraip a gheall go mbainfeadh sé amach punann giniúna de ghlancharbón nialais agus tá an aidhm sin ar chuid de straitéis nua an ESB.

Foinse: Bunaíodh meastacháin an ESB ar chomhdhuithe rialála, tuarascálacha cuideachtaí agus ailt nuachtáin



3 TIMPEALLACHT EACNAMAÍOCHTA DHÚSHLÁNACH SAN EORAIP AGUS IN ÉIRINN

Ón mbliain 2007 i leith, tá éiginnteacht bhunúsach agus laghdú ar fhás geilleagrach le sonrú ar an ngeilleagar Eorpach agus go deimhin ar an ngeilleagar domhanda. Bhí tionchar suntasach aige sin ar ár margaí, go háirithe sna slite seo a leanas:

- Laghdú ar an éileamh ar leictreachas de dheasca laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch
- Méadú ar an strus ar mhargaí airgeadais as a leanann éiginnteacht mar gheall ar phraghas an chistithe agus cibé an féidir cistiú a fháil
- Méadú ar riaráiste, tearcrochtain fuinnimh agus fuinneamh a bheith ar phraghas réasúnta.

Maidir leis an ESB, teastóidh éifeachtúlacht costais níos mó i bhfianaise na héiginnteachta nua sin ionas gur féidir luach ar airgead a thairiscint dár gcustaiméirí agus dár scairshealbhóirí agus bainistíocht urrúnta a dhéanamh ar ár neart airgeadais chun teacht a ar chistiú a chinntiú. Beidh sé riachtanach, leis, a bheith solúbtha a dóthain i gcónaí chun gur féidir ár bpleananna infheistíochta scálú aníos nó anuas mar fhreagairt ar athrú ar dhálaí.

ÁR STRAITÉIS GO DTÍ 2025

TÁ STRAITÉIS CHORPARÁIDEACH AN ESB DÍRITHE AR CHÚIG CINN DE THOSAÍOCHTAÍ AR CEAPADH GACH CEANN DÍOBH CHUN TACÚ LEIS AN GCUSPÓIR FORIOMLÁN D'FHÓNTAS LÁIDIR EAGSÚLAITHE ATÁ COMHTHÁITE GO HINGEARACH A BHAINNT AMACH:

CÚIG THOSAÍOCHT STRAITÉIS AN ESB GO DTÍ AN BHLIAIN 2025


1 GNÓTHAÍ SCÁLA GINIÚNA/SOLÁTHAIR: Mar fhreagairt ar chomhtháthú margái leictreachais na hÉireann agus na Breataine, méadóidh an ESB scála agus cumas ár ngnóthaí giniúna, trádála agus soláthair ionas go mbeidh ar a gcumas dul san iomaíocht laistigh den timpeallacht iomaíocht uile-oileáin nua seo. Aithnímid a riachtanaí a bheidh sé san fhadtéarma an tsochaí a dhícharbónú agus mar sin déanfaimid infheistíocht chun déine carbóin ár fhlít giniúna cumhachta a laghdú agus ról níos mó a thabhairt d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite inár meascán breosla ar aon dul leis an mbeartas foriomlán margaidh agus poiblí.

2 LÍONRAÍ ARDFHORBARTHA: Oibreoidh an ESB chun líonraí leictreachais ar ardchaighdeán agus inacmhainne a sholáthar dár gcustaiméirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Cuid de sin a bheidh san infheistíocht a dhéanfar chun taca a chur faoi forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, faoi shlándáil soláthair agus chun spriocanna maidir leis an athrú aeráide a bhaint amach.

3 NUÁIL: Aithnímid go ndéanfaidh fórsaí ar nós an dícharbónaithe, na hiomaíochta agus na héabhlóide teicneolaíochta a athróidh ár gcomhthéacs oibriúcháin ar shliote drámata, agus mar sin rachaidh an ESB i mbun nuála chun deiseanna nua a sholáthar agus a thapú i réimsí atá gaolmhar lenár bpríomhghnó.

4 EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLÁÍ: Teastaíodh eagraíocht sholúbtha, inoiriúnaithe a bhfuil inspreagadh láidir fúthu chun an straitéis seo againn a chur i ngníomh. Cruthóimid ionad oibre dinimiciúil a spreagfaidh ár ndaoine agus a bheith in ann freagairt go tapa éifeachtach d'athrú.

5 STRUCHTÚR COSTAIS BUNATHRAITHE CHUN FEABHAIS: Beidh ar an ESB a bheith níos éifeachtaí ná riamh i bhfianaise Cuirfimid le héifeachtúlacht costais ár ngnó ionas go mairfidh sé sa chomhthéacs nua seo, agus go mbeidh rath air.



AIDHMEANNA DON BHLIAIN 2025

	2012	2025
VIU LÁIDIR EAGSULAITHE		
> NEART AIRGEADAIS	RÁTÁIL BBB+	RÁTÁIL A-
> EBITDA IOMLÁN	€1,100M	€2,400M
01 GNÓ SCÁLA GINIÚNAI SOLÁTHAIR		
> CUMAS GINIÚNA	4,800MW	7,000MW
> SCIAR DEN MHARGADH UILE-OILEÁIN	5%	7%
> GINIÚINT IN-ATHNUAITE (HIDRILEICTREACH AR ÁIREAMH)	12% D'ACMHAINN	26% D'ACMHAINN
02 LÍONRAÍ ARDFHORBARTHA		
> GREILLÍ CLISTE	PÍOLÓTA	LÁNFHEIDHMIÚ
> FUINNEAMH GAOITHE NASCTHA	2,100MW	3,500-4,000MW
03 NUÁIL		
> GNÓTHAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN	ESB INTERNATIONAL E-CHAIR NOVUS MODUS SNÁTH/TELECOMS	IONCAM ESBI A DHÚBAILT DEISEANNA NUA INFHEISTÍOCHTA A DHÚSHAOTHRÚ
04 STRUCHTÚR COSTAIS BUNATHRAITHE CHUN FEABHAIS		
> BONN COSTAIS	CLÁR UM FHEABHSÚ FEIDHMÍOCHTA	STRUCHTÚR IOMAÍOCH COSTAIS
05 EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAI		
> GNÍOMHAÍOCHT	ARDLEIBHÉIL GNÍOMHAÍOCHTA AGUS FEIDHMÍOCHTA	
> ATHRÚ	ATHRÚ GASTA MAR FHREAGAIRT AR DHÁLAÍ ÁITIÚLA	
> SÁBHÁILTEACHT	GORTUITHE NÓ TEAGMHAS SÁBHÁILTEACHTA NIALASACH	

AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA AGAINN A CHUR I GCOMPARÁID LEIS NA TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

ÁR DTOGAÍOCHT STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN I GCOMPARÁID LE TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
GNÓ SCÁLA GINIÚNAI/SOLÁTHAIR	Fuarthas maoiniú chun stáisiún giniúna 881 MW a thógáil ag Carrington, láimh le Manchain, An Bhreatain Mhór, agus cuireadh tús leis an tógáil.
EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAI	Bunaíodh Ionad Seirbhíse Gnó nua sa bhliain 2012. Is é an t-ionad seo an tsamhail nua airgeadais san ESB. Cuirfidh sé ar ár gcumas sármhaitheas oibríochtúil a bhaint amach agus cinnteoidh sé go sroichfear spriocanna costais agus seirbhíse bunaithe ar thagarmhairc sheachtracha.
STRUCHTÚR COSTAIS BUNATHRAITHE CHUN FEABHAIS:	Rinne an ESB €200 milliún de choigilteas ar chostais go dáta.
NUÁIL	Bunaíodh líne ghnó ar leith darb ainm "nuáil ESB" sa bhliain 2012 chun comhordú agus fócas straitéiseach a sholáthar chun gur féidir linn leanúint de bheith ag ceapadh réitigh nua theicniúla agus ghnó i ngach cuid d'earnáil na teicneolaíochta glaine.
LÍONRAÍ ARDFHORBARTHA	Tá an tosaíocht straitéiseach seo á fhlóru an t-am ar fad trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa chóras líonraí. Ba sa bhliain 2012, leis, a chuaigh Méadracht Chliste ar aghaidh go dtí céim an mhiondearaidh.

01 FORAMHARC GNÓ

02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍUCHÁIN & AIRGEADAIS


03 FREAGACHT SHÓISIALTA CHORPARAIDEACH

04 RALACHAS CORPARAIDEACH

05 RÁITIS AIRGEADAIS

10:14

AN FUINNEAMH CHUN INTINNÍ ÓGA
A CHUR AG OBAIR



SA ROINN SEO

Timpeallacht Oibriúcháin 19
Athbhreithniú Airgeadais 21

Rannóga an Aonaid Ghnó:

ESB Generation and
Wholesale Markets 26
ESB Networks 28
NIE 30
Electric Ireland 32

ACHOIMRE CÚIG BLIANA

	2012 €'m	2011 €'m	2010 €'m	2009 €'m	2008 €'m
Ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile	3,295	2,995	2,740	3,114	3,515
Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla ¹	576	469	339	350	340
Brabús coigeartaithe roimh cháin ²	351	283	249	335	304
EBITDA ³	1,095	1,121	839	814	753
Caiteachas caipitiúil ⁴	765	883	819	921	1,094
Glanfhiachas	(4,414)	(4,324)	(3,944)	(2,231)	(2,088)
Giaráil (%) ⁵	53%	52%	50%	35%	40%
Sócmhainní iomlána	12,600	12,539	12,112	9,567	8,645

¹ Sonraithe roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2012: costais scor foirne (€161 milliún). 2010: muirear pinsin (€330 milliún). 2009: brabús ar dhiúscairt sócmhainní giniúna: (€265 milliún).

² Ní áirítear air gluaiseachtaí ó mhargadh go margadh ar bhabhtálacha RPI agus míreanna eisceachtúla.

³ Áirítear míreanna eisceachtúla air (€161 milliún).

⁴ Ní áirítear air ceannach NIE sa bhliain 2010 (€1.2 billiún).

⁵ Ní áirítear comhfhiontair air.

02 ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN & AIRGEADAIS

TIMPEALLAIGHT OIBRIÚCHÁIN

FORBHREATHNÚ AR NA MARGAÍ LEICTREACHAIS I bPoblacht na hÉireann agus i dtuaisceart Éireann

Is féidir struchtúr an mhargaidh leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dtuaisceart Éireann (TÉ) a roinnt ina cheithre mhír: giniúint, soláthar, tarchur agus dáileadh. Tá iomaíocht iomlán i réim i nginiúint agus i soláthar leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Monaplachtaí rialaithe is ea tarchur agus dáileadh leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i TÉ araon.

Beartas agus Rialú Fuinnimh

An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna i bPoblacht na hÉireann agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta in TE a bhainistíonn beartais agus gnóthaí fuinnimh. Tá tionchar láidir ag dlí an Aontais Eorpaigh ar bheartas agus ar rialú fuinnimh.

Rialálaí neamhspleách na margaí fuinnimh i bPoblacht na hÉireann is ea an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh. Is é Údarás Thuaisceart Éireann um Rialú Fónas rialálaí neamhspleách an mhargaidh fuinnimh in TÉ.

An Margadh Aonair Leictreachais

Is é SEM an margadh (linn) aonair mórdhíola leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dtuaisceart Éireann. Ní mór gach leictreachas, nach mór, a ghintear nó a iompórtáiltear isteach sa mhargadh a dhíol, agus ní mór gach leictreachas mórdhíola a idítear sa mhargadh nó a easpórtáiltear as an margadh a cheannach. Socraíonn an linn spotphraghas an leictreachais, ar a dtugtar an praghas imeallach córais, gach leathuair an chloig. Faigheann gineadóirí íocaíochtaí ar leithleach as acmhainn chobhsaí giniúna a sholáthar trí mheicníocht na híocaíochta acmhainne. Déanann gineadóirí agus soláthraithe luaineacht praghsanna sa linn a bhainistiú trí dhul isteach i gconarthaí airgeadais seasta (conarthaí difríochta).

Tháinig an Margadh Aonair Leictreachais i bhfeidhm ar oileán na hÉireann i Samhain 2007. Is é Oibreoir an Mhargaidh Aonair Leictreachais a oibríonn é. Comhfhiontar idir EirGrid plc (EirGrid), oibreoir an chórais tarchuir i bPoblacht na hÉireann, agus SONI Limited (SONI), oibreoir an chórais tarchuir i dtuaisceart Éireann, is ea Oibreoir an Mhargaidh Aonair Leictreachais. Déanann an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus Údarás Thuaisceart Éireann um Rialú Fónas ceadúnú agus rialú ar Oibreoir an Mhargaidh Aonair Leictreachais ar bhonn comhoibritheach.

Líonraí Leictreachais

Líonra ardvoltais is ea an córas tarchuir leictreachais lenar féidir bulcsholáthairtí leictreachais a tharchur. Seachadann an córas dáileacháin leictreachas do chustaiméirí aonair thar líonra meánvoltais/isealvoltais. Dhá aonán, ESB Group agus Eirgrid Group, faoi seach, a oibríonn na líonraí leictreachais ar oileán na hÉireann. Faoina n-úinéireacht siúd atá na líonraí sin.

Idircheangal le Líonraí Eile

Ar chúiseanna tíreolaíochta, tá córais tarchuir leictreachais an oileáin seo aonraithe i gcomparáid le córais ar mhór-roinn na hEorpa agus sa Bhreatain Mhór. Nascann Idirnasc na Maoile greilí leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hAlban trí cháblaí faoi uisce a ritheann idir stáisiúin tiontaire i gContae Aontroma, Tuaisceart Éireann agus Ayrshire in Albain. 500 MW d'acmhainn atá sa nasc.

Nascann an tIdirnasc Soir Siar an córas tarchuir leictreachais i bPoblacht na hÉireann leis an gcóras tarchuir leictreachais sa Bhreatain Mhór, ionas gur féidir leictreachas a tharchur sa dá threo. Ritheann an tIdirnasc Soir Siar idir Deeside i dtuaisceart na Breataine Bige agus Fearann na Coille, Contae na Mí i bPoblacht na hÉireann. Tá an nasc faoi thalamh agus faoi uisce tuairim is 260 km ar fad agus acmhainn ann chun 500 MW a iompar – dóthain cumhachta do 300,000 teach.

Giniúint Leictreachais


10,400 MW d'acmhainn, nó geall leis, atá in earnáil ghiniúna an Mhargaidh Aonair Leictreachais agus é nasctha den chóras ar bhonn uile-oileáin. Ar áireamh in acmhainn an chórais tá meascán de sheanstáisiúin giniúna mar aon le turibín gáis comh-thimthrialla agus foinsí fuinnimh in-athnuaite ar nós cumhacht gaoithe. Gineann na stáisiúin seo leictreachas ó bhreoslaí cosúil le gás, gual agus ola chomh maith le breoslaí dúchasacha lena n-áirítear hidreachumhacht, gaoth, móin agus bithmhais. Tá sprioc socraithe ag an Rialtas faoina gcaithfidh 40% den leictreachas a bheith á ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.

Soláthar Leictreachais

Cuireadh tús le léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais i bhFeabhra 2000, nuair a osclaíodh 28% den mhargadh, ionas go bhféadfadh tomhaltóirí leictreachais a rogha soláthraí a phiocadh. Cuireadh léirscaoileadh margaigh ar fáil do chustaiméirí neamhtheaghlaigh sa dara céim. Osclaíodh an margadh go hiomlán do gach tomhaltóir i bhFeabhra 2005.

Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí a thosaigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh i mí na Nollag

FORBHREATHNÚ AR AN MARGADH AONAIR LEICTREACHAIS (SEM)



2009 bhain an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh an rialú praghsanna a bhí i bhfeidhm roimhe sin ar ghnó soláthar leictreachais miondíola an ESB i bPoblacht na hÉireann, le héifeacht ón 4 Aibreán 2011. I dtaca le deireadh a chur le rialáil praghsanna dá sórt, rinne an ESB a ghnó miondíola soláthar leictreachais a ath-bhrandáil mar 'Electric Ireland' agus oibríonn an gnó sin anois i bPoblacht na hÉireann gan rialáil praghsanna.

TOSCA A THÍOMÁINEANN NA MARGAÍ DOMHANDA FUINNIMH

An domhan i bhfocal amháin

Dá mbeifí le focal amháin a roghnú chun ar tharla i margaí cumhachta agus tráchtearraí an domhain le blianta beaga anuas a choimriú, seans maith gur "domhandú" an focal a roghnófaí. Roimhe seo ba bheag baint a bhí ag margaí le chéile, ach tá idirbhríú gasta domhain eatarthu ar fad. Is é leas nó aimhleas margaidh amháin leas nó aimhleas na margaí ar fad, agus tugann praghas an leictreachais agus an gháis sa Mhargadh Aonair Fuinnimh léiriú láidir ar na hathruithe sin.

An 1 Feabhra 2011, chosain gual \$117.5 an tona agus gás 53.2p an teirm, ach dhá bhliain níos déanaí bhí praghas an ghuail tite de 25% go \$87.9 an tona agus praghas an gháis méadaithe de 20% le cois go 65.5p an teirm. Bhí an dá mhargadh faoi thionchar rialacha bunúsacha éilimh agus soláthair ar scála domhanda, cé gur tiomáineadh iad i dtreonna difriúla, agus chun an treo a rachaidh siad feasta a thuiscint ní mór féachaint ar na héifeachtaí ina fhianaise sin.

Tá punann an ESB tar éis teacht slán as na treochtaí sin, rud a léiríonn a úsáidí atá sé meascán cothromaithe breoslaí a bheith againn, lena n-áirítear gual, gás, móin, gaoth agus stáisiúin hidrileictreacha.

Titim ar Phraghas an Ghuail

Tá méadú ar sholáthar sna margaí guail, ach is moille ná sin an méadú ar éileamh. Méadaigh easpórtálacha guail ón gColóim de réir mar a d'éirigh an staid pholaitiúil ansin níos cobhsaí ach ba sna Stáit Aontaithe a tharla an t-athrú ba mhó. De dheasca méadú ar tháirgeadh neamhchostasach gás ansin – ionas gurab ionann praghas an gháis agus aon trían de phraghas an gháis san Eoraip agus aon chúigiú den phraghas sa tSeapáin – chaill an gual a áit sa mheascán giniúna agus easpórtáiltear é thar lear, rud a laghdaíonn bíllí fuinnimh na SA agus a laghdaíonn a n-astaíochtaí carbóin ag an am céanna.

Ó thaobh an éilimh de, tá moill tagtha ar fhás gheilleagair na Síne agus na hIndia, ionas gur lú an t-éileamh ná na leibhéil réamh-mheasta, agus cé go bhfuil athrú éigin ó ghiniúint gháis go giniúint guail tar éis titim amach san Eoraip – go háirithe sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe – ní leor é chun an méadú ar sholáthar a fhritháireamh. Dá bhrí sin, tá an praghas tar éis titim go leibhéil imeallacha do na soláthraithe sin a bhfuil fad mór idir gualpholl agus port acu, na Stáit Aontaithe agus an Rúis, mar shampla.

Méadú ar Phraghas an Gháis

Tá táirgeadh gháis sa Mhuir Thuaidh ag titim agus mar sin braitheann margadh gháis na RA níos mó an t-am ar fad ar ghás ó fhoinsí eile – go háirithe ón Iorua, ó mhór-roinn na hEorpa agus ar ghás leachtaithe nádúrtha ó fhoinsí éagsúla, agus is ag an gceann deireanach sin atá an tionchar is mó ar phraghas.

Is é nádúr an gháis leachtaithe nádúrtha gur furasta é a sheoladh chuig iliomad áiteanna. Ach chiallaigh an fás mear ar tháirgeadh gás scealla i lár na 2000idí gur beag éileamh a bhí ag na Stáit Aontaithe ar ghás iompórtáilte faoi dheireadh na ndeich mbliana sin. Faoi mar a luadh thuas, tá praghsanna gháis sa Chianoirtheair i bhfad níos airde ná san Eoraip toisc gur beag gás a tháirgtear sa réigiún agus mar sin iocfar préimh suntasach ar shlándáil fuinnimh.

Bíonn an t-éileamh agus an soláthar gob ar ghob i ngeall ar an éileamh ar ghás sa Chianoirtheair; ach cuireadh isteach go bunúsach ar an status


quo sin nuair a dúnadh aonaid núicléacha na Seapáine go ceann i bhfad tar éis crith talún Tohoku an 11 Márta 2011. I láthair na huaire níl ach dhá cheann de 54 aonad núicléach na Seapáine ag oibriú. Cúitíodh an gannchion sin i dtáirgeadh núicléach – foinse a tháirg 30% den soláthar cumhachta roimh an chrith talún – trí iompórtálacha gás nádúrtha leachtaithe a mhéadú, as a lean laghdú suntasach ar sholáthairtí chuig an Ríocht Aontaithe. Go deimhin, thit soláthairtí de ghás nádúrtha leachtaithe de bhreis is 40% idir an dara leath den bhliain 2010 agus an dara leath den bhliain 2012.

De thoradh titim sa táirgeadh intíre ón Muir Thuaidh in éineacht le gannchion i ngás nádúrtha leachtaithe b'éigean don RA gás a iompórtáil ón Eoraip. Ach bhí praghas an gháis san Eoraip níos airde go stairiúil toisc é a bheith innéacsaithe le táirgí amh-ola agus ola, rud a rinneadh i dtús báire chun íoc as na píblínte fada a tógadh ó thuaisceart na Rúise go lár na hEorpa sna 1970idí. Ba é an toradh air sin méadú ar phraghas an gháis agus dá réir sin méadú ar phraghsanna cumhachta. Tagann 40% nach mór den chumhacht sa Mhargadh Aonair Leictreachais ó ghiniúint ghásadhainte. Ní hé sin an t-aon dúshlán sa mhargadh gháis; tá slándáil an tsoláthair sa Mheánoirtheair agus i dtíortha Thuaisceart na hAfraice ag teacht chun bheith ina cúis inní.

Tabharfar sonraí thionchar na dtosca domhanda sin ar ár bhfeidhmíocht airgeadais san athbhreithniú airgeadais ar leathanach 21.

Foinse: Spectrum

PRAGHSANNA GUAIL AGUS GÁIS 2011 GO 2013



ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

FIGIÚR 1: ACHOIMRE CÚIG BLIANA

	2012 €'m	2011 €'m	2010 €'m	2009 €'m	2008 €'m
Ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile	3,295	2,995	2,740	3,114	3,515
Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla ¹	576	469	339	350	340
Brabús coigeartaithe roimh cháin ²	351	283	249	335	304
EBITDA ³	1,095	1,121	839	814	753
Caiteachas caipitiúil ⁴	765	883	819	921	1,094
Glanfhiachas	(4,414)	(4,324)	(3,944)	(2,231)	(2,088)
Giaráil (%) ⁵	53%	52%	50%	35%	40%
Sócmhainní iomlána	12,600	12,539	12,112	9,567	8,645

¹ Sonraithe roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2012: costais scor foirne (€161 milliún), 2010: muirear pinsin (€330 milliún), 2009: brabús ar dhiúscairt sócmhainní giniúna: (€265 milliún).

² Ní áirítear air gluaiseachtaí ó mhargadh go margadh ar bhabhtálacha RPI agus míreanna eisceachtúla.

³ Áirítear míreanna eisceachtúla air (€161 milliún).

⁴ Ní áirítear air ceannach NIE sa bhliain 2010 (€1.2 billiún).

⁵ Ní áirítear comhfhiointair air.

BHÍ AN FHEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS GO MAITH I MBLIANA I NGACH CUID D'ÁR GHNÓ AGUS SHEAS AN BRABÚS IONCAIM AGUS OIBRIÚCHÁIN AG €3.3 BILLIÚN AGUS €415 MILLIÚN FAOI SEACH.

FIGIÚR 2: RÁITEAS COIMRITHE AR IONCAM

	2012 €'m	2011 €'m
Ioncam reatha & ioncam oibriúcháin eile	3,295	2,995
Costais oibriúcháin	(2,719)	(2,526)
Brabús oibriúcháin	576	469
Míreanna eisceachtúla	(161)	-
Brabús oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla	415	469
Costais iomlána airgeadais	(269)	(414)
Brabús ó chomhfhiointair	21	24
Brabús/(caillteanas) roimh cháin	166	79
Creidmheas cánach	28	21
Brabús/(caillteanas) tar éis cánach (m)	194	100

Ioncam reatha

B'ionann ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile ag €3,295 milliún agus méadú €300 milliún ar an mbliain 2011 (€2,995 milliún).

Léirítear bunphraghsanna níos airde ar thráchtearraí sa mhéadú ar ioncam reatha in Electric Ireland agus inár ngnó giniúna. Lena chois sin, d'athraigh 100,000 custaiméir leictreachais agus 80,000 custaiméir gáis go Electric Ireland le linn na bliana 2012.

Costais oibriúcháin

B'ionann costais oibriúcháin foriomlána ag €2,719 milliún agus méadú de €193 milliún bliain ar bhliain. Má fhágtar tionchar an bhreosla, costais eile fuinnimh agus dímhéas as an áireamh, seasann costais oibriúcháin ag €950 milliún, rud is ionann agus méadú €60 milliún ar an mbliain 2011. Mínítear na héagsúlachtaí sin thíos:

FIGIÚR 3: COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

	2012 €'m	2011 €'m
Costais breosla & costais fuinnimh eile	1,056	951
Dímhéas & amúchadh	713	685
Costais fostaithe ⁶	465	475
Costais oibriúcháin & chothabhála	485	415
	2,719	2,526


Ní áirítear in 6 costais eisceachtúla maidir le scor foirne sa bhliain 2012 (€161 milliún).

Mhéadaigh costais breosla agus costais fuinnimh eile de €105 milliún ar an mbliain 2011 de dheasca, den chuid is mó, praghsanna níos airde ar thráchtearraí agus méideanna níos mó.

Tá dímhéas de €713 milliún níos airde de €28 milliún ná dímhéas na bliana 2011 de dheasca caipiteal a bheith á chaitheamh go leanúnach sa dá ghnó líonra.

GHEOFAR MIONDEALÚ D'ÁR GCOSTAIS OIBRIÚCHÁIN DE RÉIR TEASCÁN GNÓ I NÓTA 1 LEIS NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS.

FIGIÚR 4: RÉITEACH AN BHRABÚIS OIBRIÚCHÁIN 2011 GO 2012



Is lú na costais fostaithe (gan costais eisceachtúla scor foirne a bheith ar áireamh) ag €465 milliún de €10 milliún ar an mbliain 2011. Sa bhliain 2010 thosaigh ESB ag cur plean uailmhianach laghdaithe costais i bhfeidhm (An Clár um Fheabhsú Feidhmíochta) ar mhaithe le €280 milliún a bhaint, méid is ionann agus 25% de chostais inrialaithe faoin mbliain 2015. Ar áireamh anseo bhí 20% de laghdú sa phárolla, d'fhág 1,000 comhalta foirne, nach mór, an chuideachta ón mbliain 2010. Ag deireadh na bliana 2012 bhí €200 milliún de choigilteas bainte amach.

Mír eisceachtúil

Baineann muirear eisceachtúil na bliana 2012 le scéim deonach eadarscartha a lainseáladh mar chuid den Chlár um Fheabhsú Feidhmíochta. Gheofar coigilteas de thoradh na scor foirne i bhfoirm laghdú ar chostais párolla sna blianta romhainn.

Brabús oibriúcháin agus EBITDA

Mhéadaigh brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla (bunbhrabús oibriúcháin) de €107 milliún. Laghdaigh costais eisceachtúla scor foirne an brabús oibriúcháin tuairiscithe (€161 milliún), a thugann €54 milliún de laghdú foriomlán bliain ar bhliain.

Corrlach fuinnimh níos airde is cúis leis an mhéadú ar bhunbhrabús oibriúcháin (suas €180 milliún). Ar na cúiseanna leis an mhéadú sa chorrach fuinnimh tá:

- Meascán de bheosla sa phunann giniúna ar a n-áirítear gual, gás, hidreachumhacht agus níos mó giniúna gaoithe ná mar a bhí, rud a fhritháiríonn tionchar iomlán na gcorrlach laghdaithe maidir le stáisiún ghásadhainte.

- Laghdú ar chostais charbóin de thoradh deireadh a bheith curtha leis an tobhach carbóin agus costas níos ísle ar charbón sa mhargadh.
- Beartas praghsála atá ailínithe le gluaiseachtaí i bpraghsanna tráchtearraí.

Ar na tosca a chuir srian le brabús sa bhliain 2012 bhí laghdú ar éileamh an mhargaidh agus laghdú ar an glár caipitiúil as a lean laghdú ar leibhéal na gcostas fostaithe agus na gcostas oibriúcháin agus cothabhála a caipitlódh.

I gcaitheamh na bliana 2011 rinneadh gnóthachain aon uaire éagsúla a rinne difear don fheidhmíocht bliain ar bhliain. Ar áireamh ansin bhí gnóthachain a bhain le ceannach an 50% eile de scairshealbhú in Corby (€41 milliún), laghduithe ar sholáthairtí (€20 milliún) agus fáiltais árachais a bheith gnóthaithe (€9 milliún).

Gheofar sonraí eile den mhéadú ar bhrabús idir na blianta 2011 agus 2012 sa roinn dar teideal 'Réiteach an bhrabúis oibriúcháin 2011 go 2012' i bhFigiúr 4.

Is ísle EBITDA don bhliain 2012 ag €1,095 milliún de €26 milliún ar an mbliain 2011. Is iad na míreanna céanna a ba chúis leis an laghdú ar bhrabús oibriúcháin de €54 milliún a tuairiscíodh thuas a ba chúis leis an athrú ar EBITDA ach níl an €28 milliún de mhéadú ar dhímheas ar áireamh ann.

Brabús coigeartaithe roimh cháin

Mhéadaigh an brabús coigeartaithe roimh cháin de €68 milliún go €351 milliún (2011: €283 milliún). Bunbhrabús oibriúcháin níos airde is cúis leis sin mar a pléadh thuas, fritháirithe ag méadú

ar chostais airgeadais de dheasca méadú ar fhiachas ar ráta seasta.

FIGIÚR 5: RÉITEACH AN BHRABÚIS CHOIGEARTAITHE ROIMH CHÁIN

	2012 €'m	2011 €'m
Brabús/ (caillteanas) roimh cháin	166	79
Costais eisceachtúla scor foirne	161	-
Gluaiseacht marc-go-margadh ar bhabhtálacha RPI nasctha le boillsí	23	204
Brabús coigeartaithe roimh cháin	351	283

Costais iomlána airgeadais

Thit costais iomlána airgeadais de 35% bliain ar bhliain arna dtiomáint ag laghdú ar chaillteanais luach cóir ar ionstraimí airgeadais (síos €186 milliún) fritháirithe ag méadú ar ghlan-ús ar iasachtaí (suas €40 milliún).

FIGIÚR 6: COSTAIS IOMLÁNA AIRGEADAIS

	2012 €'m	2011 €'m
Glan-ús ar iasachtaí	193	154
Táillí maoinithe	55	54
Ioncam airgeadais	(2)	(2)
Glanchoistais airgeadais	246	206
Caillteanais luach cóir ar ionstraimí airgeadais	23	208
Costais iomlána airgeadais	269	414

Is airde de €40 milliún ar an mbliain 2011 na costais úis agus airgeadais ag €246 milliún. Cionroinnt níos mó d'fhiachas a bheith ar ráta seasta a iompraíonn táille níos airde ná fiachas ar ráta comhlúthach an chúis is mó leis an mhéadú sin; fiachas ar ráta seasta ab ea 76% d'fhiachas an Ghrúpa sa bhliain 2012 i gcomparáid le 58% sa bhliain 2011.

Baineann caillteanais luach cóir ar ionstraimí airgeadais le babhtáil ráta úis bainteach le boilsciú. Sa bhliain 2012 luaineachtaí i rátaí úis agus in ionchais mhargaidh i ndáil le hinnéacsanna praghas miondíola amach anseo ba chúis le gluaiseacht neamh-airgid thirim neamhfhabhrach de €23 milliún sa ráiteas ioncaim (2011: €208 milliún).

Cánachas

Déantar an €28 milliún de tháille reatha cánach a fhritháireamh le gluaiseachtaí ar cháin iarchurtha. Áirítear air sin cuntas de €29 milliún ar shócmhainní cánach iarchurtha agus creidmheas a léiríonn gluaiseacht ó 25% go 23% i ráta éifeachtach cánach an RA.

Feidhmíocht teascánach

Eagraíodh an Grúpa ina chúig theascán intuairiscithe nó rannán straitéiseacha, a bhainistítear mar theascáin leithleacha. Rinne an Grúpa a aonaid ghnó a athstruchtúrú sa bhliain 2012 de réir fhorálacha na Straitéise Corparáidí nua. Faoin atheagar seo bunaíodh líne nua gnó darb ainm "Nuálaíocht ESB" comhdhéanta de Ghrúpa Novusmodus, ESB Engineering, Telecoms agus Ocean Energy agus tugadh an t-ainm nua "ESB Generation and Wholesale Markets" ar Energy International. Choimeád an Grúpa struchtúr tuairiscithe na bliana 2011 sa bhliain 2012; ach cuirfear an struchtúr nua i bhfeidhm sa bhliain 2013.

Gheofar sonraí breise ar fheidhmíocht oibriúcháin na dteascán gnó sna ranna athbhreithnithe ar na haonaid ghnó. Tá brabús oibriúcháin an Ghrúpa de €415 milliún leagtha amach thíos ar bhonn teascánach. Áirítear ar na torthaí a phléitear thíos na costais eisceachtúla a bhain le scor foirne.

- Is airde bunbhrabús oibriúcháin ESB Energy International ag €238 milliún de €14 milliún ar an mbliain 2011 a léiríonn méadú ar an gcorrlach fuinnimh ag éirí as costais bhreise i dtaca le feidhmiú stáisiún ghuail, corrlaigh níos airde ar chonarthaí sa mhargadh mórdíola agus laghdú ar chostais charbóin fritháirithe ag aisiompú gnóthachain aon uaire sa bhliain 2011. Is ísle an brabús oibriúcháin tuairiscithe

don bhliain 2012 ag €179 milliún de €44 milliún ar an mbliain 2011 de dheasca costais a ghabh le scor foirne.

- Is ísle brabús oibriúcháin ESB Networks don bhliain 2012 ag €166 milliún de €87 milliún ar an mbliain 2011. Costais scor foirne go príomha is cúis leis an laghdú sin, mar aon le méadú ar tháillí dímhéasa agus laghdú ar chaipitilí costais a fritháiríodh go páirteach le méadú ar ioncam.
- Ba ionann agus €64 milliún brabús oibriúcháin NIE don bhliain 2012, ar €20 milliún de mhéadú é ar an mbliain 2011, a léiríonn úsáid níos mó a bheith á baint as ioncam córais ag éirí as athruithe ar tharaifí agus méadú ar tháillí seirbhíse (mar a aontaíodh leis an Rialálaí Fónas). Fritháirítear é go páirteach le méadú ar chostais dímhéasa agus ar chostais oibriúcháin ag éirí as tionscadal suntasach teicneolaíochta faisnéise ar tugadh faoi i gcaitheamh na bliana chun an méadú ar iomaíocht sa mhargadh leictreachais a éascú ar mhaithe le custaiméirí cónaithe ar mian leo a soláthraí leictreachais a athrú.
- Thuairiscigh Electric Ireland €33 milliún (2% de ghlanchorrlach) de bhrabús oibriúcháin don bhliain 2012, i gcomparáid le €38 milliún de chaillteanais sa bhliain 2011 agus €43 milliún de chaillteanais sa bhliain 2010. Níor staid inbhuanaithe é an staid airgeadais sin, mar sin línseáil Electric Ireland clár ionsaitheach laghdaithe costais mar aon le hathbhreithniú ar a mbeartas praghsála le cinntiú gur léirigh sé na costais agus go raibh sé ar aon dul leis an margadh. Tá 36% den mhargadh leictreachais ar fad ag Electric Ireland anois, agus é san iomaíocht ar phraghas ar aon dul lena iomaitheoirí.
- I measc na dteascán eile tá gníomhaíochtaí an Ionaid Seirbhíse Corparáidí agus Gnó, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do na príomhtheascáin ghnó. Áirítear leis an teascán seo formhór chostais airgeadais an Ghrúpa.

FIGIÚR 7: RÁITEAS ACHOIMRITHE AR SHREABHADH AIRGID

	2012 €'m	2011 €'m
EBITDA	1,095	1,121
Mír eisceachtúil – scor foirne	161	-
Úsáid soláthar & gluaiseachtaí eile i gcaipiteal oibre	(296)	(271)
Ús agus cáin	(247)	(174)
Glan-insreabhadh airgid ó gníomhaíochtaí oibriúcháin	713	676
Caiteachas caipitilí	(758)	(884)
Eile	26	25
Glan-eis-sreabhadh ó gníomhaíochtaí infheistíochta	(732)	(859)
Glan-insreabhadh airgid / (eis-sreabhadh) ó gníomhaíochtaí maoinithe	(103)	256
Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim	(122)	73

Sreabhadh airgid


Rinneadh an sreabhadh airgid agus maoinithe a bhainistíú go gníomhach sa bhliain 2012 agus gheofar léiriú air sin sa mhaoiniú a d'éirigh linn a fháil i gcaitheamh na bliana agus i bpróifiliú ár glár caipitilí.

Bhí €122 milliún de laghdú ar airgead tirim ag deireadh na bliana 2012 go príomha de dheasca aisíocaíocht fiachais i gcaitheamh na bliana mar chuid de bhainistíú ár bpróifíl fiachais.

Coimeádadh an glansreabhadh airgid ó gníomhaíochtaí oibriúcháin bunaithe ar fheidhmíocht láidir EBITDA agus laghaigh an t-eis-sreabhadh ó gníomhaíochtaí infheistithe de bharr laghdú ar an glár caipitilí sa bhliain 2012.

**GHEOFAR TUILLEADH EOLAIS
AR AN BHFEIDHMÍOCHT DE
RÉIR TEASCÁN GNÓ I NÓTA 1
AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS
CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS.**

FIGIÚR 8: CAITEACHAS CAIPITIÚIL



*Sonraítear caiteachas caipitiúil in ESB Networks tar éis coigeartuithe cuntasáiochta ar aistriú sócmhainní faoi IFRIC 18 ó chustaiméirí iad go príomha.

Glanfhiachas agus gearáil

Glanfhiachas de €4.4 billiún sa bhliain 2012 (2011: €4.3 billiún) atá ar aon dul leis an mbliain roimhe agus a léiríonn ár mbainistíocht ar EBITDA, an caiteachas caipitiúil agus na socrúithe maoinithe.

Tá an 53% de leibhéal gearála ar aon dul leis an mbliain 2011 agus tá sé á choimeád go maith laistigh de pharaiméadair inghlactha. Mhéadaigh na sócmhainní iomlána go €12.6 billiún i gcaitheamh na bliana ó €12.5 billiún, a léiríonn an clár infheistíochta caipitiúil thar aon ní eile.

Caiteachas caipitiúil

B'ionann agus €765 milliún an caiteachas caipitiúil sa bhliain 2012, síos €118 milliún ar an mbliain 2011.

Áiríodh ar an gcaiteachas sa bhliain 2012 €107 milliún a caitheadh ar chéim thosaigh stáisiún cumhachta CCGT Carrington sa Bhreatain Mhór. Tá súil againn go sroichfidh an tionscadal seo céim na hoibríochta tráchtála sa bhliain 2016. Infheistíodh €86 milliún eile sa ghnó giniúna, a mbaineann €68 milliún de le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.

Lean an caiteachas caipitiúil sa ghnó líonraí sa bhliain 2012. Infheistíodh €466 milliún sa bhonneagar líonraí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Rinneadh an caiteachas sin mar chuid de na cláir chaiteachais caipitiúla cúig bliana a aontaíodh leis na rialálaithe faoi seach.

BAINISTÍOCHT CISTÍOCHTA

Creat maidir le hoibríocháin cistíochta agus trádála

Is iad príomhríosaí airgeadais an Ghrúpa leachtacht, gluaiseachtaí i bpraghsanna tráchtarraí (leictreachas agus breosla), airgeadraí eachtracha, rátaí úis, riosca creidmheasa an

chontrapháirtí agus riosca oibríocháin. Tá Group Treasury freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Tugtar Coiste Airgeadais agus Feabhsú Feidhmíochta an Bhoird chun dáta ar bhonn leanúnach maidir leis na príomhcheisteanna cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil ar an ngníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste dá n-athbhreithniú.

Úsáidtear díorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus déantar iad a fhorghníomhú de réir shonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoi choimirce an 'Achta um Bhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile 1992'. Cuirtear cuntasáiocht fálaíthe IAS 39 i bhfeidhm ar staideanna díorthach an Ghrúpa nuair a bhíonn siad ar fáil.

Bainistíocht rioscaí maidir le hairgeadraí eachtracha agus rátaí úis

Déantar formhór ghnó an Ghrúpa laistigh den limistéar euro. In euro go príomha a bhíonn an sreabhadh airgid oibríocháin agus infheistíochta. Eascraíonn nochtadh do riosca maidir le hairgeadraí eachtracha as breosla agus ábhair nó seirbhísí eile a cheannach, as fiachas atá ainmnithe in airgeadra eachtrach agus as gnó a dhéantar lasmuigh den limistéar euro. Bainistítear an chuid is mó den nochtadh airgeadra a bhaineann le breosla le díorthaigh airgeadra cosúil le réamhchonarthaí ceannaigh. Is é beartas an Ghrúpa gnó dá chuid atá ainmnithe in euro a mhaoiniú trí iasachtaí díreacha in euro nó iasachtaí in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro le hionstraimí díorthaigh. Úsáidtear fiachas atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha chun infheistíochtaí atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a mhaoiniú. Dá réir sin tá céatadán suntasach d'fhiachas an Ghrúpa ainmnithe i steirling, i láthair na huaire, ón uair a ceannáíodh NIE i mí na Nollag 2010. Ag deireadh na bliana 2012 bhí 67% d'fhiachas an ESB ainmnithe in euro, agus an 33% eile i steirling.

De réir threoirleá reatha an Ghrúpa ar rátaí úis, moltar suas le 75% (agus 50% ar a laghad) den phunann fiachais a bheith ar rátaí úis seasta (nó rátaí atá nasctha le boillsciú). An 31 Nollaig 2012, bhí 93% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí aibíochta nó nasctha le boillsciú. Céatadán ard is ea é ar an iomlán agus is é cistiú Eurobond fadtéarmach (a bhíonn ar téarma seasta de ghnáth) a bheith á úsáid chun fiachas gearthéarmach bainc (a bhíonn ar ráta comhlúthach de ghnáth) a aisic is cúis leis.

Riosca creidmheasa contrapháirtí

Bíonn riosca creidmheasa ann don Ghrúpa ó chontrapháirtithe a mbíonn cuntais bhainc aige leo agus a ndéanann an Grúpa idirbheartaíocht leo sna margaí airgeadais agus tráchtarraí. Is é beartas an Ghrúpa teorainn a chur leis an nochtadh do chontrapháirtithe bunaithe ar mheasúnuithe ar an riosca creidmheasa. Déantar athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach ar nochtadh agus ar na teorainneacha a bhaineann leis. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí mhandáidí déileála a bhunú le contrapháirtithe.

Bainistíú maoinithe agus leachtachta

Oibríochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus a thacaíonn le hoibríochtaí eile is ea oibríochtaí maoinithe an Ghrúpa;

- caiteachas caipitiúil
- fiachas atá ag dul in aibíochta a athmhaoiniú
- leachtacht a choimeád

Cuid de straitéis bhainistíú fiachais an Ghrúpa is ea é próifíl punann fiachais a bhaint amach a bhfuil meascán de chontrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí ann. Úsáidtear maoiniú struchtúrach neamhiontaoifa agus maoiniú iontaoifa teoranta nuair is cuí agus an chomhoiriúnacht idir costais maoinithe agus maolú riosca á chur san áireamh. Cloíonn gach áis iasachta leis na hAchtanna Leictreachais agus leis na ceanglais

reachtúla ábhartha agus coinníonn Group Treasury éagsúlacht i mbonn iasachtóirí ESB d'fhonn riosca a leathadh go straitéiseach.

D'ainneoin deacrachtaí maoinithe le deireanas, tá ag éirí leis an nGrúpa cistiú mórscaála a fháil óna phríomhfhoinsí maoinithe i gcónaí. Ar áireamh san airgeadas a fuarthas sna blianta 2011 agus 2012 bhí €1.6 billiún nó mar sin de chistiú Eurobond, €600 milliún nó mar sin de mhaoiniú tionscadail, €235 milliún d'iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta, agus €450 milliún nó mar sin de chistiú bainc eile.

FIGIÚR 9: BANNAÍ GRÚPA ESB A EISÍODH SNA BLIANTA 2011 AGUS 2012:

Eisitheoir	Méid	Cúpón	Aibíocht
Airgeadas NIE	£400m	6.375%	2026
Airgeadas ESB	€600m	6.25%	2017
Airgeadas ESB	€500m	4.375%	2019

De bharr fócas ar chistiú fadtéarmach ó bhannaí mhéadaigh cistiú Eurobond mar chéatadán den fhiachas iomlán ó 12% ag deireadh na bliana 2010 go 46% sa bhliain 2012.

Bhí sraith idirbheart rathúil ag an nGrúpa sa dá bhliain dheireanach, a chuir ar chumas an Ghrúpa feabhas mór a chur ar a phróifíl maidir le haibíocht fiachais. Thit an céatadán fiachais a thioctfaidh in aibíocht sna chéad cheithre bliana eile ó 43% ag deireadh na bliana 2010 go 25% ag deireadh na bliana 2012.

A bhuíochas ar na hidirbhearta seo tá dóthain áiseanna iasachta geallta neamhtharraingthe ag an ESB i gcónaí le cinntiú gur féidir an t-éileamh ar leachtacht a shásamh de réir éilimh. Ag


deireadh bliana, bhí breis is 1,700 milliún ag an nGrúpa, in airgead tirim agus in áiseanna geallta neamhtharraingthe. Coimeádann an Grúpa a chumas cistiú a fháil trí bhainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar chaidreamh le bainc, le hinfeistíoirí agus le cumainn rátála.

Na hionchais

Meastar go gcuirfidh an geilleagar dúshlán faoinár ngnó isteach sa bhliain 2013. Ach tá an Grúpa láidir ó thaobh leachtachta de, tá teacht againn ar fhoinsí éagsúla maoinithe agus tá ár bpróifíl maidir le haibíocht fiachais soláimhsithe. Lena chois sin, ach dul chun cinn eile a dhéanamh faoinár dtionscnamh chun feidhmíocht a fheabhsú, déanfar costais a laghdú, iomaíochas a choimeád agus méadrachtaí láidre airgeadais a chaomhnú.

Ba cheart go gcuirfeadh sin ar chumas an Ghrúpa cláir shuntasacha caiteachas caipitiúil a chur i ngníomh agus leanúint de bheith san iomaíocht. Ar deireadh, díreofar i gcónaí ar bhainistiú an riosca trádála ag éirí as an Margadh Aonair Leictreachais agus margai gaolmhara, agus maolóidh straitéisí éifeachtacha soláthar breosla an luaineacht i bpraghsanna margaidh.

FIGIÚR 10: PRÓIFÍL MAIDIR LE HAIBÍOCHT FIACHAIS AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2012



ESB GENERATION AND WHOLESALE MARKETS

TÁ ESB GENERATION AND WHOLESALE MARKETS (G&WM) COMHDHÉANTA DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ GINIÚNA, TRÁDÁLA AGUS FORBARTHA SÓCMHAINNÍ AN ESB.

Déanann an gnó giniúna agus trádála punann giniúna leictreachais an ESB a bhainistiú, a oibriú agus a thrádáil in Éirinn agus thar lear, faoi réir oibleagáidí ceadúnais maidir le cur i leataobh. Áirítear ar an bpunann 4.3 GV giniúna sa Mhargadh Aonair Leictreachais agus 0.4 GW sa Bhreatain Mhór. Lena chois sin, tá comhfhiontar 50% ag an ESB i Marchwood (an Bhreatain Mhór) agus in Amorebieta (an Spáinn) le 1.6 GW de chumas carnach.

Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí forbartha sócmhainní deiseanna a aithint agus a fhorbairt chun an punann giniúna a fheabhsú agus a leathnú chun spriocanna fáis an ESB a shroicheadh. Déantar ár dtionscadail a bhainistiú ó chéim na forbartha go céim na tógála agus as sin go céim na n-oibriúcháin tráchtála.

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Thit éileamh sa Mhargadh Aonair Leictreachais de 3% nach mór sa bhliain 2012, an ceathrú bliain as a chéile de laghdú ar éileamh. De thoradh praghsanna arda i gcónaí ar ghás nádúrtha agus praghsanna guail atá iomaíoch a bheag nó a mhór mhéadaigh líon na stáisiún guail a bhí ag rith i gcaitheamh na bliana 2012. Ba iad na tosca sin, leis, ba chúis leis an laghdú ar líon na stáisiún gásadhaite a bhí ag rith agus le corraigh a bhí laghdaithe go suntasach, arb ionann iad agus formhór an chumais ar an gcóras. Chabhraigh punann cothromaithe G&WM, ina bhfuil meascán breoslaí lena n-áirítear gual, gás, móin, gaoth agus hidreachumhacht, leis an ESB na treochtaí margaidh seo a sheasamh.

Sa bhliain 2012 d'fháiltigh an ESB roimh chinneadh Údarás Rialála an Mhargaidh Aonair Leictreachais a d'fhoráil le haghaidh deireadh a chur le cur i leataobh, a ba chúis go stairiúil le leithscaradh punainn ghiniúna rialaithe agus neamhrialaithe an ESB. Na hathruithe ceadúnais is gá chun éifeacht a thabhairt don chinneadh seo, tá súil leo go luath sa bhliain 2013. Cuirfidh sin ar chumas an ESB athruithe eagraíochtúla agus athruithe ar an gcóras faisnéis teicneolaíochta a chur i ngníomh ionas go bhforófar na sochair a thiocfaidh de chomhtháthú a ghnóthaí giniúna ar bhonn níos mó, as a leanfaidh coigilteas costais agus bainistíocht níos fearr ar rioscaí.

D'fhógair an Rialtas i nDeireadh Fómhair 2012 go mbeadh ar an ESB roinnt acmhainní giniúna neamhstraitéiseacha a dhíol chun suas le €400 milliún de dhíbhinne neamhghnácha a chur ar fáil faoin mbliain 2014. D'athdhearbaigh an Rialtas a ghealltanais gur fiontás láidir ó thaobh airgeadais, comhtháite go hingearach, a bheadh san ESB i gcónaí, go gcoimeádfadh sé a rátáil chreidmheasa, agus go mbeadh aige i gcónaí dóthain scála chun dul san iomaíocht sa mhargadh uile-oileáin (an Margadh Aonair Leictreachais agus an Bhreatain Mhór) agus é ag iarraidh i gcónaí sciar cuí den mhargadh in Éirinn a ghnóthú.

INFHEISTÍOCHT AGUS FÁS

Is é straitéis infheistíochta G&WM punann scála giniúna a bheidh cothromaithe agus íseal ar charbóin a bheith aige sa mhargadh uile-oileáin.

Rinneadh dul chun cinn suntasach leis an straitéis sin sa bhliain 2012 nuair a fuarthas cistiú le haghaidh stáisiún cumhachta Carrington, gar do Mhanchain, an Bhreatain Mhór. Cuireadh tús leis an bhfoirgníocht ar an tionscadal tuirbín gáis comh-thrialla 881 MW seo go déanach sa bhliain 2012 agus táthar ag súil go sroichfidh sé céim na hoibriúcháin tráchtála go luath sa bhliain 2016. Cuireadh cistiú ar fáil don tionscadal ar bhonn cur i leataobh ionas nach ngabfaidh sé áit aon chuid den infheistíocht i mbonneagar leictreachais atá ar siúl againn ar oileán na hÉireann.

Lean an ESB de bheith ag infheistiú i bpunann ísealcharbóin. Tógadh feirm ghaoithe Myndd y Betwys (35 MW) sa Bhreatain Bheag agus feirm ghaoithe Carrickatane (21 MW) i dTuaisceart Éireann. Táthar ag súil leis na sócmhainní seo a bheith oibriúcháin go luath sa bhliain 2013 agus tabharfaidh siad punann gaoithe oibriúcháin an ESB go os cionn 380 MW. Ar an iomlán ghin G&WM 1.3 TWh nó mar sin de leictreachas ó fhoinsi in-athnuaite (gaoth agus hidreachumhacht) le linn 2012 – ar leor é chun riachtanais leictreachais ceathrú milliún líon tí nó mar sin a sholáthar.

Leanadh den phunann hidreachumhachta a athchóiriú, leis, sa bhliain 2012, le huasghrádú ar aonaid na hÉirne agus Chnoc Turlaigh. Tugadh athchóiriú mór chun críche sa bhliain 2012, leis, ag stáisiún chumhachta Ghob na Mine agus Synergen. Ghin an dá stáisiún sin tuairim is aon cheathrú den riachtanas iomlán leictreachais sa Mhargadh Aonair Leictreachais sa bhliain 2012. Ós rud é go bhfuil costas giniúna an leictreachais sa dá stáisiún seo i measc na gcostas giniúna is ísle sa Mhargadh Aonair Leictreachais, is chun tairbhe gach custaiméir leictreachais é a bhfeidhmthréimhse fhada leanúnach.


AN STRAITÉIS AGUS FREAGAIRT AR ATHRÚ

Tá forbairt mhór ar an Margadh Aonair Leictreachais beartaíthe sna chéad chúig bliana a mheastar a chuirfidh athrú bunúsach ar an timpeallacht iomaíoch, de réir mar a leathnaíonn margadh baile an ESB. An Margadh Réigiúnach Leictreachais a thabharfar air agus beidh an Bhreatain Mhór ar áireamh ann. Freagairt air sin is ea straitéis giniúna an ESB a fhéachann lena áit


881_{MW}

MÉID STÁISIÚN CUMHACHTA CARRINGTON (AN BHREATAIN MHÓR) – INFHEISTÍOCHT SHUNTASACH I NGINIÚINT SA MHARGADH RÉIGIÚNACH FUINNIMH

FEIDHMÍOCHT ESB GENERATION AND WHOLESALE MARKETS SA BHLIAIN 2012

SCIAR DEN MHARGADH GINIÚNA
(MARGADH AONAIR LEICTREACHAIS)

MEASCÁN BREOSLA NA PUNAINNE

CAITEACHAS CAIPITIÚIL AR GHINIÚINT
IN-ATHNUAITE 2008 GO 2012

2008	€102M
2009	€288M
2010	€476M
2011	€597M
2012	€681M

Infeistíocht Charnach

sa Mhargadh Réigiúnach Leictreachais a leathnú, punann cothromaithe ísealcharbóin a sholáthar, a fheidhmíocht airgeadais a bharrfheabhsú agus ár ngníomhaíochtaí giniúna, trádála agus soláthair a chomhtháthú go hiomlán.

D'infeistigh G&WM i gcórais trádála agus i mbonneagar suntasach ar mhaithe le comhtháthú na ngnóthaí giniúna sa bhliain 2013 agus chun tacú le cumas feabhsaithe trádála agus bainistíochta riosca.


Rinne G&WM dul chun cinn suntasach i mbliana maidir lena spriocanna uailmhianacha feidhmíochta agus spriocanna laghdaithe costais go dtí an bhliain 2015 a bhaint amach. D'fhág breis is 150 fostaí an gnó le linn na bliain 2012 mar chuid de scéim dheonach eadarscartha agus rinneadh laghdúithe párolla i gcás na gcomhaltaí foirne a d'fhan sa ghnó, rud a chuir le hiomaíochas G&WM.

ÁR NDAOINE

Tá ullmhúcháin ar bun ag G&WM chun na punainn ghiniúna, a bhí leithscartha roimhe seo ar chúiseanna rialála, a chomhtháthú. Faoi dheireadh na bliana 2012 bhí 911 duine fostaíthe in G&WM, arbh ionann é agus 13% de laghdú ar an mbliain roimhe. Tosaíocht a bheidh ann sa bhliain 2013 na gnóthaí giniúna rialaithe agus neamhrialaithe a thabhairt le chéile agus dul i dtiaithí ar an líon laghdaithe fostaíthe agus ag an am céanna feidhmiú sábháilte agus éifeachtach an ghnó a choimeád.

PUNANN GINIÚNA

- OIBRÍOCHTAÍ GAOITHE**
BLACK BANKS
CEANN AN CHAIRÍN
CNOC AN CHORRAÍN
CROCKAGARRAN
CROCKAHENNY
CURRYFREE
DARAIDH BRAOIN
GLEIB GHARBHACH
LÓISTE NA GCEARC
FRAOIGH
SLIABH UÍ FHIACHRA
TAOBH NA NEAS
SLIABH AN IOLAIR
TULLYNHAW
FULLABROOK (AN BHREATAIN MHÓR)
WEST DURHAM (AN BHREATAIN MHÓR)
- GÁS**
ÁTH FHADA
CUIL CHAORACH
MARINA
AN PORT THUADH
AN POLL BEAG
SYNERGEN
CORBY (AN BHREATAIN MHÓR)
MARCHWOOD (AN BHREATAIN MHÓR)
AMOREBIETA (AN SPÁINN)
- MÓIN**
LOCH RÍ
TULLYNHAW
CUMHACHT UÍBH FHAILÍ
THIAR
- GUAL**
GOB NA MUINE
- HIDRILEICTREACHAS**
ARD NA CROISE
CARRAIG AN DROICHID
CATHLEEN'S FALLS
CLADY
AN BHINN
GABHAILÍN AN BHÁITE
INIS CARA
LÉIM AN BHRADÁIN
POLL AN PHÚCA
CNOC AN TURLAIGH

TOSAÍOCHTAÍ DON
BHLIAIN 2013

- Feidhmíocht láidir sábháilteachta agus oibríúcháin a choimeád, ag oiriúnú don laghdú ar an líon foirne agus ag baint buntáiste as sochair ag éirí as comhtháthú gnóthaí giniúna an ESB a bhí leithscartha roimhe seo
- Leanúint den téanarracht chun spriocanna feabhsú feidhmíochta na bliana 2015 a bhaint amach
- Tógáil agus coimisiúnú 56 MW de chumas gaoithe a thabhairt chun críche i dtionscadail ag Myndd y Betwys sa Bhreatain Bheag agus ag Carrickatane i dTuaisceart Éireann
- Dul chun cinn a dhéanamh go sábháilte maidir le tógáil stáisiún cumhachta 881 MW Carrington láimh le Manchain, An Bhreatain Mhór
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le sócmhainní áirithe neamhstraitéiseacha giniúna a dhíol ach neart airgeadais agus an scála chun dul san iomaíocht sa mhargadh uile-oileáin a choimeád
- Glacadh le croíchórais trádála agus faisnéise gnó a thacóidh leis an bhfeabhsú ar chumas trádála agus bainistíocht riosca a theastóidh chun éilimh thodhchaí an mhargaidh agus na punainne a chomhlíonadh

ESB NETWORKS

SA BHLIAIN 2012 DHÍRIGH ESB NETWORKS AR A CHÓRAS TARCHUIR AGUS DÁILEACHÁIN A ATHNUACHAN AGUS A LEATHNÚ. TÁ 1,740 MW, NÓ MAR SIN, DE GHINIÚINT IN-ATHNUAITE CEANGAILTE ANOIS AG ESB NETWORKS DEN LÍONRA NÁISIÚNTA DÁILEACHÁIN.

Seo na tosaíochtaí don bhliain 2013: sábháilteacht, soláthar bonneagair, seirbhís do chustaiméirí, feidhmíocht láidir airgeadais agus líonraí inbhuanaithe a fhorbairt.

INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL

Ba ionann agus €395 milliún an infheistíocht chaipitiúil sa chóras líonraí sa bhliain 2012 agus díriodh é go príomha ar an gcóras tarchuir a threisiú chun slí a dhéanamh ann don ghiniúint nua gaoithe a cheanglófar den chóras roimh dheireadh na deichbhliana. Faoi dheireadh na bliana 2012 bhí 1,740 MW nó geall leis de ghiniúint gaoithe ceangailte den chóras agus táthar ag súil le é sin a mhéadú go 5,000 MW faoi dheireadh na bliana 2020.

Leanamar, leis, de bheith ag infheistiú sa chóras dáileacháin chun iontaofacht an tsoláthair a fheabhsú agus sábháilteacht an líonra a chinntiú.

I measc na rudaí a baineadh amach sa bhliain 2012 bhí:

- Ciorcad nua 110 kV 24 km i gCo. an Chabháin agus obair leanúnach ar dhá mhórhionscadal treisithe i gCo. Dhún na nGall agus i gCo. na Gaillimhe a chuimsíonn 150 km de líne nua 110 kV i dtéannta a chéile.
- Rinneadh dhá mhórhionscadal treisithe a fhorbairt ag dhá cheann de fho-stáisiúin bhuilsholáthair i mBaile Átha Cliath, lena áiríodh claochladán nua 250 MVA a choimisiúnú.
- Cuireadh tús le stáisiún nua 110 kV/MV agus dhá cheann de stáisiún 110 kV custaiméara a thógáil chun freastal ar mhórchustaiméirí i gceantar Bhaile Átha Cliath.
- Ceanglaíodh 125 MV de chumas feirm gaoithe agus coimisiúnaíodh an dá fho-stáisiún nua 110 kV ag ceangal ilfheirmeacha gaoithe.
- Rinneadh 12,800 ceangal nua sa bhliain 2012 (15,121 sa bhliain 2011). Bhí obair i dtaca le hualach ar leibhéal íseal i gcomparáid le blianta eile, mar sin athraíodh na gníomhaíochtaí infheistíochta chun seanstáisiún a athsholáthar agus an líonra ísealvoltais a athnuachan.

AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA AGUS AN FHREAGAIRT AR ATHRÚ

D'éirigh linn roinnt clochmhílte tábhachtacha a shroicheadh sa bhliain 2012. Rinne ár gcláir taighde agus forbartha cinntí eolacha maidir le himlonnú mórbhonneagair ionas go raibh ar chumas ESB Networks leanúint dá ról maighdeogach i dtaca le hoibriochtaí sa mhargadh iomaíoch a fheabhsú do gach custaiméir leictreachais.

Seo cuid de bhuaicphointí na bliana 2012:

AN CLÁR MÉADRACHTA CLISTE: Tá an tionscadal méadrachta cliste ag tús chéim an mhiondearaidh. Faoi rialachas an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh, oibreoidh an tionscal fuinnimh i dtéannta a chéile sna chéad 18 mí eile chun na mionriachtanais i dtaca le Méadair Chliste a chur ar fáil ar fud na tíre a thabhairt chun críche.

TIONSCADAIL TAIGHDE & FORBARTHA:

Chomhordaigh ESB Networks togra maidir le Tionscadal Chrios Glas an Atlantaigh Thuaidh, ar comhthogra é idir na hoibreoírí córais ar fad ar oileán na hÉireann, le tacaíocht ó fhorais rialtais, le cur ar áireamh i liosta AE na dTionscadal Greille Cliste Leasa Choitinn a d'fhéadfadh cistiú AE a mhealladh ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus ó bhuiséid cistithe eile AE sa bhliain 2013.

ÉIFEACHTÚLACHT COSTAIS/FEABHSÚ

FEIDHMÍOCHTA: Sa bhliain 2012 laghdaíomar an líon foirne de 10% nó mar sin trí mheascán de chlár deonach eadarscartha agus scor nádúrtha a chuirfidh ar chumas an ghnó a bheith níos éifeachtúla.

TIONSCADAL UM CHOMHCHUIBHÍÚ SA

MHARGADH: Cuireadh ardán nua margaidh ar fáil sa bhliain 2012, ar sceideal agus laistigh den bhuiséad. Tugann an t-ardán nua comhéadan margaidh amháin chun soláthraí custaiméara a athrú i margaí leictreachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon. Ba iad ESB Networks agus NIE a sholáthair an tionscadal, a fuair ceadú ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus ó Údarás Thuaisceart Éireann um Rialú Fóntas.

€395M

AN INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL A RINNEADH SA CHÓRAS LÍONRAÍ SA BHLIAIN 2012

FEIDHMÍOCHT ESB NETWORKS SA BHLIAIN 2012

BONN RIALAITHE SÓCMHAINNÍ	RÉAMHSHOCRUITHE CAIRTE	NÓIMÉID CUSTAIMÉARA A CAILLEADH
2012 €6.8bn	2012 1,422 (755)	2012 105 (11) nóiméad
2011 €6.5bn €0.3bn	2011 2,177	2011 116 nóiméad

SEIRBHÍS ÉIFEACHTACH A SHOLÁTHAR DO CHUSTAIMÉIRÍ

Leanadh sa bhliain 2012 den leanúnachas feabhsaithe a baineadh amach le cúig bliana anuas. Bhí nóiméid fabht agus líon na nóiméad caillte custaiméara beartaithe beagán níos ísle ná toradh na bliana 2011.

Mar fhreagairt ar an méadú ar úsáid na meán leictreonach chun eolas a fháil, lainseáil ESB Networks PowerCheck, feidhmchlár saor in aisce don iPhone agus don fhón cloiste Android, a chumasaíonn do chustaiméirí eolas fíoraima a fheiceáil mar gheall ar idirscor cumhachta pleanáilte agus neamhpleanáilte agus an t-am a mheastar a thógfaidh sé chun an tseirbhís a athbhunú. Lena chois sin, rinneadh athchóiriú ar shuíomh Gréasáin ESB Networks chun teacht níos éasca a thabhairt ar eolas ar líne agus seirbhísí éagsúla an ESB do chustaiméirí a chur in iúl.

Is airde ná riamh sástacht custaiméirí le feidhmíocht iomlán ESB Networks (84%). Tá na rátaí freagartha teileafóin ar ghlaonna custaiméirí in Ionad Cúram do Chustaiméirí ESB Networks ar leibhéal domhanda.

Cuireann an tIonad Tacaíochta Sceidil feabhsuithe ar an tseirbhís do chustaiméirí ar fáil an t-am ar fad, in oibreacha méadair agus i seirbhísí gaolmhara. I gcaitheamh na bliana d'oibrigh ESB Networks le soláthraithe leictreachais chun méadair nua leictreonacha 'Íoc de réir Úsáide' a shuiteáil chun cuidiú le custaiméirí a bhfuil sé deacair orthu airgead a chur i leataobh chun a mbillí leictreachais a íoc.

Tá scéim leanúnach againn a chabhraíonn lenár gcustaiméirí gnó a gcumas ceangail conraithe a laghdú agus as sin a mbillí leictreachais a laghdú.

ÁR NDAOINE

Braitheann an rath atá ar ESB Networks ar iarracht bhuíne chun a chlár agus thionscadail oibre éagsúla a chur i bhfeidhm. Tacaíonn an straitéis acmhainní daonna, ar cuid í den straitéis iomlán gnó, le hiarrachtaí an ghnó a chinntiú go mbíonn an meascán ceart scileanna ar fáil i gcónaí chun a chumasú d'eagraíocht ardfeidhmíochta obair a dhéanamh ar na caighdeáin is airde cáilíochta agus sábháilteachta.

Tá tábhacht ar leith le forbairt leanúnach a dhéanamh ar fhoireann ESB Networks chun go mbeidh ar a gcumas an straitéis a chur i ngníomh go héifeachtach, agus d'oibrigh an gnó sa bhliain 2012 chun an fhoireann ar fad a threalmhú leis na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá chun a gcion féin a dhéanamh go héifeachtach. I dtreo dheireadh na bliana rinneadh ailíniú idir an fhoireann bhainistíochta líne láir agus an fhoireann bhainistíochta líne thosaigh chun tacú leis an straitéis ghnó agus an acmhainn chriticiúil sin a fhorbairt tuilleadh.

TOSAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN 2013

- **SÁBHÁILTEACHT:** Croiluachanna de ESB Networks is ea an tsláinte agus an tsábháilteacht agus geallann an gnó feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chaighdeán sláinte agus sábháilteachta chun timpeallacht shábháilte oibre a chinntiú don fhoireann, do chonraitheoirí, do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.
- **SOLÁTHAR BONNEAGAIR:** Tá an gnó líonraí ag díriú ar an mbonneagar criticiúil atá riachtanach a chur ar fáil chun tacú le fás leanúnach gheilleagar na hÉireann.
- **SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ:** Geallaimid a chinntiú go mbíonn seirbhís ardchaighdeán a thugann luach ar airgead le fáil ag custaiméirí i gcónaí.
- **FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS:** Cuireann an geilleagar dúshlán fuinn i gcónaí agus tá géarghábair le feidhmíocht láidir airgeadais chun gur féidir freastal ar na dúshláin iomadúla atá faoin ngnó. Déanfaidh ESB Networks a sheacht dícheall chun oibriú laistigh de na liúntais caiteachais atá socraithe ag an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, éifeachtúlacht costais a bhaint amach agus feabhsú a dhéanamh ar fheidhmíocht i ngach cuid den ghnó.
- **LÍONRAÍ INBHUANAITHE:** Nasc fíorthábhachtach is ea líonraí cliste maidir le giniúint ghlan in-athnuaite a chomhtháthú feadh an tslabhra luacha leictreachais do chustaiméirí agus dá ngléasanna fuinnimh. Féachann ESB Networks le bheith ina cheannaire aitheanta i réimse na hinbhuanaitheachta fuinnimh agus comhshaoil agus tá straitéis chomhtháite líonraí cliste ceaptha aige chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

84%

SÁSTACHT CUSTAIMÉIRÍ SAN IOMLÁN

NIE

NORTHERN IRELAND ELECTRICITY (NIE) ATÁ FREAGRACH I DTUAISCEART ÉIREANN AS AN LÍONRA DÁILEACHÁIN AGUS TARCHUIR A PHLEANÁIL, A FHORBAIRT, A THÓGÁIL AGUS A CHOTHABHÁIL AGUS AS OIBRIÚ AN LÍONRA DÁILEACHÁIN.

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN


Faigheann NIE a ioncam go príomha ó tháillí a íoctar chun an córas dáileacháin a úsáid agus tobhaigh Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a ghearrtar ar sholáthraithe leictreachais agus táillí ar son seirbhísí tarchuir (maidir le húsáid an chórais tarchuir, go príomha) a ghearrtar ar oibreoir an chórais dáilte leictreachais i dTuaisceart Éireann (SONI).

Is iad an Rialálaí Fónas agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta a rialaíonn NIE. Tá NIE faoi réir rialú praghsanna, a shainítear i bhfoirmlé atá leagtha amach ina cheadúnas. Léiríonn prionsabail an rialaithe praghsanna sna coinníollacha ceadúnais dualgaís ghinearálta an Rialálaí Fuinnimh agus na Roinne Fiontair, Trádála agus Infheistíochta faoin reachtaíocht ábhartha. Áirítear orthu siúd a chinntiú gur féidir le NIE a ghníomhaíochtaí údaraithe a mhaoiniú.

Tá moill curtha ar an gcúigiú rialú praghsanna cúig bliana (RP5) le haghaidh NIE, a bhí le tosú an 1 Aibreán 2012.

In Aibreán 2012, d'fhoilsigh an Rialálaí Fónas a dhréachtchinnadh comhairliúcháin maidir le RP5. Foilsíodh cinneadh deiridh an Rialálaí Fónas i nDeireadh Fómhair 2012 agus d'fhreagair NIE an 20 Samhain 2012, ag cur in iúl don Rialálaí Fónas gurb olc leis nárbh fhéidir glacadh le téarmaí molta an Rialálaí Fónas le haghaidh rialú praghsanna RP5.

Ní gan dianmhachnamh a rinne NIE an cinneadh sin. Bheadh na liúntais a mhol an Rialálaí Fónas go maith faoi bhun na méideanna is gá chun gur féidir le NIE a oibleagáidí reachtúla agus ceadúnais a chomhlíonadh agus an clár riachtanach oibre le haghaidh RP5 a sholáthar chun an leibhéal seirbhíse a bhfuil súil ag custaiméirí NIE leis a chur ar fáil.



Ós rud é go measann NIE agus an Rialálaí Fónas araon go dteastaíonn mionathrú ar an rialú praghsanna atá ann faoi láthair, measann NIE anois go gcuirfidh an Rialálaí Fónas an cheist ar aghaidh go dtí an Coimisiún Iomaíochta.

INFHEISTÍOCHT AGUS FÁS

Ón uair a rinneadh cuideachta príobháideach de sa bhliain 1993, tá infheistíocht shuntasach déanta ag NIE i mbonneagar líonra. Sa tréimhse sin lean NIE de bheith ag infheistiú ina bhonneagar chun sócmhainní caite líonra a athchur, chun freastal ar an méadú ar ualach agus ar cheangail nua tomhaltóra agus chun riachtanais a chomhlíonadh i dtaca le giniúint in-athnuaite a cheangal. Lena chois sin, cuireadh córas nua billeála agus teicneolaíocht faisnéise margaidh i bhfeidhm i mBealtaine 2012, i gcomhar le ESB Networks, chun iomaíocht iomlán mhiondíola a éascú i margadh leictreachais Thuaisceart Éireann.

Sa phlean gnó a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Fónas le haghaidh RP5, dúirt NIE go gcaithfeadh an leibhéal infheistíochta méadú go suntasach, agus fócas na hinfheistíochta a bheith faoi thiomáint ag: an gá atá le sócmhainní caite líonra, a suiteáladh mar chuid d'fhorbairt shuntasach ar líonraí sna 1950idí agus sna 1960idí, a athchur; an méadú ar éileamh ar thionscadail mhóra a bhaineann le tarchur; agus riachtanais na reachtaíochta nua a chomhlíonadh. Mar a

€118M

AN INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL A RINNEADH AR AN GCÓRAS LÍONRA I DTUAISCEART ÉIREANN IN 2012

FEIDHMÍOCHT NIE SA BHLIAIN 2012

BONN RIALAITHE SÓCMHAINNÍ NIE			NÓIMÉID CUSTAIMÉARA, A CAILLEADH (FABHTANNA DÁILEACHÁIN)			GEARÁIN CHÉIM 2		
2012	£1,197m		2012	46 ^{nóiméad}	(13) ^{nóiméad}	2012	2	
2011	£1,155m	£42m	2011	59 ^{nóiméad}		2011	1	1

dúradh thuas, bhí na liúntais a mhol an Rialálaí Fónas go maith faoi bhun na méideanna is gá chun gur féidir le NIE a oibleagáidí reachtúla agus ceadúnais a chomhlíonadh agus an clár oibre riachtanach le haghaidh RP5 a chur i gcrích chun an leibhéal seirbhíse a bhfuil súil ag custaiméirí leis a chur ar fáil.

Cé gurb ionann an 6,400 ceangal a rinneadh sa bhliain 2012 agus 18% de laghdú ar an mbliain 2011, a léiríonn an cor chun donais eacnamaíoch, bhí 78% de mhéadú ar cheangail giniúna mionscála i gcaitheamh na bliana.

AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA AGUS AN FHREAGAIRT AR ATHRÚ

Is é aidhm NIE líonra slán inbhuanaithe leictreachais a chur ar fáil agus a choimeád chun freastal ar éilimh mhargadh leictreachais Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear giniúint in-athnuaite a cheangal chun tacú le hiarrachtaí Chomhthionóil Thuaisceart Éireann a spriocanna maidir le hídú leictreachais ó fhoinis in-athnuaite a shroicheadh.

Chun an t-idirasc idir líonraí leictreachais Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann a neartú tuilleadh, leanfaidh NIE de bheith ag obair i gcomhar le EirGrid chun idirasc 400 kV Thír Eoghain-An Chabháin a fhorbairt. Ar áireamh i straitéis NIE chun na cuspóirí sin a bhaint amach beidh rátáil láidir chreidmheasa a choimeád agus a chinntiú go mbíonn dóthain pearsanra cáilithe ag an ngnó chun a oibleagáidí a chomhlíonadh.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tosaíocht don NIE is ea seirbhís do chustaiméirí agus feidhmíocht líonra ar an gcaighdeán is airde a sholáthar i gcónaí. Coimeádadh caighdeán láidre seirbhíse do chustaiméirí ar bun i gcaitheamh na bliana.

Tá feabhsúcháin á ndéanamh i gcónaí ag NIE ar a chumas freagartha ar éigeandálaí le linn géarimeachtaí aimsire chun gur féidir soláthar gach custaiméara a athbhunú go héifeachtach. Cabhraíonn tiomantas suntasach na foirne líne thosaigh le NIE an ghné rithabhachtach seo dá ghnó a bhainistiú go héifeachtach. Tá feabhas mór tagtha ar líon na nóiméad a chailtear sa bhliain in aghaidh an chustaiméara trí fhabhtanna idirscóir dáileacháin, ó rinneadh cuideachta príobháideach de NIE.

ÁR NDAOINE

Tá 1,300 duine nó mar sin fostaithe ag NIE i láthair na huairé agus is iad na fostaithe an tsócmhainn is tábhachtaí atá ag an ngnó, dar le NIE. Misníonn sé a fhostaithe chun an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh agus chun dúshlán chuí a chur fúthu féin agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa ghnó trí dheiseanna leanúnacha a sholáthar d'fheabhsú scileanna agus d'fhorbairt phearsanta. Tá creidiúnú Infheistíoirí i nDaoine ag NIE i gcónaí.

Tá caidreamh dearfach ann idir an cuideachta agus na fostaithe agus cuirtear athruithe i bhfeidhm trí chur chuige comhpháirtíochta leis na ceardchumainn. Is í an tsábháilteacht príomhfhócas an ghnó i gcónaí agus cuireann NIE cultúr dearfach réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta chun cinn agus cloítear le gach reachtaíocht riachtanach agus caighdeán aitheanta sábháilteachta bunaithe ar an tuairim gur teagmhas ineachanta é gach teagmhas.

TOSAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN 2013

■ **SÁBHÁILTEACHT:** A chinntiú go mbeidh sláinte agus sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne ina dtosaíocht ag NIE i gcónaí.

■ **TORADH SÁSÚIL RP5 A BHAINNT AMACH:** Líonra leictreachais slán inbhuanaithe a choinneáil agus a fhorbairt agus sláinte airgeadais an ghnó a choinneáil trí chríoch sásúil a chur le próiseas rialaithe praghsanna RP5.

■ **SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ:** Déanfaimid gach dícheall seirbhís den scoth a thabhairt do chustaiméirí agus fócas NIE ar sheirbhís do chustaiméirí a choimeád.

■ **BONN IOMAÍOCH COSTAIS:** Bonn iomaíoch costais NIE a choimeád agus leanúint de chlár infheistíochta chaipitiúla a sholáthar laistigh de na paraiméadair faofa.

■ **ACMHAINNÍ DAONNA:** Infheistíocht leanúnach sna fostaithe le cinntiú go mbeidh dóthain acmhainní againn chun oibleagáidí gnó a chomhlíonadh agus timpeallacht oibre a chur chun cinn ina spreagtar fostaithe chun an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh.

£140

MILLIÚN

AN MÉID A CHUIR NIE LE GEILLEAGAR THUAISCEART ÉIREANN SA BHLIAIN 2012

ELECTRIC IRELAND

IS É ELECTRIC IRELAND GÉAG MHIONDÍOLA AN ESB, AG SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ IOMAÍOCHA LEICTREACHAIS, GÁIS AGUS FUINNIMH DO GACH DEIGHLEOG DEN MHARGADH.

Is é Electric Ireland, a lainseáladh sa bhliain 2011, branda nua gníomhaíochtaí soláthair agus fuinnimh an ESB.

TIMPEALLAUGHT OIBRIÚCHÁIN

Tharla an líon ba mhó athruithe idir soláthraithe san AE i measc custaiméirí cónaithe Phoblacht na hÉireann sa bhliain 2009 agus 2010. Clochmhíle shuntasach don ESB ab ea deireadh a bheith curtha ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh le rialáil taraifí soláthar leictreachais in Aibreán 2011 agus chumasaigh sé do Electric Ireland oibriú ar bhonn tráchtála sa mhargadh iomaíoch.

Ghéaraigh an iomaíocht le linn 2011 agus 2012 le teacht Electric Ireland isteach sa mhargadh iomaíoch leictreachais agus gáis, rud a thug rogha soláthraithe agus praghasphleananna iomaíocha do chustaiméirí. Tá Electric Ireland ag feidhmiú go maith sna margaí cónaithe agus gnó le táirgí ar phraghsanna iomaíocha agus d'fhill breis is 200,000 custaiméir cónaithe leictreachais ar Electric Ireland sa dá bhliain dheireanacha. Tá breis is 80,000 custaiméir cónaithe gáis meallta ag Electric Ireland ó chuamar isteach sa mhargadh gáis cónaithe in Aibreán 2011.

Dúshlán suntasach don ghnó i dtéarmaí bainistíocht fiachais is ea na leibhéil ionsaitheacha iomaíochta sa mhargadh agus an cor chun donais eacnamaíoch.

AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA AGUS AN FHREAGAIRT AR ATHRÚ

Is é cuspoir straitéiseach Electric Ireland a bheith chun tosaigh i measc soláthraithe fuinnimh agus seirbhísí gaolmhara sa mhargadh Éireannach agus réitigh iomaíocha agus inbhuanaithe fuinnimh a thairiscint. Déanfar é sin trí sheirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus táirgí agus seirbhísí a chomhlíonann riachtanais an chustaiméara agus a thugann luach ar airgead a chur ar fáil.

I gcaitheamh na bliana 2012 rinneadh dul chun cinn suntasach lena n-áirítear:

- dul san iomaíocht go héifeachtach sna margaí oscailte cónaithe agus gnó le táirgí ar phraghsanna iomaíocha
- táirgí nua a cheapadh agus a lainseáil, lena n-áirítear gás agus Seirbhísí Baile
- leanúint de sháirsheirbhís a sholáthar do chustaiméirí
- ár bhfócas a choimeád ar fheabhsú costas le cinntiú go mbíonn bonn costais iomaíoch agus solúbtha ag Electric Ireland
- feachtas a chothú ar ghnó soláthair Electric Ireland tar éis na hathbhrandála
- leanúint den obair réamhghníomhach agus comhbhách lenár gcustaiméirí chun aisiocáidí fiachais a bhainistiú sa gheilleagar mar atá.

CUSTAIMÉIRÍ

San iarracht leanúnach chun custaiméirí cónaithe a mhealladh agus a fháil ar ais, rinne Electric Ireland táirgí nua a cheapadh agus a lainseáil. Ina measc siúd bhí praghasphleananna iomaíocha leictreachais agus a sciar den mhargadh cónaithe gáis a mhéadú.

D'éirigh go maith leis an bhfeachtas margaíochta agus díolacháin sa mhargadh cónaithe leictreachais. Bhí 24,000 custaiméir nó mar sin á gcailleadh gach mí sa bhliain 2010, ach bhí glanmhéadú ag teacht ar chustaiméirí gach mí ó Aibreán 2011. Cothaíodh feachtas láidir ar ghnó soláthair Electric Ireland, leis. Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí 1.3 milliún custaiméir cónaithe leictreachais ag Electric Ireland agus 80,000

custaiméir débheosla. D'athraigh breis is 100,000 custaiméir cónaithe go Electric Ireland ó sholáthraithe eile sa bhliain 2012.

I gcaitheamh na bliana 2012 lainseáil Electric Ireland praghasphleananna eile don mhargadh gnó, ag díriú go príomha ar earnáil na ngnóthas beag.

D'ainneoin méadú suntasach ar iomaíocht, tá láithreach láidir i gcónaí ag Electric Ireland in earnáil na ngnóthas mór i margaí Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon. Custaiméirí lódfhactóra arda is ea formhór na gcustaiméirí sa teascán margaidh seo, agus soláthraimid seirbhís oiriúnaithe do chustaiméirí dóibh le tacaíocht ó raon réiteach éifeachtúlacht fuinnimh.

Le cois praghasphleananna iomaíocha leictreachais, tá méadú tagtha ar líon na mbeart éifeachtúlacht fuinnimh a dhiolann Electric Ireland trínár Seirbhísí Baile. Cuirtear seirbhís suiteála iomlán, lena n-áirítear insliú baile, seirbhísí agus uasghrádú coire gáis, pumpaí teasa, painéil ghréine, agus deimhniú Rátáil Fuinnimh Foirgnimh, ar fáil. Tugadh mórtionscadal nuachóirithe uirbh ar 500 teach chun críche i gcomhar le Comhairle Baile Dhún Dealgan agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tugadh línte nua táirgí isteach sa bhliain 2012, leis, lena n-áirítear seirbhísí coirí ola, clúdach coire, gléas nua cianrialaithe teasa (Climote) don mhargadh teaghlaigh agus seirbhísí nua fuinnimh don mhargadh gnó.

Tugann Electric Ireland tús áite do sháirsheirbhís do chustaiméirí agus bhí sástacht custaiméirí ar leibhéal ard i gcónaí ó cheann ceann na bliana 2012. Léiríodh é sin i dtorthaí an tsuirbhé bhliantúil ar thomhaltóirí sa mhargadh fuinnimh miondíola, a d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh in Iúil 2012. Fuarthas sa suirbhé gurbh ag custaiméirí cónaithe Electric Ireland a bhí na rátaí sástachta ab airde lena soláthraí, i measc na mórsholáthraithe fuinnimh ar fad sa mhargadh Éireannach. Fuarthas sa suirbhé, leis, go bhfuil custaiméirí in Éirinn sásta leis an tseirbhís agus an leibhéal iomaíochta sa mhargadh miondíola iomaíoch. Shroich Ionad Teagmhála Náisiúnta do Chustaiméirí Electric Ireland a spriocanna seirbhíse sa bhliain 2012, bronnadh creidiúnú ISO 27001 air agus d'éirigh leis a chreidiúnú faoin gCaighdeán Domhanda do Chumann na nIonad Teagmhála Custaiméirí, a choimeád chomh maith. Ina theannta sin, cuireann Electric Ireland leibhéil

FEIDHMÍOCHT ELECTRIC IRELAND SA BHLIAIN 2012

LÍONTA CUSTAIMÉIRÍ
(LEICTREACHAS AGUS GÁS)

2012	1.5m
2011	1.4m
	0.1m

COIGILTEAS DE THORADH
ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH (Gwh)

2012	119Gwh
2011	68Gwh
	51Gwh

SÁSTACHT NA GCUSTAIMÉIRÍ CÓNAITHE

2012	83%
2011	78%
	5%

seirbhíse ar fáil i gcónaí atá ar aon dul lenár gCairt do Chustaiméirí agus lenár gCóid Chleachtais maidir le Seirbhís do Chustaiméirí.

Tá méadú suntasach tagtha ar shástacht an phobail le ríomhsheirbhísí ar nós billeáil gan pháipéar. Faigheann 180,000 custaiméir de chuid Electric Ireland bille gan pháipéar (bille ar líne). Is féidir le custaiméirí féachaint ar a gcuntas agus ar a stair íocaíochtaí ar líne, leis.

Leis an méadú ar úsáid na gcinéal meán sóisialta cosúil le Twitter agus Facebook, tá bealaí nua ag custaiméirí le cumarsáid a dhéanamh agus tosaíocht is ea é do Electric Ireland riachtanais custaiméirí a shásamh trí na cainéil sin.

Dúshlán mór is ea bainistiú fiachais, i bhfianaise an chor chun donais eacnamaíoch. Oibríonn Electric Ireland go réamhghníomhach chun fiachas a bhailiú ach tugtar freagairt, leis, ar chustaiméirí atá i gcruachás trí:

- Cuntais atá i riaráiste a aithint a luaithe is féidir agus teagmháil a dhéanamh le húinéirí na gcuntas chun na roghanna atá ar fáil a phlé leo. Rinne Electric Ireland 220,000 socrú speisialta íocaíochta, nach mór, le custaiméirí sa bhliain 2012.
- Moladh láidir a dhéanamh leo siúd is mó atá i gcruachás méadair 'íoc mar a úsáideann tú' a shuiteáil. Is é ár gcuspóir dícheangal seirbhíse a sheachaint a mhéid is féidir trí mhéadair 'íoc mar a úsáideann tú' agus socrúithe speisialta íocaíochta a chur ar fáil. De thoradh na dtionscnamh sin, thit líon na gcustaiméirí dícheangailte de thrian nach mór le dhá bhliain anuas an tráth gur mhéadaigh soláthraithe fuinnimh eile líon na ndícheangal.
- Dul i gcomhar go réamhghníomhach le Cumann Naomh Uinseann de Pól, leis an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid le gníomhaireachtaí eile chun tacú leis na custaiméirí sin nach féidir leo a gcuid billí a íoc agus leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Déantar bainistíocht ghníomhach i gcónaí ar chustaiméirí gnó a d'fhéadfadh dul i bhfiacha.

ÁR NDAOINE

I gcaitheamh na bliana 2012 rinneadh trí cinn de ghnóthaí soláthair an ESB a bhí scartha roimhe seo a chomhtháthú in aon ghnó soláthair amháin. Mar chuid den athstruchtúrú cuireadh samhail seachadta seirbhíse níos solúbtha agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de i bhfeidhm chun go bhféadfadh Electric Ireland dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh iomaíoch.

INBHUANAITHEACHT

Oibríonn Electric Ireland le custaiméirí chun cabhrú leo ídiú fuinnimh a laghdú agus luach níos fearr a fháil ar an leictreachas a ídíonn siad trí tháirgí tíosach ar fhuinneamh agus feachtais maidir le feachtas fuinnimh a chur ar aghaidh. I measc na bhfeachtais sin tá comhairle i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh; siopa ar líne an ESB agus uirlisí iniúchta baile bunaithe ar an nGréasán, lena n-áirítear 'An tÁireamhán Fearas' agus an 'Draoi Fuinnimh', atá ar fáil mar fheidhmchlár, leis.

Príomh-chomhpháirt den Phlean Náisiúnta is ea an Clár um Fhuinneamh Níos Fearr, arna riar ag Údarás Fuinnimh Imharthana Éireann, chun an sprioc AE de 20% de fheabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2020. Mar chuid den Chlár seo tá i gceist ag Electric Ireland breis is 180 GWh de choigilteas carnach a dhéanamh as éifeachtúlach fuinnimh idir na blianta 2011 agus 2013, rud is ionann agus laghdú ar ídiú leictreachais i mbreis is 30,000 teach. Baineadh é sin amach sa bhliain 2012 trí chlár éagsúla, idir athfheistiú a dhéanamh ar 2,000 teach chun a n-ídiú fuinnimh a íoslaghdú agus svúit beart chun ídiú fuinnimh in áitreabh miondiola tráchtála a laghdú agus deireadh a chur le cailleanas fuinnimh i bpróisis tionsclaíocha.

Ghnóthaigh Electric Ireland deimhniú ISO 14001 ar son a Chóras Bainistíochta Comhshaoil, a chinntíonn go bhfuil gach próiseas inmheánach ar ardchaighdeán agus go sroicheann an eagraíocht na caighdeáin is airde maidir le hinbhuanaitheacht agus bainistíocht comhshaoil.

TOSAÍOCHTAÍ DON
BHLIAIN 2013

Tá Electric Ireland ag tabhairt aghaidh ar amanna dúshlánacha corraitheacha sa mhargadh fuinnimh atá ag éirí níos iomaíche an t-am ar fad in aghaidh cúla de chor chun donais eacnamaíoch.

Déanfaimid ár ndícheall a bheith ar an bpríomhsholáthraí fuinnimh agus seirbhísí gaolmhara sa mhargadh Éireannach faoi mar is amhlaidh anois, ag tairiscint réitigh iomaíocha inbhuanaithe fuinnimh

I measc ár dtosaíochtaí don bhliain 2013 tá:

- Sársheirbhís do chustaiméirí a sholáthar mar aon le táirgí agus seirbhísí a chomhlíonfaidh riachtanais custaiméirí, a thugann luach ar airgead agus a thuilleann leibhéal réasúnta inbhuanaithe brabúis
- Branda Electric Ireland a chur ar aghaidh mar an phríomhbhranda soláthar fuinnimh in Éirinn
- An fócas a choimeád ar fheabhsú costais agus ar sholúbthacht le cinntiú go mbíonn bonn costais iomaíoch ag Electric Ireland
- Leanúint de theacht i gcabhair ar ár gcustaiméirí trí roghanna íocaíochta a thairiscint a éascaíonn aisiocaíocht fiachais sa ghéarthimpeallacht eacnamaíoch
- Bealaí nua a cheapadh chun spriocanna na hÉireann maidir le héifeachtacht fuinnimh faoin gClár um Fhuinneamh Níos Fearr a bhaint amach, ag díriú ar chabhrú le daoine chun a dtithe agus a ghnóthaí a dhéanamh níos tiosaí ar fhuinneamh
- Cinntiú gur féidir le Electric Ireland oibriú ar bhonn cothrom lena iomaitheoirí.

100K

LÍON NA GCUSTAIMÉIRÍ A D'FHILL
AR ELECTRIC IRELAND SA
BHLIAIN 2012

12:25

FUINNEAMH LE
HAGHAIDH NUÁLAÍOCHTA



SA ROINN SEO

Réamhrá ón Stiúrthóir	
Feidhmiúcháin, Daoine agus	
Inbhuanaitheacht	35
Cairt Inbhuanaitheachta	36
Úsáid Fuinnimh 2012	37
Nuálaíocht ESB	38
Comhionannas agus Éagsúlacht	39
Ár nDaoine	40
Ár bPobal	42

BUAICPHOINTÍ 2012

33%

LAGHDÚ AR AN LORG
INMHEÁNACH CARBÓIN
ÓN MBLIAIN 2006

640

NUÁLAÍOCHT
INBHUANAITHE A
TAIFEADADH SA
BHLIAIN 2012

BHÍ AN ESB AR
CHEANN DEN 11
EAGRAÍOCHT A
SHÍNIGH CAIRT
ÉAGSÚLACHTA
ÉIREANN SA
BHLIAIN 2012

BA É ELECTRIC
IRELAND
“COMHPHÁIRTÍ
OIFIGIÚIL FUINNIMH”
FHOIREANN NA
HÉIREANN

03

FREAGRAÇHT SHÓISIALTA CHORPARAIDEACH

TEACHTAIREACHT TOSAIGH Ó PAT NAUGHTON,
STIÚTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN, DAOINE AGUS
INBHUANAITHEACHT



Ón uair a bunaíodh é sa bhliain 1927 bhí traidisiún láidir riamh ag an ESB de bheith lárnach i ngach gné d'fhorbairt shóisialta, phobail agus eacnamaíoch na hÉireann. Ar na gnéithe sin bhí forbairt stáisiún hidrileictreach Ard na Croise sa bhliain 1929, an leictreachas a thabhairt fad le gach baile agus sráidbhaile le linn na 1950idí, slándáil fuinnimh Éireann a choimeád le linn ghéarchéim ola na 1970idí agus teacht na hiomaíochta ar oileán na hÉireann le fócas níos mó an t-am ar fad ar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite agus ar dhícharbónú. Tá ról lárnach againne, an ESB, i gcónaí i bhforbairt shóisialta, pobail agus eacnamaíoch na hÉireann agus cinntimid go mbíimid freagrach i ngach gné dár ngníomhaíochtaí in Éirinn agus thar lear.

Is é aidhm fhreagracht shóisialta chorporáideach an ESB a bheith ina eiseamláir i ngach gné dár n-oibríochtaí gnó le cinntiú go mbíonn tionchar dearfach ag an ESB ar a fhoireann, ar na margaid ina ndéanaimid ár ngnó, ar an timpeallacht ina n-oibrímid agus ar na pobail a bhfónaimid dóibh. Tá an t-uailmhian sin ar aon dul lenár bhfís chun bheith ar an gcéad chuideachta fuinnimh in Éirinn, ag dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh uile-oileáin agus é mar dúshraith againn gach gnó a dhéanamh lenár gcustaiméirí, comhpháirtithe, geallsealbhóirí agus leis an bpobal go macánta agus ar na caighdeán eiticéil a is airde.

Cheapamar Cairt Inbhuanaitheachta sa bhliain 2008 chun taca a chur lenár ngealltanais a bheith inár n-eiseamláir ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. Is áthas liom a thuairisciú gur bhaineamar amach gach ceann de na gealltanais a bhí luaite sa chairt, go dtí deireadh na bliana 2012, ag tógáil ar ghnóthú na bliana 2011 nuair a bhíomar ar na chéad gnóthaí a bhain an Marc do Ghnóthaí a Oibríonn ar Shlí Aireach. Leanfaimid de bheith ag

treorú le dea-shampla sa réimse thábhachtach seo agus ag tógáil ar an ngnóthú sin, tríd an fhoireann a spreagadh chun a bheith nuálach ina gcuid smaointeoireachta, ár gclár oibre maidir le freagracht shóisialta chorporáideach a chur ar

aghaidh trí na bunrudá a dhéanamh i gceart, trí bheith inár bhfostaí den scoth agus trí dhíriú ar ár bhfreagrachtaí ginearálta i leith na sochaí.

ÁR GCUR CHUIGE I LEITH FREAGRAÇHT SHÓISIALTA CHORPARAIDEACH



CAIRT INBHUANAITHEACHTA

Cheapamar Cairt Inbhuanaitheachta sa bhliain 2008 a bheadh mar bhunús lenár ngealltanais a bheith inár n-eiseamláir ó thaobh inbhuanaitheachta de.

GEALLTANAS CAIRTE	DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2011	DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2012
Laghdaigh astaíochtaí CO ₂ ó ghiniúint de 30% faoin mbliain 2012; 50% faoin mbliain 2020 agus bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2035 (bunaithe ar bhonnlíne 2005)	Shroicheamar ar sprioc don bhliain 2011 ár n-astaíochtaí a laghdú de 30% agus dealraíonn sé go sroichfidimid ár sprioc don bhliain 2020.	Mar chuid de Straitéis Chorporáideach nua an ESB, geallaimid punann a bheith neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí giniúna faoin mbliain 2050 ar aon dul le fónais Eorpacha eile.
Sprioc de laghdú de 30% ar astaíochtaí carbóin ónár ngníomhaíochtaí inmheánacha faoin mbliain 2012, le cois ár spriocanna d'fheidhmíocht na sócmhainní Lónra agus Giniúna	Ag deireadh na bliana 2011 bhí lorg carbóin inmheánach an ESB laghdaithe de 25% i gcomparáid leis an mbonnlíne a socraíodh sa bhliain 2006.	Ag deireadh na bliana 2012 bhí lorg carbóin an ESB laghdaithe de 33% i gcomparáid le bonnlíne na bliana 2006. Leanfaimid de bheith ag laghdú ár lorg carbóin mar chuid dár Straitéis Inbhuanaitheachta nua.
Ag glacadh ceannaireachta i gcúrsaí inbhuanaitheachta trí dhul i gcomhpháirtíocht ar gach leibhéal den eagraíocht	Sa bhliain 2011, léiríonn suirbhéanna foime gealltanais láidir i leith na hinbhuanaitheachta (tacaíonn breis is 90% den fhoireann leis an gClár Inbhuanaitheachta).	Tá grúpaí comhpháirtíochta lárnach agus áitiúla in úsáid i gcónaí ag an ESB chun an inbhuanaitheacht a neadú tuilleadh ar fud na cuideachta le tacaíocht ó ghréasán daoine a thugann tús áite don inbhuanaitheacht faoi cheannaireacht stiúthóirí agus bainisteoirí sinsearach a ngach gnó agus lena dtacaíocht siúd.
Ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú a mhéad is praiticiúil trí chosc a chur le truailliú, dramhaíl a laghdú agus fuinneamh, uisce agus acmhainní eile a úsáid go héifeachtach	Suiteáladh cianmhéadracht leictreonach uisce i ngach ceann dár bpríomhláithreacha sa bhliain 2011.	Baineadh amach creidiúnú foirmiúil dár gcóras bainistíochta comhshaoil in Electric Ireland agus ar roinnt feirmeacha gaoithe breise go caighdeán ISO 14001.
Dea-chleachtas inbhuanaitheachta a aithint agus a scaipeadh ar fud an ESB, agus inár n-oibríochtaí idirnáisiúnta, leis	Sa bhliain 2011 leathnaíomar ár Scéim Duaiseanna Inbhuanaitheachta chuig ár n-oibríochtaí idirnáisiúnta agus thugamar isteach duaiseanna démhíosúla. Ba í ár bhfoireann in Rousch na Pacastáine a bhuaigh an príomhdhuais inbhuanaitheachta sa bhliain 2011.	Sa bhliain 2012 lainseáladh ár suíomh Gréasáin do Nuálaíocht Inbhuanaithe a chumasaíonn don fhoireann smaointe inbhuanaithe nuálacha a roinnt le comhaltaí foime eile i láithreacha eile ar fud an ESB. Taifeadadh breis is 640 nuáil inbhuanaithe sa bhliain 2012 ar 60 láthair.
Ceisteanna inbhuanaitheachta a chomhtháthú lenár ngníomhaíochtaí soláthair agus lenár gcinntí infheistíochta agus caiteachais	Éilítear inár mbeartas soláthair i gcónaí go gcuirfí san áireamh i sonraíochtaí soláthair dea-chleachtas comhshaoil agus inbhuanaitheachta.	Rinneamar athbhreithniú eile ar thionchar ár ngníomhaíochtaí soláthair (lena n-áirítear breosla) ag díriú go háirithe ar an tionchar sóisialta agus sochaíoch. Tar éis an athbhreithnithe sin mhol an ESB Beartas Corparáideach Soláthair a mbeadh príomhphrionsabail maidir le Freagracht Shóisialta Corparáideach ar aon dul le SA8000, caighdeán deimhniúcháin shóisialta an tionscail, ar áireamh iontu.
Cumarsáid ghníomhach éifeachtach a dhéanamh leis an bhfoireann agus le conraitheoirí chun feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fheidhmíocht a aithint agus na feabhsuithe sin a chur i ngníomh	I suirbhé na bliana 2011, dheimhnigh 74% den fhoireann go raibh dóthain eolais acu ar conas a bheith inbhuanaithe ag an obair agus thuairiscigh 71% díobh feabhsuithe ar inbhuanaitheacht le bliain anuas.	Roghnáíodh buaiteoirí Duaiseanna Inbhuanaitheachta na bliana 2012 as gearrliosta de bhreis is 640 Nuálaíocht Inbhuanaithe a mhol comhaltaí foime ó 60 láthair de chuid an ESB in Éirinn agus thar lear. Mar chuid den athbhreithniú ar an gcéad chéim eile den Straitéis Inbhuanaitheachta, eagraíodh sraith ceardlann le comhaltaí foime chun a dtuairimí agus aiseolas a fháil ar ár gcuid oibre go dtí seo agus a dtuairimí a fháil ar an gcéad chéim eile den aistear inbhuanaitheachta.
Struchtúir, córais, agus spriocanna cuí bainistíochta a ghlacadh	Príomhspríoc de chuid gach stiúthóra agus aonad gnó de chuid an ESB is ea an inbhuanaitheacht i gcónaí.	Cuireadh tús le hobair ar Straitéis Inbhuanaitheachta nua, a chuirfear ar fáil sa bhliain 2013, mar chuid de lainseáil na Straitéise Corparáidí nua sa bhliain 2012.
Measúnú a dhéanamh ar thionchar ár n-oibríochtaí ar bithéagsúlacht agus deiseanna le haghaidh feabhsúcháin a chur i ngníomh	Ceadaiodh Beartas Bithéagsúlachta nua sa bhliain 2011; déanfar na pleananna a bhainistiú tríd ár gCórais Bainistíochta Comhshaoil.	Seoladh an Beartas Bithéagsúlachta nua sa bhliain 2012 agus scaipeadh é ar gach cuid den ESB le cur ar áireamh in aonaid ghnó na gCórais Bainistíochta Comhshaoil.
Ár bheithmíocht chomhshaoil a thuairisciú ar shlí infhíoraithe	Rinneadh Tuarascáil Inbhuanaitheachta na bliana 2011 a ailíniú leis an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda. Bhí an ESB ar cheann de cheithre chuideachta a bhain creidiúnú de réir an Chaighdeán nua um Gnó a Oibríonn ar Shlí Fhreagrach i nDeireadh Fómhair 2011.	Tá Córas Bainistíochta Comhshaoil i ngach réimse ghnó san ESB a chinntíonn go ndéantar feidhmíocht chomhshaoil a bhainistiú ar shlí infhíoraithe. Sa bhliain 2012, bhí Electric Ireland agus roinnt feirmeacha gaoithe ar na gnóthais déanaí a dheimhnigh a gCóras Bainistíochta Comhshaoil ar chaighdeán ISO 14001.

INBHUANAITHEACHT

Geallann an ESB na leibhéil is airde inbhuanaitheachta a bhaint amach i ngach gné dár n-oibríochtaí de réir mar a ndéanaimid ar ár ngníomhaíochtaí giniúna a dhíchárbonú faoin mbliain 2050 ar aon dul le fónais Eorpacha eile. Cuirtear béim láidir inár Straitéis Chorporáideach ar nuálaíocht inbhuanaithe – ag glacadh go fonnmhar leis na dúshláin atá faoin earnáil fuinnimh, ag iarraidh i gcónaí réitigh nua, chruthaitheacha agus inbhuanaithe a chur ar fáil chun riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh. Sa bhliain 2008 lainseáladar ár gCairt Inbhuanaitheacha ina raibh ár bpríomhghéalltanais maidir le laghdú carbóin, an inbhuanaitheacht a neadú i ngach leibhéal den ESB agus é a chomhtháthú le gach gné dár ngnó, idir sholáthar agus laghdú fuinnimh, uisce agus dramhaíola inár n-oibríochtaí.

Bliain thábhachtach ab ea an bhliain 2012 in aistear an ESB i dtreo na hinbhuanaitheachta. Tá ár bpríomhsprioc maidir lenár n-astaíochtaí CO₂ ón nginiúint a laghdú de 30% faoi mbliain 2012 (bunaithe ar mbonnlíne 2005) bainte amach againn, mar is amhlaidh i gcás ár loirg carbóin ó ghníomhaíochtaí inmheánacha a laghdú de 30% faoin mbliain 2012. Tá an chéad chéim eile dár n-aistear i dtreo na hinbhuanaitheachta á beartú againn, ina bhféachaimid le buntáiste straitéiseach don ESB sa mhargadh uile-oileáin a dhéanamh den inbhuanaitheacht.

ÚSÁID FUINNIMH 2012

Chun S1542/2009 a chomhlíonadh nochtfaidh an ESB an méid fuinnimh a d'úsáid sé sa bhliain 2012, na tionscnaimh ar tugadh fúthu i gcaitheamh na bliana chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus ár ngealltanais chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh sa bhliain 2013.

Caitear breis is 90% d'úsáid fuinnimh an ESB ar leictreachas a ghiniúint, ach ní thagann sin faoi chuimsiú na rialachán. D'ídigh an ESB 30,595 GWh d'fhuinneamh breosla iontaise sa bhliain 2012 agus leictreachas a ghiniúint i bPoblacht na hÉireann. Ar áireamh ansin bhí: 12,097 GWh de ghás nádúrtha 13,492 GWh de ghual 4,630 GWh de mhóin 376 GWh d'ola

Maidir le húsáid fuinnimh, a gcleanglaíonn an reacht orainn a thuairisciú, is é an méid fuinnimh a úsáidtear inár bhfoirgnimh an chionroinnt is suntasaí, á leanúint ag an bhfuinneamh a úsáidtear sa fhliú agus i gcairí phríobháideacha a úsáidtear chun gnó na comhlachta a dhéanamh. Caitear an chuid is mó den fhuinneamh i bhfoirgnimh ar spás a théamh.

Caitheadh 117 GW de Príomhchoibhéis Fuinnimh (PEE) go himmheánach inár ngníomhachtaí neamhghiniúna (155 GWh sa bhliain 2006). Áiríodh air sin:

65 GWh leictreachais mar PEE
1 GWh de ghás nádúrtha
51 GWh de dhíosal iompair
0.3 GWh d'fhuinneamh in-athnuaite ar iompar

Foinse fuinnimh	2012 (GWh)	2006 (GWh)	Athrú (GWh)
Leictreachas	27	38	(11)
Leictreachas (PEE)*	65	96	(31)
Breoslaí iontaise			
- Gás nádúrtha	1	1	-
- Ola téimh	-	-	-
- Díosal	51	59	(8)
Breoslaí iontaise san iomlán	52	60	(8)
Fuineamh in-athnuaite	0.3	-	(0.3)
Iomlán (PEE)	117	156	(39)

*Is é is PEE ná coibhéis an phríomhghuinnimh

Seo na bearta a dhéanfar chun úsáid fuinnimh a laghdú sa bhliain 2012

Tá stáisiúin ghiniúna an ESB faoi réir réimeas an cheadúnaithe comhtháite maidir le rialú truaillithe agus ní mór dóibh a bheith chomh tiosach ar fhuinneamh agus is féidir. Cuirtear éifeachtúlacht giniúna chun cinn ag éirí as an riachtanas liúntais astaíochtaí a cheannach faoi scéim trádála astaíochtaí an AE agus feidhmiú an tobhaigh charbóin. Sa bhliain 2008 ghlac an ESB sprioc de fheabhsú de 30% in éifeachtúlacht fuinnimh neamhghiniúna a bheith déanta faoin mbliain 2012, i gcomparáid le bonnlíne 2006, i bhfianaise cuspóir rialtais a d'iarr ar an earnáil phoiblí 33% de fheabhsú a dhéanamh faoin mbliain 2020.

Áirítear ar na céimeanna a thógfar chun an sprioc seo a bhaint amach sa bhliain 2012:

- caidéal leictreacha agus córais éifeachtúlachta fuinnimh eile a shuiteáil ar bhonn trialach sna foirgnimh ina bhfuil ár n-oifigí suite, mar chuid den Chlár um Fhuinneamh Níos Fearr
- leanúint de chóras líonraí leictreachais a uasghrádú agus oibriú an líonra a athrú ó 10 kV go 20 kV
- soilsiú tiosach ar fhuinneamh agus ardrialuithe soilsithe a shuiteáil
- insliú, uasghrádú ar choirí agus ar rialú téimh
- ardrialuithe a shuiteáil do shoilsíú seachtrach
- feithiclí leictreacha a thabhairt isteach sa fhliú agus trialacha leanúnacha a dhéanamh ar bhithbhreoslaí (tá níos mó feithiclí bithbhreosla i bhfliú an ESB ná in aon fhliú eile sa tír)
- áis cruinnithe/cumarsáide bunaithe ar an nGréasán a thabhairt isteach chun nach mbeidh gá le taisteal gnó
- planáil taistil san áit oibre a thabhairt isteach

Leanfaimid de choigilteas a dhéanamh de thoradh éifeachtúlachta i ngach ngné den ghnó sa bhliain 2013.

NUÁLAÍOCHT ESB

Teastóidh teicneolaíochtaí nua, acmhainní in-athnuaite agus greillí cliste chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann le cuspóirí an bheartais fuinnimh chun fuinneamh dícharbónaithe, inbhuanaithe agus slán a bhaint amach agus na deiseanna a chuireann siad ar fáil a thapú. Tá réitigh nua teicniúla agus gnó á gceapadh i gcónaí ag an ESB in earnáil na teicneolaíochta glaine, faoi mar atá leis na blianta. Beidh na dúshláin agus na deiseanna sin i réim i ngach cuid d'obair an ESB ach aithnítear go dteastóidh comhordú agus infheistíocht fhócasaithe i bhfianaise luas agus fairsinge na bhforbairtí. Tá sainréimse gnó ar leithligh, Nuálaíocht ESB, bunaithe againn chun an comhordú agus an fócas straitéiseach sin a chur ar fáil.

Is é príomhghnó Nuálaíocht ESB comhoibriú a threorú i ngach cuid de Ghrúpa an ESB, na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint agus a fhorbairt mar dheiseanna tráchtála gnó, le haghaidh an ESB (agus cliaint sheachtracha). Bainfidh Nuálaíocht ESB an leasa is fearr is féidir as acmhainní, léargas a fhaightear san earnáil agus as na cláir theicneolaíochta cliste i ngach cuid de Ghrúpa an ESB, chun an toradh is fearr is féidir a fháil ó ghnóthaí atá ann cheana agus chun tacú le forbairtí a thiocthaí de dheiseanna nua gnó.

Tugtar le chéile i Nuálaíocht ESB roinnt gnóthaí a dhíríonn ar shócmhainní agus léargas laistigh den ESB a úsáid chun deiseanna nua a chruthú.

ESB INTERNATIONAL

Tá traidisiún láidir ag ESB International (ESBI) de réitigh a chur ar fáil do chustaiméirí ar fud an domhain agus mar lárionad feabhas innealtóireachta le haghaidh Grúpa an ESB tá ról ceannasach aige ó thaobh straitéis iomlán an Ghrúpa a chur i ngníomh tríd an tacaíocht a thugann sé do thionscadail nua líonra agus giniúna. Déantar monatóireacht agus measúnú leanúnach ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn féachaint cá háit is fearr iad a chur i bhfeidhm chun riachtanais an ESB a chomhlíonadh.

Tá an gnó seachtrach á fhorbairt ag ESBI le tamall anuas agus beifear ag déanamh tuilleadh forbartha ar mhargai agus ar chliant thábhachtacha san Eoraip, sa Mheánoirthear, sa Afraic agus san Áise sna blianta romhainn. Áirítear ar an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil speictream iomlán na réiteach innealtóireachta a chuirtear ar fáil i láthair na huairé don earnáil cumhachta, arna bhforlínadh ag seirbhísí comhairleoireachta ó ghnóthaí inbhuanaithe nuálacha eile a forbraíodh san ESB, m.sh. feithiclí leictreacha, Ocean Energy agus teicneolaíochtaí Greillí Cliste.

CUIDEACHTAÍ TEILEACHUMARSÁIDE

Cuid thábhachtach den bhonneagar náisiúnta teileachumarsáide is ea líonra snáthoptaice an ESB do chuideachtaí teileachumarsáide, a thugann nascacht leathanbhanda do ghnóthais agus do thomhaltóirí. Rinneadh leathnú suntasach ar an líonra sin sa bhliain 2012 nuair a críochnaíodh cábla snáthoptaice fomhuirí a nascann gnóthais Éireannacha díreach le mórchathracha an RA.

Mír thacaíochta leis an líonra suite seo is ea ceann de na gréasáin de shuíomhanna neamhspleách a túr móibileach is mó sa tír, a chumasaíonn dár gcustaiméirí riar ar an éileamh ar sheirbhísí ar ghléasanna móibileacha agus ar fhóin chliste, éileamh atá ag méadú i gcónaí.

Beidh an tionscnamh darb ainm Snáth chuig an bhFoirgneamh ar an gcéad chéim eile sna seirbhísí atá á gcur ar fáil do chuideachtaí teileachumarsáide. Tionscnamh é sin a fógraíodh le deireanas agus a d'fhéadfadh bheith ina mhórchumasai teicneolaíochta do ghóthais agus do thomhaltóirí ar fud na tíre.

FEITHICLÍ LEICTREACHA

Tá gach cosúlacht air go mbeidh ceann de na bonneagair feithiclí leictreacha is ardfhorbartha

san Eoraip ag ESB ecars. Shroich an clár sprioc chlochmhíle i mí na Nollag 2012 nuair a bhí breis is 1,150 pointe luchtaithe suiteáilte, ar pointí poiblí iad 500, pointí teaghlach/tráchtála 550 agus pointí mearluchtaithe 30. Lena chois sin, tá samhlacha agus córais ghnó á gceapadh ag ESB ecars, i gcomhar le comhpháirtithe móra idirnáisiúnta, a thacóidh le hardán tráchtála ecar. Léiríodh an speis atá á cur san obair seo ag páirtithe leasmhara idirnáisiúnta sa bhliain 2012 nuair a d'óstáil ESB ecars comhdháil idirnáisiúnta ar fheithiclí leictreacha i mBaile Átha Cliath. Bhí breis is 260 toscaire i láthair mar aon le haoi-chainteoirí ón Eoraip, ó na SA, ón tSeapáin agus ón tSín.

OCEAN ENERGY

Tá ár bhfoireann Ocean Energy ag tacú an t-am ar fad le tionscnaimh éagsúla san earnáil nua nua a d'fhéadfadh bunathrú chun feabhais a chur ar chúrsaí fuinnimh tríd a bheith rannpháirteach i dtionscadail taispeána ar nós WestWave agus trí thacú le forbairt agus taighde chun an teicneolaíocht ábhartha a chur ar aghaidh. Thar ceann an ESB molann Ocean Energy buntáistí fhuinneamh na dtionnta d'Éirinn ag imeachtaí ar nós na Comhdhála Idirnáisiúnta ar Fhuinneamh Aigéin i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2012.

NOVUSMODUS

Tá aitheanta ag an ESB le tamall anuas go dtiocfaidh réitigh nua i bhfoirm samhlacha teicneolaíochta agus gnó ar an tslí ina ndéantar cumhacht a ghiniúint, a sheachadadh agus a ídiú – cuid acu nach bhfuil baint ar bith acu i láthair na huairé leis an earnáil fuinnimh. Bunaíodh ciste Novusmodus an ESB chun infheistíocht a dhéanamh sna hearnálacha fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus tá an ciste de €200 milliún ar cheann de na cistí teicneolaíochta glaine is mó san Eoraip. Baineann an ciste seo leas as saineolas innealtóireachta laistigh den ESB chun na hinfeistíochtaí is inchreidte a aithint agus a mheasúnú agus tacú leo chun a gcuid pleananna gnó a cheapadh – rud a thugann toradh airgeadais don ESB agus a chothaíonn feachtas san ESB ar na réitigh nua atá á gceapadh mar fhreagra ar dhúshláin na hearnála fuinnimh.

Trí na gnóthaí seo ar fad cuirfidh Nuálaíocht ESB teicneolaíochtaí agus cineálacha cur chuige nua ar fáil le cur i ngníomh i ngach cuid den ESB agus cinnteofar ag an am céanna go mbíonn na torthaí airgeadais dóthanach chun an infheistíocht seo a choimeád ar bun.

€200

MILLIÚN

TÁ CISTE NOVUSMODUS
AR CHEANN DE NA CISTÍ
TEICNEOLAÍOCHT GLAINE IS MÓ
SAN EORAIP.

COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT

Is iomaí athrú a tháinig ar an eagraíocht sa bhliain 2012. Baintear an leas is fearr is féidir as beartais Chomhionannais agus Éagsúlachta an ESB chun caidreamh dearfach a chothú leis an bhfoireann agus tacú leo. Dirítear níos mó ná riamh ar ghníomhaíochtaí, ar sholúbthacht agus ar fholláine na foirne, an tráth a bhíonn athruithe eagraíochtúla á ndéanamh. Déanann an ESB gach iarracht timpeallacht oibre dhearfach agus uileghabhálach a chruthú agus a choimeád. Athbhreithnítear ár mbeartais go rialta agus féachann siad le cultúr measa agus dínite a chothú don duine aonair san ionad oibre agus an chothromaíocht agus an comhionannas a chur ar aghaidh.

Bhí an ESB ar aon eagraíocht déag a shínigh Cairt Éagsúlachta Éireann i nDeireadh Fómhair 2012. Gealltanas deonach is ea síniú na cairte a thug gach eagraíocht chun bainistíocht éifeachtach ar éagsúlacht a chur ar aghaidh, cosc a chur le leithcheal agus an comhionannas a chur ar aghaidh i gcás fostaithe, custaiméirí, geallsealbhóirí i cibé timpeallacht ina n-oibríonn siad.

Is é príomhchuspóir na Cairte Éagsúlachta glacadh leis an éagsúlacht agus meas uirthi a chur ar aghaidh laistigh den chultúr corparáideach ionas gur féidir oibriú i dteannta a chéile chun eolas chun dáta ar an gcleachtas is fearr a roinnt agus buntáistí na héagsúlachta a chur ar aghaidh.

Léiríú eile é seo ar ghealltanas an ESB chun éagsúlacht a bhainistiú go héifeachtach, chun comhionannas a chur ar aghaidh agus cosc a chur le leithcheal. Seo na rudaí a dhéanfaimid, bunaithe ar an ngealltanas sin:

- Oibreoidimid i gcónaí le cinntiú go mbeidh meas agus tuiscint ar uathúlacht an duine ina gcomharthaí sóirt ar ár gcultúr corparáideach
- Cuirfear an comhionannas agus an neamh-idirdhealú ar aghaidh ag gach céim dár bpróisis acmhainní daonna
- Cothófar feasacht agus tuiscint ar na buntáistí a ghabhann le comhionannas agus éagsúlacht a chur ar aghaidh

Sa bhliain 2012, fuair an ESB Gradam Ceannaire mar Fhostóir Céimithe faoi Mhíchumas as Meantóireacht Toilteanach Ábalta a chur ar fáil agus d'óstáil sé ócáid lainséala leabhrán ambasadóirí Meantóireacht Toilteanach Ábalta, inar tuairiscíodh taithí daoine aonair san ionad oibre.

Comhalta gníomhach de roinnt grúpaí líonraithe seachtracha maidir le comhionannas agus



GEARRBHEATHAISNÉIS ROBERT FORDE, ELECTRIC IRELAND.

Sa bhliain 2006, bhí mé páirteach i gClár Oiliúnaithe de chuid an ESB do Dhaoine faoi Mhíchumas, toisc gur duine mé atá ar lagradharc. Bhí socrúchán sé mhí agam, in Oibríochtaí Giniúna sa réimse Fuinnimh, Trádála agus Rialaithe. Ar chríoch mo thréimhse oiliúna agus leis na scileanna, an féinmhuinín agus an tacaíocht a fuair mé le linn an tsocrúcháin, bhí an féinmhuinín agam chun staidéar breise a dhéanamh i dtaca le heirgeanamaíocht. In Aibreán 2007, bhí post eile ar fáil san ESB agus creidim gurb é an taithí a bhí faighte agam

roimhe sin mar oiliúnaí a chuir ar mo chumas an Conradh a ghnóthú. Ó shin i leith, is iomaí athrú atá feicthe agat ar an eagraíocht agus táim anois in Electric Ireland, mar a mbím ag déileáil le custaiméirí leictreachais agus gáis. Ardán iontach ab ea an Clár Oiliúna do Dhaoine faoi Mhíchumas chun mo ghairmré san ESB a sheoladh agus is cúis mhór sásachta dom an gealltanas leanúnach agus an tacaíocht a fhaightear ó bhainistíocht agus ó chomhaltaí foirne an ESB chun rath a choimeád ar an tionscnamh seo, atá ina sheachtú bliain anois.

éagsúlacht is ea an ESB i gcónaí.

Seo cuid de na tionscnaimh a chabhraíonn chun timpeallacht oibre dhearfach agus uileghabhálach a chur ar aghaidh:

- Foramharc ar na seirbhísí idirghabhála chun coinbhleachtaí san ionad oibre a réiteach
- Imeachtaí foghlama agus líonraithe do mhná – chun forbairt agus dul chun cinn na mban san eagraíocht a chur ar aghaidh, lena n-áirítear ceardlanna chun deiseanna d'fhoghlaím dhearfach agus do ghníomhaíocht a chur ar aghaidh.
- Comhairle Comhionannais de chomhaltaí ó réimsí éagsúla den fhoireann mar aon le hionadaithe ceardchumainn agus ionadaí míchumais agus ionadaí LGBT
- Clár Oiliúna do Dhaoine faoi Mhíchumas – tionscnamh an-rathúil é seo ní amháin do na rannpháirtithe ach chun feasacht a chothú ar conas daoine faoi mhíchumas a chuimsiú san ionad oibre

- Bunaíodh Grúpa um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas chun féachaint ar gach ceist rochtana san ESB
- Sáraíonn an ESB a sprioc 3% NDA gach bliain, i dtaca le daoine faoi mhíchumas a fhostú
- Grúpaí um Éagsúlacht an Aonaid Ghnó – cothaíonn siad feasacht i gcónaí ar leibhéil áitiúla trí chleachtais agus tionscnaimh chomhionannais agus éagsúlachta a chomhtháthú ar son na foirne agus ar son na gcustaiméirí
- Oibríonn Grúpaí Gníomhaíochta ar Shuirbhé Foirne chun díriú ar cheisteanna a ardaítear sna suirbhéanna foirne agus aibhsíonn siad na deiseanna dearfacha, na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil

Fir is mó a oibríonn san ESB; mná is ea 23% den fhoireann agus tá triúr bhan ar leibhéal Bhoird an ESB. Bean is ea bainisteoir amháin as gach cúigear.

ÁR NDAOINE – EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

Is iad ár ndaoine an chuireann rath ar an ESB. Aithnímid gur fearr a fheidhmeoidh daoine a bhraitheann go bhfuil luach orthu agus atá inspreagtha agus gurb é a rannchuidiú siúd a chuirfidh rath ar an ESB anois agus feasta.

Sa bhliain 2012 lainseáladar ár Straitéis Chorpáiríochta nua ina leagtar amach na cuspóirí straitéiseacha sa réimse seo. Taca leis an straitéis sin is ea ár n-intinn an eagraíocht a fhorbairt trí lucht saothair gníomhach aclaí a chothú mar aon le cultúr ardfeidhmíochta. Ba é freagairt an ESB ar athruithe sa tionscal dul i mbun oibre lena foireann i ngach cuid den eagraíocht chun bunathrú chun feabhais a chur ar an struchtúr costais chun go mbeidh rath orainn feasta.

Faoi threoir ár misin agus na físe atá againn don am atá romhainn agus ag tarraingt ar luachanna na heagraíochta glacaimid le dúshlán na huairé agus caomhnóimid na dea-thréithe sin a thacaigh chomh mór sin linn roimhe seo.

Sábháilteacht agus Sláinte

Geallaimid san ESB gortú nialasach a bhaint amach i ngach réimsí oibríochta agus bliain saor ó ghortuithe eile ab ea an bhliain 2012 i mórchuid réimsí den ESB. Toisc athruithe suntasacha a bheith déantar ar an eagraíocht, laghdaigh líon na ngortuithe as ar chaill foirne am oibre de 14% go 23 ach ba dhéine na gortuithe iad ná roimhe.

Is dona linn gur maraíodh comhalta foirne conraitheora amháin sa bhliain 2012. Bhí athrú chun donais ar fheidhmíocht sábháilteachta conraitheoirí ó thaobh gortuithe as ar cailleadh am oibre foirne i gcomparáid leis an mbliain 2011. Taifeadadh 14 ghortú sa bhliain 2012. Níor maraíodh aon bhall foirne sa bhliain 2012 ach is dona linn gur bhásaigh beirt chomhalta den phobal de thurraigh leictreach. duine amháin a

theagmhaigh le líonra lastuas agus an duine eile ar thaobh an chustaiméara den mhéadar.

Is fearr an fhoghlaim a chomhroinntear i measc na réimsí gnó ón uair a rinneadh teagmhais sábháilteachta a chatagóiriú.

Díreoidimid sa bhliain 2013 ar theagmhais a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach a imscrúdú chun iad a chosc mar chuid dár gcuspóir teagmhas sábháilteachta nialasach a bhaint ach don fhoireann agus do chustaiméirí araon.

Guais leanúnach don ESB is ea cúrsaí tiomána agus úsáid na mbóithre. Sheolamar Straitéis Tiomána Sábháilteachta nua sa bhliain 2010 chun imbhualtí tráchtála inlochtaíthe a chur ar leibhéal nialais. Leanamar sa bhliain 2012 de líon na n-imbhualtí a laghdú tuilleadh ar an 53% de laghdú atá bainte amach ón mbliain 2003. Bhain breis is 1,700 tiománaí a thiomáineann ina gcuid oibre ardchailíocht tiomána amach.

Geallann an ESB inniúlacht cuí sábháilteachta a bhunú agus a choimeád ar bun san eagraíocht. Ón uair a bunaíodh Teastas sa tSábháilteacht agus sa tSláinte ag an Obair leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, d'fhreastail 379 comhalta foirne agus bainisteoir den ESB ar an gcúrsa.

Folláine fostaithe

Déanann an ESB a lándícheall cabhrú leis an bhfoireann ionas go mbeidh siad i ndea-shláinte agus folláin chun gur féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh agus saol cothromaithe sláintiúil a bheith acu. Sna hamanna dúshlánacha seo in Éirinn, creidimid gur práinne anois níos ná riamh tacaíocht a sholáthar do dhaoine agus sláinte agus folláine an lucht oibre a chur chun cinn chun go mbeidh siad sláintiúil agus in ann feidhmiú go maith.

Cuirimid tacaíocht ar fáil don fhoireann trinár seirbhísí seanhunaithe lena n-áirítear Seirbhís Sláinte Ceirde, an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe agus clár Chomhionannais agus Éagsúlachta, a fhéachann le cuidiú leis an bhfoireann sna hamanna dúshlánacha seo.

An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

Soláthraíonn Clár Cúnaimh d'Fhostaithe an ESB tacaíocht ghairmiúil faoi rún do chomhaltaí aonair foirne a bhfuil fadhbanna/ceisteanna pearsanta le réiteach acu. Ar na fadhbanna a bhíonn le réiteach bíonn fadhbanna maidir le sláinte fhisiceach agus mheabhrach, ceisteanna airgeadais agus fadhbanna caidrimh/teaghlachaigh.

An Clár um Chothabháil na Sláinte


Díríonn ár gclár um chothabháil na sláinte ar chomhairle agus ar thacaíocht ghinearálta sláinte a thabhairt, ag díriú níos mó anois ná riamh ar chúrsaí meabhairshláinte. Aithnítear gur cuid den saol é an strus, agus an geilleagar mar atá, ach tá fiúntas ar leith le clár san ionad oibre a chabhraíonn le daoine a thabhairt faoi deara cathain a bhíonn siad faoi strus agus conas déileáil leis. Tá seirbhís chuimsitheach sláinte againn a thairgeann clár ildánacha chun slí mhaireachtála sláintiúil a chur chun cinn, clár ar nós: sláinte ghinearálta, aiste bia, eolas agus comhairle agus tionscnaimh ghléacaíochta chun an fhoireann a mhealladh le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí foirne.

Seo thíos cuid de na clár a cuireadh ar fáil i gcaitheamh na bliana:

- Scagadh ginearálta sláinte – scagadh cairdiach, scagadh na bputóg
- Vacsaíniú in ghaidh an fhliú agus clár chun scor den tobac
- Cainteanna i gcaitheamh na bliana ar shláinte agus ar aclaíocht
- Cumarsáid rialta leis an bhfoireann i dtaobh topaicí sláinte ar shuíomh inlíon, ar an nithe a phléitear tá aclaíocht, nósanna itheacháin, bainistíocht ar strus, cleachtaí aireachais agus machnaimh
- Dúshlán Oilimpeach na Foirne – gealltanais á ndéanamh ag comhaltaí foirne go mbeidh slí mhaireachtála shláintiúil acu feasta, trí athrú a dhéanamh ar a n-aiste bia agus tuilleadh gleacaíochta a dhéanamh

Foghlaim agus Forbairt

Aithnítear a thabhairt atá sé 'eagraíocht ghníomhach aclaí' a bheith againn má tá rath le bheith orainn amach anseo. Geallann an ESB cultúr inbhuanaithe ardfeidhmíochta a chothú trí chur le cumas daoine caidreamh dearfach a bheith acu le daoine eile agus bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na heagraíochta.



Mar shampla:

- tá Clár Ceannaireachta 3 bliana againn do bhainisteoirí sinsearach.
- tá roinnt clár againn a fhéachann le cur le cumas bainistíochta daoine nuacheaptha agus bainisteoirí líne cleachtacha.
- leanfaimid den Chlár Bhainistíocht Acmhainní Daonna a chur ar fáil dár mBainisteoirí Líne, agus é a fheabhsú. Clár creidiúnaithe CIPD atá ann.

Lena chois sin, spreagann an ESB an fhoireann chun dul faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach le cinntiú go mbíonn na scileanna agus an inniúlacht is gá ag foireann an ESB le go mbeidh rath orthu mar dhaoine aonair agus mar chomhaltaí den eagraíocht. Cuideachta chreidiúnaithe forbairt ghairmiúil leanúnach de chuid Institiúid Innealtóirí na hÉireann is ea an ESB. Earcaímid céimithe innealtóireachta gach bliain bunaithe ar riachtanais ghnó. Sa bhliain 2012 bhuaigh an ESB gradam gradireland le haghaidh 'an fostóir céimithe is mó tóir' san eamail innealtóireachta, as gearrliosta de chuideachtaí ar a raibh Siemens, Arup, Kingspan agus EirGrid. Earcaímid teicneoirí líonra printiseacha agus tar éis bliana bíonn deis ag na printisigh dul san iomaíocht le haghaidh scoláireachtaí fochéime innealtóireachta leis an ESB. Roghnaítear céimithe eile chun bheith páirteach inár gClár d'Oiliúnaithe Cuntasaíochta (creidiúnaithe le ACCA, CIMA nó ACA).

Tá an ESB páirteach i scéim náisiúnta intéirneachta an Rialtais, JobBridge, i gcónaí. Tugann an clár sin deis do dhaoine a bhí ar an mbeochlár le trí mhí ar a laghad intéirneacht ar ardchaighdeán a dhéanamh in eagraíocht san eamail phríobháideach, phoiblí, phobail nó dheonach ar feadh idir sé mhí agus naoi mí. Geallann an ESB suas le 200 intéirneacht a sholáthar ar fud na cuideachta le linn saolré na scéime (1/7/2011 - 30/6/2013). Tá 81 intéirneach ceaptha againn ar fud na cuideachta go dtí seo. D'fhág naonúr is tríocha den 81 intéirneach sin an cuideachta ó shin agus fuair 50% nó mar sin díobh post íoctha. Comhlíonann sin cuspóir scéim JobBridge daoine a dhéanamh níos infhostaithe trí dheis a thabhairt dóibh taithí a fháil ina rogha gairme.

Geallann an ESB tacú, chomh maith, le FIT Ltd., ar carthanais cláraithe agus eagraíocht neamhbhrabúis é a fhéachann le gilleagar cuimsitheach cliste a chur ar aghaidh trí mhodh mear a chruthú chuig scileanna teicniúla indíolta dóibh siúd atá i gcontúirt bheith dífhostaithe go



GEARRBHEATHAISNÉIS

LOUISE CONNOLLY, INNEALTÓIR PÍBLÍNE GÁIS AR AN BPÍBLÍNE ARDBHRÚ LE HAGHAIDH TIONSCADAL CCGT CARRINGTON. INNEALTÓIR CAIRTE NA BLIANA 2011 DE CHUID INSTITIÚID INNEALTÓIRÍ NA HÉIREANN.

D'fhág mé Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí sa bhliain 2004 le céim san innealtóireacht mheicniúil agus fuair mé post céimí le ESB International. Cé go raibh céim agus taithí saoi agam, agus ullmhúcháin déanta agam, b'eachtra mhór dom dul i mbun oibre le ESB International agus ní raibh a fhios agam céard a bheadh romham. Is cuma cad a dhéanann tú roimh ré, bíonn an t-uafás le foghlaim i gcónaí i do chéad phost lánaimseartha! Tugadh mioneolas tosaigh dom ar ghnó an stáisiúin chumhachta, idir na mionrudaí ar nós na n-acrainmneacha a úsáideann innealtóirí gach lá sna stáisiúin chumhachta, chuairteanna ar shuíomhanna, agus bheith ag obair le foirne dearaidh. D'fhoghlaim mé ceacht nach raibh súil agam leis mar gheall ar chumarsáid; b'ionadh dom an méid cainte a bhí le déanamh agam le daoine eile. Bhí tuiscint agam riamh ar uimhreacha, ar mhata agus ar theoiric – gnéithe teicniúla na hoibre. D'oscail sé mo shúile dom bheith ag cur tionscadail ar fáil agus ag obair le conraitheoirí agus thaispeáin sé dom a thábhachtaí atá sé cumarsáid shoiléir a dhéanamh.

D'fhéach ESB International chuige go raibh meantóireacht chúramach á déanamh orm

sa chéad bhliain. Tar éis 15 mhí fuair mé an deis dul i mbun oibre mar Innealtóir Baránta ag stáisiún cumhachta Bizkaia Energia in Amorebieta, lasmuigh de Bilbao i dTuaisceart na Spáinne. An chéad tionscadal eile a bhí mé páirteach ann ná tionscadal comhshaoil athfheistithe ag Rinn Mhachan, Co. an Chláir. Chuaigh mé ag obair mar Innealtóir Píblíne Gáis sa bhliain 2008 ar thionscadal CCGT Carrington, stáisiún cumhachta gásadhainte 881 MW atá á thógáil sa RA. Cuid thábhachtach den tionscadal is ea píblíne gháis ardbhrú 2.4 km a bhfuil trastomhas 600 mm aige a thógáil trí cheantar tionsclaíoch gort donn. B'iad na freagrachtaí a bhí ormsa: sonraíochtaí teicniúla a réiteach le haghaidh conarthaí dearaidh, tógála agus soláthar ábhar; próiseas agus meastóireacht tairisceana a bhainistiú; bainistíocht conarthaí a dhéanamh ar dhearadh agus ar thógáil píblíne gáis, athbhreithnithe ar dhearadh; bainistíocht clár, riosca agus sábháilteachta.

Sna hocht mbliana atá caite agam leis an ESB d'oibrigh mé le daoine iontacha a bhfuil tallann as an ngnáth acu agus atá tiomanta dá gcuid oibre, agus bhí deis agam scileanna nua a fhorbairt.

fadtéarmach. Óstálann an ESB comhdhálacha éagsúla gach bliain mar a dtugtar léargas do mhic léinn ar an tslí ina n-oibríonn an domhan gnó corparáideach.

ÁR BPOBAL


BLIAIN CHORRAITHEACH DON ESB AB EA AN BHLIAIN 2012 TOISC GO RAIBH SÉ D'ONÓIR AIGE BHEITH INA 'COMHPHÁIRTÍ OIFIGIÚIL FUINNIMH' AG FOIREANN ÉIREANN AG CLUICHÍ OILIMPEACHA LONDAN NA BLIANA 2012. IS ÁTHAS LINN LEANÚINT DÁR DTACAÍOCHT DO MHÓR-IMEACHTAÍ ÉIREANNACHA AR NÓS NA FEISE CEOIL AGUS ELECTRIC PICNIC.

FOIREANN ÉIREANN

Ba é Electric Ireland 'Comhpháirtí Oifigiúil Fuinnimh' Fhoireann na hÉireann ag Cluichí Oilimpeacha Londan na bliana 2012. D'fhógair Electric Ireland i Meán Fómhair na bliana 2011 go mbeidís ina n-urraithe agus d'oibrigh siad le Comhairle Oilimpeach na hÉireann sa dá mhí dhéag dá éis chun tacú le lúthchleasaithe Éireannacha a bhí ag iarraidh cáiliú d'Fhoireann Éireann.

Ceapadh urraíocht Electric Ireland le tacú le lúthchleasaithe Éireannacha agus lena lucht tacaíochta sa tréimhse díreach roimh na Cluichí Oilimpeacha. Ar áireamh i gclár tacaíocht urraíochta Electric Ireland bhí feachtas comhtháite cumarsáide ina raibh lúthchleasaithe a bhí ag iarraidh áit a fháil ar an bhfoireann le cloisteáil agus le feiceáil ar teilifís, ar an raidió, sa phreas, i gcaidreamh poiblí agus i bhfógraíocht lasmuigh.

Ábhar mórtais ab ea é do Electric Ireland tacú le Foireann Éireann ag Cluichí Oilimpeacha Londan. Bhumar cúig bhonn a bhuíochas ar fhuinneamh agus ar phaisean ár lúthchleasaithe agus na cuideachta féin – an líon ba mhó bonn ó aimsir Melbourne 1956. Bhuaigh an dornálaí Katie Taylor bonn óir, agus an dornálaí John Joe Nevin bonn airgid. Bhuaigh na dornálaithe Paddy Barnes agus Michael Conlan boinn chré-umha agus an seoláimneoir Cian O'Connor bonn cré-umha eile.



URRA MÓRTASACH
FHOIREANN
ÉIREANN
AG CLUICHÍ
OILIMPEACHA
LONDAN

KATIE TAYLOR

AG TACÚ LE
LÚTHCHLEASAITHE
ÉIREANNACHA
AGUS LENA LUCHT
TACAÍOCHTA
SA TRÉIMHSE
DÍREACH ROIMH
NA CLUICHÍ
OILIMPEACHA

DEIRDRE RYAN



FEIS CHEOIL

Ábhar mórtais ab ea é do Electric Ireland tacú le Feis Cheoil 2012, a d'fháiltigh roimh 5,000 ceoltóir clasaiceach chuig an gcomórtas bliantúil ceoil seo.

Chuaigh ceoltóirí clasaiceacha ó gach cearn d'Éirinn san iomaíocht ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath le linn na féile ceoil clasaicigh aon lá dhéag seo. Bhí guthanna, pianónna, téaduirisí, córacha, clainnéidí, óbónna le cloisteáil ar fud an halla ag casadh foinn áille agus réamhcheol a ghealfadh an croí.

Mar chlabhsúr galánta ar an imeacht coicise seo sheinn rogha de na hiomaítheoirí ab iomráití ó Fheis Cheoil Electric Ireland ag Ceolchoirm Mhór speisialta sa Cheoláras Náisiúnta.

ELECTRIC PICNIC

Ba é Electric Ireland 'Comhpháirtí Oifigiúil Fuinnimh' Fhéile Electric Picnic na bliana 2012. Bhí tionscnamh nua darb ainm DANCERGY – gníomhaíocht ar théama rince faoi threoir an teagascóra aclaíochta cáiliúil ó na 1990idí, Mr. Motivator, mar chuid d'urraíocht Electric Ireland.

Suiteáladh urlár rince fuinneamh inbhuanaithe le go bhféadfadh Mr. Motivator seisiún laethúla rince a threorú ag a raibh deis ag lucht na féile dul ar an urlár in éineacht leis an bhfinscéal aclaíochta agus cabhrú chun riachtanais fuinnimh Electric Picnic a sholáthar.

Chuir Electric Ireland 6 km de shoilsiú tropaill tiosach ar fhuinneamh timpeall na láithreacha campa agus na siúlán isteach sa príomhláthair. Laghdaigh sin astaíochtaí shoilsiú na féile de 80%.

AN TÚDARÁS UM SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is áthas le Electric Ireland a bheith ina gcomhpháirtithe leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre don tríú bliain as a chéile chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc úsáideoirí na mbóithre agus a dteaghligh. Ó cuireadh an feachtas seo ar bun tá 250,000 veist ard-infheictheachta scaipthe ag an Údarás agus ag Electric Ireland ar leanaí sa chéad bhliain scoile. Chabhraigh sin le cinntiú go mbíonn an húsáideoirí bóthair is óige agus is so-ghortaithe le feiceáil ar na bóithre i gcónaí, rud a léiríonn gealltanas leanúnach Electric Ireland chun úsáid shábháilte na mbóithre a chur chun cinn i gcónaí.



GEARRBHEATHAISNÉIS MARK ROHAN

Peileadóir idir-chontae faoi 21 ab ea Mark (32) ó Bhuaille na hAbhann, Co. na hIarmhí sular gortaíodh go dona é i dtimpiste bhóthair 12 bhliain déag ó shin a d'fhág é ina phairiliseach ón gcliaibh anuas. Printiseach san ESB ab ea Mark ag an am agus é ag súil le gairm a bheith aige sa tionscal.

D'fhill Mark ar chomórtais iomaíochta spóirt agus chuaigh san iomaíocht ar na leibhéil is airde sa leadóg, san bhoghdóireacht agus sa chispheil, sula ndeachaigh sé le rothaíocht láimhe. Laistigh de dhá bhliain bhí bonn óir buaite aige ag Craobhchomórtas an Domhain in Quebec. Ach ba é an buaicphointe dó an dá bhonn óir a bhuaigh sé ag Cluichí Para-Oilimpeacha London sa bhliain 2012 i láthair baili teaghligh, cairde agus comhghleacaithe oibre a chuaigh anonn chun é a fheiceáil i mbarr a réime.

Ag ócáid i gceanncheathrú an ESB chun bua Mhark a chomórath, dúirt Pat O'Doherty,

Príomhfheidhmeannach an ESB, gur "inspreagadh agus samhail don ESB a bhí sa churadh rothaíocht láimhe i dtaca le feidhmíocht agus diongbháilteacht de. I bhfrinne, léirigh tú dúinn nach bhfuil rud ar bith thar ár gcumas," a dúirt sé.

Gabhann Mark buíochas as an tacaíocht a fuair sé ón ESB ina ghairmré agus ina ghairm spóirt. "Tar éis mo thimpiste chuir an ESB athrú gairme ar fáil dom, agus chuaigh mé ag obair i réimse Teicneolaíocht Faisnéise a bhí an-oiriúnach dom tar éis tamaill. Thug sin deis dom mo dhearcadh ar an saol a athrú, agus féachaint ar na roghanna a bhí agam agus neart a fhorbairt i réimsí nach raibh cur amach agam orthu go dtí sin. An rud ba thábhachtaí ná gur fhoghlaim mé mórchuid fúm féin, faoin neart atá istigh ionam agus faoin tacaíocht agus faoin ngrá a bhí ag mo theaghlach, mo chairde agus mo chomhghleacaithe dom."

TUARASCÁIL AR FHEIDHMIÚ FHORÁLACHA ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA (2003) SAN ESB

D'aontaigh an ESB scéim Ghaeilge i Márta 2008, faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Déanann an Coimisinéir Teanga monatóireacht ar chomhlíonadh fhorálacha an Achte faoi Alt 21 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Thuairiscigh athbhreithniú ar oibriú na

scéime san ESB dul chun cinn suntasach maidir lena feidhmiú. Bíonn bileoga agus bróisiúir a chuirtear ar fáil le billí na gcustaiméirí teaghligh i mBéarla agus i nGaeilge. Tá na bileoga sin ar fáil do chustaiméirí gnó, leis. Tá painéal cainteoirí Gaeilge ag Electric Ireland atá ar fáil le déileáil le custaiméirí ar mian leo a gcuid riachtanais seirbhíse a phlé i nGaeilge.

15:35

FUINNEMH A CHUMASAÍONN
GNÓ



SA ROINN SEO

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialachas Corparáideach	45
An Bord	46
An Fhoireann Feidhmiúcháin	48
Tuarascáil na gComhaltaí Boird	50
An Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca	58

ÁR MODH OIBRE

ÁR STRUCHTÚR

Tá struchtúr ár n-eagraíocht leagtha amach chun cinnteoireacht éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh i dteannta le cuntasacht shoiléir.


AN MODH IOMPAIR A ROGHNAÍMID

- Déanaimid an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh (arna nuashonrú in 2009).
- Tagaimid, a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach, le Cód um Rialachas Corparáideach na RA.
- Leagtar amach inár gcód eithe ár gcur chuige i leith iompair ghnó atá freagrach. Is é bunphrionsabal an chóid go ndéanfaidh fostaithe a ndícheall chun a gcuid dualgas

a chur i gcrích de réir na caighdeáin is airde maidir le hionracas, dílseacht, cothromaíocht agus rúndacht agus go gcloifidh siad le gach ceangal dlíthiúil agus rialála chun cáil Ghrúpa ESB a fheabhsú.

AN MODH A GCINNÍMID ÁR BHFEIDHMÍOCHT

- Cuirtear cinnteacht bainistíochta ar fáil trí chomhcheangal de phróisis éifeachtacha bainistíochta agus de ghníomhaíochtaí riosca agus comhlíonta.
- Cuirtear cinnteacht neamhspleách ar fáil go príomha trí iniúchadh inmheánach a dhéanamh agus trínár n-iniúcháirí seachtracha.



04 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AR RIALACHAS CORPARÁIDEACH

IS MIAN LIOM A LEAGAN AMACH THÍOS CONAS A CHUIREANN AN RIALACHAS BUNTACA FAOINÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ IN ESB AGUS CUR SÍOS A DHÉANAMH AR AN GCAOI A GCUIRIMID PRIONSABAIL AN DEA-RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH I BHFEIDHM MAR A LEAGTAR AMACH IAD SA CHÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT, SA CHÓD UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH NA RA AGUS IN IARSCRÍBHINN RIALACHAS CORPARÁIDEACH NA HÉIREANN.



COMHLÍONADH

Chuir ESB na bearta cuí i bhfeidhm chun an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna nuashonrú in 2009, a chomhlíonadh. Déanann ESB athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta lena chinntiú go ndéantar Cód agus dea-chleachtas an rialachais chorporáidigh a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin tagann ESB, a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach, le Cód um Rialachas Corparáideach na RA. Léirítear i bhfianaise Chód um Rialachas Corparáideach a chomhlíonadh ar bhonn deonach go bhfuilimid tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais agus iompair chorporáidigh.

COMHALTAS BOIRD

Creidim gur thug bhur mBord an méid dúshlán, taithí agus neamhspleáchais le linn 2012 a bhí riachtanach do chinnteoireacht éifeachtach a chinntiú. Leagtar amach ina mbeathaisnéisí ar leathanaigh 46 go 47 raon taithí na gcomhaltaí Boird i gcúrsaí polaitíochta, innealtóireachta, baincéireachta, dlí, cuntasaochta agus inár dtionscal féin.

Forálann an Cód Cleachtais go bhféadfaidh an Cathaoirleach dul i dteagmháil leis an Rialtas i ndáil le comhleantacht agus tugtar deis dá bharr sin athbhreithniú a dhéanamh ar scileanna agus ar chomhdhéanamh an bhoird.

RÓL AN CHATHAOIRLIGH

In Eanáir 2008 ceapadh mar Chathaoirleach agus mar chomhalta Boird ESB mé agus ceapadh arís mé ar feadh dhá bhliain eile in Eanáir 2013. Is é an ról atá agam Bord aontaithe a stiúradh chun plé oscailte, cinnteoireacht éifeachtach agus cumarsáid thráthúil a éascú lenár n-úinéirí agus lenár ngeallsealbhóirí.

RÓL AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as rathúlacht fadtéarmach ESB agus ní ghlactar cinntí ach amháin tar éis an méid faisnéise is gá a bheith curtha ar fáil dó agus tar éis measúnú cuí a dhéanamh ar na rioscaí a aithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá na nithe seo a leanas forchoimeádta do bhreithniú an Bhoird:

- straitéis, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais bhliantúla agus idirthréimhseacha an Ghrúpa a fhaomhadh
- feidhmíocht oibre agus airgeadais a athbhreithniú
- mórchaiteachas caipitiúil a fhaomhadh
- athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht an Ghrúpa maidir le sláinte agus sábháilteacht
- ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh
- ceapacháin chuig bainistíocht shinsearach ar mholadh an Phríomhfheidhmeannaigh
- ceapadh Rúnaí na Cuideachta.

CRUINNITHE BOIRD

Bíonn aon chruinniú Boird déag sa sceideal i rith na bliana chomh maith le cruinnithe Boird eile de réir mar is gá. Scaiptear cáipéisíocht roimh gach cruinniú, miontuairiscí ó chruinnithe choiste an Bhoird san áireamh.

Tá nós imeachta comhaontaithe curtha i bhfeidhm, lena gceadaítear do chomhaltaí Boird comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg le linn dóibh a bheith ag cur a gcuid dualgas i gcrích agus is féidir le gach comhalta den Bhord leas a bhaint as comhairle Rúnaí na Cuideachta.

COISTÍ BOIRD

Faigheann an Bord cabhair ó sé choiste Boird lena chuid freagrachtaí a chur i ngníomh agus tarmligeann an Bord freagrachtaí ar leith do choistí boird áirithe de réir mar atá sé leagtha amach ina dtéarmaí tagartha. Cabhraíonn na coistí leis an mBord trí bhreithniú níos mionsonraí a dhéanamh ar cheisteanna rialachais, oibriúcháin agus gnó agus cuireann siad tuairisc chuig an mBord maidir le moltaí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na coistí seo ar leathanaigh 52 go 53 den tuarascáil seo.

FOCAL SCOIR

Is ionann dea-rialachas agus gnó rathúil. Maidir lenár sprioc chun fás inbhuanaithe agus láidir a bhaint amach fanfaidh an Bord agus an lucht bainistíochta tiomanta don trédhearcacht agus don chuntasacht inár gcleachtas uile.

Lochlainn Quinn
Cathaoirleach

AN BORD



01 LOCHLANN QUINN

CEAPADH AR AN MBORD

Cathaoirleach ar an mBord agus comhalta Boird in Eanáir 2008 agus athcheapadh é in Eanáir 2013.

COMHALTAS COISTE Comhalta ex-officio de gach Coiste Boird seachas an Coiste Iniúchta agus Riosca.

TAITHÍ GHAIRME Cuntasóir Cairte, Comhpháirtí le Arthur Andersen & Co agus is Iar-Leas-Chathaoirleach é ar Glen Dimplex.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Comhalta ar Bhord Scoil Chéimithe Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus is Iar-Chathaoirleach é ar Allied Irish Bank plc agus ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

02 PAT O'DOHERTY

CEAPADH AR AN MBORD

Ceapadh é ina Chomhalta Boird in Eanáir 2013 agus ina Phríomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2011.

COMHALTAS COISTE Comhalta den Choiste Infheistíochta agus comhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil.

TAITHÍ GHAIRME Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ESB Energy International (2010 go dtí 2011), Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ESB Networks (2009 go dtí 2010) agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESB Power Generation (2005 go dtí 2008). Bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta in Synergen agus bhí poist shinsearach aige in ESB Networks freisin.

03 ANNE BUTLER

CEAPADH AR AN MBORD

Samhain 2012.

TAITHÍ GHAIRME Iar-Uachtarán ar Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus Stiúrthóir bunaidh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Bhunaigh sí comhairleacht / seirbhís chomhairleach comhshaoil.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Rinne sí fónamh ar roinnt bord lena n-áirítear an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI). Comhalta de Chomhlacht Ceannais Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.



01

02

03

04

05

06

07

08

09

10

11

04 BRENDAN BYRNE

CEAPADH AR AN MBORD Meán Fómhair 2004. Athcheapadh é i Meán Fómhair 2009.

COMHALTAS COISTE Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iníúchta agus Riosca agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus Feabhsúcháin Feidhmíochta.

TAITHÍ GHAIRME Cuntasóir Cairte, a raibh roinnt post sinsearach bainistíochta aige in Aer Lingus agus tá go leor obair déanta aige i réimse bainistíochta athruithe.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Stiúrthóir ar roinnt eagraíochtaí sa tionscal eitleíochta ar speisialtóirí sna réimsí Aer Lasta agus Teicneolaíocht na Faisnéise iad.

05 DAVE BYRNE

CEAPADH AR AN MBORD

Ceapadh é ina chomhalta Boird Oibrí in Eanáir 2011.

COMHALTAS COISTE Comhalta den Choiste Rialála agus den Choiste Airgeadais agus Feabhsúcháin Feidhmíochta.

TAITHÍ GHAIRME Is ball foirne é i bhfoireann atá san eagraíocht BSC anois ach d'oibrigh sé in ESB Customer Supply ar feadh tréimhse.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Uachtarán ar ESBOA go dtí Aibreán 2010 agus ansin ceapadh mar ionadaí é ar Ghrúpa Ceardchumainn sa Chomhpháirtíocht Lárnach.

06 JOHN COLEMAN

CEAPADH AR AN MBORD

Bhí sé ina chomhalta Boird Oibrí in Eanáir 2007 agus athcheapadh é in Eanáir 2012.

COMHALTAS COISTE Comhalta den Choiste Infheistíochta agus den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil.

TAITHÍ GHAIRME Thosaigh sé ag obair leis an ESB ina Oibrí Lae ag Stáisiún Giniúna an Fhéir Bháin.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Rúnaí ar Chumann Oibríthe Lae ATGWU, Cathaoirleach ar Chraobh ESB an ATGWU.

07 ELLVENA GRAHAM

CEAPADH AR AN MBORD Deireadh Fómhair 2010.

COMHALTAS COISTE Cathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta, comhalta den Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta agus den Choiste Airgeadais agus Feabhsúcháin Feidhmíochta.

TAITHÍ GHAIRME Príomhoifigeach Oibriúcháin i mBanc Uladh, bhí poist shinsearach eile aici ag an mBanc lena n-áirítear Stiúrthóir ar Sheirbhísí Gnó, Príomhoifigeach Oibriúcháin – Banc Corparáideach, Ceann Oibriúcháin agus Stiúrthóir Feidhmíochtaí ar Oibriúcháin Ghrúpa an EMEA.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Comhalta ar Bhord Comhairleach Ghréasán Feidhmíochtaí na mBan in Éirinn.

08 SEAN KELLY

CEAPADH AR AN MBORD

Ceapadh é mar chomhalta Boird Oibrí in Eanáir 2011.

COMHALTAS COISTE Comhalta den Choiste Infheistíochta agus comhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil.

TAITHÍ GHAIRME Thosaigh sé ag obair leis an ESB mar phrintiseach i Meitheamh 1997. Bhí sé ina Churadh Sábháilteachta sa Chaisleán Nua, Ionadaí Sábháilteachta do Rannán an Mheán-larthair, agus Feidhmeannach brainse i gCraobh Uimh. 2 Luimnigh den T.E.E.U i Luimneach.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Cathaoirleach ar Ghrúpa Forfeidhmithe Áitiúil (LIG) an Mheán-larthair.

09 SEAMUS MALLON

CEAPADH AR AN MBORD

Feabhra 2006 agus athcheapadh é i mí na Bealtaine 2011.

COMHALTAS COISTE Comhalta den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil agus den Choiste Rialála.

TAITHÍ GHAIRME Toghadh é ar Chomhairle Cheantar Ard Mhacha, ar Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus ar Choinbhinsiún Thuaisceart Éireann. Comhalta de Sheanad Éireann agus Teachta Parlaiminte don Iúir agus Ard Mhacha ag Westminster. Leas-Cheannaire ar an SDLP agus LeasChéad-Aire i dTuaisceart Éireann.

10 TONY MERRIMAN

CEAPADH AR AN MBORD

Bhí sé ina chomhalta Boird Oibrí in Eanáir 2007 agus athcheapadh é in Eanáir 2012.

COMHALTAS COISTE Cathaoirleach ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil agus comhalta den Choiste Airgeadais agus Feabhsúcháin Feidhmíochta.

TAITHÍ GHAIRME Thosaigh sé ag obair leis an ESB mar Theicneoir Gréasáin in 1979. Rinne sé fónamh mar oifigeach ar Ghrúpa Ceardchumann ESB.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Bhí sé ina chomhalta Boird ar ESB ESOP Trustee Limited.

11 NOREEN WRIGHT

CEAPADH AR AN MBORD Meitheamh 2011

COMHALTAS COISTE Comhalta den Choiste Infheistíochta, den Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta agus den Choiste Rialála.

TAITHÍ GHAIRME Glaoth chuig Barra Thuaisceart Éireann í in 1976. D'oibrigh sí ar an bhfoireann inti dlí in Northern Ireland Electricity (NIE). Bhí roinnt post bainistíochta sinsearaí aici in NIE/Viridian lena n-áirítear Rúnaí na Cuideachta agus Ceann Seirbhísí Dlí.

CEAPACHÁIN SHEACHTRACHA Comhalta de Bhinse Tionsclaíoch agus den Bhinse Fostaíochta Cóir, Giúistís Tuata agus Comhalta den Bhinse Luachála Thuaisceart Éireann. Stiúrthóir ar Springvale Training Limited agus ar Co-operation Ireland Limited. Iontaobhaí ar Garfield Weston Trust.

"IS IONANN DEARIALACHAS AGUS GNÓ RATHÚIL. MAIDIR LENÁR SPRIOC CHUN FÁS INBHUANAITHE AGUS LÁIDIR A BHAINT AMACH FANFAIDH AN BORD AGUS AN LUCHT BAINISTÍOCHTA TIOMANTA DON TRÉDHEARCACHT AGUS DON CHUNTASACHT INÁR GCLEACHTAS UILE."

LOCHLANN QUINN
CATHAOIRLEACH

01 FORBHREATHNU GNO

02 ATHBHREATHNU OIBRÚCHÁIN & AIRGEADAIS

03 FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARAIDEACH

04 RIALACHAS CORPARAIDEACH

05 RÁITTS AIRGEADAIS

AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

**JOHN SHINE, LEAS-
PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH AGUS NIE**

Ceapadh John Shine ina Leas-Phríomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2009. Thosaigh sé ag obair leis an ESB i 1978 agus bhí roinnt post sinsearach aige sna réimsí Gréasán, Margaíochta agus Forbartha Gnó. In 1998 d'éirigh sé as a phost in ESB chun gnó rathúil i seirbhísí idirnáisiúnta a fhorbairt. Tháinig sé ar ais go ESB arís i mí na Samhna 2002 tráth ar ceapadh é mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Networks. Ceapadh é mar Chathaoirleach agus mar Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks Ltd. i mí na Samhna 2008. Tá céim san innealtóireacht leictreach aige agus MBA ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

DONAL FLYNN, AIRGEADAS AN GHRÚPA

Ceapadh Donal Flynn mar Stiúrthóir Airgeadais agus Tráchtála i mí Lúnasa 2010. Sular thosaigh sé ag obair in ESB d'oibrigh sé in Airtricity ar feadh seacht mbliana agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais ó mhí Feabhra 2008 nuair a thóg SSE Airtricity ar láimh. D'oibrigh Donal i roinnt ról airgeadais le General Electric ó 1998 go dtí 2003. Cháiligh sé mar chuntasóir cairte le Arthur Andersen agus d'oibrigh sé i gceachtas an chomhlachta i Londain agus i mBaile Átha Cliath idir 1995 agus 1998. Tá Baisiléir Tráchtála aige agus Máistreacht i gcéimeanna Cuntasaíochta ó Choláiste na hOllscoile Gaillimh agus ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath faoi seach.

**BRÍD HORAN, ESB BSC AGUS
ELECTRIC IRELAND**

Ceapadh Bríd Horan ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB BSC agus Electric Ireland in 2010. Roimhe sin, bhí post aici mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Energy Solutions ó mhí na Samhna 2009 agus ar ESB Customer Supply agus Seirbhísí Grúpa ó mhí na Nollag 2006. Ceapadh Bríd ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar FBD Holdings plc i mí na Nollag 2011. Thosaigh Bríd ag obair leis an ESB in 1997 mar Bhainisteoir Pinsean an Ghrúpa. Ba Choimisinéir den Chúlchiste Náisiúnta Pinsean í ón uair a bunaíodh é in 2001 go dtí 2009. Ba chomhalta boird í den Údarás Forbartha Tionscail ó 1996 go 2006. Roimh theacht chuig an ESB di bhí sí i gceannas ar Chomhairleacht Pinsin & Achtúireach KPMG.

JERRY O'SULLIVAN, ESB NETWORKS

Ceapadh Jerry O'Sullivan ina Stiúrthóir Bainistíochta le ESB Networks sa bhliain 2010. Thosaigh sé ag obair leis an ESB sa bhliain 1981 agus bhí roinnt post aige i dTógáil Stáisiún Cumhachta, Leithdháileadh agus Tarchur, Miondíol, Conraitheoireacht, Margaíocht agus Seirbhís do Chustaiméirí. Ceapadh é ina Cheann ar Sheirbhísí Gréasán sa bhliain 2002 agus ina Cheann ar Inbhuanaitheacht agus córais Gréasán sa bhliain 2008. Tá céim san innealtóireacht shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**JOHN REDMOND, RÚNAÍ NA
CUIDEACHTA**

Ceapadh John Redmond ina Rúnaí ar an gCuideachta in 2002. Bhí sé mar rúnaí cuideachta ar an ngrúpa agus mar leasuachtarán sinsearach ar ghnóthaí corparáideacha ar GPA Group plc agus ina dhiaidh sin mar rúnaí cuideachta ar debis AirFinance BV (comhlacht comhlachaithe de chuid Daimler/Chrysler) agus ar Airplanes Limited atá cláraithe ag SEC. D'oibrigh sé sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sa Roinn Airgeadais idir 1980 agus 1988. Is céimí de chuid OÉ Má Nuad é agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ó Ollscoil Napier i nDún Éideann agus ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Is Comhalta é d'Institiúid na Rúnaithe Cairte ó 1997.

JOHN MCSWEENEY, NUÁLAÍOCHT

Ceapadh John McSweeney ina Cheann ar Nuálaíocht in 2012. Bhí poist shinsearach aige roimhe sin mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin gníomhach ar ESB Energy International in 2011, Bainisteoir ar Fhorbairt Sócmhainní, Bainisteoir Innealtóireachta agus Bainistíocht Saoráide ag ESB International agus mar Bhainisteoir ar IT Solutions & Telecoms an ESB. Céimí san Fhísic agus innealtóir meicniúil is ea John, a thosaigh ag obair leis an ESB in 1992. Sular thosaigh sé ag obair san earnáil fuinnimh, bhí poist shinsearach aige in Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann lena n-áirítear Stiúrthóir, An Ghearmáin agus is iar-oifigeach de chuid Arm na hÉireann é.

CAIRT NA FOIRNE FEIDHMIÚCHÁIN

PADDY HAYES, MARGAÍ GINIÚNA AGUS MÓRDHÍOLA

Ceapadh Paddy Hayes ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Margaí Giniúna agus Mórdhíola an ESB i mí an Mheithimh 2012. Roimhe sin, bhí roinnt post bainistíochta sinsearaí aige in ESB lena n-áirítear Ceann Independent Generation agus Bainisteoir na Punainne Fuinnimh. Sular thosaigh sé ag obair leis an ESB in 1999, d'oibrigh Paddy i roinnt ról le British Steel. Is innealtóir cairte é agus tá céim mháistir aige san innealtóireacht ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus MBA ón University of Warwick.

PAT NAUGHTON, LUCHT GRÚPA AGUS INBHUANAITHEACHT

Ceapadh Pat Naughton ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Lucht Grúpa agus Inbhuanaitheacht in 2012. Is innealtóir meicniúil gairmiúil é Pat agus d'oibrigh sé i ról éagsúla ó thosaigh sé ag obair leis an ESB in 1978. Bhí poist shinsearaigh aige roimhe seo mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna in ESB Energy International, Bainisteoir Straitéise agus Forbairt Punainne in ESB Energy International agus Bainisteoir Hidrea-Stáisiúin in ESB Power Generation.

PAT O'DOHERTY
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

JOHN SHINE
LEAS-PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH
AGUS NIE

DONAL FLYNN
AIRGEADAS AN
GHRÚPA

PAT NAUGHTON
LUCHT GRÚPA AGUS
INBHUANAITHEACHT

BRÍD HORAN
BSC AGUS
ELECTRIC
IRELAND

**JERRY
O'SULLIVAN**
ESB NETWORKS

JOHN REDMOND
RÚNAÍ NA
CUIDEACHTA

PADDY HAYES
MARGAÍ
GINIÚNA AGUS
MÓRDHÍOLA

**JOHN
MCSWEENEY**
CEANN AR
NUÁLÁIÓCHT

"TEASTÓIDH EAGRAÍOCHT ATÁ INOIRIÚNAITHE AGUS A BHFUIL INSPREAGADH LÁIDIR FÚITHI CHUN AN STRAITÉIS SEO AGAINN A CHUR I NGNÍOMH. IS FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN SINNE ATÁ TIOMANTA D'IONAD OIBRE DINIMICIÚIL A CHRUTHÚ D'FHOINN ÁR NDAOINE A GHRÍOSÚ AGUS A SPREAGADH AGUS A BHEIDH IN ANN FREAGAIRT GO TAPA ÉIFEACHTACH D'ATHRÚ". – **JOHN SHINE**, LEAS-PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH

TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD

CUIREANN NA COMHALTAÍ BOIRD AN TUARASCÁIL I LÁTHAIR MAR AON LE RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA AGUS AN GHRÚPA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is iad príomhghníomhaíochtaí Ghrúpa ESB ná giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus, déantar tarchur agus dáileadh ar leictreachas i dTuaisceart Éireann. Oibríonn an Grúpa go hidirnáisiúnta chomh maith i ngníomhaíochtaí gaolmhara, sa Ríocht Aontaithe, i mór-roinn na hEorpa agus ar roinnt tionscadal san Áise.

ATHBHREITHNIÚ AR AN NGNÓ

Tugtar tráchttaireacht maidir le cúrsaí feidhmíochta i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012, lena n-áirítear eolas ar imeachtaí le tamall anuas agus ar nithe atáthar a thuair, i Ráiteas an Chathaoirleach agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeanaigh. Léirítear feidhmíocht an ghnó agus an riocht airgeadais ina bhfuil sé mar aon leis na príomhríosaí atá ann don Ghrúpa san athbhreithniú airgeadais chomh maith leis na hathbhreithnithe ar gach réimse gnó ollmhór sa Ghrúpa.

TORTHAÍ DON BHLIAIN

Léiríonn torthaí airgeadais an Ghrúpa brabús i ndiaidh cánach de €194 milliún don bhliain airgeadais i gcomparáid le €100 milliún in 2011. Molann an Bord go n-íocfaí díbhinn de 3.96 cent in aghaidh an aonaid de stoc nó €78.4 milliún san iomlán. Íocadh díbhinn deiridh de 3.66 cent in aghaidh an aonaid de stoc caipitil. Is ionann é sin agus €72.5 milliún íoctha san iomlán in 2012, i ndáil le 2011. Leagtar amach breis sonraí maidir le toradh na bliana agus toradh na bliana roimhe sin i gcuntas ioncaim an Ghrúpa agus sna nótaí atá ag gabháil leis.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. Leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach sa Chód agus iarrtar ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Déanann ESB dualgais a chomhlíonadh freisin maidir le rialachas corparáideach agus réimsí eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001. Tagann

ESB, a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach, le Cód do Rialachas Corparáideach na RA (an "Cód um Rialachas Corparáideach") agus le hlarscríbhinn a ghabhann le Rialachas Corparáideach na hÉireann ("an larscríbhinn Éireannach").

Cuimsítear prionsabail (phríomhúla agus tacaíochta) agus forálacha sa Chód um Rialachas Corparáideach. Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na rialacha liostaithe, tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear prionsabail an Chóid um Rialachas Corparáideach agus larscríbhinn na hÉireann i bhfeidhm agus a dheimhniú gur sásaíodh gach foráil iomchuí lena mbaineann nó go dtugtar míniúchán ar neamhchomhlíonadh. Is comhlacht reachtúil é an ESB arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 arna leasú agus, dá bharr sin, ní cheanglaítear air an Cód um Rialachas Corparáideach ná an larscríbhinn Éireannach a ghabhann leis a chomhlíonadh. Ina dhiaidh sin féin, tacaíonn an ESB le prionsabail agus le forálacha an Chóid um Rialachas Corparáideach agus leis an larscríbhinn Éireannach a ghabhann leis agus déantar iad a chomhlíonadh faoi réir ag na heisceachtaí seo a leanas:

- (i) Is faoin Rialtas ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus dá bharr sin, níl coiste ainmniúcháin ag an ESB.
- (ii) Ceaptar na Comhaltaí Boird ar feadh téarmaí suas le ceithre nó cúig bliana agus níl siad, dá bharr sin, faoi réir ag atoghadh ar an mBord i gceann tréimhsí níos giorra ná sin. Bíonn beartais agus nochtadh an ESB maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeanaigh i gcomhréir le treoirlínte infheidhmithe an Rialtais. Ní áirítear suimeanna a íocadh leis an gceathrar Comhaltaí Boird Oibrí mar fhostaithe an ESB sna sonraí faoi luach saothair na gComhaltaí Boird ar leathanach 55 (mar ní dhéantar ardú ná laghdú ar an bpá sin mar gheall ar a gcomhaltas Boird), ach áirítear suimeanna a íocadh leo i bhfoirm táillí.
- (iv) Ní dhéanann próiseas measúnaithe an Bhoird measúnú ar fheidhmíocht na gComhaltaí Boird

aonair mar níl ról foirmiúil ag an mBord i ndáil lena chomhdhéanamh féin a chinneadh.

(v) Tá Cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Sathair agus Forbartha Bainistíochta freisin de bharr an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh an ESB le beartas an Rialtais sa réimse seo agus mar gheall ar an ról atá ag an gCathaoirleach mar phríomh-idirghabhálaí leis an Rialtas. Ceapadh an Cathaoirleach ina chomhalta ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca, ar bhonn eatramhach, in Eanáir 2013.

PRIONSABAIL AN DEA-RIALACHAIS

Bhí 11 chruinniú ginearálta Boird ann agus cruinniú amháin speisialta straitéise ag an mBord i rith 2012. Léiríonn an uimhir os comhair gach ainm thíos an tinreamh i ndáil le gach comhalta Boird ag na cruinnithe ginearálta Boird, agus ag an gcruinniú speisialta straitéise Boird, i rith na bliana.

Comhaltaí Boird 2012	Cruinnithe arna bhFreastal Orthu
Lochlann Quinn	11,1
Pat O'Doherty [^]	11,1
Brendan Byrne [*]	11,1
Dave Byrne	10,1
John Coleman	11,1
Seán Conlan ⁺	8,1
Ellvena Graham [*]	10,1
Garry Keegan ⁺⁺	4,0
Sean Kelly	10,1
Seamus Mallon [*]	11,1
Tony Merriman	11,1
Noreen Wright [*]	10,1
Anne Butler [§]	2,0

^{*} Comhaltaí Boird Neamhspleácha
[^] Ceapadh Pat O'Doherty ar an mBord in Eanáir 2013 agus d'fhreastail sé ar na cruinnithe thuas ina ról mar Phríomhfheidhmeannach.

⁺ Seán Conlan - ar scor 22 Deireadh Fómhair 2012

⁺ Garry Keegan - ar scor 5 Meitheamh 2012

[§] Ceapadh Anne Butler ar an mBord i mí na Samhna 2012

AN BORD

Siúd is go dtarlígear freagracht ó lá go lá ó thaobh ceannaireachta agus rialú na cuideachta chuig an bPríomhfheidhmeannach agus a Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí laistigh de theorainneacha údaráis réamhshainithe tá an Bord freagrach sa deireadh thiar as feidhmíocht na cuideachta. Le linn 2012 áiríodh ar líon an Bhoird na comhaltaí Boird ainmnithe sa tábla ar an leathanach thall; astusan ba é an Rialtas a cheap an Cathaoirleach agus na stiúrthóirí neamhspleácha agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a cheap an ceathrar Comhaltaí Boird Oibrí de bhun na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit). Tá méid agus struchtúr an Bhoird rialaithe ag na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927-2004 agus ag na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit).

Chinn an Bord go raibh na Comhaltaí Boird a shainithnítear ar leathanach 46 agus 47 neamhspleách i rith 2012. Tugadh aird sa chinneadh sin ar na forálacha iomchuí sa Chód um Rialachas Corparáideach maidir le neamhspleáchas na stiúrthóirí ó thaobh carachtair agus breithiúnais de agus easpa na gcaidreamh nó na gcúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhspleáchas na stiúrthóirí. I bhfianaise an mhéid sin, tá an Bord sásta maidir le neamhspleáchas na stiúrthóirí a shainithnítear ar leathanach 50.

Arna dtógáil le chéile, measann an Chuideachta go dtugann an Bord an raon scileanna, eolais agus neamhspleáchais is gá a thabhairt chuig obair an Bhoird agus obair a Choistí. Is iad na scileanna, saineolas agus taithí ar leith an Bhoird a chuireann an Bord ar an eolas maidir le breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibríochta mórchúiseacha agus maidir le roghnú na gcomhaltaí Boird chun fónaimh ar Choistí Boird.

Ceapadh an tUasal Lochlann Quinn ina Cathaoirleach ar an mBord in Eanáir 2008 agus athcheapadh é in Eanáir 2013 go ceann téarma dhá bhliain eile. I measc na bhfreagrachtaí atá ar an gCathaoirleach stiúrfaidh sé an Bord, leagfaidh sé amach an clár oibre, ag cinntiú éifeachtacht an Bhoird agus lánpháirtíocht gach comhalta Boird a éascú. Tá an Cathaoirleach freagrach freisin as a chinntiú go mbíonn cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí an Ghrúpa: an tAire Airgeadais, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh

agus Acmhainní Nádúrtha agus a gcuid oifigeach agus le ESB ESOP Trustee Limited, an Plean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe ESB. Tá ról an Chathaoirleach, a fheidhmíonn go páirtaimseartha, agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh glan ar a chéile.

Bhí Seán Conlan ina Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach go dtí Deireadh Fómhair 2012. Ceapadh an tUasal Brendan Byrne ina Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach ina dhiaidh sin.

Tagann an Bord le chéile go míosúil (seachas i mí Lúnasa) gach bliain agus tagann sé le chéile ar ócáidí eile chomh maith de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil ábhar ann a choimeádtar go sonrach don Bhord d'fhonn cinneadh a dhéanamh. Áirítear ar na príomhnithe a fhorchoimeádtar don Bhord:

- Straitéis, buiséid bhliantúla agus cuntais bhliantúla agus idirthréimhseacha an Ghrúpa a fhaomhadh;
- Athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht oibríúcháin agus airgeadais;
- Mórchaiteachas caipitiúil a fhaomhadh;
- Athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus ar bhainistíocht riosca an Ghrúpa;
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht an Ghrúpa maidir le sláinte agus sábháilteacht;
- An Príomhfheidhmeannach a cheapadh;
- Ceapadh lucht Bainistíochta Sinsearaí ar mholadh an Phríomhfheidhmeannaigh agus
- Ceapadh Rúnaí na Cuideachta.

Tá údarás tarmilgthe ag an mBord chuig an mbainistíocht chun gnáthchinní gnó a dhéanamh faoi réir teorainneacha agus tairseacha sonraithe.

Is féidir le comhaltaí Boird, i mbun a gcuid dualgas dóibh, comhairle lucht gairme neamhspleách a fháil de réir mar is gá, ar chostas an ESB. Tá teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhís ó Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais socraithe chun cosaint a thabhairt do chomhaltaí Boird agus d'Oifigigh in aghaidh dliteanais ag éirí as caingne dlí ina n-aghaidh le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Tá clár ionductúcháin ann chun cleachtadh a thabhairt do chomhaltaí Boird nua ar oibríúcháin an Ghrúpa. Déantar tuairiscí airgeadais agus oibríúcháin chuig an mBord ar bhonn leanúnach agus seoltar Cáipéisíocht an Bhoird chuig gach comhalta go tráthúil roimh chruinnithe an Bhoird. Bíonn miontuairiscí

de chruinnithe choiste an Bhoird i measc Cháipéisíocht an Bhoird.

Déanann an Cathaoirleach measúnú feidhmíochta bliantúil ar an mBord agus ar a Choistí. Déantar an measúnú sin chun teacht, a oiread agus is féidir, leis an gCód um Rialachas Corparáideach. Baineann an measúnú leis an gcaoi a gcruthaíonn an Bord ina iomláine agus ní le feidhmíocht chomhaltaí ar leith an Bhoird. Is é cuspóir an mheasúnaithe ná athbhreithniú a dhéanamh ar oibríúcháin an Bhoird féin agus bealaí a aithint chun a éifeachtacht a fheabhsú. Cabhraíonn sé freisin chun scileanna sainiúla a theastaíonn nó atá inmhiannaithe i measc chomhaltaí an Bhoird a aithint, agus is féidir leis an gCathaoirleach é sin a chur in iúl don Rialtas le meas tráth a mbeadh ceapacháin a dhéanamh.

Is cuid den mheasúnú ar an mBord agus ar a choistí é ná go gcomhlíonfaidh na comhaltaí Boird ceistneoir mhionsonraithe. Éascaíonn an ceistneoir le hathbhreithniú struchtúrtha agus neamhspleách a dhéanamh ar réimse iomlán dualgas, próiseas, inniúlachtaí agus éifeachtachta an Bhoird. Ina theannta sin bíonn cruinnithe ag an gCathaoirleach leis na comhaltaí Boird i gcomhair malartú tuairimí oscailte i measc na gcomhaltaí Boird maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht an Bhoird.

Ós rud é gur gnó de chuid an Rialtais, nó toghchán don fhoireann, é ceapacháin a dhéanamh chuig an mBord, ní dhéanann an ESB measúnú ar chomhaltaí Boird aonair. Téann an Cathaoirleach chun cainte leis an Rialtas roimh cheapacháin Boird, áfach, maidir leis na scileanna sonracha a theastaíonn ar an mBord.

COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD SA BHLIAIN 2012

BUNAÍTEAR COISTÍ D'FHONN CUIDIÚ LEIS AN MBORD A CHUID DUALGAS A CHOMHLÍONADH. TÁ NA COISTÍ LEAGTHA AMACH THÍOS.

COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA

Is coiste, arna bhunú go foirmiúil, de chuid an Bhoird é an Coiste Iniúchta agus Riosca a leagtar a chuid téarmaí tagartha amach i scríbhinn, agus tá fáil orthu sin ar láithreán gréasáin an ESB. Is é cuspóir an Choiste Iniúchta agus Riosca ná maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais, ar chórais rialaithe inmheánaigh agus ar phróisis bainistíochta riosca de chuid an ESB. Feidhmíonn Rúnaí na Cuideachta mar Rúnaí ar an gCoiste.

I rith 2012, rinne an Coiste athbhreithniú orthu seo a leanas:

- Roghnú/ athcheapadh iniúcháirí na Cuideachta.
- Beartas Riosca an ESB, Plean Riosca 2012 agus tuarascálacha riosca rialta.
- Plean Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa, tuarascálacha iniúchta agus tuarascálacha forfheidhmithe rialta;
- Éifeachtacht fheidhm an iniúchta inmheánaigh;
- An Plean Iniúchta Seachtraigh, scóip an iniúchta mar a leagtar síos é sa litir fostaíochta agus éifeachtacht an iniúchta sheachtraigh;

- Éifeachtacht chórais bainistíochta riosca agus chórais rialaithe inmheánaigh na cuideachta;
- Pleanáil leanúnachais ghnó;
- Na ráitis airgeadais eatramhaigh agus bliantúla;
- Mar atáthar ag cloí le rialachas corparáideach;
- Tuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir lena iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus na moltaí a rinne an t-iniúchóir ina litir bainistíochta agus freagairt na bainistíochta;
- Clár Grúpárachais an ESB;
- Cód Eitice an ESB agus Beartas Calaoise;
- Téarmaí tagartha an Choiste féin chun a chinntiú go raibh siad fós ábhartha agus suas chun dáta.

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

Is é cuspóir an Choiste Infheistíochta ná athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí maidir le hinfheistíocht, trína bhféachtar lena chinntiú go bhfuil an ESB ullamh le dul chun cinn a dhéanamh sa todhchaí ar bhonn na straitéise atá aontaithe ag an mBord. Bhí naoi gcrúinniú ag an gCoiste i rith 2012. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcrúinnithe arna bhfreastal orthu leagtha amach thíos:

Comhaltaí	Cruinnithe arna bhfreastal orthu
Ellvena Graham, Cathaoirleach	7
John Coleman	9
Sean Kelly	8
Pat O'Doherty	9
Noreen Wright	9

D'fhreastail Cathaoirleach an Bhoird, Lochlann Quinn, ar 6 chruinniú den Choiste Infheistíochta i rith 2012 freisin.

AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL

Is é cuspóir an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ná comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste i rith 2012. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcrúinnithe arna bhfreastal orthu leagtha amach thíos:

Comhaltaí	Cruinnithe arna bhfreastal orthu
Tony Merriman, Cathaoirleach	4
Sean Kelly	4
John Coleman	4
Seamus Mallon	4
Pat O'Doherty	4

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS FEABHSÚCHÁIN FEIDHMÍOCHTA

Is é cuspóir an Choiste Airgeadais agus Feabhsúcháin Feidhmíochta ná maoirseacht a dhéanamh ar an straitéis agus ar an mbeartas maidir le cúrsaí airgeadais, monatóireacht a dhéanamh ar Chlár um Fheabhsú Feidhmíochta na cuideachta agus comhairle a chur ar an mBord mar is cuí. Bhí seacht gcrúinniú ag an gCoiste i rith 2012. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcrúinnithe arna bhfreastal orthu leagtha amach thíos:

Comhaltaí	Cruinnithe arna bhfreastal orthu
Brendan Byrne, Cathaoirleach	7
Dave Byrne	6
Ellvena Graham	5
Tony Merriman	6

D'fhreastail Cathaoirleach an Bhoird, Lochlann Quinn, ar 4 chruinniú den Choiste Airgeadais agus Feabhsúcháin Feidhmíochta i rith 2012 freisin.

Tá beartas forbartha ag an gCoiste maidir le seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad a bheith á gcur ar fáil ag na hiniúcháirí seachtracha, ionas nach mbainfidh seirbhísí dá leithéid le haon ní seachas comhairle maidir le cuntasáocht, cánachas agus ceisteanna maidir le comhlíonadh, ach amháin de réir mar a chuirtear in iúl don Choiste. Níor chóir go sáródh na táillí atá le hioc maidir le seirbhísí neamhniúchóireachta i mbliain airgeadais ar bith na táillí iniúchóireachta don bhliain sin. Tá rochtain neamhshrianta ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste toradh a chruinnithe don Bhord. Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais chuí le tamall beag anuas ag comhalta amháin ar a laghad de chuid an Choiste ó thús deireadh na bliana. Bhí ocht gcrúinniú ag an gCoiste i rith 2012.

Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcrúinnithe arna bhfreastal orthu leagtha amach thíos:

Comhaltaí	Cruinnithe arna bhfreastal orthu
Brendan Byrne, Cathaoirleach	8
Seán Conlon*	8
Garry Keegan*	6

D'fhreastail Cathaoirleach an Bhoird, Lochlann Quinn, ar 7 gcrúinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca le linn 2012 freisin ar chuireadh ó Chathaoirleach an Choiste.

*Seán Conlon - ar scor 22 Deireadh Fómhair 2012.

*Garry Keegan - ar scor 5 Meitheamh 2012.

§ Ceapadh Anne Butler agus Lochlann Quinn ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca in Eanáir 2013.

AN COISTE RIALÁLA

Is é cuspóir an Choiste seo ná monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar chúrsaí rialála atá ag athrú ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus maoirseacht a dhéanamh ar mar atáthar ag comhlíonadh riachtanas rialála. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i rith 2012. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcrúinnithe arna bhfreastal orthu leagtha amach thíos:

Comhaltaí	Cruinnithe arna bhfreastal orthu
Noreen Wright, Cathaoirleach	5
Dave Byrne	5
Seamus Mallon	5

AN COISTE LUACH SAOTHAIR AGUS FORBARtha BAINISTÍOCHTA

Is é aidhm an Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta ná comhairle a chur ar an mBord maidir le gach gné de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, aon athruithe ar luach saothair na gcomhaltaí Boird Oibrí a cheadú agus an luach saothair don ghrúpa bainistíochta feidhmiúcháin a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt cheannairí ESB na linne seo agus ar cheannairí na todhchaí. I rith 2012, rinne an Coiste machnamh ar cheapacháin nua chuig an mbainistíocht feidhmiúcháin agus ar cheisteanna luach saothair mar atáthar laistigh de chreat bheartas an Rialtais i ndáil le cuideachtaí leathstáit. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste i rith na bliana 2012 agus rinne na Comhaltaí Coiste uile freastal orthu.

Comhaltaí	Cruinnithe arna bhfreastal orthu
Lochlann Quinn, Cathaoirleach	2
Ellvena Graham	2
Noreen Wright	2

CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL
AR CHOMHALTAS AN COISTE,
TRÉIMSHE SEIRBHÍSE AGUS
COMHDHÉANAMH AN BHOIRD
FÉACH AR LEATHANACH 57

RIALUITHE INMHEÁNACHA

Tá freagracht iomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa agus maidir le monatóireacht ar a éifeachtúlacht is atá sé ar an mBord. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach d'fhonn cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt nach dtarlódh míráiteas ná caillteanas ábhartha. D'fhonn an dualgas sin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíontar an reachtaíocht agus rialacháin, tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an mBord a bhfuil nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, deighilt na ndualgas agus údarás tarmlichte ag baint leis. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa maidir le rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontacht chomh maith le córais bainistíochta riosca. Tá creat daingean rialaithe i bhfeidhm ag an ESB ina gcumaisítear an méid seo a leanas:

- Cód eitle a éilíonn go gcoíodh gach comhalta Boird leis na caighdeáin eitle is airde agus iad i mbun gnó;
- Struchtúr eagrúcháin a leagtar amach go soiléir, trína sainítear teorainneacha le húdarás agus modhanna tuairiscithe chuig leibhéil bhainistíochta níos airde agus chuig an mBord a chuidíonn le timpeallacht thréan rialaithe a choinneáil;
- Creat rialachais chorparáidigh lena n-áirítear anailís ar riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis bhliantúla fhoirmiúla maidir le comhlíonadh ón mbainistíocht sna réimsí éagsúla gnó agus sa Lárionad Corparáideach. Déanann roinn Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa, atá freagrach don Choiste Iniúchta agus Riosca, monatóireacht leanúnach air sin;
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitiúil. Ní mór aontú an Bhoird a fháil le haghaidh mórtograí caipitil, agus déanann Coiste Infheistíochta an Bhoird monatóireacht ghéar orthu sin ar bhonn leanúnach. Is féidir leo a bheith faoi réir iniúchtaí freisin tar éis iad a chur i gcrích;
- Córais bhuiséid chuimsitheacha lena ngabhann buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord;
- Córas cuimsitheach maidir le tuairiscí airgeadais.
- Tuairiscítear torthaí iarbhir carnacha míosúla in aghaidh an bhuiséid. Fiosraíonn an Bord

aon athruithe suntasacha nó aon athraitheas codarsnach, agus déantar gníomh chun a leithéid a réiteach más cuí sin;

- Ceisteanna oibriúcháin agus airgeadais a bheith á mbreithniú ag Coistí Speisialta de chuid an Bhoird mar a leagtar amach ar leathanach 45; agus
- Seirbhís líne cabhraí faoi rún chun bealach faoi rún, agus gan ainm más gá, a chur ar fáil don fhoireann oibre chun calaois nó cúis inní eitiúil a thuairisciú.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú ar bhonn córasach ar na rialuithe sin. Cuirtear béim sna hathbhreithnithe sin ar na réimsí is mó a mbaineann baol leo de réir mar a shonraítear trí anailís riosca. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, le cúnamh ón gCoiste Iniúchta agus Riosca, ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an bpróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh:

- Athbhreithniú agus machnamh ar phróiseas athbhreithnithe riosca leathbhliantúil agus tuairiscí nua rialta a thabhairt maidir le bainistíocht riosca;
- Comhairle neamhspleách a fháil maidir le leordhóthanacht an phróisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm ag an ESB i láthair na huairé;
- Athbhreithniú agus machnamh ar dheimhniúcháin ón mbainistíocht maidir le hoibriú sásúil, éifeachtach na gcórais rialaithe inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus oibriúcháin;
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa agus meastóireacht ar a gcuid torthaí agus tuairiscí;
- Tugann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa tuairisc go rialta maidir le stádas na gceisteanna a tarraingíodh anuas cheana de bharr a gcuid tuairiscí féin nó tuarascálacha an iniúcháir sheachtraigh; agus
- Athbhreithniú ar thuarascálacha an iniúcháir sheachtraigh, KPMG, ina luaitear sonraí maidir le haon cheist rialaithe suntasach a aithnítear le linn a chuid oibre mar iniúcháir.

PRÓISEAS BAINISTÍOCHTA RIOSCA FIONTRAÍOCHTA AN BHOIRD (ERM)

Is cuid lárnach de gach gníomhaíocht ghnó í bainistíocht riosca agus déantar í a bhainistiú ar bhealach comhsheasmhach ar fud na n-aonad gnó. Tá cur chuige ar fud gach fiontar glactha ag an ESB maidir le bainistíocht riosca ó 2005 i leith chun é seo a bhaint amach. Tá creat comhsheasmhach curtha i bhfeidhm chun riosca a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú ar fud an Ghrúpa.

Tá cothabháil agus nuashonrú ar an gcreat bainistíochta riosca sin faoi chúram Bhainisteoir Riosca an Ghrúpa, faoi mhaoirsiú an Bhoird agus an Choiste Iniúchta agus Riosca, agus á cur i bhfeidhm ag an mbainistíocht ag gach leibhéal ar fud an Ghrúpa.

Áirítear leis an gcreat bainistíochta riosca Coiste Riosca ar leibhéal feidhmiúcháin ar a bhfuil bainisteoirí sinsearach ón nGrúpa ar fad, agus Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa ina Chathaoirleach air. Déanann an Coiste seo maoirsiú agus stiúran sé an cleachtas agus an beartas riosca, measann sé measúnuithe riosca a dhéantar ag leibhéal Grúpa agus an aonaid ghnó, agus déanann sé athbhreithniú ar threochtaí riosca foriomlána don Ghrúpa. Tuairiscítear torthaí an Choiste go rialta chuig Fóram Riosca de chuid Fhoireann an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, ar a bhfuil an Príomhfeidhmeannach ina chathaoirleach, chuig Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus chuig an mBord iomlán.

Tá Iniúcháir Inmheánach an Ghrúpa neamhspleách ar an bpróiseas bainistíochta riosca agus tá ráthaíocht neamhspleách curtha ar fáil aige don Choiste Iniúchta agus Riosca maidir le leordhóthanacht na socruithe bainistíochta riosca sa Ghrúpa. Déantar athbhreithniú go leanúnach ar an bpróiseas Bainistíochta Riosca Fiontraíochta mar gheall ar riosca agus ar chaighdeáin rialachais atá ag teacht chun cinn.

Tá sonraí maidir le gach riosca coinnithe agus nuashonraithe sa Chlár Riosca Corparáidigh. Tá rioscaí rangaithe de réir dóchúlachta agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith orthu. Cinntear conas a láimhseáiltear gach riosca ar bhunús an chineál riosca atá i gceist.

Tugann an cur chuige fiontraíochta measúnú leanúnach ar an seasamh riosca comhdhlúite atá ag an nGrúpa. Déantar athbhreithniú ar chomhphleananna riosca gach aonad gnó chun treochtaí a léiriú agus chun rioscaí coitianta nó idirspéacha ar fud an Ghrúpa a aithint. Tugann Coiste Riosca an Ghrúpa ionchur lárnach don mheasúnú agus do rangú riosca ó thaobh an Ghrúpa de.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcreat bainistíochta riosca bunaithe, lena n-áirítear cuid de rioscaí is suntasaí an Ghrúpa, féach an Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca ar leathanaigh 58 go 61.

LUACH SAOTHAIR NA GCOMHALTAÍ BOIRD - 2012

	2012 €	2011 €
An Cathaoirleach: Lochlann Quinn		
Táillí	78,750	78,750
An Príomhfheidhmeannach: Pádraig McManus (go dtí 30 Samhain 2011)		
Tuarastal	-	373,452
Pá a bhaineann le feidhmíocht (i leith 2009)	-	84,199
Sochair inchánacha	-	16,231
Ranníocaíochtaí pinsin	-	87,127
Íocaíocht in ionad fógra	-	99,401
Táillí (11 mhí)	-	14,477
	-	674,887

Pat O'Doherty, (Príomhfheidhmeannach ó 1 Nollaig 2011)

	2012 €	2011 €
Tuarastal	295,000	24,583
Sochair inchánacha	9,418	-
Ranníocaíochtaí pinsin	48,380	4,028
	352,798	28,611

Luach Saothair Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird

	2012 €	2011 €
Brendan Byrne	15,750	15,750
Dave Byrne	15,750	15,750
John Coleman	15,750	15,750
Seán Conlan	12,794	15,750
Elvena Graham	15,750	15,750
Garry Keegan	6,775	15,750
Sean Kelly	15,750	15,750
Eoin Fahy	-	2,701
Seamus Mallon	15,750	12,686
Tony Merriman	15,750	15,750
Anne Butler	2,114	-
Noreen Wright	15,750	8,069
	147,683	149,456

LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh taobh istigh de réimse a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ceapadh an tUasal O'Doherty ina Phríomhfheidhmeannach ar an 1 Nollaig 2011 agus ceapadh é ina chomhalta Boird in Eanáir 2013. Cuimsítear ina luach saothair tuarastal bliantúil de €295,000 agus carr cuideachta. Is comhalta é den Scéim Pinsean le Sochar Sainithe de chuid Fhoireann ESB. Ar aon dul le beartas reatha an Rialtais, ní bhfuair sé aon íocaíocht i leith feidhmíochta in 2012.

LUACH SAOTHAIR NA GCOMHALTAÍ BOIRD OIBRÍ

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird a cheaptar faoi Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) mar fhostaithe de chuid ESB. Is comhaltaí iad den Scéim Pinsean le Sochar Sainithe de chuid Fhoireann ESB.

LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN AN BHOIRD

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ní fhaigheann siadsan pinsin.

COSTAIS NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Chun cloí le Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, ní mór na costais a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis na Comhaltaí Boird a nochtadh, agus iad briste síos de réir catagóire. I rith 2012, aisíocadh na suimeanna seo a leanas leis an bPríomhfheidhmeannach agus le Comhaltaí Boird, nó íocadh thar a gceann iad: €53,285 ar chostais taistil, €16,349 ar chothabháil, €10,569 ar shiamsaíocht, €3,547 ar chomhdhálacha agus €2,450 ar shíntiús.

Áirítear sna costais ghnó thuas, costais an Phríomhfheidhmeannaigh i ndáil lena chuid dualgas mar phríomhfheidhmeannach.

GNÓTHAS LEANTACH

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn ghnóthais leantigh ós deimhin leis an mBord, tar éis dó na fiosrúcháin chúí a dhéanamh, go bhfuil dóthain acmhainní ag an ESB chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre san am atá le teacht.

TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is é tuairim na gComhaltaí Boird go bhfuil foireann chuntasaíochta a bhfuil an saineolas cuí acu fostaithe agus gur cuireadh acmhainní imleora ar fáil don fheidhm airgeadais lena chinntiú go gcomhlíontar dualgas an ESB ó thaobh leabhair chuntais chúí a choimeád. Coimeádtar leabhair chuntais an ESB ag 27 Sráid Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

AN TACHT TOGHCHÁIN, 1997


Ní dhearna an Bord aon shíntiús polaitiúil i rith na bliana.

FOCAL SCOIR

Cheadaigh an Bord an tuarascáil seo an 27 Feabhra 2013 le cur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Thar ceann an Bhoird



Lochlann Quinn, Cathaoirleach



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach
27 Feabhra 2013

18:04

FUINNEAMH CHUN TALLANN
NUA A FHORBAIRT



COMHALTAS COISTE AGUS TRÉIMHSE SEIRBHÍSE

Ainm

Ar an gcoiste ó:

COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA

Brendan Byrne, Cathaoirleach	Feabhra 2005
Seán Conlan*	Feabhra 2008
Garry Keegan*	Feabhra 2011

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

Ellvena Graham, Cathaoirleach	Aibreán 2011
John Coleman	Feabhra 2007
Sean Kelly	Feabhra 2011
Pat O'Doherty	Nollaig 2011
Noreen Wright	Meán Fómhair 2011

AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL

Tony Merriman, Cathaoirleach	Feabhra 2007
John Coleman	Feabhra 2007
Seamus Mallon	Bealtaine 2006
Sean Kelly	Eanáir 2012
Pat O'Doherty	Nollaig 2011

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS FEABHSÚCHÁIN FEIDHMÍOCHTA

Brendan Byrne, Cathaoirleach	Márta 2008
Dave Byrne	Feabhra 2011
Ellvena Graham	Feabhra 2011
Tony Merriman	Eanáir 2012

AN COISTE RIALÁLA

Noreen Wright, Cathaoirleach	Eanáir 2012
Seamus Mallon	Feabhra 2007
Dave Byrne	Márta 2012

AN COISTE LUACH SAOTHAIR AGUS FORBARTHA BAINISTÍOCHTA


Lochlann Quinn, Cathaoirleach	Feabhra 2008
Ellvena Graham	Eanáir 2012
Noreen Wright	Eanáir 2012

*Seán Conlan - ar scor 22 Deireadh Fómhair 2012


*Garry Keegan - ar scor 5 Meitheamh 2012

ROINNT STAITISTICÍ MAIDIR
LE COMHDHÉANAMH ÁR
MBORD:


NEAMHSPLÉACHAS AN BHOIRD



SEALBHÁIOCHT AR AN MBORD*



INSCNE AR AN MBORD*



* Príomhfheidhmeannach san áireamh

AN TUARASCÁIL AR BHAINISTÍOCHT RIOSCA

IS AR BHORD AN ESB ATÁ AN FHREAGRACHT IOMLÁN MAIDIR LE RIOSCAÍ AN GHRÚPA. CHUIGE SIN, TÁ CREAT FORIOMLÁN BAINISTÍOCHTA RIOSCA BUNAITHE AG AN MBORD, A AITHNÍONN, A MHEASANN AGUS A BHAINISTÍONN RIOSCAÍ SUNTASACHA DE CHUID AN ESB AR BHONN LEANÚNACH.

CREAT RIOSCA AN ESB

Tá an cur chuige glactha ag an mBord maidir lena dhualgais mhaoirseacht riosca bunaithe ar an gcreat foriomlán bainistíochta riosca a leagtar amach i dTuarascáil na gComhaltaí Boird ar leathanach 54. Sa chuid seo tá cur síos níos mionsonraí ar oibriú an chreata foriomlán riosca a bhfuil iontaoibh ag an mBord ann, ag leagan béime ar na príomhchodanna den chreat atá i bhfeidhm. Áirítear sa chuid seo freisin achoimre ar phríomhrioscaí an Ghrúpa agus na príomhstraitéisí maolaithe a chuirtear i bhfeidhm ag an mbainistíocht Feidhmiúcháin.

Comhlíonann creat bainistíochta riosca de chuid an ESB na ceanglais i ndáil le bainistíocht riosca a shonraítear in Alt 8.1 agus 8.2 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas do Chomhlachtaí Stáit arna nuashonrú in 2009. Tagann an creat leis an gcaighdeán Idirnáisiúnta do Bhainistíocht Riosca ISO 31000 freisin.

Tá an creat bainistíochta riosca a leagtar síos thuas bunaithe ar mhúnla Bainistíochta Riosca Fiontraíochta an Bhoird, a ghlac an ESB in 2005. Cuireann an Bhainistíocht Riosca Fiontraíochta cur chuige comhtháite ar fáil maidir le riosca agus is cleachtas bunaithe atá ann in ESB chun éiginnteacht a bhainistiú agus bagairtí a laghdú.

Tá bainistíocht riosca an ESB ceaptha le comhtháthú bainistíocht riosca chomh mór agus is féidir a bhaint amach sna gnáthphróisis ghnó. Forálann sé do riosca a aithint agus a mheasúnú, ar féidir a fhorfhéadú de réir mar is cuí.

BEARTAS BAINISTÍOCHT RIOSCA

Agus é á aithint aici go bhfuil riosca ina ghné ghníomhach den timpeallacht ina bhfeidhmíonn an ESB, tá an Cuideachta tiomanta do nochtheadh an Ghrúpa do riosca a bhainistiú go rathúil agus an tionchar atá aige ar ghnóthachtálacha gnó a laghdú.

Is é beartas an ESB go mbeidh bainistíocht riosca comhtháite le gnáthphróisis ghnó amhail pleanáil ghnó, anailís infheistíochta, bainistíocht tionscadail, bainistíocht oibriúcháin, agus tuairiscíú bainistíochta.

Mar sin éilíonn an ESB ar a lucht bainistíochta ag gach leibhéal go ndéanfar na nithe seo a leanas agus iad i mbun a gcuid gnó:

- Sainaitheint agus athbreithniú a dhéanamh ar gach riosca suntasach dá nochtfaí a réimse ghnó.
- Seachnaítear aon nochtheadh do riosca míréasúnta nó nach gá leis.
- Freagairt do rioscaí mar is cuí, bunaithe ar mheasúnuithe riosca, trí rialuithe agus mhaolaitheoirí ábhartha a chur i bhfeidhm.
- Monatóireacht agus tuairiscíú a dhéanamh ar an staid reatha riosca, agus ar an dul chun cinn in aghaidh gníomhartha maolaithe pleanáilte.

CREAT BAINISTÍOCHTA RIOSCA

D'fhonn tacú leis an mbeartas thuasluaite tá creat foriomlán bainistíochta riosca bunaithe ag an mBord, a aithníonn, a mheasann agus a bhainistíonn rioscaí suntasacha de chuid an ESB ar bhonn leanúnach. Cuimsítear sa chreat bainistíocht riosca na struchtúir chuí chun tacú le bainistíocht riosca, leis na freagrachtaí riosca a shannadh go foirmiúil, le nósanna imeachta agus córais maidir le riosca a aithint/a mheas/a thuairisc, chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht gníomhartha agus rialuithe maidir le maolú riosca.

Tá an creat bainistíocht riosca fódaite ar fud an Ghrúpa le blianta beaga anuas. Cuimsítear na nithe seo a leanas i bpríomhchodanna an chreata:

- Próisis chun rioscaí an Ghrúpa a aithint agus a chur in ord tosaíochta le cur faoi bhráid Lucht Bainistíochta agus an Bhoird;
- Modhanna monatóireachta le cinntiú go gcuirtear pleananna agus straitéisí maolaithe i bhfeidhm i gceart;

CUSPÓIRÍ RIOSCA

Áirítear seo a leanas i measc chuspóirí ár gcreat bainistíocht riosca

- Riosca a bhainistiú go leibhéal is inghlactha ag an mBord.
- Gnóthachtáil ár straitéise a uasmhéadú trínár rioscaí agus trínár ndeiseanna a bhainistiú ar fud an Ghrúpa.
- A chinntiú go gcuirtear bunphrionsabail na dea-bhainistíocht riosca leis an gcinnteoireacht ag gach leibhéal.
- Ardleibhéal feasachta agus rialaithe a chothú ag gach leibhéal den eagraíocht maidir leis na rioscaí a bhaineann le cuspóirí gnó an ESB a sheachadadh.

- Measúnachtaí leanúnacha chun aird a tharraingt ar threochtaí agus chun réimsí riosca nua agus cinn atá ag teacht chun cinn a aithint; agus
- Dearcadh an Ghrúpa maidir le riosca a chothú trí na tuairimí éagsúla maidir le riosca a chomhdhlúthú agus a ailíniú ar fud an Ghrúpa.

Cuidíonn Bainisteoir Riosca an Ghrúpa leis an mBainistíocht na codanna cuí den chreat a chur i bhfeidhm ar bhealach oiriúnach do gach réimse den ghnó. Déantar cothabháil ar an gcreat bainistíocht riosca i gcomhréir le beartas an ESB maidir le Riosca an Ghrúpa, arna fhaomhadh ag an mBord gach bliain.

AITHINT, MEASÚNÚ AGUS FREAGAIRT AR RIOSCA LE LINN 2012

Ar aon dul leis an gcreat bainistíocht riosca ar fud an Ghrúpa, rinne gach réimse gnó measúnachtaí riosca i rith 2012 chun a gcuid rioscaí straitéise, tráchtála agus oibriúcháin a mheas agus aontaíodh freagairtí a thabhairt do na rioscaí sin. I lár na bliana agus i dtreo dheireadh na bliana, rinne gach grúpa gnó nuashonrú ar a gcuid measúnachtaí riosca mar chuid den phróiseas tuairiscithe riosca leath-bhliantúil. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnachtaí riosca go lárnach ag na feidhmeanna corparáideacha agus ar gach mórthogra agus mórchlár.

TUAIRISCIÚ AGUS ATHBHREITHNÚ AR RIOSCA

Ag tús na bliana, aontaíodh le Cathaoirleach Choiste Iniúchta agus Riosca sceideal de mhíreanna sonracha riosca a ndéanfaí athbhreithniú orthu leis an mBord i rith 2012. Áiríodh ar na míreanna sin clúdach árachais, fonn riosca, leanúnachas gnó agus roinnt rioscaí sonracha HILP (Ardtionchar, Céim Íseal Dhóchúlachta) de chuid na Cuideachta. Rinneadh sceideal na míreanna riosca mar a aontaíodh ag tús na bliana a chomhlíonadh go hiomlán.

I mí Mheán Fómhair, réachtáil an Coiste Iniúchta agus Riosca seisiún ar leith a bhain le riosca, dar tugadh cuireadh chuig gach comhalta Boird. Clúdaíodh sa seisiún sin athbhreithniú cuimsitheach ar straitéisí maolaithe chun dul i ngleic leis an méid a leanas:

- Príomhrioscaí an Ghrúpa maidir le TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)
- na príomhrioscaí a bhaineann leis an nGnó Dháileacháin de chuid ESB Networks
- Rioscaí suntasacha a bhaineann le dualgais rialála an ESB, go háirithe na ceangail i ndáil le sonraí teicniúla agus seirbhísí a chur ar fáil do Ghinadóirí agus do Sholáthróirí sa mhargadh fuinnimh.


AN CREAT BAINISTÍOCHTA RIOSCA A CHOTHABHÁIL

Déanann an ESB monatóireacht dhian ar éifeachtacht leanúnach a chreat bainistíocht riosca i bhfianaise rioscaí agus dúshlán don Chuideachta atá ag teacht chun cinn. Déantar athbhreithniú bliantúil ar bheartas Riosca an Ghrúpa, ar struchtúir fhoriomlána an rialachais riosca agus ar an bpróiseas a leanann ar aghaidh maidir le measúnú leanúnach riosca agus formheadú riosca agus ceadáinn an Bord athruithe orthu sin de réir mar is gá.

I rith 2012, cuireadh roinnt feabhsúchán ar an bpróiseas i bhfeidhm lena n-áirítear:

- Rinneadh athbhreithniú ar bheartas riosca an Ghrúpa agus ar fhonn riosca i dteannta le forbairt straitéis nua an ESB.
- Neartaíodh agus méadaíodh ionadaíocht aonaid ghnó ar an gCoiste Riosca ar Leibhéal Feidhmiúcháin.
- Tar éis dó a bheith aontaithe leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca i mí Eanáir, cuireadh réimeas nua i bhfeidhm chun rioscaí a thuairisciú agus comhlíonadh go hiomlán é i rith na bliana.

IS PRÓISEAS LEANÚNACH Í AN BHAINISTÍOCHT RIOSCA



- Déantar measúnú agus aithint riosca bliantúil ar fud an Ghrúpa sa tríú ráithe i dteannta le planáil ghnó agus timthriall buiséid na bliana.
- Déantar athbhreithniú go ráithiúil ar stádas riosca agus ar straitéisí maolaithe.
- Tugtar breithmheas don Bhord go rialta i rith na bliana maidir leis an seasamh foriomlán ar fud an ghrúpa.

PRÍOMHRÍOSCAÍ AGUS STRAITÉISÍ MAOLAITHE

Rioscaí	Tionchar	Straitéisí Maolaithe
RIOSCAÍ SÁBHÁILTEACHTA & COMHSHAOIL		
Gortuithe don fhoireann, do na conraitheoirí agus don phobal i gcoitinne	Mar mhórchuideachta fónais fuinnimh, tá an ESB tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde mar chosaint i gcoinne an bhaol gortaithe don fhoireann, do na conraitheoirí agus don phobal go ginearálta.	Forfheidhmítear go dian beartais agus caighdeáin sábháilteachta an ESB, chun a sprioc dheiridh maidir le gortuithe a bhaint amach, is é sin gan gortú ar bith a bheith ann. Tá clár ceannaireachta sábháilteachta forleathan i bhfeidhm ar fud an ESB, a dtugann an Bord agus an bhainistíocht tacaíocht iomlán dó, chun aghaidh a thabhairt ar phríomhshaincheisteanna sábháilteachta. Tá baint ag an bhFoireann agus ag an mBainistíocht ar gach leibhéal le tabhairt faoi athbhreithnithe agus iniúchtaí sábháilteachta. Maidir le sábháilteacht an phobail, reáchtáiltear feachtais leanúnacha sa mhargaiocht díreach agus sna meáin chun feachtas an phobail a mhéadú maidir leis na rioscaí agus na contúirtí atá ann. Tá comhpháirtíocht straitéiseach ag an ESB leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun sábháilteacht leictreachais a fheabhsú sna hearnálacha tógála agus talmhaíochta.
An Comhshaol & Athrú Aeráide	Tá sé de chumas ag go leor gníomhaíochtaí ESB tionchar comhshaoil suntasach a bheith acu agus déantar iad a rialú le dlíthe náisiúnta agus dlíthe ábhartha de chuid an AE.	Tá rialú láidir agus iniúchadh rialta ar chomhlíonadh mar ghné de chórais cosanta comhshaoil ESB. Tá acmhainní suntasacha tugtha ag an nGrúpa chun dlíthe/rialacháin comhshaoil agus planála ábhartha a chomhlíonadh agus oibríonn sé i gcomhar leis na húdaráis go léir lena mbaineann.
RIOSCAÍ TRÁCHTÁLA & MARGAIDH		
Gníomh ó Iomaitheoirí	Tá iomaíocht láidir ag an nGrúpa ina chuid margai go léir. Tháinig bunathrú ar an margadh baile mar thoradh ar an leibhéal gníomhaíochta a bhí ag iomaitheoirí san earnáil soláthair baile.	Tá an ESB fós ag dul in oiriúint do na hathruithe sa mhargadh, d'iontrálaithe nua agus d'fhorbairtí ionchasacha in 2013 amhail is an díol atá pleanáilte do Bhord Gáis Energy agus an tIdirnas Thoir-Thiar. Glacann an ESB páirt i ngach comhairliúchán CER maidir le breis díralaithe sa mhargadh agus ar aon dul le ceaduithe CER, tá struchtúir agus córais nua curtha i bhfeidhm aige atá cuí don mhargadh iomaíoch. Cuireadh struchtúir nua eagraíochta i bhfeidhm in 2012, rinneadh dul chun cinn maith maidir lena hiontráil sa mhargadh gáis agus tá an Branda Electric Ireland bunaithe go seasmach anois. In 2013 leanfaidh an Cuideachta ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar straitéisí dinimiciúla i dtaobh táirge agus praghsála a thabharfaidh freagairt ar dhálaí margaidh atá ag athrú.
Dálaí Eacnamaíocha agus Margaidh	Cruthaíonn an timpeallacht mhaicreacnamaíoch atá i réim agus an éiginnteacht sna margai airgeadais rioscaí agus dúshlán do leibhéil brabúsachta an Ghrúpa agus b'fhéidir do sheachadadh spriocanna fáis agus infheistíochta an Ghrúpa.	Tá an ESB ag tabhairt aghaidh ar na rioscaí éagsúla agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis an timpeallacht eacnamaíoch reatha. Déanann ESB Group Treasury monatóireacht ghéar ar éiginnteacht sa mhargadh airgeadais a leanann ar aghaidh. Tá ár bpróiseas bainistíochta riosca tar éis cabhrú linn na rioscaí airgeadais mhéadaithe a aithint agus a bhainistiú. Aithnítear rioscaí feidhmíochta a bhaineann go sonrach le gach gnó ar leith i bpleananna riosca aonair, ina ndéantar pleanáil ar shainghníomhartha maolaithe agus déantar iad a shannadh. Mar chuid den phróiseas sin, bunaíodh struchtúir nua eagraíochta chun straitéis an Ghrúpa a sheachadadh, chun dul in oiriúint do struchtúir nua chostais agus chun freastal ar na dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht eacnamaíoch reatha. Tá clár laghdaithe costas na cuideachta a bhfuil an aidhm leis €280 milliún a bhaint den bhonn costais faoi 2015 ag déanamh dul chun chinn i dtreo a sprice.
Riosca Trádála	Tá luaineacht suntasach feicthe i bpraghsanna cumhachta in SEM, agus sna praghsanna breosla a d'íoc an Grúpa maidir lena ghníomhaíochtaí ginte leictreachais. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar phraghsanna cumhachta, breosla agus CO ₂ agus ag gluaiseachtaí coibhneasta idir praghsanna cineálacha éagsúla breosla ar bhrabús an ESB.	Tá straitéisí chuí imfhálaithe agus trádála glactha ag an ESB chun éiginnteacht agus luaineacht praghsais fhéideartha in SEM a bhainistiú. Glactar le conarthaí airgeadais agus cinnítí trádála ar aon dul leis an straitéis seo. Tá a bhfeidhmeanna trádála fuinnimh traidisiúnta láidirithe ag Aonaid Ghnó chun a cinnítí go dtuigtear go hiomlán seasaimh trádála leanúnacha SEM ina n-iomláine agus go mbainistítear iad. Ar aon dul le ceanglais imfhálaithe rialála, cothaíonn na haonaid ghnó atá rannpháirteach sa mhargadh SEM na córais, na struchtúir agus an cumas trádála cuí chun riosca in SEM a bhainistiú go héifeachtach. Tá na rialuithe agus bainistíocht riosca leabaithe a chlúdaíonn gníomhaíochtaí trádála a bhaineann leis na hAonaid Ghnó ábhartha faoi réir réimeas tuarascála agus rialachais dian, lena n-áirítear athbhreithniú rialta ag an Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa.
Maoiniú & Leachtacht	I measc na bpríomhréimsí riosca airgeadais atá ag an nGrúpa tá an nochtadh do rátaí malairte eachtraí, rátaí úis, maoiniú, riosca leachtachta, agus spleáchas ar rialuithe airgeadais agus oibriúcháin gaolmhara. Baineann an riosca seo le cumas leanúnach an ESB dóthain maoiniú a fháil ar chostas cuí d'infheistíochtaí pleanáilte agus chun méadracht chreidmheasa an ESB a choinneáil laistigh de spriocanna rátála.	Tá Group Treasury freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa, lena n-áirítear trádáil ionstraimí díorthacha ar leith chun na rioscaí seo a mhaolú. Déanann an Bord athbhreithniú, leasú agus faomhadh go rialta agus de réir mar is cuí ar bheartais agus ar nósanna imeachta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí cistíochta/airgeadais. Lean an ESB ar aghaidh le ciste a chruinniú go rathúil in 2012. D'eisigh an ESB dhá Eurobond tagarmhairc i mí Mhéan Fómhair agus mí na Samhna ar fiú €1.1 billiún iad san iomlán ag téarmaí aibíochta agus costais mheasctha de 6 bhliain agus ráta 5.5%. Cothaíonn ESB straitéis maoinithe fhoriomlán lena dtugtar aird ar choinniollacha an mhargaidh agus atá feiliúnach do spriocanna agus do phlean straitéiseach an ESB. Is é beartas an Ghrúpa ard-leachtacht a choinneáil chun riachtanais maoinithe a chomhlíonadh go ceann níos faide ná bliain amach anseo, agus chun teacht ar mhaoiniú ó raon éagsúil margai. Tá seasamh an-láidir ag an gCuideachta ó thaobh leachtachta. Lean Group Treasury ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar na margai agus measfar tuilleadh beart a dhéanamh in 2013 i ndiaidh na n-eisiúintí suntasacha Banna a bhí ann in 2012.
Pinsin an ESB	Am dúshlánach atá ann fós do na Cistí Pinsean mar gheall ar an luaineacht leanúnach sna margai airgeadais, na dálaí eacnamaíocha reatha agus an tobhach pinsin forchurtha ar an uile Chiste Pinsin.	Cheadaigh an Bord Pinsin plean maoinithe na Scéime i ndáil leis an Íoschaighdeán Cistiúcháin (MFS). Léiríonn an t-athbhreithniú leanúnach achtúireach go bhfuil an scéim ar comhardú go ginearálta agus leantar ar aghaidh le monatóireacht ghéar a dhéanamh ar fheidhmíocht infheistíochta.

Rioscaí

Tionchar

Straitéisí Maolaithe

RIOSCAÍ RIALÁLA

Comhlíonadh agus Athruithe sa Mhargadh	Tagann na príomhrioscaí rialála atá os comhair an Ghrúpa ó chomhlíonadh ceadúnais, riachtanais imfhálaithe, tionchar atá ag athbhreithnithe rialaithe praghsanna, agus creat rialála an AE atá ag athrú. Tá raon míreanna rialála a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ghníomhaíochtaí an ESB a bhfuil cinneadh nó athbhreithniú le déanamh maidir leo in 2013. Áirítear orthu sin ceadú do dheimhniú maidir leis na socraithe tarchuir atá ag NIE agus ag Poblacht na hÉireann de réir Airteagal 9(9); an ardleibhéal dearaidh le haghaidh REM (Margadh Réigiúnach Leictreachais); agus an tAthbhreithniú ar Phraghsanna de chuid NIE - RP5.	Déanann an ESB bainistiú ar na rioscaí sin trí fhoireann tiomanta Gnóthaí Rialála a thugann ionchur leanúnach chun córais rialála, trádála agus praghsála a fhorbairt agus déanann sí monatóireacht freisin ar chomhlíonadh riachtanais rialála agus ceadúnais an Ghrúpa. Bíonn cur chuige struchtúrtha forghníomhach ag an ESB maidir lena chomhairliúcháin leis na húdaráis rialála i ndáil le forbairt sa mhargadh.
---	--	---

RIOSCAÍ OIBRIÚCHÁIN

Riosca Feidhmíochta Gléasraí	Teip maidir leis an spriocfeidhmíocht a bhaint amach agus infhaighteacht gléasra ginte reatha trí dhamáiste do ghléasra an ESB, teagmhais agus clistí.	Laghaítear rioscaí den sórt sin do ghléasra trí chórais fadhbunaithe ag an ESB a thugann aghaidh ar chothabháil agus sábháilteacht gléasra, ar nósanna imeachta feidhmíochta agus teicniúla agus ar oiliúint foirne. Tá conarthaí árachais cuí i bhfeidhm freisin ag an nGrúpa chun cosaint i gcoinne chaillteanas airgeadais ó bhristeacha soláthair a tharlaíonn mar thoradh ar dhamáiste do ghléasra. Ba é 89% leibhéal infhaighteacht an ghléasra.
Feasacht agus Scileanna	Tá an ESB ag brath go mór ar inniúlacht theicniúil na bainistíochta/na foirne. Ní mór don Ghrúpa ardchaighdeán inniúlachta a chothú i réimsí nua agus réimsí atá i mbun forbartha sa ghnó. Aithníonn an Grúpa freisin an gá le leibhéil scileanna a chothú i gcomhthéacs na laghdaithe agus athruithe poist suntasacha i líon foirne a d'eascair as an atheagrú in 2012 agus as an scéim VS.	Tá an ESB tiomanta an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a theastaíonn i gcomhair leibhéil arda iomaíochais a chothú i margadh na hÉireann agus thar lear. Chuige sin, leanann sé ar aghaidh ag déanamh infheistíochta i bhforbairt agus oiliúint foirne agus i bhfeabhsú feidhmíochta go leanúnach, go háirithe i gcomhthéacs bhainistiú daoine, agus teicneolaíochtaí nua amhail méadrú cliste, foinsí in-athnuaite, feithiclí leictreacha, agus eangacha cliste.
Próisis Ghnó agus córais TF	Le próisis Riosca Fiontraíochta an ESB sainmhínítear rioscaí oibriúcháin agus tugtar aghaidh orthu (ag méadú nuair is cuí sin) a bhféadfadh damáiste do chlú nó caillteanais a bheith mar thoradh ar earráidí nó easnaimh i bpróisis ghnó agus córais TF an Ghrúpa.	Tá gach Aonad Gnó freagrach as riosca oibriúcháin a theorannú agus a bhainistiú taobh istigh dá réimse freagrachta trína chinntiú go bhfuil gnáthaimh dea-thaifeadta, córais TF iontaofa agus rialuithe inmheánacha sásúla i bhfeidhm. Ó thaobh an Ghrúpa de, is é an Príomhoifigeach Faisnéise atá freagrach as straitéis fhoriomlán TF an ESB, lena n-áirítear socruithe rialachais maidir le slándáil/iontaofacht an bhonneagair agus na gcórais TF. Tá na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialachas TF, faoi réir ag iniúchadh inmheánach agus seachtach. Tugtar aird ar na rioscaí oibriúcháin féideartha a aithnítear sa chreat bainistíochta riosca le planáil chlár iniúchta inmheánaigh an Ghrúpa.
Infheistíochtaí / Riosca i leith Togra a Chur i gCrich	Tá an ESB ag déanamh infheistíochtaí suntasacha caipitil i mbonneagar Gréasáin agus i nGléasra Giniúna. Dá dteipí ar thograí caipitil a chur i gcrích laistigh d'am agus de bhuiséad, d'fhéadfadh caillteanas caipitil nó neamhsheachadadh tuairisceáin an Phlean Gnó a bheith mar thoradh air sin.	Cinntíonn an ESB go mbíonn bainistíocht tionscadail / formheas seachadta curtha i bhfeidhm go tréan i ngach mórtogra. Déantar athbhreithnithe go rialta ar oiriúnacht chásanna gnó, dhálaí margaigh agus uainiú infheistíochtaí.
Athrú a sheachadadh go rathúil	Níor seachadadh iomlán na mbuntáistí a bhaineann leis na cláir athraithe chomhaontaithe, nó cuireadh moill orthu.	Tá an ESB ag díriú go leanúnach ar iomaíochas foriomlán costais a fheabhsú agus na spriocanna feabhsúcháin costais atá fanta dá Chlár Feabhsúcháin Feidhmíochta ar aontaíodh leis in 2012 a sheachadadh. Tá spriocanna dúshlánaigh an chlár seo fós i bhfeidhm mar is ceart agus táthar ag súil go gcomhlíonfar iad go luath in 2013. Cuireadh struchtúir nua Eagraíochta i bhfeidhm ó Mheán Fómhair i leith, agus seoladh scéim iomarcaíochta deonaí a thug laghdú suntasach i líon foirne faoi dheireadh na bliana mar thoradh uirthi. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar athruithe suntasacha in TF agus i bpróiseas gnó chun tuilleadh éifeachtúlachta a thabhairt isteach ar fud an Ghrúpa. Mar chuid den athbhreithniú straitéiseach le linn 2012, forbraíodh straitéis nua maidir le Daoine a chuirfear i bhfeidhm in 2013, agus a dhíreoidh ar Rannpháirteachas Lucht Oibre agus ar Chultúr Ardfeidhmíochta a fhorbairt.
Clú agus Seasamh i súile an phobail	D'fhéadfadh aon damáiste d'iomhá agus d'inchreidteacht an ghrúpa, nó damáiste dá sheasamh lena chuid custaiméirí agus príomhghcearrsealbhóirí a bheith ina riosca do dhea-chlú agus d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar chumas an ghrúpa gnó a choinneáil agus a chruthú. Féadfaidh go n-eascródh a leithéid de dhamáiste as sárú iontaobhe, muinín nó caidrimh ghnó. Tá sé tábhachtach go gcosnaítear dea-chlú an ghrúpa ionas go mbéidh rath leanúnach air.	Mar chuid den phróiseas ERM, tá gach aonad gnó freagrach as na rioscaí uile do dhea-chlú a d'fhéadfadh tarlú laistigh dá réimse gnó faoi seach a aithint, a mheas agus a chinneadh. Maidir le rioscaí den sórt sin meastar an tionchar ar dhea-chlú i dteannta le tionchar airgeadais nó tionchair eile. Déantar cúrsaí a aithnítear ar leibhéal Aonaid Ghnó mar riosca clú don ghrúpa a thuairisciú agus a fhorhéadú de réir mar is gá trínár bpróiseas tuairiscithe riosca ERM. Dá dtarlódh teagmhas riosca, tá próisis bhainistíocht géarchéime an Ghrúpa deartha chun tionchar chlú an teagmhais a íoslaghdú. Tá foirne bainistíocht géarchéime i bhfeidhm ag leibhéal Corparáideach agus ag leibhéal aonaid ghnó araon chun aon teagmhas den sórt sin a bhainistiú go héifeachtach. Áirítear leis sin a chinntiú trínár seirbhís do Chumarsáid Chorporáideach go gcaithfear go cothrom le dearcadh an Ghrúpa sna meáin.

01
FORBHREATHNÚ
GNO02
ATHBHREITHNÚ OIBRIÚCHÁIN
& AIRGEADAIS03
FREAGRACHT SHÓISALTA
CHORPARAIDEACH04
RIALACHAS
CORPARAIDEACH05
RÁITIS
AIRGEADAIS



SA ROINN SEO

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird	64
Tuarascáil Iniúcháirí Neamhspleácha	65
Ráiteas faoi na Polasaithe	
Cuntasaíochta	66
Ráitis Airgeadais	74
An tAcht um Íoc Pras Cuntas	132

20:25

FUINNEAMH CHUN
AM TEAGHLAIGH A CHOITHÚ

05 RÁITIS AIRGEADAIS

CLÁR NA N-ÁBHAR

Ráiteas ar fhreagrachtaí na gcomhaltaí Boird	64
Tuarascáil an iniúchóra neamhspleáigh do stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB)	65
Ráiteas na bpolasaithe cuntasaióchta	66

RÁITIS AIRGEADAIS:

Ráiteas ioncaim an Ghrúpa	74
Ráiteas an Ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach	75
Clár comhardaithe an Ghrúpa	76
An mháthairchlár comhardaithe	77
Ráiteas an Ghrúpa maidir le hathruithe ar chothromas	78
Ráiteas na máthairchuideachta maidir le hathruithe ar chothromas	79
Ráiteas faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa	80
Ráiteas faoi shreabhadh airgid na máthairchuideachta	81

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS:

1 Tuairisciú de réir deighleoige	82
2 Faisnéis gheografach	84
3 Míreanna eisceachtúla	84
4 Ioncam/ (costas) oibriúcháin eile	84
5 Costais oibriúcháin	85
6 Glanchostais mhaoinithe agus táillí airgeadais eile	85
7 Fostaithe	86
8 Brabús don bhliain airgeadais	87
9 Maoin, gléasra agus trealamh	88
10 Sócmhainní doláimhsithe	90
11 Cáilmheas	92
12 Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais	93
13 Fardail	95
14 Infháiltais trádála agus eile	96
15 Airgead tirim agus coibhéisí airgid	98
16 Cothromas	98
17 Cánachas	99
18 Iasachtaí agus fiachas eile	103
19 Ionstraimí airgeadais diorthaigh	107
20 Dlíteanais phinsin	110
21 Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin agus dlíteanais a bhaineann le fostaithe	113
22 Suimeanna iníochta trádála agus eile	114
23 Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais	115
24 Forálacha	116
25 Bainistíocht riosca airgeadais agus luach cóir	118
26 Ceangaltais agus teagmhais	126
27 Bearta le páirtithe gaolmhara	127
28 Meastacháin agus breithiúnais	128
29 ESB ESOP Trustee Limited	128
30 Imeachtaí ina dhiaidh sin	128
31 Faomhadh na gcuntas	128
32 Fochuideachtaí, comhfhiontair agus comhlaigh	129

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

TÁ COMHALTAÍ AN BHOIRD FREAGRACH AS TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA AGUS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA A ULLMHÚ.

Ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird faoi na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go 2004 ráitis airgeadais a ullmhú don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta i gcás gach bliain airgeadais. Faoi rialacháin rialaithe ESB (na "Rialacháin"), ar glacadh leo de bhun na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ní mór don Bhord tuarascálacha agus ráitis airgeadais a réiteach de réir mar is gá, agus de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2012 ("Achtanna na gCuideachtaí") ar an gcaoi chéanna le cuideachta arna bhunú faoi Achtanna na gCuideachtaí. Ina theannta sin, réitigh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) arna nglacadh ag an AE, agus arna gcur i bhfeidhm de réir Achtanna na gCuideachtaí.

Ní mór faoin dlí go dtabharfadh ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fírinneach cóir de staid ghnóthaí na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa ag deireadh na bliana airgeadais, agus de bhrabús agus/nó cailiteanas na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa don bhliain airgeadais. De bhun IFRS, arna ghlacadh ag an AE, ní mór do na ráitis airgeadais seasamh agus feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a chur i láthair go cóir.

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta araon ar leathanaigh 74 go 131 á n-ullmhú acu éilítear ar Chomhaltaí an Bhoird:

- > Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- > Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- > Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Grúpa agus an Mháthairchuideachta i mbun gnó.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil a thaifeadann agus a mhíníonn idirbhearta an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta go cruinn, a nochtann seasamh airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAchtanna na gCuideachtaí agus a fhágann gur féidir cuntais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a iniúchadh go furasta agus go cóir. Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as na céimeanna cóir a ghlacadh atá oscailte go réasúnach dóibh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a aithint.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird a réiteach a chomhlíonann ceanglais Achtanna na gCuideachtaí.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as an bhfaisnéis airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa a choinneáil slán. D'fhéadfadh difir a bheith idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird



Lochlann Quinn Cathaoirleach



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach
27 Feabhra 2013

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH DO STOC SHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB)

Inár n-iniúcháirí dúinn arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha le toiliú an Aire Airgeadais, faoi Alt 7 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, tá iniúcháireacht déanta againn ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Mháthairchuideachta Bhord Soláthair an Leictreachais (na "ráitis airgeadais") don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 lena n-áirítear ráiteas ioncaim an Ghrúpa, ráiteas an Ghrúpa ar ioncam cuimsitheach, clár chomhardaithe an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, ráitis an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta maidir le hathruithe ar chothromas, ráitis faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, ráiteas na bpolasaithe cuntasáiochta agus na nótaí a théann leo. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus, maidir le ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2012.

Is le stocshealbhóirí ESB amháin, ina chomhlacht dó, a dhéantar an tuarascáil seo de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990, agus feidhm leis i gcás ESB de thairbhe na Rialachán atá glactha chuige féin aige mar rialacháin rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, arna leasú leis an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháireachta a lua le stocshealbhóirí ESB agus chun na críche sin amháin. Chomh fada is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith aon duine eile ach amháin ESB agus a chuid stocshealbhóirí, mar chomhlacht, as an obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo againn nó as na tuairimí ar thángthas orthu.

FREAGRACHTAÍ FAOI SEACH NA GCOMHALTAÍ BOIRD AGUS AN INIÚCHÓRA

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird leagtha amach ar leathanach 64, tá na Comhaltaí Boird freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léiriú fireannach cóir a thabhairt. Is é an fhreagracht atá orainne iniúcháireacht a dhéanamh agus tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

SCÓIP AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá sé i gceist le hiniúchadh fianaise leordhóthanach a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais chun deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar: oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta do chás an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus cibé an deamadh iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus a nochtadh go himleor; agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta suntasach a rinne na stiúthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha, breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil.

TUAIRIM AR RÁITIS AIRGEADAIS

Is é ár dtuairim:

- gur léiriú firinneach cóir iad ráitis airgeadais an Ghrúpa, de réir IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE, ar ríocht chúrsaí an Ghrúpa mar a bhí an 31 Nollaig 2012 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch an dáta céanna;
- go dtugann clár comhardaithe na Máthairchuideachta léiriú firinneach cóir de réir IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2012, arna gcur i bhfeidhm faoi na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ar ríocht chúrsaí na Máthairchuideachta mar a bhí an 31 Nollaig 2012; agus
- gur ullmháidh na ráitis airgeadais i gceart de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963-2012 arna gcur chun feidhme leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927-2004, agus maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus Alt 4 de na Rialacháin IAS.

CEANGLÁITEAR ORAINN, LE HACHTANNA NA GCUIDEACHTAÍ 1963- 2012, TUAIRISCIÚ FAOI NA NITHE SEO

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar ba ghá chun críche ár n-iniúcháireachta.

Inár dtuairim, choimeád an Máthairchuideachta leabhair chuntas chuí, agus comhaontaíonn clár comhardaithe na Máthairchuideachta leo. Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i

dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus an cur síos sa ráiteas rialachais chorparáidigh bliantúil ar na gnéithe is mó de na córais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíochta riosca i ndáil leis an bpróiseas um ullmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite an Ghrúpa ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

NITHE A CHEANGLÁITEAR ORAINN A THUAIRISCIÚ TRÍ EISCEACHT

Níl aon rud le tuairiscíú againn i ndáil leis an méid seo a leanas:

Faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2012 ceanglaítear orainn tuairiscíú díbh, mura nochtar, inár dtuairimne, luach saothair Chomhaltaí an Bhoird agus idirbhearta dá gcuid atá sonraithe de réir dlí.

Faoi nGód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit ('an Cód') ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt duit mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a cheanglaítear faoin gCód, arna áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar leathanaigh 50-55, go gcloíonn an Grúpa le mír 13.1(iii) den Chód nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht lena bhfuil ar eolas againn ónár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid más amhlaidh nach bhfuil.

Ar iarratas ó Chomhaltaí an Bhoird, athbhreithnímid:

- ráiteas chomhaltaí an bhoird, a leagtar amach ar leathanaigh 50 go dtí 55, i ndáil le gnóthas leantach;
- an chuid den Ráiteas ar Rialachas Corparáideach a bhaineann le comhlíonadh an Ghrúpa leis na naoi bhforáil de Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe agus leis an dá fhoráil d'Iarscríbhinn Rialachais Chorparáideigh na hÉireann a shonraítear dár n-athbhreithniú;
- na sé gnéithe sonraithe de nochtadh luach saothair chomhaltaí an bhoird sa tuarascáil ón mBord do scairshealbhóirí.

Patricia Carroll

Ar son agus thar ceann KPMG
Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúcháireachta
Reachtúil
Baile Átha Cliath, Éire
27 Feabhra 2013

RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. BONN ULLMHÚCHÁIN

Is corparáid reachtúil é ESB a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB amhail an 31 Nollaig 2012 agus don bhliain sin cuntais na Máthairchuideachta agus a fochuideachtaí (a dtagraítear dóibh le chéile mar “ESB” nó “an Grúpa”) agus leasanna an Ghrúpa i gcomhlaigh agus in aonáin a ndéantar iad a chomhrialú.

Ullmhaítear ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite faoi IFRS (Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta) arna nglacadh ag an AE (IFRS an AE) agus, i gcás na Máthairchuideachta, arna bhfeidmiú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2012. Tá foráil in Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2012, chun díolúine a thabhairt do Máthairchuideachta a chuireann a ráitis airgeadais aonair i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais chomhdhlúite, as ráiteas ioncaim agus ráiteas ioncaim cuimsitheach na Máthairchuideachta a fhoilsiú atá mar chuid de ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a ullmhaítear agus a cheadaítear de réir na nAchtanna. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS sin agus léirmhínte IFRIC arna n-eisiúint agus le héifeacht do thréimhsí cuntasaithe dar críoch an 31 Nollaig 2012 nó roimhe.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin ionstraimí airgeadais díorthaigh agus infheistíochtaí sócmhainní airgeadais áirithe a thomhaistear ag luach cóir.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, agus tá gach faisnéis airgeadais a cuireadh in euro tugtha go dtí an míle is gaire, ach amháin má luaitear a mhalairt.

Éilítear ar an mbainistíocht agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS an AE breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus glacadh le toimhdí a théann i gcion ar chur i bhfeidhm na mbeartas agus ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dlíteanais, ioncam agus costais. Bíonn meastacháin agus toimhdí bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca éagsúla a mheastar réasún a bheith leo de réir chúinsí an cháis.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na meastacháin agus ar na toimhdí is bonn leo sin. Pléitear breithiúnais a dhéanann an bhainistíocht agus IFRS an AE á chur i bhfeidhm a mbíonn éifeacht shuntasach acu ar na ráitis airgeadais agus meastacháin a bhfuil baol suntasach ag rith leo go mbeadh coigeartú ábhartha á dhéanamh maidir leo sa bhliain dar gcionn i Nóta 28 leis na ráitis airgeadais.

Cuireadh na beartais a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhleanúnach ar na blianta go léir a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir aonáin an Ghrúpa i bhfeidhm go comhleanúnach iad – seachas maidir le (i) caighdeán nua a ghlacadh mar atá leagtha amach thíos, agus (ii) ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíochta (féach Cuid 12 de na beartais thíos).

Measann comhaltaí an bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint i mbun oibre go ceann i bhfad. Ullmhaítear na ráitis airgeadais dá bhrí sin ar bhonn ghnóthais leantaigh. Tá tuilleadh sonraí maidir le seasamh leachtach an Ghrúpa ar fáil i Nóta 18 de na ráitis airgeadais.

2. BONN COMHDHLÚTHAITHE

Déanann ráitis airgeadais an Ghrúpa comhdhlúthú ar ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus na bhfochuideachtaí uile mar aon le scair an Ghrúpa de na torthaí agus glansócmhainní na gcomhlach agus na gcomhfhiontar arna ríomh go dtí an 31 Nollaig 2012. Cuirtear torthaí na ngnóthas fochuideachta a ndéantar éadail nó diúscairt orthu le linn na bliana san áireamh i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta na héadála nó go dtí dáta na diúscairthe.

Cuntasaíocht do theaghlaim ghnó

Déantar cuntasaíocht do theaghlaim ghnó ag baint úsáide as an modh éadála amhail ar an dáta éadála, arb é an dáta a aistrítear an rialú chuig an nGrúpa. Is é is rialú ná an chumhacht chun beartais airgeadais agus oibriúcháin de chuid aonáin a rialú chun tairbhe a bhaint as a chuid gníomhaíochtaí. Agus rialú á mheasúnú aige, cuireann an Grúpa san áireamh cearta vótála féideartha atá infheidhmíte faoi láthair.

Éadálacha ar an 1 Eanáir 2010 nó dá éis

Ón 1 Eanáir 2010 d'fheidhmigh an Grúpa IFRS 3 Teaghlaim Ghnó (2008) i gcuntasaíocht do theaghlaim ghnó. Ón dáta sin ar aghaidh, déanfaidh an Grúpa cáilmheas a mheas ag an dáta éadála mar seo:

- luach cóir na comaoine a aistríodh; agus
- an méid aitheanta d'aon leasanna neamh-urlámhais san aonán éadálte; agus má baineadh amach an teaghlaim ghnó i gcéimeanna, luach cóir an leasa cothromais reatha san aonán éadálte; lúide
- méid glan aitheanta (luach cóir) na sócmhainní inaitheanta a fuarthas agus na ndlíteanas a glacadh.

Nuair a bhíonn an farasbarr diúltach, aithnítear ceannach sladmhargaidh láithreach i mbrabús nó cailíteanas.

Costais a bhaineann leis an éadail, seachas iad sin a bhaineann le heisiúint fiachais nó urrúis chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i dtaca le teaghlaim cuirfeair san áireamh iad mar chostais de réir mar a thabhaítear iad.

Éadálacha idir 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010

Maidir le héadálacha idir 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010, is ionann cáilmheas agus farasbarr chostas na héadála ar leas an Ghrúpa i méid aitheanta (luach cóir) shócmhainní, dhlíteanas agus dhlíteanas teagmhasach inaitheanta an aonáin éadálte. Nuair a bhí an farasbarr cáilmheasa diúltach, aithníodh ceannach sladmhargaidh láithreach i mbrabús nó cailíteanas. Costais idirbhirte, seachas iad siúd a bhaineann le heisiúint fiachais nó urrúis chothromais, a thabhaigh an Grúpa i dtaca le teaglamaí gnó déanadh iad a chaipitliú mar chuid de chostas na héadála.

Éadálacha roimh 1 Eanáir 2004 (dáta an aistrithe chuig IFRSanna)

Mar chuid dá aistriú go dtí IFRSanna, roghnaigh an Grúpa gan ach na teaglamaí gnó a tharla ar nó tar éis 1 Eanáir 2003 a athshonrú. Maidir le héadálacha roimh an 1 Eanáir 2003, is ionann cáilmheas agus an méid a aithníodh faoi chreat cuntasaíochta an Ghrúpa roimhe sin, GAAP na Ríochta Aontaithe.

Fochuideachtaí

Is ionann fochuideachtaí agus aonáin faoi rialú ESB. Bítear faoi rialú nuair atá sé de chumhacht ag an nGrúpa, go díreach nó go hindíreach, beartais airgeadais agus oibriúcháin de chuid aonáin a rialú chun tairbhe a bhaint as a chuid gníomhaíochtaí. Cuirtear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a dtosaíonn an rialú go dtí an dáta a dtagann deireadh leis an rialú. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, tugtar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar costas lúide aon mhuirir lagaithe.

Comhfhiontair

Is ionann gnóthais comhfhiontair (comhfhiontair) agus gnóthais a bhfuil rialú conarthachta ag ESB orthu i gcomhar le páirtí eile.

Déantar an chuntasaíocht maidir le comhfhiontair trí mhodh cuntasaíochta an chothromais. Cuirtear sciar an Ghrúpa de bhrabús iarchánachais na gcomhfhiontair san áireamh sa ráiteas ioncam comhdhlúite tar éis ús agus muirir airgeadais a bheith tógtha san áireamh. Léirítear sciar an Ghrúpa de mhíreanna d'ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach. Cuirtear leas an Ghrúpa maidir le glansócmhainní nó dliteanais chomhfhiontair san áireamh mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar an gclár comhardaithe comhdhlúite ag suim a léiríonn sciar an Ghrúpa de luachanna córa na nglansócmhainní ar a n-éadail móide cáilmheas, lúide aon lagú, agus sciar an Ghrúpa den ioncam agus de na costais coinneithe iar-éadála.

Ríomhtar na suimeanna sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i leith thorthaí iar-éadála comhfhiontair ó na ráitis airgeadais iniúchta is deireanaí dá gcuid arna dtabhairt i leith go dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, tugtar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar costas lúide aon mhuirir lagaithe.

Comhlaigh

Aonáin seachas comhfhiontair agus fochuideachtaí ina mbíonn leas rannpháirteach ag an nGrúpa, agus a mbíonn an Grúpa in ann tionchar suntasach a imirt ar a bpolasaithe oibriúcháin agus airgeadais, tugtar cuntas orthu mar chomhlaigh ag baint úsáide as an modh cothromais agus áirítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a mheastar go dtáinig tionchar suntasach chun cinn go dtí an dáta go dtáinig deireadh le tionchar den sórt sin.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, tugtar infheistíochtaí i gcomhlaigh ar costas lúide aon mhuirir lagaithe.

Idirbhearta a díchuireadh ar chomhdhlúthú

Díchuirtar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa, agus aon ioncam nó costais neamhréadaithe a eascraíonn as idirbhearta inghrúpa, agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le hinstiúidí infheistiúcháin a úsáideann modh cuntasaíochta an chothromais a dhíchur i gcoinne na hinfeistíochta, a mhéid a bhfuil leas ag an nGrúpa san instiúid infheistiúcháin. Díchuirtar caillteanais neamhréadaithe ar an mbealach céanna le gnóthachain neamhréadaithe, ach amháin a mhéid nach bhfuil aon fhianaise ar lagú.

3. CAIGHDEÁIN AGUS LÉIRMHÍNITHE NUA NACH BHFUIL GLACTHA FÓS

Maidir le glacadh na gcaighdeán nua eile (mar atá leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil 2011) a tháinig in éifeachtach do ráitis airgeadais an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2012, ní raibh aon tionchar suntasach aige ar ráitis airgeadais an Ghrúpa nó na cuideachta.

Tá roinnt caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeán agus léirmhínte nach bhfuil éifeachtach fós don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú.

Leasú ar IAS 19: Sochair Fostaithe

I mí an Mheithimh 2011, d'fhoilsigh an IASB leagan leasaithe de IAS 19 Sochair Fostaithe. Ní mór an leasú a ghlacadh le haghaidh tréimhsí bliantúla ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 agus go ginearálta feidhmíonn sé go cúlgabhálach. Tá scéim sochair shainithe i leith gach fostaí incháilithe á feidhmiú ag Northern Ireland Electricity Limited ('NIE'), fochuideachta faoi úinéireacht iomlán ag an nGrúpa. Is é an tionchar is mó a bheidh ag an leasú seo ar an nGrúpa ná an costas glanúis (nó ioncam) ar ghlandliteanas (sócmhainn) an phinsin le sochair sainithe don tréimhse a chinneadh. Déanfar an costas/(ioncam) glanúis a chinneadh tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun oibleagáid an tsochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse bliantúla a chur i bhfeidhm ar ghlandliteanas/(sócmhainn) an tsochair shainithe ag tús na tréimhse bliantúla. Cuimsíonn an glanús ar an nglanliteanas sochair shainithe:

- costas úis ar an dualgas sochair shainithe; agus
- ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Roimhe seo rinne an Grúpa an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean a chinneadh ar bhonn a ráta fáltais fadtéarmach ionchais.

Maidir le glacadh an leasaithe ar IAS 19, meastar go méadóidh sé an costas sochair shainithe a aithnítear i mbrabús nó caillteanas, le laghdú comhfhreagrach ar chaillteanas atomhais phlean an tsochair shainithe a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile faoi €1.1 milliún don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012. Níltear ag súil go mbeidh tionchar ar ghlansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012 nó 31 Nollaig 2013 ag an athrú sa bheartas cuntasaíochta.

RÁITEAS FAOI PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA AR LEAN

Caighdeán nua eile

Níltear ag súil go mbeidh tionchar ábhartha ag na caighdeáin, leasuithe agus léirmhínte nua seo ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite atá curtha i bhfeidhm cheana féin nó atá fós á meas

Caighdeán/léirmhíniú cuntasáiochta	Dáta éifeachtach ¹
Níltear ag súil go mbeidh tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite	
IAS 1 (Leasú) – Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais	1 Iúil 2012
Feabhsuithe bliantúla ar thimthriall IFRS 2009 – 2011 – caighdeáin éagsúla	1 Eanáir 2013
IAS 27 (Leasú) – Ráitis Airgid Chomhdhlúite agus ar Leith (1 Iúil 2009)	1 Eanáir 2014
IFRS 7 (Leasú) – Nochtadh: fritháireamh sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais	1 Eanáir 2013
IFRS 13 – Tomhas Luach Cóir	1 Eanáir 2013
IAS 28 (Leasú) – Infheistíochtaí i gComhligh agus i gComhfhiontair	1 Eanáir 2014
Aonán infheistíochta (Leasuithe ar IFRS 10, 12 agus IAS 27)	1 Eanáir 2014*
Fós faoi mheasúnú	
IFRS 10 – Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	1 Eanáir 2014
IFRS 11 – Comhshocruithe	1 Eanáir 2014
IFRS 12 – Leasanna in Aonán Eile a Nochtadh	1 Eanáir 2014
Treoir maidir le haistriú (leasuithe ar IFRS 10, 11, 12)	1 Eanáir 2014
IAS 32 (Leasú) – Fritháireamh Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanas Airgeadais	1 Eanáir 2014
IFRS 9 – Ionstraimí Airgeadais	1 Eanáir 2015*

* Gan bheith formhuiníte ag an AE tráth a faomhadh na ráitis airgeadais

¹ Is iad na dátaí éifeachtacha iad siúd a bhaineann le IFRS formhuiníte ag an AE más déanaí ná na dátaí éifeachtacha IASB

4. AIRGEADRAÍ COIGRÍCHE

Ullmhaítear na ráitis airgeadais seo in euro, arb ionann é agus airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta.

Idirbhearta airgeadra coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn i réim ar na dátaí sin a ndéantar na hidirbheartaíochtaí. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanas airgeadais dá thoradh sin de réir an ráta atá i réim ar dháta an chlár chomhardaithe agus déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe sa ráiteas ioncain. Luaitear sócmhainní agus dliteanas neamhairgeadais ar a gcostas stairiúil agus ní dhéantar ath-aistriú ina dhiaidh sin orthu.

Glaninfheistíochtaí in oibríochtaí coigríche

Déanann gach aonán sa Ghrúpa cinneadh maidir lena airgeadra feidhmeach féin agus tomhaistear míreanna a chuimsítear i ráitis airgeadais gach aonán dá réir san airgeadra sin. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, aistrítear glaninfheistíochtaí an Ghrúpa i bhfochuideachtaí, i gcomhfhiontair, i gcomhligh thar lear agus sa cháilmheas a théann leo de réir an ráta atá i réim ar dháta an chlár chomhardaithe. Sa chás go bhfuil iasacht idirghrúpa déanta don fhadtearma agus nach bhfuil a aisíoc pleanáilte agus nach bhfuiltear ag súil leis, déantar cuntasáiocht air mar chuid den ghlainfheistíocht in oibríochán eachtrach. Aistrítear brabúis, caillteanas agus sreabhadh airgid de chuid fochuideachtaí, comhfhiontair agus comhligh thar lear ag na meánrátaí don tréimhse áit ar comhfhogasú réasúnta de na rátaí iarbhrí é sin.

Déileáiltear le difríochtaí malartaithe de thoradh athaistrithe ar chlár chomhardaithe tosaigh na bhfochuideachta, na gcomhfhiontair agus na gcomhligh thar lear de réir na rátaí deiridh chomh maith leis na difríochtaí ar aistriú na ráiteas ioncain trí ghné ar leith den chothromas (cúlchiste aistrithe) agus léirítear sin i ráiteas an Ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach. Scaoiltear difríochtaí aistrithe a choinnítear sa cúlchiste sin go dtí an ráiteas ioncain ar dhiúscairt an aonáin ábhartha.

Sa chás go bhfuil iasachtaí in airgeadra eachtrach sannta mar fhálú na glaninfheistíochta in oibríochán eachtrach, cuirtear difríochtaí malartaithe ar iasachtaí den chineál seo sa cúlchiste aistrithe céanna ionas gur fálú éifeachtúil atá iontu.

5. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Aitheantas agus tomas

Luaitear maoín, gléasra agus trealamh ar a chostas lúide dímhéas carntha agus forálacha do lagú ar an luach, ach amháin i gcás talún a luaitear ar a luach lúide lagú. Tugtar san áireamh le maoín, gléasra agus trealamh costais fostaithe, úis agus eile arna gcaipitliú, atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne.

Dímheas

Ríomhtar an muirear dímhéasa d'fhonn díscríobh a dhéanamh ar chostas maoine, innealra agus trealaimh go dtí an costas iarmharach measta i rith an saolré fónaimh measta trí mhodhanna cuí i bhfianaise chineál an ghnó ag an nGrúpa agus cineál agus réimse na maoine, an innealra agus an trealaimh. Ní thugtar aon dímhéas ar thalamh ruilse ná ar shócmhainní le linn tógála. Seo a leanas na mór-aimic sócmhainne agus an saolré atá acu:

Gléasra giniúna agus struchtúir stáisiún teirmeach	20 bliain
Sócmhainní giniúna feirme gaoithe	20/25 bliain
Gléasra agus struchtúir dáilte	25/30 bliain
Gléasra agus struchtúir thraiseolta	30 bliain
Foirgnimh ghinearálta agus stáisiúin hidirleictreacha	50 bliain

Tugtar dímhéas ar gach sócmhainn in-dímheasa ón dáta coimisiúnaithe (dáta a bhí siad ar fáil lena n-úsáid), mar seo a leanas:

- De réir mhodh dronlíne i gcás sócmhainní tarchuradóireachta, dáileacháin agus ginearálta, agus
- Ar bhonn úsáid gléasra a mheastar i gcás aonaid ghiniúna.

Déantar athbhreithniú go bliantúil ar rátaí dímhéasa agus ar luachanna iarmharacha.

Caiteachas dá éis

Tugtar caiteachas dá éis sin ar mhaoín, innealra agus trealamh san áireamh le suim ghlanuachas na sócmhainne nó aithnítear ina shócmhainn ar leith é, mar is cuí, sa chás amháin gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus don Chuideachta agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar chostas na sócmhainne. Cuirtear

gach deisiú agus cothabháil eile de mhuipear in aghaidh an ráitis ioncaim i rith na tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

San áireamh i maoin, gléasra agus trealamh tá páirteanna breise straitéiseacha i ndáil le gnó na Giniúna Leictreachais. Tá stoc caipitil i ngnó na Líonraí san áireamh le sócmhainní atá á dtógáil.

6. SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

Is léasanna airgeadais iad na léasanna faoina nglacann an Grúpa, mar léasaí, a bheag nó a mhór le gach riosca agus buntáiste úinéireachta, agus is léasanna oibriúcháin iad na léasanna ina bhfanann na rioscaí agus na buntáistí úinéireacht ag an léasóir.

Cuirtear sócmhainní neamh-reatha a fhaightear faoi léasanna airgeadais san áireamh sa chlár comhardaithe ag a luach coibhéiseach caipitil agus déantar dímhéas orthu thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa agus an saolré fónaimh a cheaptar leo. Déantar na dliteanais chomhfhreagracha a thaifeadadh dá réir mar léas airgeadais iníoctha agus cuirtear gné an úis de na híocaíochtaí léasa airgeadais de mhuipear ar an ráiteas ioncaim ar ráta seasmhach tréimhsiúil úis. Cuirtear léaschíosanna oibriúcháin de mhuipear ar an ráiteas ioncaim ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa.

7. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AGUS CÁILMHEAS

(a) Cáilmheas

Déantar cáilmheas ag eascairt ó éadail fochuideachtaí a nochtadh ar leithligh. Maidir le cáilmheas a thomhas tar éis é a aithint den chéad uair, féach nóta 2 de na polasaithe cuntasaióchta.

Tomhas dá éis

Déantar cáilmheas a thomhas ar a chostas lúide caillteanais lagaithe charntha. Déantar cáilmheas a thástáil gach bliain maidir le lagú. Aithnítear caillteanais lagaithe má sháraíonn suim ghlanluacha de shócmhainn nó d'aonad giniúna airgid (CGU) a shuim in-aisghabhála.

Is í an tsuim in-aisghabhála de shócmhainn nó d'aonad giniúna airgid (CGU) an luach is airde idir an luach le linn fónaimh agus an luach cóir lúide costais díolacháin. Agus measúnú á dhéanamh ar an luach le linn fónaimh, déantar lascainiú ar shreabhadh airgid measta amach anseo go dtí a luach láithreach ag baint úsáide as ráta lascaine réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn nó aonad giniúna airgid (CGU).

Déantar caillteanais lagaithe i ndáil le cáilmheas a aithint i mbrabús nó caillteanas, agus ní aisiompaítear iad.

(b) Lamháltais astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí CO₂ na hEorpa, bronnann an ghníomhaireacht rialtais chuí lamháltais astaíochtaí a chlúdaíonn céatadán de na hastaíochtaí tuartha i rith na bliana ar ESB ag tús gach bliana.

Déantar lamháltais astaíochtaí a eisítear ar ESB a thaifeadadh mar shócmhainní doláimhsithe nach bhfuil faoi réir amúchadh ag luach an mhargaidh ar dháta na heisiúna. Ag an dáta sin, déantar na lamháltais a thaifeadadh mar dheontas rialtais san ioncam iarchurtha, ar luach céanna an mhargaidh agus na sócmhainní doláimhsithe, agus déantar an deontas rialtais a amúchadh chuig an Ráiteas Ioncaim ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhir i rith na bliana.

De réir mar a tharlaíonn astaíochtaí, déantar soláthar sa ráiteas ioncaim a thaifeadadh mar léiriú ar an tsuim is gá chun an dliteanas don Údarás a shásamh. Tugtar san áireamh leis an bhforáil sin luach tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí chomh maith le luach reatha an mhargaidh ar aon lamháltas bhreise a bhí ag teastáil chun an dualgas a chomhlíonadh. Cuirtear na lamháltais sin, mar aon le haon lamháltas bhreise a cheannaítear i rith na bliana, ar ais chuig an Údarás cuí atá i mbun na scéime taobh laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire ionas go sásaítear an dliteanas maidir le hastaíochtaí CO₂ iarbhir i rith na bliana. Dá bhrí sin ní dhéantar lamháltais astaíochtaí arna sealbhú ina sócmhainní doláimhsithe a amúchadh óir is do réiteach an dliteanais astaíochta sa bhliain dar gcionn a choinnítear iad.

Sa mhéid go bhfuil líon na lamháltas astaíochtaí a deonaítear le haghaidh tréimhse níos mó ná méid na lamháltas astaíochtaí atá ag teastáil don tréimhse sin, déantar an farasbarr dá thoradh sin a úsáid i gcoinne lamháltas astaíochtaí a éilítear i dtréimhsí dá éis sin.

(c) Costais bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile

Déantar caipitliú ar cheadúnais bogearraí ríomhaireachta agus ar shócmhainní doláimhsithe eile lena n-áirítear naisc leis an eangach agus cearta faighte eile, a fhaightear ar bhun na gcostas a thabhaítear chun an tsócmhainn faoi leith a fháil agus a chur in úsáid. Tomhaistear na costais seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha, a mheastar ar feadh a saolré fónaimh ar bhonn dronlíne, agus caillteanais lagaithe charntha. Seo a leanas na mór-aicmí sócmhainne agus an saolré atá acu:

Bogearraí	3/5 bliain
Sócmhainní doláimhsithe eile	20 bliain

Aithnítear costais a bhaineann go díreach le táirgí bogearra so-aitheanta ar leith faoi rialú an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus ar dócha go mbeidh buntáistí eacnamaíochta leo is mó ná na costais tráth is faide anonn ná bliain amháin ina sócmhainní doláimhsithe. Áirítear ar na costais dhíreacha costais an bhogearra a fhorbairt, fostaithe agus sciar oiriúnach de na barrchostais ábhartha. Tomhaistear na costais seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha, a mheastar ar feadh a saolré fónaimh measta (idir trí bliana agus cúig bliana) ar bhonn dronlíne, agus caillteanais lagaithe charntha.

8. LAGÚ ACMHAINNÍ SEACHAS CÁILMHEAS

Ní thagann sócmhainní nach deimhin an saolré fónaimh atá acu faoi réir ag amúchadh agus déantar tástáil bhliantúil orthu maidir le lagú. Déantar tástáil maidir le lagú i gcás sócmhainní a mbíonn dímhéas agus amúchadh i gceist leo aon uair a fhágann imeachtaí nó athruithe le tuiscint nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanais lagaithe don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach is airde ar an tsócmhainn idir luach cóir lúide costais díolacháin agus a luach le linn fónaimh. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle ar léir sreabhadh airgid ar leith maidir leo (aonaid ghiniúna airgid).

RÁITEAS FAOI PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA AR LEAN

9. COSTAIS IASACHTAÍ

Cuirtear costais iasachtaí is féidir a chur i leith na tógála ar shócmhainní móra, a mbíonn tréimhse fhada i gceist lena n-ullmhú don úsáid a cheaptar dóibh, le costas na sócmhainní sin de réir meánchostas ualaithe na n-iasachtaí go dtí an tráth a mbíonn na sócmhainní ullamh a bheag nó a mhór chun na húsáide a ceapadh dóibh. Aithnítear gach costas iasachta eile sa ráiteas ioncaim i rith na tréimhse inar tabhaíodh iad. Bíonn an ráta capitlithe a chuirtear i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiach gan ioc ESB.

10. FARDAIL

Luaitear fardail ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Cuimsíonn costas an praghas ceannaithe agus na costais dhíreacha go léir a tabhaíodh chun na fardail a thabhairt chuig a suíomh reatha agus a riocht reatha. Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díolacháin lúide costais bhreise a mheastar a thabhfóir roimh dhíúscairt.

Déantar foráil ar leith do mhíreanna damáistithe, meathlaithe, as feidhm agus míreanna nach féidir a úsáid mar is cuí.

11. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS AIRGEADAIS

(a) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais nach féidir a dhíorthú

Infháltais trádála agus eile

Aithnítear infháltais trádála agus eile i dtús báire ag luach cóir, arb ionann é de ghnáth agus an tsuim bhunaigh a bhí ar sonrasc agus luaitear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtúil lúide soláthar a dhéantar do lagú.

Déantar forálacha sainiúla i gcás a mbíonn fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú, mar shampla i gcás ina bhfuil díospóid nó éagumas íocaíocht a dhéanamh. Déantar foráil bhreise ar bhunús punainne chun caillteanais bhreise a thabhairt a chlúdach bunaithe ar anailís a dhéanamh ar chaillteanais roimhe seo tugtha suas chun dáta bunaithe ar dhálaí reatha an mhargaidh.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Chun críche an ráitis faoi shreabhadh airgid, áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí in-aisíochta ar a n-iarraidh agus infheistíochtaí sárleachtacha gearrthéarmacha eile le céadaibíocht faoi cheann ráithe nó níos giorra, lúide rótharraingtí bainc atá le híoc ar a iarraidh.

Suimeanna iníochta trádála agus eile

Taifeadtar infháltais trádála agus íocaíochtaí eile i dtús báire ag a luach cóir, arb ionann é de ghnáth agus an tsuim bhunaigh a bhí ar sonrasc agus luaitear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtúil.

Iasachtaí chuig cuideachtaí Grúpa agus infháltais uathu

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthaigh nach luaitear i margadh gníomhach iad iasachtaí chuig cuideachtaí Grúpa agus infháltais uathu. Cuirtear san áireamh iad i sócmhainní reatha ar an gclár comhardaithe, seachas iad sin a bhfuil aibíocht níos faide ná dhá mhí dhéag tar éis dáta an chlár comhardaithe i gceist leo, a chuirtear san áireamh i sócmhainní neamh-reatha. Cuirtear iasachtaí agus infháltais san áireamh laistigh de infháltais trádála agus eile i gclár comhardaithe na máthairchuideachta agus luaitear ag luach cóir i dtús báire iad agus ag costas amúchta ina dhiaidh sin.

Sócmhainní nó dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas

Is ionstraimí airgeadais a choinnítear i gcomhair trádála nó a ainmnítear ag luach cóir trí bhrabús agus chaillteanas ó thús iad ionstraimí a rangaítear mar shócmhainní nó dliteanais ag luach cóir tríd an ráiteas ioncaim.

Aithnítear na sócmhainní seo ar dtús ag luach cóir, agus aithnítear na costais idirbheartaíochta i mbrabús nó caillteanas, agus déantar na sócmhainní a thomhas ina dhiaidh sin ag luach cóir. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar na sócmhainní airgeadais seo i mbrabús nó caillteanas de réir mar a thagann siad chun cinn.

Is éard is ionstraimí a choinnítear chun trádála ná iad siúd a fhaightear go príomha chun cuspóirí díolacháin sa ngearrthearma, atá mar chuid de phunann infheistíochtaí a bhainistítear le chéile agus sa chás go dtarlaíonn tógáil brabúis gearrthéarmach, nó gur ionstraimí airgeadais díorthacha atá iontu, seachas iad siúd atá i gcaidreamh fálaithé éifeachtúil.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh agus ionstraimí fálaithé eile

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh agus ionstraimí airgeadais neamhdíorthaigh chun fálú a dhéanamh ar an nochtadh atá ann dó ó rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis agus praghas tráchtarraí de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta. I measc na bpríomh-dhíorthachtaí a úsáidtear tá babhtáil ráta úis, babhtáil ráta úis nasctha le boilsciú, babhtáil airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh chun tosaigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe a bhaineann le breosla a cheannach.

Taobh istigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa go rialta le conarthaí díorthachta maidir le díol agus ceannach tráchtarraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás gur glacadh leis an gconradh agus go bhfuil sé fós i bhfeidhm chun cuspóirí admhála nó seachadta na dtráchtarraí de réir riachtanais ionchais díola, ceannaigh nó úsáide an Ghrúpa, sanntar na conarthaí mar chonarthaí 'úsáide féin' agus tomhaistear ag costas iad. Dá bhrí sin níl na conarthaí seo laistigh de scóip IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas.

Déantar cuntasaiócht ar chonarthaí tráchtarraí díorthacha nach sanntar mar chonarthaí 'úsáide féin' mar dhíorthaigh trádála agus aithnítear iad sa chlár comhardaithe ag luach cóir. Sa chás go sanntar caidreamh cuntasaióchta fálaithé agus go gcruthaítear go bhfuil sé éifeachtach, aithneofar na hathruithe i luach cóir de réir IAS 39 mar fhálú 'sreabhadh airgid'.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí díorthaigh airgeadais chun neamhchosaint airgeadra agus ráta úis a fhálú. Aithnítear gach díorthach den sórt sin ag luach cóir agus déantar ath-thomhais orthu go luach cóir ag dáta an chlár comhardaithe. Sanntar formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh seo mar chinn atá á gcoinneáil chun cuspóirí fálaithé. Bunaítear sannadh an chaidrimh fhálaithé ag tús an chonartha agus cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an díorthach an-éifeachtach ag baint amach a chuspóra agus gur féidir éifeachtacht an fhálaithé a thomhas go hiontaofa. Tá an chaoi a láimhseáiltear gnóthachain agus caillteanais ar ath-thomhas dá éis ag brath ar aicmiú an fhálaithé agus cibé an bhfuil an caidreamh fálaithé sannta mar fhálú 'luach cóir' nó 'sreabhadh airgid'.

Láimhseáiltear díorthaigh nach cuid de chaidrimh fáilaithe éifeachtacha iad amháil is gur coinníodh chun cuspóirí trádála iad, le gach gluaiseacht luach cóir á thaifeadadh tríd an ráiteas ioncaim.

(i) Fálú sreabhadh airgid

Sa chás go sanntar ionstraim airgeadais díorthaigh mar fhálú den athraitheas i sreabhadh airgid dliteanais aitheanta, tiomantais dhaingin nó idirbheartaíocht thuartha rí-dhóichí, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Sa chás go dtarlaíonn aithint sócmhainne nó dliteanais neamh-airgeadais mar thoradh ar an tiomantas daingean nó ar an idirbheartaíocht thuartha, baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha as an ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear san áireamh é sa mheastóireacht tosaigh ar an tsócmhainn nó ar an dliteanas sin. Taobh amuigh den chás sin, baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha as an ioncam cuimsitheach eile agus luaitear sa Ráiteas Ioncaim é ag an am céanna leis an mbeart a ndearnadh fálú air. Aithnítear an chuid d'aon ghnóthachan nó caillteanas nach bhfuil éifeachtach sa Ráiteas Ioncaim láithreach.

Nuair a dhéantar foirceannadh ar ionstraim fáilaithe nó ar chaidreamh fáilaithe ach go meastar fós féin go dtarlóidh an idirbheartaíocht a ndearnadh an fálú uirthi, fanann an gnóthachan nó an caillteanas carntha ag an am sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é de réir an bheartais thuas nuair a tharlaíonn an idirbheartaíocht. Sa chás nach dócha feasta go dtarlóidh an idirbheartaíocht a ndearnadh fálú uirthi, aithnítear sa Ráiteas Ioncaim gan mhoill an gnóthachan nó caillteanas neamhréadaithe a aithníodh in ioncam cuimsitheach eile.

(ii) Fálú ar ghlaninfheistíocht in aonán eachtrach

Sa chás go bhfuil dliteanas airgeadra eachtraigh ina fhálú ar ghlaninfheistíocht i ngnóthas thar lear, aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ó aistriú an dliteanais in ioncam cuimsitheach eile díreach, agus cuirtear chuig an gcúlchiste aistrithe iad, le haon chuid neamhéifeachtach á aithint láithreach sa ráiteas ioncaim.

(c) Iasachtaí úsmhara

Is ag an luach cóir lúide costais idirbheartaíochta inchurtha ina leith a aithnítear iasachtaí úsmhara den chéad uair. Tar éis iad a aithint den chéad uair, luaitear na hiasachtaí sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtúil.

(d) Conarthaí árachais

I rith gnáthchúrsaí gnó, tugann an Mháthairchuideachta ráthaíochtaí agus bannaí do fochuideachtaí na Máthairchuideachta. Rangaítear na ráthaíochtaí agus na bannaí seo faoi IFRS 4 mar chonarthaí árachais. Sa chás go meastar nach ndéanfar aon éileamh ar na conarthaí sin, ní dhéantar aon fhoráil i ráitis airgeadais na Máthairchuideachta. Más dócha go ndéanfar éilimh, cuirtear polasaí forálacha (14) i bhfeidhm.

12. RANNÍOCAÍOCHTAÍ SOLÁTHAIR NEAMH-INAISÍOCHTA AGUS DEONTAIS CHAIPITIL

Rinneadh ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíochta agus deontais chaipitil a fuarthas suas go dtí 1 Iúil 2009 a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus scaoitear chuig an Ráiteas Ioncaim iad ar bhonn a thagann le polasaí dímhéasa na sócmhainní iomchuí.

Tar éis chur i bhfeidhm IFRIC 18 Aistriú Sócmhainní ó Chustaiméirí, déantar ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíochta a fuarthas tar éis an 1 Iúil 2009 (dáta éifeachtúil an léirmhíneithe) a aithint go hiomlán sa Ráiteas Ioncaim ar chríoch na seirbhísí soláthraithe, mar ioncam i gcomhréir le IAS 18 Ioncam.

13. STOC CAIPITIL

Déantar na haonaid stoic chaipitil a thomhas ag an bpraghas ar eisíodh iad ar dtús don Roinn Airgeadais, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus ESB ESOP Trustee Limited.

14. CÁIN IONCAIM

Tá cáin reatha agus cáin iarchurtha sa cháin ioncaim ar bhrabús nó caillteanas na bliana. Aithnítear cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sé le míreanna arna n-aithint go díreach in ioncam cuimsitheach eile.

Cáin reatha

Déantar foráil do cháin reatha ag na rátaí reatha arna ríomh ar bhonn thorthaí na tréimhse. Ní áirítear cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabúis na gcomhfhiontar leis an gcostas cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim de bhrí go bhfuil sé sin san áireamh sna línte ar leithligh ar chlár an ráitis ioncaim maidir le brabúis ó chomhfhiontar.

Cáin iarchurtha

Déantar foráil do cháin iarchurtha le modh an dliteanais sa chlár comhardaithe, ag déanamh soláthair maidir le difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críche cánachais.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach chomh fada agus a mheasann an Bord gur dóichí ná a mhalairt go dtarlóidh brabúis chuí inchánachais ar féidir iompú na ndifríochtaí sealadacha is bun leo droim ar ais san am atá le theacht a asbhaint.

Tomhaistear cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach a mheastar a bheidh i réim an tráth a dtagann difríochtaí sealadacha ar ais, bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó rite a bheag nó a mhór ar dháta an chláir chomhardaithe.

15. FORÁLACHA

Aithnítear soláthar más rud é, mar thoradh ar imeacht a tharla roimhe, go mbíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an nGrúpa gur féidir a mheas go hiontaofa, agus gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh de thairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh. Cinntear soláthairtí trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid ionchais amach anseo ag ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.

Soláthar in aghaidh dúnadh stáisiún giniúna

Léiríonn an fhoráil maidir le dúnadh stáisiún giniúna luach reatha an mheastacháin reatha maidir leis na costais a bhaineann le stáisiún a dhúnadh ag deireadh a saolré fónaimh.

RÁITEAS FAOI PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA AR LEAN

Aithnítear na costais mheasta a bhaineann le stáisiún a dhúnadh ina n-íomlán ag tús an tsaoil sócmhainne, ach déantar lascainí orthu go dtí luachanna láithreacha ag baint úsáide as ráta saor ó rioscaí. Déantar caipitliú ar chostais i maoin, gléasra agus trealamh agus déantar dímhéas ina leith ar feadh saolré fónaimh eacnamaíochta na stáisiún lena mbaineann siad. Déantar athbhreithniú ar na costais gach bliain agus leasaítear iad mar is cuí. Déantar leasuithe ar na costais lascainithe mheasta a chaipitliú isteach sna sócmhainní ábhartha agus déantar dímhéas orthu thar shaolré na sócmhainní ábhartha. Ó tharla go ndéantar caipitliú ar na costais agus go ndéantar foráil dóibh ar bhonn lascainithe ar dtús, cuirtear leis an bhforáil le muirear airgeadais i ngach tréimhse, arna ríomh de réir iarmhéid na forála agus ráta lascaine arna chur i bhfeidhm ag an dáta tomhaiste deiridh (tugtha cothrom le dáta go bliantúil) agus arna chur san áireamh sa ráiteas ioncaim mar mhuirear airgeadais. Ar an tsí sin, cothromóidh an fhoráil na costais dúnta mheasta ag deireadh shaol eacnamaíoch úsáideach na stáisiún. Cuirtear an caiteachas iarbhair in aghaidh na forála de réir mar a dhúntar na stáisiúin.

Cuirtear an fhoráil do chostais dúnta stáisiún giniúna san áireamh leis na forálacha reatha agus na forálacha neamh-reatha ar an gcár comhardaithe de réir mar is cuí.

16. DEIGHLEOGA OIBRIÚCHÁIN - IFRS 8

Mar thoradh ar an gclár fiachais mhórdhiola Eorabhanna €3 billiún, atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, baineann ceanglais IFRS 8 Deighleoga Oibriúcháin maidir le nochtadh leis an nGrúpa. Sonraíonn IFRS 8 conas ba chóir d'eintiteas eolas a nochtadh faoina chuid deighleog ag baint úsáide as "cur chuige bainistíochta" faoina gcuirtear faisnéis deighleoge i láthair ar an mbonn céanna agus a úsáidtear do thuairisciú inmheánach. Dá bhrí sin, i nóta 1 leis na ráitis airgeadais cuireamar i láthair faisnéis airgeadais le haghaidh deighleog a mbíonn a ngníomhaíochtaí oibriúcháin faoi athbhreithniú go rialta ar an bPríomhchinnteoir Oibriúcháin ("CODM") chun cinntí a dhéanamh faoi leithdháileadh acmhainní agus measúnú feidhmíochta.

17. IONCAM

(a) Ioncam leictreachais

Cuimsíonn ioncam an luach díolacháin atá díorthaithe ó ghineadh, dáileachán agus díolachán leictreachais, chomh maith le hearraí agus seirbhísí eile do custaiméirí lasmuigh den Ghrúpa agus ní bhíonn cáin bhreisluacha san áireamh leis. Cuirtear luach na n-aonad a chuireadh ar fáil do chustaiméirí idir an dáta deireannach a léadh an méadar agus deireadh na tréimhse san áireamh leis an ioncam leictreachais, agus cuirtear an meastachán sin faoi infháiltais trádála agus eile sa chlár comhardaithe mar idiú nár gearradh bille air. Aithnítear ioncam leictreachais ar idiú leictreachais.

(b) Ioncam ó chonarthaí

Aithnítear ioncam ó chonarthaí ar bhonn cionranna ama de réir an mhéid a bhíonn an conradh curtha i gcrích ag dáta an chláir chomhardaithe.

18. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

Cuimsíonn ioncam oibriúcháin eile ioncam a fhabhraítear don Ghrúpa taobh amuigh de ghnáth-ghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

19. COSTAIS

(a) Costais fuinnimh

Is éard is costais fuinnimh ann ná breosla díreach (gual agus gás den chuid is mó), leictreachas ceannaithe, úsáid mhuirir chórais ("costais leictreachais eile") agus costais ghlan-astaíochtaí. Aithnítear costais bhreosla agus costais leictreachais ceannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Tá an Grúpa tar éis roinnt comhaontuithe ceannacháin cumhachta fadtéarmacha a dhéanamh i gcomhair méideanna socraithe. Tá méideanna atá iníoctha faoi na conarthaí atá os cionn rátaí an mhargaidh nó faoi na rátaí sin inaisíoctha don Ghrúpa nó inaisíoctha don mhargadh faoi thobhach Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí (PSO).

(b) Costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile

Baineann costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile go príomha le costais forchóirithe agus tionscadail, costais conraitheoirí agus costais bhunaithe. Aithnítear na costais sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

(c) Ioncam airgeadais agus costais airgeadais

Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar thaiscí bainc, a thuilleann ús ag rátaí úis taisce atá i réim.

Cuimsíonn costais airgeadais costas úis ar iasachtaí, leachtú na lascaine ar sholáthairtí, gnóthachain agus caillteanais luach cóir ar ionstraimí airgeadais nach gcáilíonn do chuntasaíocht fálaíthe, caillteanais ar ionstraimí fálaíthe a aithnítear sa ráiteas ioncaim agus athaicmiú ar mhéideanna aitheanta roimhe in ioncam cuimsitheach eile.

20. MÍREANNA EISCEACTÚLA

Bhain an Grúpa úsáid as an téarma "eisceachtúil" chun cur síos ar mhíreanna áirithe a dhlíonn nochtadh ar leithligh, i dtuairim na bainistíochta, de bhua a méide nó a minicíochta, nó toisc go gcinntear go bhfuil gnóthachain nó caillteanais áirithe neamh-athfhillteacha ó nádúr. I measc míreanna eisceachtúla b'fhéidir go gcuimseofaí athstruchtúrú, lagú suntasach, brabús nó caillteanais ar dhiúscairtí sócmhainní, athruithe ábhartha i meastacháin nó costais aonuaire áit a bhfuil sainaithint ar leith tábhachtach chun tuiscint a fháil ar na ráitis airgeadais.

21. DLITEANAS A BHAINNEAN LE FOSTAITHE

Dlíteanais a athstruchtúrú

Bíonn sochair scoir dheonaigh le hóc faoi chomhaontú trí pháirtí idir Bord ESB, Grúpa na gCeardchumann agus an Rialtas nuair a ghlacann fostaí le hiomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair sin.

Aithníonn an Grúpa sochair scoir nuair atá sé tiomanta go soiléir, gan deis réalaióch aige tarraingt siar, do phlean mionsonraithe foirmiúil chun deireadh a chur le fostaíocht roimh an gnáth aois scoir, nó chun sochair scoir a chur ar fáil mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le fostaithe chun iomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair scoir d'iomarcaíochtaí deonacha mar chostas má tá tairiscint maidir le hiomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis, agus más féidir líon na nglacthóirí a mheas go hiontaofa. Déantar lascainí go dtí luach na linne seo ar shochair nach mbeidh dlíthe go dtí tráth is faide ná dhá mhí dhéag ó dháta an Chláir Chomhardaithe.

Dlíteanais ghearrthéarmacha eile a bhaineann le fostaithe

Aithnítear costais shaoire agus bónaís a thabhaítear nuair a thugann na fostaithe an tseirbhís a mhéadaíonn a dteidlíocht do neamhláithreachtaí cúitithe sa todhchaí.

RÁITEAS IONCAIM AN GHRÚPA

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 Gan míreanna eisceachtúla € '000	Míreanna eisceachtúla Nóta 3 € '000	Lena n-áirítear míreanna eisceachtúla € '000	Gan míreanna eisceachtúla € '000	2011 Míreanna eisceachtúla Nóta 3 € '000	Lena n-áirítear míreanna eisceachtúla € '000
Ioncam	1/2	3,260,112	-	3,260,112	2,916,219	-	2,916,219
Ioncam oibriúcháin eile	4	35,108	-	35,108	78,629	-	78,629
Costais oibriúcháin	5	(2,719,021)	(161,162)	(2,880,183)	(2,525,915)	-	(2,525,915)
Brabús oibriúcháin		576,199	(161,162)	415,037	468,933	-	468,933
Glanús ar iasachtaí	6	(193,075)	-	(193,075)	(153,335)	-	(153,335)
Táilli maoinithe	6	(55,404)	-	(55,404)	(54,357)	-	(54,357)
Cailteanais luach cóir ar ionstraimí airgeadais	6	(23,294)	-	(23,294)	(208,192)	-	(208,192)
Ioncam airgeadais	6	2,434	-	2,434	1,790	-	1,790
Glanchostas airgeadais		(269,339)	-	(269,339)	(414,094)	-	(414,094)
Sciar de bhrabús na gcomhfhiontar	12 (a)	20,704	-	20,704	23,912	-	23,912
Brabús roimh chánachas		327,564	(161,162)	166,402	78,751	-	78,751
Creidmheas cánach ioncaim	17	7,560	20,145	27,705	21,281	-	21,281
Brabús tar éis cánachais		335,124	(141,017)	194,107	100,032	-	100,032
Inchurtha i leith:							
Sealbhóirí Cothromais sa Mháthairchuideachta		335,047	(141,017)	194,030	99,742	-	99,742
Leas neamhrialaithe		77	-	77	290	-	290
Brabús don bhliain airgeadais		335,124	(141,017)	194,107	100,032	-	100,032

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 32.

Lochlann Quinn, Cathaoirleach

Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

Donal Flynn, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas Grúpa

RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 € '000	2011 € '000
Brabús don bhliain airgeadais		194,107	100,032
Ioncam Cuimsitheach Iomlán (OCI)			
Fálú éifeachtach ar ghlaninfheistíocht i bhfochuideachta eachtrach		(620)	(656)
Difríochtaí aistriúcháin ar chomhdhlúthú fochuideachtaí eachtracha		9,868	1,412
Difríochtaí aistriúcháin ar chuntasaíocht chothromais do chomhfhiontair		1,267	51
Caillteanais achtúireacha na scéime pinsin le sochar sainithe	20 (c)	(56,373)	(113,122)
Gnóthachain / (caillteanais) luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid		(91,649)	18,707
Caillteanais luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid i gcomhfhiontair	12	(5,399)	(10,094)
Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fhálú sreabhadh airgid		(20,862)	(33,209)
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig OCI		22,927	28,521
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig OCI do chomhfhiontair	12	1,382	2,697
Cáin ar mhíreanna a aistríodh ó OCI		2,608	760
Caillteanas cuimsitheach iomlán eile		(136,851)	(104,933)
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		57,256	(4,901)
Inchurtha i leith:			
Sealbhóirí Cothromais sa Mháthairchuideachta		57,179	(5,191)
Leas neamhrialaithe		77	290
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		57,256	(4,901)

Lochlann Quinn, Cathaoirleach

Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

Donal Flynn, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas Grúpa

01 FORBHREATHNÚ
GNO

02 ATHBHREITHNÚ OIBRICHÁIN
& AIRGEADAIS

03 FREAGRACHT SHÓISIALTA
CHORPARAIDEACH

04 RALACHAS
CORPARAIDEACH

05 RÁITIS
AIRGEADAIS

CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA

Amhail 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 € '000	2011 € '000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní neamhreatha			
Maoín, gléasra agus trealamh	9	10,287,736	10,162,326
Sócmhainní doláimhsithe	10	287,598	371,978
Cáilmheas	11	185,938	181,664
Infheistíochtaí i gcomhfhiontair	12	31,436	28,678
Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais	12	48,849	40,826
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	353,956	427,732
Sócmhainní cánach iarchurtha	17	231,970	181,052
Iomlán na sócmhainní neamhreatha		11,427,483	11,394,256
Sócmhainní reatha			
Fardail	13	133,016	136,566
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	84,326	75,024
Sócmhainn cánach reatha		1,380	12,182
Infháiltais trádála agus eile	14	794,131	643,710
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	15	159,405	277,409
Iomlán na sócmhainní reatha		1,172,258	1,144,891
Iomlán na sócmhainní		12,599,741	12,539,147
COTHROMAS			
Stoc caipitil	16	1,979,882	1,979,882
Cúlchiste aistrithe		(6,952)	(17,467)
Fálú sreabhadh airgid, athluacháil agus cúlchistí eile		203,397	356,306
Tuilleamh coinnithe		1,601,343	1,474,234
Cothromas inchurtha i leith sealbhóirí na Máthairchuideachta		3,777,670	3,792,955
Leas neamhrialaithe		1,845	1,832
Cothromas iomlán		3,779,515	3,794,787
DLITEANAIS			
Dlíteanais neamhreatha			
Íasachtaí agus fiachas eile	18	4,124,413	4,367,862
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	21	723,826	732,835
Dlíteanais phinsin le sochar sainithe	20	132,524	91,216
Dlíteanais a bhaineann le fostaithe	21	146,415	62,574
Suímeanna iníoctha trádála agus eile	22	7,813	13,281
Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais	23	592,376	620,020
Soláthairtí	24	184,586	219,121
Dlíteanais chánach iarchurtha	17	854,068	864,683
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	597,752	553,837
Iomlán na ndlíteanas neamhreatha		7,363,773	7,525,429
Dlíteanais reatha			
Íasachtaí agus fiachas eile	18	449,246	233,309
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	21	90,941	101,907
Dlíteanais a bhaineann le fostaithe	21	67,090	79,144
Suímeanna iníoctha trádála agus eile	22	615,087	583,192
Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais	23	49,707	57,187
Soláthairtí	24	90,731	137,393
Dlíteanais chánach reatha		22,488	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	71,163	26,799
Iomlán na ndlíteanas reatha		1,456,453	1,218,931
Iomlán na ndlíteanas		8,820,226	8,744,360
Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas		12,599,741	12,539,147

Lochlann Quinn, Cathaoirleach

Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

Donal Flynn, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas Grúpa

CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA

Amhail 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 € '000	2011 € '000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní neamhreatha			
Maoín, gléasra agus trealamh	9	7,000,831	7,060,138
Sócmhainní doláimhsithe	10	161,860	212,674
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	12	72,832	72,832
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	1,324	2,559
Sócmhainní cánach iarchurtha	17	124,167	122,926
Iomlán na sócmhainní neamhreatha		7,361,014	7,471,129
Sócmhainní reatha			
Fardail	13	104,885	109,360
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	4,169	7,437
Sócmhainn cánach reatha		384	6,968
Infháiltais trádála agus eile	14	2,415,867	1,946,550
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	15	47,990	202,470
Iomlán na sócmhainní reatha		2,573,295	2,272,785
Iomlán na sócmhainní		9,934,309	9,743,914
COTHROMAS			
Stoc caipitil	16	1,979,882	1,979,882
Fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí eile		(50,117)	(10,736)
Tuilleamh coinnithe		1,200,584	1,122,518
Cothromas inchurtha i leith sealbhóirí na Máthairchuideachta		3,130,349	3,091,664
DLITEANAIS			
Dlíteanais neamhreatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	18	1,822,880	2,974,835
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	21	723,826	732,835
Dlíteanais a bhaineann le fostaithe	21	146,415	62,574
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	22	-	5,649
Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais	23	590,456	619,861
Soláthairtí	24	170,109	205,042
Dlíteanais chánach iarchurtha	17	419,887	398,079
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	87,954	69,217
Iomlán na ndlíteanas neamhreatha		3,961,527	5,068,092
Dlíteanais reatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	18	434,950	219,746
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	21	90,941	101,907
Dlíteanais a bhaineann le fostaithe	21	60,045	68,856
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	22	2,083,540	1,028,126
Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais	23	44,155	49,354
Soláthairtí	24	72,577	103,987
Dlíteanais chánach reatha		-	1,675
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	19	56,225	10,507
Iomlán na ndlíteanas reatha		2,842,433	1,584,158
Iomlán na ndlíteanas		6,803,960	6,652,250
Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas		9,934,309	9,743,914

Lochlann Quinn, Cathaoirleach

Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

Donal Flynn, Stiúthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas Grúpa

01
FORBHREATHNU
GNO02
ATHBHREITHNIÚ OIBRICHÁIN
& AIRGEADAIS03
FREAGRACHT SHÓISIALTA
CHORPARAIDEACH04
RALACHAS
CORPARAIDEACH05
RÁITIS
AIRGEADAIS

RÁITEAS AN GHRÚPA UM ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail 31 Nollaig 2012

	Stoc caipitil	Cúlchiste aistrithe	Fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí eile ¹	Tuilleamh coinnithe	Iomlán	Leas neamhrial- aithe	Cothromas iomlán
Réiteach na n-athruithe ar chothromas	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	1,979,882	(18,904)	468,238	1,445,947	3,875,163	1,542	3,876,705
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain							
Ioncam don bhliain	-	587	-	99,155	99,742	290	100,032
Caillteanais achtúireacha na scéime pinsin le sochar sainithe	-	-	(113,122)	-	(113,122)	-	(113,122)
Cúlchistí athluachála ar éadail Synergen Power Ltd	-	-	(5,562)	5,562	-	-	-
Difríochtaí aistriúcháin glan ó fhálú	-	850	(630)	587	807	-	807
Fálú sreabhadh airgid:							
- Glanghnóthachain luach cóir	-	-	18,707	-	18,707	-	18,707
- Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim							
- Costas airgeadais	-	-	4,371	-	4,371	-	4,371
- Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh)	-	-	(33,766)	-	(33,766)	-	(33,766)
- Costais oibríúcháin eile	-	-	(3,814)	-	(3,814)	-	(3,814)
- Caillteanais luach cóir ar fhálú i gcomhfhiontair	-	-	(10,094)	-	(10,094)	-	(10,094)
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig an ráiteas maidir le hioncaim cuimsitheach (OCI)	-	-	28,521	-	28,521	-	28,521
Cáin ar mhíreanna a aistrítear chuig an ráiteas ioncaim	-	-	760	-	760	-	760
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig OCI do chomhfhiontair	-	-	2,697	-	2,697	-	2,697
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain	-	1,437	(111,932)	105,304	(5,191)	290	(4,901)
Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas							
Díbhinní	-	-	-	(77,017)	(77,017)	-	(77,017)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	1,979,882	(17,467)	356,306	1,474,234	3,792,955	1,832	3,794,787
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	1,979,882	(17,467)	356,306	1,474,234	3,792,955	1,832	3,794,787
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain							
Ioncam don bhliain	-	-	-	194,030	194,030	77	194,107
Caillteanais achtúireacha na scéime pinsin le sochar sainithe	-	-	(56,373)	-	(56,373)	-	(56,373)
Cúlchistí athluachála ar éadail Synergen Power Ltd	-	-	(5,543)	5,543	-	-	-
Difríochtaí aistriúcháin glan ó fhálú	-	10,515	-	-	10,515	-	10,515
Fálú sreabhadh airgid:							
- Glanchaillteanais luach cóir	-	-	(91,649)	-	(91,649)	-	(91,649)
- Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim							
- Costas airgeadais	-	-	948	-	948	-	948
- Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh)	-	-	18,422	-	18,422	-	18,422
- Costais oibríúcháin eile	-	-	(40,232)	-	(40,232)	-	(40,232)
- Caillteanais luach cóir ar fhálú i gcomhfhiontair	-	-	(5,399)	-	(5,399)	-	(5,399)
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig an ráiteas maidir le hioncaim cuimsitheach (OCI)	-	-	22,927	-	22,927	-	22,927
Cáin ar mhíreanna a aistrítear chuig an ráiteas ioncaim	-	-	2,608	-	2,608	-	2,608
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig OCI do chomhfhiontair	-	-	1,382	-	1,382	-	1,382
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain	-	10,515	(152,909)	199,573	57,179	77	57,256
Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas							
Díbhinní	-	-	-	(72,464)	(72,464)	(64)	(72,528)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	1,979,882	(6,952)	203,397	1,601,343	3,777,670	1,845	3,779,515

¹ Cuimsíonn an fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí eile (i) cúlchiste athluachála de €55.3 milliún (2011: €60.8 milliún) a tháinig chun cinn tar éis an 30% eile de Synergen Power Limited a fháil in 2009; (ii) cúlchistí eile a bhaineann leis an scéim pinsin le sochar sainithe, de chuid NIE, de (€ 133.2) milliún (2011: (€87.1) milliún), agus (iii) cúlchiste um fhálú sreabhadh airgid de €281.3 milliún (2011: €382.6 milliún).

RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA UM ATHRUITHE AR CHOITHROMAS

Amhail 31 Nollaig 2012

	Stoc Caipitil € '000	Cúlchiste um fhálú sreabhadh airgid € '000	Tuilleamh coinnithe € '000	Coithromas iomlán € '000
Réiteach na n-athruithe ar choithromas				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	1,979,882	20,309	998,146	2,998,337
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain				
Ioncam don bhliain	-	-	201,389	201,389
Fálú sreabhadh airgid:				
- Glanchoillteanais luach cóir	-	(2,795)	-	(2,795)
- Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim				
- Costas airgeadais	-	3,390	-	3,390
- Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh)	-	(33,766)	-	(33,766)
- Costais oibriúcháin eile	-	(3,468)	-	(3,468)
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig an ráiteas maidir le hioncaim cuimsitheach (OCI)	-	4,834	-	4,834
Cáin ar mhíreanna a aistrítear chuig an ráiteas ioncaim	-	760	-	760
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain	-	(31,045)	201,389	170,344
Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcoithromas				
Díbhinní	-	-	(77,017)	(77,017)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	1,979,882	(10,736)	1,122,518	3,091,664
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	1,979,882	(10,736)	1,122,518	3,091,664
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain				
Ioncam don bhliain	-	-	150,530	150,530
Fálú sreabhadh airgid:				
- Glanchoillteanais luach cóir	-	(70,184)	-	(70,184)
- Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim				
- Costas airgeadais	-	948	-	948
- Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh)	-	18,422	-	18,422
- Costais oibriúcháin eile	-	5,939	-	5,939
Cáin ar mhíreanna a thógtar díreach chuig an ráiteas maidir le hioncaim cuimsitheach (OCI)	-	8,658	-	8,658
Cáin ar mhíreanna a aistrítear chuig an ráiteas ioncaim	-	(3,164)	-	(3,164)
Ioncam / (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain	-	(39,381)	150,530	111,149
Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcoithromas				
Díbhinní	-	-	(72,464)	(72,464)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	1,979,882	(50,117)	1,200,584	3,130,349

01 FORBHREATHNÚ
GNO02 ATHBHREATHNÚ OIBRICHÁIN
& AIRGEADAIS03 FREAGRACHT SHÓISIALTA
CHORPARAIDEACH04 RALACHAS
CORPARAIDEACH05 RÁITIS
AIRGEADAIS

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID AN GHRÚPA

Amhail 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 € '000	2011 € '000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Brabús roimh chánachas		166,402	78,751
Coigeartuithe maidir le:			
Dímheas agus amúchadh	5	713,120	685,172
Ranníocaíochtaí soláthair a amúchadh agus ioncam iarchurtha eile a scaoileadh		(37,692)	(32,653)
Brabús ar shócmhainní neamhreacha a dhiúscairt	8	(2,456)	(4,759)
Gnóthachan a éiríonn as luathfhoirceannadh socrú léasa	4	(5,213)	-
Gnóthachan a bhaineann le héadail Synergen Power Ltd	4	-	(28,805)
Glanchoistas airgeadais	6	269,339	414,094
An tionchar ag coigeartuithe luach cóir ar chostais oibriúcháin		13,619	8,760
Brabús ó chomhfhiontair	12	(20,704)	(23,912)
Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus soláthairtí		1,096,415	1,096,648
Creidmheas i ndáil le soláthairtí		(11,444)	(20,139)
Muirear i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe		213,834	45,707
Úsáid na soláthairtí		(16,548)	(31,518)
Úsáid na ndlíteanas a bhaineann le fostaithe		(224,457)	(182,302)
Méadú ar infháltais trádála agus eile		(149,274)	(17,919)
Laghdú / (méadú) ar fardail		3,551	(28,168)
Méadú / (laghdú) ar shuimeanna inioctha trádála agus eile		47,645	(11,784)
Airgead a gnóthaíodh ó oibriúcháin		959,722	850,525
Cáin reatha aisíoctha / (íoctha)		10,118	(14,849)
Costais airgeadais íoctha		(257,022)	(159,478)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		712,818	676,198
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach maoinne, gléasra agus trealamh		(703,861)	(771,871)
Ceannach sócmhainní doláimhsithe		(39,660)	(52,655)
Fáltais ó shócmhainní neamhreacha a dhíol		4,794	7,364
Ceannach sócmhainní airgeadais		(15,500)	(24,684)
Íocaíochtaí i ndáil le héadálacha glan ó airgead tirim a fuarthas		-	(34,835)
Ioncam iarchurtha a fuarthas		4,476	(3,360)
Díbhinne a fuarthas ó chomhfhiontair	12	15,339	19,517
Ús a fuarthas		2,434	1,790
Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(731,978)	(858,734)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Díbhinne íoctha		(72,527)	(77,017)
Aisíocaíochtaí fiachais fhadtéarmaigh agus léasanna airgeadais		(516,711)	(23,621)
Fáltais ó fhiachas nua a eisiúint		1,336,048	1,177,993
Laghdú ar iasachtaí eile (glan)		(841,083)	(812,741)
Íocaíochtaí ar bhabhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú		(8,822)	(8,918)
Eis-sreabhadh / (insreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		(103,095)	255,696
(Laghdú) / méadú glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		(122,255)	73,160
Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir	15	277,409	199,585
An éifeacht ag athruithe ar ráta malairte ar airgead tirim i seilbh		4,251	4,664
Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	15	159,405	277,409

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA

Amhail 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 € '000	2011 € '000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Brabús roimh chánachas		168,177	227,618
Coigeartuithe maidir le:			
Dímheas agus amúchadh		479,999	478,864
Ranníocaíochtaí soláthair a amúchadh agus ioncam iarchurtha eile a scaoileadh	23	(32,904)	(32,180)
Caillteanas / (brabús) ar shócmhainní neamhreacha a dhiúscairt		591	(12)
Gnóthachan a éiríonn as luathfhoirceannadh socrú léasa	4	(5,213)	-
Glanchoistas airgeadais		147,464	130,583
An tionchar ag gluaiseacht luach cóir ar ionstraimí airgeadais i gcostais oibriúcháin		6,494	8,760
Dibhinní a fuarthas ó fhoichuideachtaí		(7,870)	(17,221)
Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus soláthairtí		756,738	796,412
Creidmheas i ndáil le soláthairtí		(25,117)	(29,643)
Muirear i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe		198,244	30,231
Úsáid na soláthairtí		(15,817)	(30,933)
Úsáid na ndlíteanas a bhaineann le fostaithe		(186,019)	(153,860)
Méadú ar infháiltais trádála agus eile		(469,317)	(2,425)
Laghduithe / (méadú) ar fardail		4,474	(26,609)
Méadú / (laghdú) ar shuimeanna inioctha trádála agus eile		1,058,153	(116,698)
Airgead a gnóthaíodh ó oibriúcháin		1,321,339	466,475
Cáin reatha aisíoctha		12,452	-
Costais airgeadais íoctha		(145,123)	(134,590)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		1,188,668	331,885
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach maoinne, gléasra agus trealamh		(385,089)	(549,863)
Ceannach sócmhainní doláimhsithe		(18,334)	(22,006)
Fáltais ó shócmhainní neamhreacha a dhíol		589	2,370
Ioncam iarchurtha a fuarthas	23	1,118	332
Ús a fuarthas		44,667	35,748
Dibhinní a fuarthas ó fhoichuideachtaí		7,870	17,221
Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(349,179)	(516,198)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Dibhinní íoctha		(72,464)	(77,017)
Aisíocaíochtaí fiachais fhadtéarmaigh agus léasanna airgeadais		(254,619)	(8,939)
Fáltais ó fhiachas nua a eisiúint		110,134	477,293
Laghduithe ar iasachtaí eile (glan)		(777,020)	(145,456)
Eis-sreabhadh / (insreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		(993,969)	245,881
(Laghduithe) / méadú glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		(154,480)	61,568
Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir	15	202,470	140,902
Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	15	47,990	202,470

01 FORBHREATHNÚ GNO

02 ATHBHREITHNÚ OIBRÍUCHÁIN & AIRGEADAIS

03 FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARAIDEACH

04 RALACHAS CORPARAIDEACH

05 RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE

Tá an Grúpa laistigh de raon feidhme Dheighleoga Feidhmiúcháin IFRS 8 de thoradh fiachas a eisiúint a thrádáiltear go poiblí, agus tá an nochtadh cuí déanta aige sna ráitis airgeadais seo.

Chun críche bainistíochta eagraíodh an Grúpa den chuid is mó den bhliain ina cheithre dheighleog intuairiscithe, is iad sin rannáin straitéiseacha an Ghrúpa, a bhainistítear go leithleach, agus a gcuirtear faisnéis faoina bhainistíú inmheánach ar fáil don Bhainistíocht Feidhmiúcháin agus don Bhord ós iad sin a fheidhmíonn le chéile mar 'Phríomhchinnnteoir Oibriúcháin' (CODM) an Ghrúpa. Cuireann dhá rannóg chorparáideach eile seirbhísí tacaíochta ar fáil do phríomhrannóga oibriúcháin an Ghrúpa agus tá siad nasctha le chéile mar 'dheighleoga eile' san fhaisnéis thíos. Ghlac ESB Energy International éadail ar Corby Power Limited ('Corby') ar 4 Bealtaine 2011, agus áirítear é in ESB Energy International.

Seo cur síos ar dheighleoga lárnacha intuairiscithe an Ghrúpa:

(a) Tá **Electric Ireland** ar cheann de phríomhsholáthróirí leictreachais do chustaiméirí baile i bPoblacht na hÉireann agus lena chois sin tá sciar substaintiúil aige den earnáil sin nach margadh baile í i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Faightear ioncain ó leictreachas a dhíol le chustaiméirí.

(b) Is iad úinéireacht agus feidhmiú an ghréasáin dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an ghréasáin tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann príomhchúram **ESB Networks**. Gnólacht gréasáin rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) trí tháillí Úsáidte Córais atá iniúchta ag soláthraithe agus ag gineadóirí leictreachais. Tá sé imfhálaithe trí rialú ó ghnólaictaí giniúna agus soláthair an Ghrúpa.

(c) Cuimsíonn ESB Energy International gnó na giniúna, na comhairleorachta innealtóireachta agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta ar fud an Ghrúpa. Laistigh den deighleog ghnó seo, ó 2011 tá an Grúpa ag dul chun cinn maidir lena ghnó Giniúna Cumhachta a bhíodh rialaithe tráth a chomhtháthú lena ghnó Giniúna Neamhspleáiche a fheidhmíonn stáisiúin chumhachta agus feirmeacha gaoithe in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus, go príomha trí infheistíochtaí comhfhiointair, sa Bhreatain Mhór agus sa Spáinn.

(d) **NIE** atá freagrach as an líonra tarchuir agus dáileacháin a phleanáil, a fhorbairt, a thógáil agus a chothabháil, agus as oibriú an líonra dáileacháin chomh maith. Faigheann NIE a ioncam den chuid is mó

ó tháillí a ghearrtar ar sholáthróirí leictreachais maidir le húsáid na gcóras dáileacháin agus ó tháillí a ghearrtar ar sheirbhísí tarchurtha a bhailítear ó Oibritheoir an Chórais i dTuaisceart Éireann ('SONI').

(e) Cuimsíonn **deighleoga eile** torthaí soláthraithe seirbhíse inmheánacha, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do phríomhaonaid ghnó an Ghrúpa. Is le rialúcháin a rialaítear na deighleoga seo, agus tá comhaontaithe seirbhíse ann le cinntiú gur ar bhonn neamhthuilleamaíoch atá na hidirbhearta idir na deighleoga oibriúcháin agus go bhfuil siad cosúil le hidirbhearta le tríú páirtithe. Áirítear leis an deighleog seo freisin formhór de chostais airgeadais an Ghrúpa, mar go ndéantar an chuid is mó den ghníomhaíocht Cistíochta go lárnach.

Déanann an Príomhchinnnteoir Oibriúcháin monatóireacht ar thorthaí oibriúcháin na ndeighleog ar leithligh chun acmhainní a leithdháileadh idir na deighleoga éagsúla agus chun measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht. Is ar bhrabús oibriúcháin den chuid is mó a dhéantar feidhmiú na ndeighleog a mheas. Ní déantar costais airgeadais a athmhúirearú ar dheighleoga intuairiscithe eile agus is iad na costais sin an príomhthiománaí i dtorthaí na ndeighleoge seo don bhliain.

Déanann an Príomhchinnnteoir Oibriúcháin monatóireacht ar thorthaí oibriúcháin na ndeighleog ar leithligh chun acmhainní a leithdháileadh idir na deighleoga éagsúla agus chun measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht. Is ar bhrabús oibriúcháin den chuid is mó a dhéantar feidhmiú na ndeighleog a mheas.

Le linn 2012, d'fhógair an Príomhchinnnteoir Oibriúcháin athstruchtúrú bainistíochta ar chodanna áirithe den Ghrúpa. An tionchar is mó a bheidh aige seo ar dheighleoga lárnacha intuairiscithe ná athainmniú ESB Energy International mar Generation and Wholesale Markets, agus athailíniú ar ghníomhaíochtaí áirithe. Go príomha cuimseoidh sé seo aistriú gnó na comhairleorachta innealtóireachta ó ESB Energy International, agus aistriú gnéithe de ghnó na teileachumarsáide ó ESB Networks, go dtí Deighleoga eile. Beidh sé seo léirithe i dtuairiscíú bainistíochta ón 1 Eanáir 2013.

Ioncam de réir táirge

Tá na deighleoga intuairiscithe roinnte de réir an chineáil d'ioncain táirge a tuilleadh. Tagann ioncam Electric Ireland ó leictreachas a dhíol le chustaiméirí. Tagann ioncam ESB Energy International go príomha ó ghiniúint leictreachais, le roinnt tuillimh bhreise ó sheirbhísí innealtóireachta. Tuilleann ESB Networks agus NIE ioncam 'Úsáid an Chórais' i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.

(a) Ráiteas ioncain

	Electric Ireland € '000	ESB Networks € '000	ESB Energy International € '000	NIE ¹ € '000	Deighleoga eile € '000	Comh- dhlúthú agus díchur € '000	Iomlán € '000
(i) Ioncam deighleoge - 2012							
Ioncam seachtrach	1,959,664	499,548	536,861	258,601	5,438	-	3,260,112
Ioncam idir-dheighleoga ²	3,657	399,590	1,170,054	30,364	135,126	(1,738,791)	-
Ioncam	1,963,321	899,138	1,706,915	288,965	140,564	(1,738,791)	3,260,112
(ii) Costais oibriúcháin deighleoge - 2012							
Mír eisceachtúil: costais scoir fostaí	(11,916)	(74,955)	(58,843)	-	(15,448)	-	(161,162)
Dímheas agus amúchadh	(12,967)	(343,463)	(211,758)	(136,120)	(8,812)	-	(713,120)
Costais oibriúcháin eile	(1,905,764)	(347,346)	(1,258,474)	(88,540)	(144,568)	1,738,791	(2,005,901)
(iii) Toradh oibriúcháin deighleoge - 2012							
Brabús / (caillteanas) oibriúcháin	32,674	166,177	178,678	64,305	(26,797)	-	415,037
Glanchoistais airgeadais	(998)	(1,216)	(42,487)	(47,881)	(176,757)	-	(269,339)
Sciar de bhrabús na gcomhfhiointar	-	-	20,704	-	-	-	20,704
Brabús/ (caillteanas) roimh chánachas	31,676	164,961	156,895	16,424	(203,554)	-	166,402

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

(a) Ráiteas Ioncaim (ar lean)

(i) Ioncam deighleoise - 2011	Electric Ireland € '000	ESB Networks € '000	ESB Energy International € '000	NIE ¹ € '000	Deighleoga eile € '000	Comh-dhlúthú agus díchur € '000	lomlán € '000
Ioncam seachtrach	1,695,413	492,011	505,103	216,611	7,081	-	2,916,219
Ioncam idir-deighleoga ²	6,473	390,555	1,045,730	24,877	144,890	(1,612,525)	-
Ioncam	1,701,886	882,566	1,550,833	241,488	151,971	(1,612,525)	2,916,219
(ii) Costais oibriúcháin deighleoise - 2011							
Dímheas agus amúchadh	(11,971)	(330,214)	(213,282)	(118,482)	(11,223)	-	(685,172)
Costais oibriúcháin eile	(1,727,638)	(331,399)	(1,164,496)	(78,913)	(150,822)	1,612,525	(1,840,743)
(iii) Toradh oibriúcháin deighleoise - 2011							
Brabús / (caillteanas) oibriúcháin	(37,723)	253,607	223,097	44,092	(14,140)	-	468,933
Glanchoistas airgeadais	(736)	(1,470)	(29,218)	(49,760)	(332,910)	-	(414,094)
Sciar de bhrabús na gcomhfhiontar	-	-	23,912	-	-	-	23,912
Brabús/ (caillteanas) roimh chánachas	(38,459)	252,137	217,791	(5,668)	(347,050)	-	78,751

¹ Áiríonn deighleog NIE dímheas ar an ardú luach cóir a aithnítear ar éadail NIE, agus bíonn tionchar aici go príomha ar an líne um dhímheas agus amúchadh in 2011 agus 2012.

² Díchuirtear an t-ioncam idir-deighleog go léir ar chomhdhlúthú agus léirítear é sa cholún a bhaineann le díchur thuas.

(b) Nochtadh eile

	2012 € '000	2011 € '000
Sócmhainní neamh-reatha breise (gan éadálacha san áireamh)		
Electric Ireland	7,110	14,202
ESB Networks	347,700	467,499
ESB Energy International	260,573	202,086
NIE	118,356	117,875
Deighleoga eile	31,009	31,319
lomlán	764,748	832,981

Áiríonn sócmhainní neamh-reatha breise (gan éadálacha) infheistíocht i maoin, innealra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe agus sócmhainní airgeadais seachas trí theaghlaim ghnó i rith na bliana.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. FAISNÉIS GHEOGRAFACH

(a) Sócmhainní neamh-reatha de réir suímh gheografaigh	2012 € '000	2011 € '000
Éire	7,697,727	7,785,799
RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann	3,130,998	2,988,687
An chuid eile den domhan	12,832	10,987
Iomlán	10,841,557	10,785,473

Ciallaíonn sócmhainní neamh-reatha, chun na críche seo, maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, cáilmheas agus infheistíochtaí sócmhainní airgeadais. Eisítear ionstraimí airgeadais díorthaigh agus sócmhainní cánach iarchurtha.

(b) Ioncam seachtrach de réir an mhargaidh gheografaigh	2012 € '000	2011 € '000
Éire	2,716,749	2,425,972
RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann	509,820	460,713
An chuid eile den domhan	33,543	29,534
Iomlán	3,260,112	2,916,219

3. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Cuireann an Grúpa míreanna áirithe atá neamhghnách de bhua a méide agus a minicíochta i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí lárnacha leanúnacha i láthair ar leithligh. Tá an cur i láthair seo déanta ar an ráiteas ioncaim chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht ghnó bunúsach an Ghrúpa. Úsáideann an Grúpa a bhreithiúnas agus measúnú á dhéanamh aige ar na míreanna áirithe ba chóir a nochtadh mar mhíreanna eisceachtúla.

Rinne an chuideachta comhaontú i rith na bliana leis an nGrúpa Ceardchumann (ar son na bhfostaithe) ar mholtaí chun costais a laghdú sa chuideachta. Mar chuid den chomhaontú seo, cuireadh tús le clár deonach téarfa. Bhí an clár seo dúnta faoi dheireadh na bliana, le 528 fostaí imithe ón nGrúpa, mar a nochtar i nóta 7.

4. IONCAM / (COSTAS) OIBRIÚCHÁIN EILE	2012 € '000	2011 € '000
Amúchadh ar ranníocaíochtaí soláthair	33,292	32,653
Brabús ar mhaoin, innealra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a dhiúscairt	2,210	-
Brabús ar infheistíocht a dhiúscairt (nóta 12)	838	-
Gluaiseachtaí luach cóir ar shócmhainní ar láimh ag luach cóir trí bhrabús agus caillteanais (nóta 12) ¹	(6,445)	(4,068)
Gnóthachan a éiríonn as luathfhoirceannadh socrú léasa (nóta 18)	5,213	-
Gnóthachan a eascrann as éadail Corby Power Limited (nóta 12)	-	28,805
Socraíocht ar nuachan comhaontaithe um chóras dola (nóta 12)	-	12,203
Fáltais árachais ²	-	9,036
Iomlán	35,108	78,629

¹ Baineann na gluaiseachtaí luach cóir in 2012 go príomha le coigeartuithe ar luach trí infheistíochtaí i bhfiontair in-athnuaite i seilbh Novusmodus. Bhain an ghluaiseacht luach cóir in 2011 go príomha le hinfeistíocht i gcuideachta amháin a chuaigh faoi leachtú i rith 2011 agus a scríodh síos go dtí €nialas.

² Baineann fáltais árachais sa bhliain 2011 le socrú éilimh a bhain le teip meicniúil ag gléasra giniúna.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

5. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

	2012 € '000	Athshonraithe 2011 € '000
Costais fostaí (Nóta 7)	625,996	474,719
Costais bhreosla	810,931	734,161
Costais eile a bhaineann le leictreachas	244,822	216,435
Oibríochtaí agus cothabháil	485,314	415,428
Dímheas agus amúchadh (nótaí 9/10)	713,120	685,172
Iomlán	2,880,183	2,525,915

Curtha san áireamh i gcostais bhreosla tá muirear de €4.1 milliún (2011: muirear de €3.5 milliún) a bhaineann le luacháil cóir de babhtálacha tráchtearraí breosla nár sainíodh mar fhálú cuntasaíochta.

Curtha san áireamh i gcostais oibríochtaí chothabhála thuas tá muirear de €3.5 milliún (2011: €8.8 milliún) a bhaineann le neamhéifeachtúlacht ar fhálú sreabhadh airgid áirithe.

Athshonraíodh na costais oibríochtaí agus chothabhála in 2011 chun athrú cuntasaíochta maidir le costais arna dtabhu ag NIE Limited, ar obair a rinneadh faoi cheadúnas rialála, a léiriú. Nochtadh na costais seo de €36.0 milliún roimhe seo laistigh de chostais eile bainteach le leictreachas in 2011. Aithnítear ioncam i ndáil leis an obair seo freisin, laistigh de ioncam.

6. GLANCHOSTAS AIRGEADAIS AGUS MUIRIR MHAOINITHE EILE

	2012 € '000	2011 € '000
Ús iníoctha ar iasachtaí	216,989	177,628
Ús iníoctha ar léasanna airgeadais	3,938	4,769
Ús iníoctha	220,927	182,397
Lúide ús caipitlithe	(27,852)	(29,062)
Glanús ar iasachtaí	193,075	153,335
Muirir mhaoinithe:		
- ar scéim phinsin le sochar sainithe (nóta 20)	2,142	738
- ar dhliteanas maidir le hoibleagáide pinsin (nóta 21)	38,798	39,947
- ar dhliteanais a bhaineann le fostaíthe (nóta 21)	4,034	3,605
- ar costais um stáisiún cumhachta a dhúnadh (nóta 24)	8,643	7,873
- ar sholáthairtí eile (nóta 24)	1,787	2,194
Iomlán na muirear maoinithe	55,404	54,357
(Gnóthachain) / caillteanais luach cóir ar ionstraimí airgeadais:		
- babhtálacha airgeadra / ráta úis: fálú sreabhadh airgid, aistriú ó OCI	948	4,371
- babhtálacha ráta úis agus babhtálacha nasctha le boilsciú nach gcáilíonn do chuntasaíocht fálaíthe	23,417	204,273
- conarthaí malairte eachtraí nach gcáilíonn do chuntasaíocht fálaíthe	(1,071)	(452)
Iomlán na gcaillteanas luach cóir ar ionstraimí airgeadais	23,294	208,192
Costas airgeadais	271,773	415,884
Ioncam airgeadais	(2,434)	(1,790)
Glanchostas airgeadais	269,339	414,094

Ríomhtar na muirir mhaoinithe i leith soláthairtí i gcomhréir leis an mbeartas um oibleagáidí íocaíochta sa todhchaí a lascaíniú.

Baineann (gnóthachain) / caillteanais luach cóir ar bhabhtálacha rátaí úis agus babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú go príomha le gluaiseachtaí luach cóir ar bhabhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú, a fuarthas mar chuid de cheannach an ghnó NIE in 2010. Ní cháilíonn na babhtálacha seo le haghaidh cuntasaíocht fálaíthe faoi IAS 39 agus dá réir sin aithnítear gluaiseachtaí luach cóir i ndiaidh a n-éadála sa ráiteas ioncaim. Tá tionchar ar a luach cóir ag gluaiseachtaí coibhneasta i rátaí úis agus in ionchais mhargaidh um ghluaiseachtaí san innéacs praghsanna do thomhaltóirí (RPI) amach anseo sa Ríocht Aontaithe.

Chomh maith leis na suimeanna a aistríodh ón ráiteas ar ioncam cuimsitheach maidir le babhtálacha ráta úis agus conarthaí malairte eachtraí a nochtadh thuas, tá €18.4 milliún breise (2011: €33.8 milliún) aistrithe ón gcúlchiste fálaíthe sreabhadh airgid chuig glanchostas airgeadais agus muirir airgeadais eile i rith na bliana. Déantar an méid seo a fhritháireamh go hiomlán, áfach, ag gluaiseachtaí in aistriú na n-iasachtaí bunúsacha d'airgeadra eachtrach fálaíthe ar na rátaí malairte a bhí i réim.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

7. FOSTAITHE

An Grúpa

(a) Meánlíon na bhfoistaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:

	2012 Líon	2011 Líon
Electric Ireland	351	510
ESB Networks	3,484	3,538
ESB Energy International	2,128	2,187
NIE	1,296	1,240
Eile	733	737
Iomlán	7,992	8,212

(b) Costais fostaithe i rith na bliana

	2012 € '000	2011 € '000
Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)		
Tuarastail	494,970	509,683
Ragobair	19,697	27,171
Costais leasa sóisialaigh	33,138	30,484
Sochair phárolla eile ¹	26,190	31,999
Párolla caipitlithe	(167,781)	(179,278)
Glanchoistas párolla maidir le fostaithe	406,214	420,059

(c) Pinsean agus costais eile um shochar fostai

Costais scoir ²	161,162	714
Muirear um shochar sainithe NIE ³	10,042	8,096
Muirear pinsin le ranníocaíocht sainithe ⁴	48,578	45,850
	219,782	54,660
Iomlán na gcostas fostaithe a cuireadh de mhuirear ar an ráiteas ioncaim	625,996	474,719

¹ Costais taistil agus cothabhála agus fabhrú maidir le hiarmhéid fhuilleach saoire ag deireadh na bliana go príomha a áirítear leis na sochair seo.

² Rinne an chuideachta comhaontú i rith na bliana leis an nGrúpa Ceardchumann (ar son na bhfoistaithe) ar mholtaí chun costais a laghdú sa chuideachta. Mar chuid den chomhaontú seo, cuireadh tús le clár deonach téarfa. Dúnadh an clár seo ag deireadh na bliana, le 528 fostaí ag imeacht ón nGrúpa.

Léiríonn na costais scoir a gearradh luach lascainithe na n-íocaíochtaí go léir amach anseo faoin gclár téarfa. Íocadh cuid shuntasach de na costais seo le linn 2012. Tá an chuid eile san áireamh sa dliteanas athstruchtúraithe, agus íocfar é thar an tréimhse atá fágtha den chomhaontú (féach nóta 21).

Sa bhreis ar an gclár seo, i rith 2012 d'athbhreithnigh an Grúpa a mheastachán ar luach reatha na gcostas a bhaineann le stáisiúin ghiniúna a dhúnadh, ar bhonn na dtéarmaí is déanaí a comhaontaíodh. Mar thoradh air seo scaoileadh eilimint den bhforáil sin chuig na costais scoir sa ráiteas ioncaim in 2012, mar atá leagtha amach i nóta 24.

³ Ní bhaineann an muirear um shochar sainithe ach amháin leis an rannóg 'Focus' de Scéim Phinsin Northern Ireland Electricity ('Scéim NIE') ar a ndéantar cuntasáíocht mar scéim le sochar sainithe. Féach Nóta 20 (c) le haghaidh tuilleadh sonraí.

⁴ Cuimsíonn an muirear um ranníocaíochtaí sainithe ranníocaíochtaí chuig Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB, Scéim Aoisliúntais Fostaithe Ginearálta ESB agus an roinn 'Options' de Scéim NIE.

An Mhathairchuideachta

(a) Meánlíon na bhfoistaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:

	2012 Líon	2011 Líon
Electric Ireland	280	438
ESB Networks	3,445	3,496
ESB Energy International	865	892
Eile	722	722
Iomlán	5,312	5,548

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

7. FOSTAITHE (ar lean)

An Mháthairchuideachta (ar lean)

(b) Costais fostaithe i rith na bliana	2012 € '000	2011 € '000
Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)		
Tuarastail	350,673	369,609
Ragobair	15,179	22,459
Costais leasa sóisialaigh	19,569	18,937
Sochair phárolla eile ¹	15,847	22,194
Párolla caipitlithe	(122,277)	(139,575)
Glanchoas párolla maidir le fostaithe	278,991	293,624
(c) Pinsean agus costais eile um shochar fostai		
Costais scoir ²	160,978	-
Muirear pinsin le ranníocaíocht sainithe ³	37,631	36,464
	198,609	36,464
Iomlán na gcostas fostaithe a cuireadh de mhuirear ar an ráiteas ioncaim	477,600	330,088

¹ Costais taistil agus cothabhála agus fabhrú maidir le hiarmhéid fhuilleach saoire ag deireadh na bliana go príomha a áirítear leis na sochair seo.

² Rinne an chuideachta comhaontú i rith na bliana leis an nGrúpa Ceardchumann (ar son na bhfostaithe) ar mholtaí chun costais a laghdú sa chuideachta. Mar chuid den chomhaontú seo, cuireadh tús le clár deonach téarfa. Dúnadh an clár seo ag deireadh na bliana, le 528 fostaí ag imeacht ón nGrúpa.

Léiríonn na costais scoir a gearradh luach lascainithe na n-íocaíochtaí go léir amach anseo faoin gclár téarfa. Íocadh cuid shuntasach de na costais seo le linn 2012. Tá an chuid eile san áireamh sa dliteanas athstruchtúraithe, agus íocfar é thar an tréimhse atá fágtha den chomhaontú (féach nóta 21).

Sa bhreis ar an gclár seo, i rith 2012 d'athbhreithnigh an Grúpa a mheastachán ar luach reatha na gcostas a bhaineann le stáisiúin ghiniúna a dhúnadh, ar bhonn na dtéarmaí is déanaí a comhaontaíodh. Mar thoradh air seo scaoileadh eilimint den bhforáil sin chuig na costais scoir sa ráiteas ioncaim in 2012, mar atá leagtha amach i nóta 24.

³ Cuimsíonn an muirear um ranníocaíochtaí sainithe ranníocaíochtaí chuig Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB agus Scéim Aoisliúntais Fostaithe Ginearálta ESB.

8. BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS

	2012 € '000	2011 € '000
Luaitear an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh na nithe seo a leanas a ghearradh / (a bhreacadh chun sochair):		
Dímheas agus amúchadh	713,120	685,172
Muirir léasanna oibriúcháin	10,420	13,963
Amúchadh ioncaim iarchurtha	(33,292)	(32,653)
Brabús ar shócmhainní neamhreatha a dhiúscairt	(2,456)	(4,759)
Luach saothair an iniúcháir		
- Iniúchadh ar chuntais aonair agus ghrúpa ¹	320	318
- Seirbhísí árachais eile	391	556
- Seirbhísí comhairleacha cánach (aonán Mháthairchuideachta amháin)	78	40
- Seirbhísí neamh-iniúcháireachta eile	111	14
Luach saothair Chomhaltá Bhord ESB (An Mháthairchuideachta)		
- Táillí	224	243
- Luach saothair eile	353	689

¹ €180,000 (2011: €217,575) bainteach leis an Máthairchuideachta

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

9. MAOIN, GLÉASRA & TREALAMH

(a) Grúpa	Talamh agus foirgnimh € '000	Gléasra agus innealra € '000	lomlán na sócmhainní in úsáid € '000	Sócmhainní á dtógáil € '000	lomlán € '000
Costas					
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	1,042,297	13,133,534	14,175,831	991,900	15,167,731
Breiseanna	757	153,987	154,744	612,978	767,722
Éadálacha	-	111,509	111,509	-	111,509
Scor / diúscairtí	(37)	(17,494)	(17,531)	-	(17,531)
Aistrithe amach as sócmhainní atá á dtógáil	49,744	733,036	782,780	(782,780)	-
Aistrithe ó shócmhainní doláimhsithe	100	-	100	-	100
Difríochtaí aistriúcháin	(2,881)	92,398	89,517	7,039	96,556
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	1,089,980	14,206,970	15,296,950	829,137	16,126,087
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	1,089,980	14,206,970	15,296,950	829,137	16,126,087
Breiseanna	1,531	164,151	165,682	551,091	716,773
Scor / diúscairtí	(747)	(11,403)	(12,150)	-	(12,150)
Aistrithe amach as sócmhainní atá á dtógáil	37,494	405,641	443,135	(443,135)	-
Aistrithe go dtí / ó shócmhainní doláimhsithe	588	(185)	403	(426)	(23)
Difríochtaí aistriúcháin	3,227	80,856	84,083	2,092	86,175
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	1,132,073	14,846,030	15,978,103	938,759	16,916,862
Dímheas					
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	572,383	4,757,422	5,329,805	-	5,329,805
Muirear don bhliain	21,254	609,345	630,599	-	630,599
Scor / diúscairtí	(63)	(14,863)	(14,926)	-	(14,926)
Difríochtaí aistriúcháin	(49)	18,332	18,283	-	18,283
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	593,525	5,370,236	5,963,761	-	5,963,761
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	593,525	5,370,236	5,963,761	-	5,963,761
Muirear don bhliain	22,736	629,587	652,323	-	652,323
Scor / diúscairtí	(393)	(10,339)	(10,732)	-	(10,732)
Difríochtaí aistriúcháin	86	23,688	23,774	-	23,774
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	615,954	6,013,172	6,629,126	-	6,629,126
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2012	516,119	8,832,858	9,348,977	938,759	10,287,736
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2011	496,455	8,836,734	9,333,189	829,137	10,162,326
Leabharluach glan an 1 Eanáir 2011	469,914	8,376,112	8,846,026	991,900	9,837,926

I rith na bliana rinne an Grúpa € 27.9 milliún d'ús a chaipitliú (2011: €29.1 milliún) i sócmhainní á dtógáil, ag baint úsáide as ráta úis éifeachtach 4.6% (2011: 4.2%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa an 31 Nollaig 2012 ná €75.4 milliún (2011: €68.9 milliún).

Tá maoín, gléasra agus trealamh ar ghlanluach leabhair nialais amhail an 31 Nollaig 2012 san áireamh thuas ar chostas €2,494.3 milliún (2011: €2,149.6 milliún).

Baineann scor / diúscairtí in 2012 agus 2011 araon den chuid is mó le deireadh a chur le húsáid acmhainní a bhí dímheasta go hiomlán.

Baineann éadálacha sócmhainní in 2011 leis an 50% eile de scaireanna in Corby Power Limited a cheannach, arbh é an tionchar a bhí aige ná sealúchas comhfhiontair ESB sa chuideachta a aistriú go sealúchas iomlán fochuideachta 100% (féach nóta 12 (c) - Éadálacha an Ghrúpa le haghaidh tuilleadh sonraí).

Léasanna airgeadais

I seilbh na máthairchuideachta atá na léasanna airgeadais uile. Áirítear i leabharluach glan na maoine, gléasra agus trealamh méid de €20.0 milliún (2011: €30.0 milliún) i ndáil le gléasra agus innealra coinneithe faoi léasanna airgeadais. Ba é méid iomlán an dímheasa a muirearaíodh ar shócmhainní den sórt sin i rith na bliana ná €10.0 milliún (2011: €10.0 milliún).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

9. MAOIN, GLÉASRA & TREALAMH (ar lean)

(b) An Mháthairchuideacht	Talamh agus foirgnimh € '000	Gléasra agus innealra € '000	Iomlán na sócmhainní in úsáid € '000	Sócmhainní á dtógáil € '000	Iomlán € '000
Costas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	1,010,256	10,405,318	11,415,574	742,638	12,158,212
Breiseanna	697	59,120	59,817	505,287	565,104
Scor / diúscairtí	(54)	(15,140)	(15,194)	-	(15,194)
Aistrithe amach as sócmhainní atá á dtógáil	49,744	538,726	588,470	(588,470)	-
Aistrithe go dtí sócmhainní doláimhsithe	134	31	165	7	172
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	1,060,777	10,988,055	12,048,832	659,462	12,708,294
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	1,060,777	10,988,055	12,048,832	659,462	12,708,294
Breiseanna	1,166	57,900	59,066	332,315	391,381
Scor / diúscairtí	(183)	(9,850)	(10,033)	-	(10,033)
Aistrithe amach as sócmhainní atá á dtógáil	38,082	350,702	388,784	(388,784)	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	1,099,842	11,386,807	12,486,649	602,993	13,089,642
Dímheas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	571,563	4,644,608	5,216,171	-	5,216,171
Muirear don bhliain	20,304	424,516	444,820	-	444,820
Scor / diúscairtí	(63)	(12,772)	(12,835)	-	(12,835)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	591,804	5,056,352	5,648,156	-	5,648,156
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	591,804	5,056,352	5,648,156	-	5,648,156
Muirear don bhliain	21,740	427,768	449,508	-	449,508
Scor / diúscairtí	(69)	(8,784)	(8,853)	-	(8,853)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	613,475	5,475,336	6,088,811	-	6,088,811
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2012	486,367	5,911,471	6,397,838	602,993	7,000,831
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2011	468,973	5,931,703	6,400,676	659,462	7,060,138
Leabharluach glan an 1 Eanáir 2011	438,693	5,760,710	6,199,403	742,638	6,942,041

I rith na bliana rinne an Mháthairchuideachta €19.6 milliún d'ús a chaipitliú (2011: €24.4 milliún) i sócmhainní á dtógáil, ag baint úsáide as ráta úis éifeachtach 4.3% (2011: 4.2%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa an 31 Nollaig 2012 ná €72.3 milliún (2011: €65.7 milliún).

Tá maoín, gléasra agus trealamh ar leabharluach glan €nialais amhail an 31 Nollaig 2012 san áireamh thuas ar chostas €2,328.5 milliún (2011: €2,026.7 milliún).

Baineann scor / diúscairtí in 2012 agus 2011 araon den chuid is mó le deireadh a chur le húsáid sócmhainní a bhí dímheasta go hiomlán.

Léasanna airgeadais

Áirítear i leabharluach glan na maoine, gléasra agus trealamh méid de €20.0 milliún (2011: €30.0 milliún) i ndáil le gléasra agus innealra coinnithe faoi léasanna airgeadais. Ba é méid iomlán an dímheasa a muirearaíodh ar shócmhainní den sórt sin i rith na bliana ná €10.0 milliún (2011: €10.0 milliún).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

10. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

(a) An Grúpa	Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € '000	Astaíochtaí - lamháltais € '000	Bogearraí faoi fhorbairt € '000	Iomlán € '000
Costas				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	454,005	134,739	17,072	605,816
Breisithe bogearraí	2,582	-	37,993	40,575
Diúscairtí bogearraí	(446)	-	-	(446)
Aistrithe amach as bogearraí atá faoi fhorbairt	21,545	-	(21,545)	-
Leithroinnt lamháltas astaíochtaí	-	135,161	-	135,161
Ceannach lamháltas astaíochtaí	-	12,080	-	12,080
Éadálacha	-	12,266	-	12,266
Socrú lamháltas astaíochtaí	-	(126,653)	-	(126,653)
Aistrithe chuig maoin, gléasra agus trealamh	-	-	(100)	(100)
Difríochtaí aistriúcháin	1,980	1,087	1,067	4,134
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	479,666	168,680	34,487	682,833
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	479,666	168,680	34,487	682,833
Breisithe bogearraí	7,979	-	24,496	32,475
Diúscairtí bogearraí	(268)	-	-	(268)
Aistrithe amach as bogearraí atá faoi fhorbairt	51,624	-	(51,624)	-
Leithroinnt lamháltas astaíochtaí	-	69,438	-	69,438
Ceannach lamháltas astaíochtaí	-	7,185	-	7,185
Socrú lamháltas astaíochtaí	-	(135,531)	-	(135,531)
Aistrithe ó mhaoín, gléasra agus trealamh	23	-	-	23
Difríochtaí aistriúcháin	2,831	568	594	3,993
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	541,855	110,340	7,953	660,148
Amúchadh				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	256,501	-	-	256,501
Muirear don bhliain	54,573	-	-	54,573
Scor / diúscairtí	(416)	-	-	(416)
Difríochtaí aistriúcháin	197	-	-	197
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	310,855	-	-	310,855
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	310,855	-	-	310,855
Muirear don bhliain	60,797	-	-	60,797
Scor / diúscairtí	(268)	-	-	(268)
Difríochtaí aistriúcháin	1,166	-	-	1,166
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	372,550	-	-	372,550
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2012	169,305	110,340	7,953	287,598
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2011	168,811	168,680	34,487	371,978
Leabharluach glan an 1 Eanáir 2011	197,504	134,739	17,072	349,315

Áiríonn costais bogearraí sócmhainní a forbraíodh go himmheánach agus cinn á cheannaíodh go seachtrach. Is iad na sócmhainní a forbraíodh go himmheánach is cúis leis an chuid is mó de na costais sin, áfach.

Ar na sócmhainní doláimhsithe eile áirítear naisc gréasáin agus sócmhainní eile um fhorbairt feirme gaoithe.

Ní amúchtar lamháltais astaíochtaí mar go mbíonn siad i seilbh lena socrú an bhliain ina dhiaidh sin. Na lamháltais astaíochtaí atá nochtaithe thuas mar 'leithdháilte' fuarthas iad trí dheontas rialtais agus tá siad san áireamh freisin in ioncam iarchurtha, mar a léirítear i nóta 23.

Dhíol an Grúpa lamháltais áirithe le luach tugtha anonn de €59.0 milliún i mí Aibreáin 2012, agus ag an am céanna rinne siad conradh chun iad a cheannach ar ais i mí Feabhra 2013 ar phraghas seasta. Cuireadh idirbheart den chineál céanna i gcrích i mí Aibreáin 2011, ar luach €14.50 milliún. Caitheadh leis na hidirbhearta seo mar shocrú maoinithe agus tá siad sonraithe i nóta 18.

Cuirtear amúchadh na sócmhainní doláimhsithe de mhuirear ar an ráiteas ioncaim mar chuid de chostais oibriúcháin.

Baineann éadail sócmhainní in 2011 leis an 50% eile de scaireanna in Corby Power Limited a cheannach, arbh é an tionchar a bhí aige ná sealúchas comhfhiontair ESB sa chuideachta a aistriú go sealúchas iomlán fochuideachta 100% (féach nóta 12 (c) - Éadálacha an Ghrúpa le haghaidh tuilleadh sonraí.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

10. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE (ar lean)

	Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € '000	Astaíochtaí - lamháltais € '000	Bogearraí faoi fhorbairt € '000	Iomlán € '000
(b) An Mháthairchuideachta				
Costas				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	338,191	101,421	17,144	456,756
Breisthe bogearraí	664	-	16,611	17,275
Diúscairtí bogearraí	(188)	-	-	(188)
Aistrithe amach as bogearraí atá faoi fhorbairt	27,132	-	(27,132)	-
Leithroinnt lamháltas astaíochtaí	-	112,076	-	112,076
Ceannach lamháltas astaíochtaí	-	4,903	-	4,903
Socrú lamháltas astaíochtaí	-	(96,799)	-	(96,799)
Aistrithe chuig maoin, gléasra agus trealamh	(175)	-	3	(172)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	365,624	121,601	6,626	493,851
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	365,624	121,601	6,626	493,851
Breisthe bogearraí	7,706	-	7,354	15,060
Aistrithe amach as bogearraí atá faoi fhorbairt	8,689	-	(8,689)	-
Leithroinnt lamháltas astaíochtaí	-	57,629	-	57,629
Ceannach lamháltas astaíochtaí	-	3,274	-	3,274
Socrú lamháltas astaíochtaí	-	(96,286)	-	(96,286)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	382,019	86,218	5,291	473,528
Amúchadh				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	247,321	-	-	247,321
Muirear don bhliain	34,044	-	-	34,044
Scor / diúscairtí	(188)	-	-	(188)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	281,177	-	-	281,177
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	281,177	-	-	281,177
Muirear don bhliain	30,491	-	-	30,491
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	311,668	-	-	311,668
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2012	70,351	86,218	5,291	161,860
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2011	84,447	121,601	6,626	212,674
Leabharluach glan an 1 Eanáir 2011	90,870	101,421	17,144	209,435

Áiríonn costais bogearraí sócmhainní a forbraíodh go himmheánach agus cinn á cheannaíodh go seachtrach. Is iad na sócmhainní a forbraíodh go himmheánach is cúis leis an chuid is mó de na costais sin, áfach.

Ní amúchtar liúntais astaíochtaí mar go mbíonn siad i seilbh lena socrú an bhliain ina dhiaidh sin. Na lamháltais astaíochtaí atá nochtaithe thuas mar 'leithdháilte' fuarthas iad trí dheontas rialtais agus tá siad san áireamh freisin in ioncam iarchurtha, mar a léirítear i nóta 23.

Dhiól an Mháthairchuideachta lamháltais áirithe le luach tugtha anonn de €59.0 milliún i mí Aibreáin 2012, agus ag an am céanna rinne siad conradh chun iad a cheannach ar ais i mí Feabhra 2013 ar phraghas seasta. Cuireadh idirbheart den chineál céanna i gcrích i mí Aibreáin 2011, ar luach €145.0 milliún. Caitheadh leis na hidirbhearta seo mar shocrú maoinithe agus tá siad sonraithe i nóta 18.

Cuirtear amúchadh na sócmhainní doláimhsithe de mhuirear ar an ráiteas ioncaim mar chuid de chostais oibriúcháin.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

11. CÁILMHEAS

€ '000

Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	176,293
Difríochtaí aistriúcháin	5,371
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	181,664
 Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	181,664
Difríochtaí aistriúcháin	4,274
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	185,938

Maidir le héadail NIE i mí na Nollag 2010, aithníodh cáilmheas a bhaineann le luach cóir an toraidh ionchais ar infheistíocht amach anseo i mBonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) ghnó NIE. Déantar athbhreithniú ar cháilmheas go bliantúil i mí na Nollag maidir le lagú, trí mheasúnú a dhéanamh ar shuim in-aisghabhála na hinfeistíochta, bunaithe ar a luach le linn fónaimh.

Cuireadh an tástáil bhliantúil um lagú cáilmheasa i gcrích i mí na Nollag 2012 i gcomhréir le IAS 36. Measadh nach raibh aon laghdú ar luach an cháilmheasa ag teastáil, i ndiaidh na tástála lagaithe a luadh.

Ríomhann an Grúpa an luach le linn fónaimh ag baint úsáide as samhail sreabhadh airgid lascainithe 20-bliain, agus críochnuach bunaithe ar RAB, a fhreagraíonn do shaolré fónaimh ionchais an bhoinn bhunshócmhainní. Déantar an sreabhadh airgid amach anseo a choigeartú maidir le rioscaí a bhaineann leis an infheistíocht agus déantar iad a lascainiú ag úsáid ráta lascaine réamhchánach de 6.0%.

Tá an ráta lascaine a úsáideadh ina phríomh-spreagthóir luachála agus cinneadh an ráta trí Mheánchostas Caipitil Ualaithe (WACC) cuí a chur le chéile do ghnóthaí NIE agus comparadóirí ábhartha a thagarmharcáil. I measc tiománaithe tábhachtacha eile áirítear boilsciú agus toimhdí rialála. Fuarthas na rátaí boilscithe fadtéarmacha a úsáideadh ón UK Office of Budget Responsibility (Oifig um Fhreagracht Buiséid na Ríochta Aontaithe), agus tá siad bunaithe faoi láthair ar ráta fadtéarmach 2.75%. Déantar toimhdí i ndáil leis an toradh rialála i bhfianaise cinntí rialála roimhe sin sa Ríocht Aontaithe.

Fachtóirí atá rithábhachtach nuair a bhíonn luach an cháilmheasa á mheasúnú ná leibhéil ionchais an chaiteachais chaipitil sa todhchaí agus oiriúnacht an toradh a cheadaítear ar an RAB. Comhaontaítear an dá cheann leis an Rialálaí Fónais i dTuaisceart Éireann (NIAUR) mar chuid den athbhreithniú Praghaís Rialála. Creideann an lucht bainistíochta nach raibh aon athruithe réasúnta féideartha ar na heochairthiománaithe luachála, ar dháta na tástála lagaithe, a bheadh ina chúis le luach tugtha anonn na hinfeistíochta a bheith níos mó ná an tsuim in-aisghabhála.

D'fhógair NIAUR i nDeireadh Fómhair 2011 go mbeadh an chéad chlár eile um rialú praghaís (RP5) is infheidhme maidir le NIE ag teacht in éifeacht an 1 Deireadh Fómhair 2012 in áit an 1 Aibreán 2012. D'fhoilsigh NIAUR a chinneadh deiridh um RP5 i mí Dheireadh Fómhair 2012. I mí na Samhna 2012 chuir NIE an rialálaí ar an eolas ar an drochuair nach raibh sé in ann glacadh leis na téarmaí a bhí molta le haghaidh rialaithe praghsanna RP5, agus táthar ag súil go bhféadfaidh an rialálaí an t-ábhar a tharchur chuig an UK Competition Commission (Coimisiún na RA um Iomaíocht) anois. Níltear ag súil le toradh deiridh go dtí níos déanaí in 2013.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag cinntí praghsála rialála ar an luach le linn fónaimh de ghnó NIE. Sa mhéid nach bhfuil an modh nó an leibhéal aisghabhála rialála arna chinneadh in RP5 i gcomhréir leis an gclár reatha, agus cláir den chineál céanna sa Ríocht Aontaithe, caithfear é seo a chur san áireamh mar chuid den athbhreithniú lagaithe bliantúil.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

12. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

(a) An Grúpa	Infheistíochtaí comhfhiontair € '000	Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas € '000	Iomlán € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	55,117	20,184	75,301
Breiseanna	-	24,684	24,684
Sciar de bhrabús	23,912	-	23,912
Gluaiseacht luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid	(7,397)	-	(7,397)
Gluaiseacht luach cóir - aistriú chuig an ráiteas ioncaim	-	(4,068)	(4,068)
Díbhinne a fuarthas	(19,517)	-	(19,517)
Difríochtaí aistriúcháin	51	26	77
Aistriú Corby Power Limited go fochuideachta iomlán	(23,488)	-	(23,488)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	28,678	40,826	69,504
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	28,678	40,826	69,504
Breiseanna	143	15,357	15,500
Diúscairtí	-	(921)	(921)
Sciar de bhrabús	20,704	-	20,704
Gluaiseacht luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid	(4,017)	-	(4,017)
Gluaiseacht luach cóir - aistriú chuig an ráiteas ioncaim	-	(6,445)	(6,445)
Díbhinne a fuarthas	(15,339)	-	(15,339)
Difríochtaí aistriúcháin	1,267	32	1,299
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	31,436	48,849	80,285

Infheistíochtaí comhfhiontair

D'eascair aistriú Corby Power Limited go fochuideachta iomlán in 2011 ón 50% eile de scaireanna in Corby Power Limited a cheannach, arbh é an tionchar a bhí aige ná sealúchas comhfhiontair ESB sa chuideachta a aistriú go sealúchas iomlán fochuideachta 100%. Ba é luach tugtha anonn infheistíocht an Ghrúpa in Corby Power Limited ar dháta na héadála iomláine ná €23.5 milliún. Tugtar mionsonraí faoin éadail seo sna nochtuithe i roinn (c) den nóta seo.

Baineann an ghluaiseacht luach cóir ar fhálú sreabhadh airgid le díorthaigh a choinnítear in Bizkaia Energia SL agus Marchwood Power Limited, atá sainithe i gcoibhnis falaithe sreabhadh airgid sna haonáin sin.

Baineann díbhinní a fuarthas ó chomhfhiontair le Marchwood Power Limited €5.2 milliún (2011: €7.4 milliún) agus Bizkaia Energia SL €10.1 milliún (2011: €7.4 milliún). Ba roimh éadail na scairsheilbhe 50% a bhí fágtha a fuarthas an €4.7 milliún de dhíbhinne ó Corby Power Limited in 2011.

Baineann difríochtaí aistriúcháin le Corby Power Limited agus Marchwood Power Limited mar go bhfuil na cuideachtaí seo lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus tá airgeadraí feidhmiúla steirling acu.

Leasanna i gcomhfhiontair

Tá na cuideachtaí seo a leanas curtha san áireamh i gcuntais Ghrúpa ESB mar chomhfhiontair trí chuntasaíocht chothromais a úsáid:

Ainm na cuideachta	Tír	Sealúchas amhail 31 Nollaig 2012 % de scairchaipiteal faoi úinéireacht	Sealúchas amhail 31 Nollaig 2011 % de scairchaipiteal faoi úinéireacht
Bizkaia Energia SL	An Spáinn	50%	50%
Marchwood Power Ltd	An Ríocht Aontaithe	50%	50%
Oweninny Power Ltd	Poblacht na hÉireann	50%	50%
Emerald Bridge Fibres Ltd	Poblacht na hÉireann	50%	50%

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

12. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

(a) An Grúpa (ar lean)

Is mar seo a leanas atá sciar comhiomlán an Ghrúpa de na sócmhainní neamhreatha, sócmhainní reatha, dliteanais neamhreatha, dliteanais reatha, ioncam agus costais a bhaineann lena leasanna sna comhfhiontair sin:

Faisnéis airgeadais achomair i leith comhfhiontair

	2012 € '000	2011 € '000
Sócmhainní neamhreatha	380,295	384,471
Sócmhainní reatha	65,860	66,467
Iomlán na sócmhainní	446,155	450,938
Cothromas	71,516	62,253
Cúlchiste um fhálú sreabhadh airgid	(30,022)	(25,647)
Cothromas iomlán	41,494	36,606
Sócmhainní neamhreatha	167,142	186,215
Dlíteanais reatha	201,422	196,196
Dlíteanais dhíorthaigh	36,097	31,921
Iomlán na ndlíteanas	404,661	414,332
Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas	446,155	450,938
Ioncam	86,178	97,443
Costais	(39,513)	(46,015)
Brabús oibriúcháin	46,665	51,428
Brabús tar éis úis agus cánach	20,704	23,912

Léiríonn an sciar den chothromas iomlán de €41.5 milliún (2011: €36.6 milliún) thuas sciar an Ghrúpa de chlár comhardaithe aonair na n-infheistíochtaí comhfhiontair. Is é luach na n-infheistíochtaí comhfhiontair i gclár comhardaithe an Ghrúpa ná €31.4 milliún (2011: €28.7 milliún). Baineann an difríocht de €10.1 milliún (2011: €7.9 milliún) go príomha le soláthar a dhéantar ag leibhéal an Ghrúpa i gcoinne iarmhéideanna cánach áirithe a aithnítear i ndáil le Bizkaia Energia SL.

Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas

Is leis an nGrúpa an gnó caipitil fiontair, Novusmodus, ina bhfuil caipiteal síl infheistithe in aonáin teicneolaíochta ag teacht chun cinn. Déantar na hinfeistíochtaí sin a bhainistiú ar mhaithe le toradh infheistíochta amháin agus mar sin déantar iad a bhreacadh ag luach cóir tríd an ráiteas ioncaim. Níl ceannas ag ESB ar aon shócmhainní airgeadais arna gcoinneáil ag luach cóir. I measc na mbreiseanna áirítear infheistíochtaí i roinnt cuideachtaí fuinnimh ghlan agus cuideachtaí teicneolaíochta nua agus infheistíocht bhreise freisin i gciste fuinnimh ghlan VantagePoint. Rinneadh luacháil chóir ar na hinfeistíochtaí sin ag deireadh na bliana agus aistriódh an ghluaiseacht chuig an ráiteas ioncaim. Baineann na gluaiseachtaí luach cóir in 2012 go príomha le coigeartuithe ar luach trí infheistíochtaí i bhfiontair in-athnuaithe. Baineann na gluaiseachtaí luach cóir in 2011 go príomha le hinfeistíocht i gcuideachta amháin a chuaigh faoi leachtú i rith 2011 agus a scríodh síos go dtí €nialas.

Amhail 31 Nollaig 2012 d'fhéadfadh compháirtithe an Ghrúpa i gciste VantagePoint iarraidh air infheistíocht bhreise de €3.6 milliún a dhéanamh sa chiste (2011: €6.2 milliún). Tá an infheistíocht bhreise fhéideartha sin san áireamh laistigh de cheangaltas chaipitil i nóta 26 de na ráitis airgeadais seo. Tá tuilleadh faisnéise faoi na hinfeistíochtaí seo i Nóta 25.

I rith na bliana dhiúscairt an Grúpa a infheistíocht in Marine Current Turbines Limited ('MCT') agus aithníodh gnóthachan ar dhiúscairt €0.8 milliún laistigh d'ioncam oibriúcháin eile (féach nóta 4).

(b) An Mháthairchuideachta

Fochuideachtaí
€ '000

Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012 agus an 31 Nollaig 2012

72,832

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

12. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

(c) Éadálacha an Ghrúpa

Níor ghlac an Grúpa aon éadálacha ábhartha in 2012.

An 4 Bealtaine 2011 ghlac an Grúpa éadail na scairsheilbhe 50% a bhí fágtha in Corby Power Limited, cuideachta giniúna cumhachta bunaithe sa Ríocht Aontaithe. Mar chuid den éadail ghlac an Grúpa úinéireacht CPL Operations Limited freisin, fochuideachta faoi lánúinéireacht Corby Power Limited (dá ngairtear le chéile anseo 'Corby'). Críochnaíodh an éadail d'fhonn cur le láithreacht an Ghrúpa i margadh fuinnimh na Ríochta Aontaithe.

Bhí an éifeacht seo a leanas ag an éadail ar shócmhainní agus dhliteanais an Ghrúpa ar an dáta éadála:

Luachanna aitheanta
ar éadail
€ '000

Maoín, gléasra agus trealamh	111,509
Sócmhainní doláimhsithe	12,266
Infháltais trádála agus eile	6,450
Sócmhainní eile	4,465
Dlíteanais chánach iarchurtha	(31,391)
Suimeanna infíochta trádála agus eile	(10,875)
Soláthar do dhúnadh stáisiúin chumhachta	(1,136)
Glansócmhainní agus glandlíteanais inaitheanta	91,288
Comaoin a aistríodh:	
Comaoin airgid a íacadh	(49,339)
Airgead a fuarthas	14,504
Socraíocht chaidrimh a bhí ann cheana	(4,747)
Luach tugtha anonn an úis 50% i seilbh roimhe in Corby	(23,488)
Gnóthachan athluachála ar an ús 50% i seilbh roimhe in Corby	(28,218)
Comaoin iomlán	(91,288)

Na sócmhainní agus na dlíteanais a fuarthas mar atá leagtha amach thuas léiríodh i ráitis airgeadais an Ghrúpa iad ag a luach cóir tráth na fála. Cuireadh costais de €0.3 milliún a tabhaíodh i ndáil leis an gceannach laistigh de chostais oibriúcháin sa ráiteas ioncaim.

D'fhonn cuntasáiocht don éadail, bhain an Grúpa feidhm as cleas chun luach cóir a chur ar a scairsheilbh 50% in Corby amhail 4 Bealtaine 2011, ag baint úsáide as modheolaíocht sreafa airgid lascainithe sa todhchaí de réir IFRS 3. An éadail ba chúis le gnóthachan €28.8 milliún, a cuireadh san áireamh laistigh d'ioncam oibriúcháin eile (féach nóta 4), a chuimsíonn gnóthachan athluachála de €28.2 milliún, mar atá leagtha amach thuas, agus €0.6 milliún, arbh é an t-aistriú chuig an ráiteas ioncaim é de ghluaiseachtaí aistriúcháin ar an infheistíocht comhfhiontair a bhí i seilbh roimhe a bhí aitheanta laistigh den chúlchiste aistrithe. Tharla an gnóthachan athluachála toisc saolré fónaimh ionchais an ghléasra a bheith níos faide ná mar a measadh roimhe sin.

Chomh maith leis an idirbheart thuas, fuair an Grúpa íocaíocht de €122 milliún (Stg£11.0 milliún) ar an nuachan don Ghrúpa de chomhaontú um chóras dola ina raibh Corby páirteach. Ba idirbheart ar leith ón éadail é seo, agus tugadh cuntas air amhlaidh, leis an íocaíocht a fuarthas á aithint in ioncam oibriúcháin eile (féach nóta 4).

Bhí an fheidhmíocht oibriúcháin seo a leanas ag Corby i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011, agus sa tréimhse ó dháta na héadála go dtí deireadh na bliana 2011:

€ '000

Ioncam iomlán don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011	27,267
Caillteanas iomlán don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011	(523)
Iomlán na gcostas maidir le fostaithe a cuireadh de mhúirear ar an ráiteas ioncaim	15,136
Ioncam iomlán san áireamh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite in 2011	(2,255)
Caillteanas iomlán tar éis cánach ón dáta éadála go dtí deireadh na bliana 2011	

13. FARDAIL

	An Grúpa		An Mháthairchuideachta	
	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000
Ábhair	55,687	53,483	36,034	35,581
Breosla	77,329	83,083	68,851	73,779
	133,016	136,566	104,885	109,360

Bhí luach iomlán de €183.5 milliún sna fardail a caitheadh le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012 (2011: €129.9 milliún). Níor aithin ESB (Grúpa agus Máthairchuideachta) aon laghduithe fardail le linn na bliana (2011: €nialas).

Dhiúl an Grúpa fardail bhreosla áirithe le luach tugtha anonn de €30.0 milliún i mí na Nollag 2012, agus ag an am céanna rinne siad conradh chun iad a cheannach ar ais i mí na Nollag 2015 ar phraghas seasta. Caitheadh leis an t-idirbheart seo mar shocrú maoinithe agus tá sé sonraithe i nóta 18.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

14. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS EILE

	An Grúpa		An Mháthairchuideachta	
	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000
Infháltais leictreachais mhiondíola - billeáilte	91,352	87,879	78,239	75,449
Infháltais leictreachais mhiondíola - neamhbhilleáilte	192,398	165,311	138,942	114,413
Iomlán na n-infháltais leictreachais mhiondíola - billeáilte	283,750	253,190	217,181	189,862
Infháltais a bhaineann le linn an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM)	99,093	73,933	69,427	62,467
Infháltais um Úsáid Chórais (neamhbhilleáilte san áireamh)	167,798	139,193	26,948	30,701
Infháltais leictreachais eile	78,140	50,682	75,699	38,295
Iomlán na n-infháltais leictreachais	628,781	516,998	389,255	321,325
Infháltais trádála - neamhleictreachais	45,149	63,218	-	15,456
Méideanna dlite ó chomhfhiontair	8,265	6,247	-	-
Infháltais eile	63,582	30,078	23,877	14,856
Suimeanna dlite ó fhochuideachtaí	-	-	1,969,610	1,583,620
Réamhíocaíochtaí	48,354	27,169	33,125	11,293
	794,131	643,710	2,415,867	1,946,550

Riosca creidmheasa mórdhíola agus miondíola

Is féidir infháltais trádála agus eile a roinnt i gcustaiméirí leictreachais mhiondíola (billeáilte agus neamhbhilleáilte), infháltais a bhaineann le linn an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM), infháltais um Úsáid Chórais, agus infháltais eile (neamhleictreachais).

Tá uas-nochtadh creidmheasa an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig leagtha amach thíos. Tá réamhíocaíochtaí de €48.4 milliún (2011: €27.7 milliún) eisiata ón anailís toisc nach mbraitear aon nochtadh creidmheasa a bheith ann maidir leo siúd. I gcás na Máthairchuideachta, eisítear ó na hiarmhéideanna sonraithe freisin méideanna dlite ó fhochuideachtaí de €1,969.6 milliún (2011: €1,583.6 milliún).

	An Grúpa 2012			An Grúpa 2011		
	Suim chomhlán infhaighte € '000	Soláthairtí lagaithe € '000	Suim ghlan infhaighte € '000	Suim chomhlán infhaighte € '000	Soláthairtí lagaithe € '000	Suim ghlan infhaighte € '000
Nach bhfuil thar téarma	659,038	-	659,038	514,082	-	514,082
Thar téarma < 30 lá	48,709	(1,354)	47,355	63,333	(1,588)	61,745
Thar téarma 30 - 120 lá	33,623	(2,387)	31,236	32,627	(4,571)	28,056
Thar téarma > 120 lá	23,132	(19,004)	4,128	22,735	(16,130)	6,605
Breis is bliain amháin thar téarma	23,295	(19,275)	4,020	29,648	(23,595)	6,053
Iomlán	787,797	(42,020)	745,777	662,425	(45,884)	616,541

	An Mháthairchuideachta 2012			An Mháthairchuideachta 2011		
	Suim chomhlán infhaighte € '000	Soláthairtí lagaithe € '000	Suim ghlan infhaighte € '000	Suim chomhlán infhaighte € '000	Soláthairtí lagaithe € '000	Suim ghlan infhaighte € '000
Nach bhfuil thar téarma	368,235	-	368,235	301,684	-	301,684
Thar téarma < 30 lá	20,851	(672)	20,179	22,067	(1,409)	20,658
Thar téarma 30 - 120 lá	27,527	(2,317)	25,210	27,001	(3,348)	23,653
Thar téarma > 120 lá	18,259	(18,888)	(629)	18,130	(15,436)	2,694
Breis is bliain amháin thar téarma	15,578	(15,441)	137	22,583	(19,635)	2,948
Iomlán	450,450	(37,318)	413,132	391,465	(39,828)	351,637

Baineann na soláthairtí lagaithe a nochtadh thuas go príomha le hinfháltais leictreachais mhiondíola bhilleáilte. Mar a mhínítear thall níl méideanna atá thar téarma, lena n-áirítear méideanna atá breis is bliain amháin thar téarma, lagaithe ach amháin sa mhéid is go bhfuil fianaise ann nach bhfuil siad in-aisghabhála ar deireadh thiar. An chuid is mó den soláthar lagaithe aitheanta tá sé comhchoiteann seachas sonrach ó nádúr agus ríomhtar é bunaithe ar an leibhéal riosca creidmheasa a bhraitear i ndáil leis na hiarmhéideanna bunúsacha. Bhí an ghluaiseacht sa lamháltas do lagú i ndáil le hinfháltais trádála i rith na bliana mar seo a leanas:

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

14. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS EILE (ar lean)

	An Grúpa		An Mháthairchuideachta	
	2012 €'000	2011 €'000	2012 €'000	2011 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	45,884	47,707	39,828	43,612
Caillteanas lagaithe aitheanta	23,050	22,718	22,721	20,345
Soláthar úsáidte	(26,914)	(24,541)	(25,231)	(24,129)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	42,020	45,884	37,318	39,828

Infháltais leictreachais mhiondíola

Déantar an riosca creidmheasa ar chuntais leictreachais mhiondíola a bhainistiú tríd an monatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, socrú a dhéanamh i gcomhair cúlbhannaí cuí, agus beartas bailiúcháin atá bunaithe ar acmhainneacht creidmheasa, méid agus fad an fhiachais. Tá an riosca maidir le Electric Ireland comhchruinnithe i gcuntais mhiondíola leictreachais a dúndadh i riaráiste. Ina theannta sin, agus le méadú in iomaíocht curtha san áireamh, féadfaidh custaiméirí áirithe soláthraithe a mhalartú sula nglanann siad a n-iarmhéideanna gan íoc. Tá An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER), i gcomhair le gach cuideachta soláthair leictreachais, ag déanamh iarracht réiteach a aontú ar an bhfeiniméan seo (ar a dtugtar 'debt hopping'). Déantar na cuntais sin a bhainistiú laistigh de bheartas bailiúcháin fiachais an Ghrúpa trí mheascán de leanúint inmheánach fiachais, úsáid gníomhaireachtaí bailiúcháin fiachais agus caingean dlí nuair is gá, lena n-áirítear breithiúnais a fhoilsiú. I Meitheamh 2011, bhunaigh an CER saoráid fógartha fiachais i leith na gcustaiméirí atá ag athrú soláthraí sa mhargadh leictreachais, cé is moite d'Úsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUanna).

Tá an beartas forála lagaithe maidir le hinfháltais leictreachais mhiondíola bunaithe ar thaithí stairiúil ar fhiachais a dhíscríobhadh arna nuashonrú do choinníollacha an mhargaidh reatha. Is féidir foráil a dhéanamh i dtaobh iarmhéideanna sonracha áit a bhfuil fianaise maidir le díospóid nó fianaise nach bhfuiltear in ann socrú a dhéanamh. Déantar foráil bhreise ar bhunús punainne chun caillteanais thabhairt a chlúdach bunaithe ar anailís ar chaillteanais roimhe seo agus ar mheasúnú ar thionchar na gcoinníollacha eacnamaíochta agus saincheisteanna tionscail áirithe. Ní dhéantar foráil áit nach bhfuil socruithe oiriúnacha aisiocaíochta i bhfeidhm agus áit a bhfuil fianaise ann gur féidir iarmhéideanna a aisghabháil sa deireadh thiar, d'ainneoin go bhféadfadh sé go mbeadh na hiarmhéideanna sin i riaráiste le tamall fada. Coimeádtar cúlbhannaí i bhfoirm éarlaisí slándála ar chuntais chustaiméirí nua. Ba é €114,000 an t-iarmhéid miondíola bileáilte aonair ba mhó gan íoc amhail an 31 Nollaig 2012 (2011: €270,000).

Léiríonn infháltais leictreachais neamhbhilleáilte meastacháin ar thomhaltas nach bhfuair sonrasc go fóill. Dirítear rialuithe um infháltais leictreachais ar aisghabháil iomlán na méideanna a sonrascadh. In 2012, bhain lagú le luach de €420 milliún le hinfháltais leictreachais (2011: €45.9 milliún). As sin, ba é €95,000 an méid aonair custaiméara ba mhó a discríobhadh le linn na bliana (2011: €300,000) a bhaineann le cuideachta a chuaigh faoi leachtú. Tagann infháltais mhiondíola leictreachais chun cinn i bPoblacht na hÉireann den chuid is mó, le 8% (2011: 7%) ag baint le hioncam Thuaisceart Éireann.

Infháltais linn SEM

Déantar riosca creidmheasa maidir le hinfháltais a bhaineann le linn SEM a bhainistiú ag na feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh (ET&R) laistigh de na haonaid ghnó sin atá i mbun trádála leictreachais tríd an linn SEM. Déantar na feidhmeanna sin go léir a imfhálú óna chéile agus coimeádtar na freagrachtaí roinnte idir na feidhmeanna cúloifige, oifige láir agus tuloifige i ngach cás. Tá an fheidhm Cúloifige Trádála freagrach as sonraisc a thabhairt do chustaiméirí agus as gach cuntas infhaighte a choimeád. Is í an fhéilir socráithe SEM a rialaíonn na téarmaí iocaíochta le haghaidh gach iarmhéid trádála a bhaineann le gach sruth ioncaim SEM. Margadh uile-oileáin is ea SEM agus ní dhéantar méideanna infháltais SEM a roinnt go geografach.

Infháltais um Úsáid an Chórais

Tá ioncam ó Úsáid an Chórais i bPoblacht na hÉireann comhdhéanta d'ioncam ó Úsáid Dáileacháin an Chórais (DUoS) agus ioncam ó Úsáid Tarchurtha an Chórais (TUoS). Is é 10 lá gnó na téarmaí creidmheasa i leith DUoS agus tá 14 soláthraí ann faoi láthair. Bailíonn EirGrid an TUoS, agus sonraiscetar ioncam ceadaithe an Úinéara Sócmhainní Tarchurtha (TAO) do EirGrid thar 12 ghála míosúla agus gach sonrasc dlíte 36 lá gnó tar éis dheireadh na míosa.

Déantar an riosca creidmheasa maidir le DUoS a bhainistiú trí chuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS a d'fhaomh an Coimisiún um Rialú Fuinnimh (CER) an 1 Lúnasa 2002 a agairt. Sular féidir le soláthraí clárú mar chustaiméir ní mór dóibh clárú leis an gcomhaontú DUoS. Deir Alt 7.2 go gcaithfidh gach soláthraí slándáil a chur ar fáil, rud a chinntíonn go n-íoslaghdaítear caillteanas airgeadais i gcás mainneachtana soláthraí. Léirítear na nósanna imeachta um bailiúcháin i gcuid 6 den Chreat-chomhaontú DUoS, agus déantar monatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe chun iad sin a choinneáil chomh hiseal agus is féidir.

Déantar nósanna imeachta maidir le EirGrid bheith ag íoc ioncam TUoS dlíte do ESB Networks mar úinéir na sócmhainní tarchurtha (TAO) a rialú tríd an gComhaontú Bonneagair idir EirGrid agus ESB. Ní gnáthchonaradh déthaobhach é sin a rinne na páirtithe féin, ach socrú atá éilithe faoi reachtaíocht agus tá mórán dá théarmaí sonraithe sa reachtaíocht sin. Dá réir sin, meastar go bhfuil an riosca creidmheasa íseal maidir le hinfháltais TUoS. Ba é €26.9 milliún an méid a bhí dlíte i leith ioncaim TUoS amhail 31 Nollaig 2012 (2011: €30.7 milliún), is é seo an t-iarmhéid infhaighte um úsáid chórais is mó i bPoblacht na hÉireann.

Maidir le gnó na Líonraí i dTuaisceart Éireann a fuarthas le linn na bliana 2010, díorthaítear ioncam go príomha ó tháillí i leith úsáid an chórais dáileacháin, tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) a gearradh ar sholáthróirí leictreachais agus táillí i leith seirbhísí tarchuir a gearradh ar SONI (Oibritheoirí Córais i dTuaisceart Éireann). Maolaítear an riosca creidmheasa maidir le hinfháltais Úsáide Córais ó sholáthróirí leictreachais le hurrús faighte i bhfoirm taiscí airgid, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí ó mháthairchuideachtaí. Ach amháin i gcás comhlachtaí poiblí, déantar iocaíochtaí i leith naisc nua nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích. Is iad na gnáth-théarmaí creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe ná faoi 30 lá maidir le hinfháltais trádála ó sholáthróirí leictreachais. Is é €13.0 milliún an t-iarmhéid infhála is mó i leith Úsáid an Chórais i dTuaisceart Éireann amhail 31 Nollaig 2012 (2011: €12.9 milliún).

Infháltais leictreachais eile

Áirítear ar infháltais leictreachais eile méideanna i ndáil le tobhach PSO i dteannta na méideanna a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha agus trádáil leictreachais i margadh na Ríochta Aontaithe nach bhfuil san áireamh sa SEM.

Infháltais trádála agus eile

Baineann infháltais trádála (neamh-leictreachais) le hiarmhéideanna dlíte i leith trádáil neamh-leictreachas an Ghrúpa agus oibríochtaí eile. Áiríonn sé méideanna atá dlíte i dtaobh oibriúcháin teileachumarsáide, comhairleachta, bainistíocht áiseanna agus oibriúcháin coimhdeacha eile an Ghrúpa. San áireamh in infháltais eile tá réamhiocaíochtaí €48.4 milliún (2011: €27.2 milliún). Ní mheastar go bhfuil an riosca creidmheasa atá ag baint leis na hiarmhéideanna sin suntasach. Is é €4.5 milliún an t-iarmhéid aonair is mó laistigh den chatagóir sin amhail 31 Nollaig 2012 (2011: €3.7 milliún).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

15. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

	An Grúpa		An Mháthairchuideachta	
	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	159,405	277,409	47,990	202,470

Tuillann taiscí bainc ús ag rátaí úis taisce atá i réim. Ba é an ráta úis éifeachtúil a tuilleadh ar iarmhéideanna airgid thirim ag dáta an chlár chomhardaithe ná 0.8% (2011: 1.2%). Déantar riosca creidmheasa a phlé ag nóta 25 (d).

16. COTHROMAS

(i) Stoc caipitil

Tá 1,979,881,855 aonad de stoc caipitil eisithe ar luach €1 an ceann.

	2012 € '000	2011 € '000
Arna n-áireamh mar seo a leanas:		
Stoc eisithe ó chúlchistí comhshóite	1,880,888	1,880,888
Stoc a eisíodh lena suibscríobh ag ESOT	98,994	98,994
	1,979,882	1,979,882

De réir an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, aistríodh cothromas ESB go stoc caipitil an 30 Nollaig 2001 agus eisíodh é don Roinn Airgeadais. Ag an am céanna, shuibscríobh ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun gníomhú mar iontaobhaí le haghaidh scéim scairshealbhora fostaithe ESB, chun 5% den stoc a fháil. I measc na bpríomhcheart a bhí ag gabháil le gach aonad stoic chaipitil bhí ceart vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí ar dhíbhiní ó bhrabúis aon uair a dearbhaíodh a leithéid agus cearta ar rannpháirtíocht chomhréireach i mbarrachas ar fhoirceannadh.

Rinne an tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 leasú ar Alt 2 d'Acht 2001 a chinntigh go seasann 10% de stoc caipitil eisithe in ESB dílsithe san Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha anois, leis an Aire Airgeadais ag coinneáil 85% de stoc caipitil ESB agus an ESOP ag coinneáil 5% den stoc.

Bhunaigh An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, a tháinig i bhfeidhm ar an 6 Iúil 2011, oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé d'éifeacht ag Acht 2011 úinéireacht an stoic a bhí i seilbh an Aire Airgeadais roimhe sin in ESB go dtí an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar agus ón 6 Iúil 2011.

(ii) Leas neamhrialaithe - An Grúpa

Baineann leasanna neamhrialaithe ag 31 Nollaig 2012 leis na scairshealbha mionlaigh i Crockahenny Wind Farm Limited, Mountain Lodge Power Limited agus Airvolution Energy Limited.

(iii) Fálú sreabhadh airgid, athluacháil agus cúlchistí eile - Grúpa agus Máthairchuideachta

Léiríonn an cúlchiste fálaithe go príomha luach cóir na ndíorthach atá mar chuid de chaidrimh fálaithe éifeachtacha sreabhadh airgid ag deireadh na bliana. Ós chun críocha fálaithe, de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin in IAS 39, atá seilbh á choinneáil ar na díorthaigh, is in OCI a choinnítear a ngluaiseachtaí luach cóir seachas iad a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim le linn na bliana agus déanfar iad a mhuirearú ar ioncam sa tréimhse chéanna leis an idirbheart fálaithe comhfhreagrach.

Cuimsíonn cúlchistí eile an méid seo a leanas:

- Cúlchistí athluachála de €55.2 milliún (2011: €60.8 milliún) a tháinig chun cinn tar éis an 30% eile de Synergen Power Limited a fháil in 2009; Tá an cúlchiste seo á amúchadh chuig tuilleamh coinnithe thar an téarma céanna leis na sócmhainní gaolmhara a fuarthas;
- Cúlchistí neamh-indáilte de €5.0 milliún a cruthaíodh ar dhíol sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001; agus
- Gluaiseachtaí achtúireacha ar scéim le sochar sainithe NIE, glan ó na coigeartuithe gaolmhara cánach iarchurtha.

(iv) Díbhinní - Grúpa agus Máthairchuideachta

	2012 € '000	2011 € '000
Díbhinní ar stoc caipitil:		
Iomlán na díbhinní a íocadh: 3.66 (2011: 3.91) cent in aghaidh an aonaid stoic chaipitil	72,464	77,017

Bhí na díbhinní iomlána a íocadh i rith 2012 comhdhéanta de dhíbhin deiridh de €72.5 milliún i leith 2011.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

17. CÁNACHAS

(a) Costas / (creidmheas) cáin ioncaim

	2012 € '000	2011 € '000
Cáin reatha		
Cáin reatha	14,261	1,470
Gannsoláthar / (rósholáthar) na bliana roimhe	3,468	(7,250)
Luach na gcaillteanas cánach a géilleadh do chomhfhiontair	(3,184)	(4,477)
	14,545	(10,257)
Cáin iarchurtha		
Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí sealadacha	19,883	12,311
An éifeacht ag laghdú ar ráta cánach RA ar dhliteanas cánach iarchurtha tosaigh ²	(26,884)	(29,148)
Gannsoláthar / (rósholáthar) na bliana roimhe	(35,249) ¹	5,813
	(42,250)	(11,024)
Creidmheas cánach iomlán	(27,705)	(21,281)

Réiteach an ráta cánach éifeachtach	2012 € '000	2011 € '000
Brabús roimh cháin	166,402	78,751
Lúide: sciar tar éis cánach de bhrabús comhfhiontair	(20,704)	(23,912)
Brabús roimh cháin (gan brabúis chomhfhiontair)	145,698	54,839
Cáin ag 12.5%	18,212	6,855
Costais neamh-inasbhainte	8,938	4,410
Ioncam neamh-incháinithe	-	(3,500)
Éifeacht chánach de shócmhainn chánach iarchurtha nár tugadh	955	29,142
Sócmhainn chánach iarchurtha nár aithníodh roimhe ¹	(28,800)	-
Cáin níos airde ar ghnóthachain inmhuirir	439	1,201
Rátaí cánach níos airde / (ísle) ar thuillimh thar lear	869	(25,091)
Rósholáthairtí na bliana roimhe ³	(2,981)	(1,437)
An tionchar ag laghdú ar ráta cánach RA ar dhliteanas cánach sonraithe ag ráta cánach na hÉireann ²	(26,884)	(33,379)
Míreanna eile	1,547	518
Creidmheas cánach ioncaim	(27,705)	(21,281)

¹ Bhain an tsócmhainn cánach iarchurtha nár aithníodh in 2011 le caillteanais oibriúcháin á dtiomáint ag caillteanais mharc-go-margadh a d'eascair ó bhabhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú (féach nóta 19), nach bhféadfaí a thabhairt suas go hiomlán d'fhochuideachtaí eile RA an Ghrúpa in 2011. Le linn 2012 aithníodh an tsócmhainn chánach iarchurtha seo bunaithe ar chomhaontú le HMRC go mbeidh cáin á ghearradh ar na hionstraimí airgeadais díorthaithe seo ar bhonn airgid thirim íoctha, chun críocha cánach na Ríochta Aontaithe. Tá an Grúpa ag súil le dóthain brabús a thuilleamh amach anseo chun íocaíochtaí sa todhchaí, léirithe ag luach cóir reatha na ndíorthach ábhartha, a ionsú.

Léiríonn gannsoláthar na bliana roimhe méid na gcaillteanas luach cóir a bhíodhas ag súil go n-úsáidfí ach, mar gheall ar an athrú ar an mbonn cáinithe, nár asbhaineadh in 2011.

² San áireamh i mBuiséad 2011 don RA, a fógraíodh ar 23 Márta 2011, bhí foráil go laghdófaí ráta cánach corparáide RA go dtí 23% thar tréimhse 4 bliana ó 2011. Achtaíodh an chéad laghdú ar ráta cánach corparáide RA ó 28% go 27% (le héifeacht ó 1 Aibreán 2011) go substaintiúil ar 20 Iúil 2010, agus tuilleadh laghduithe go dtí 26% (le héifeacht ó 1 Aibreán 2011) agus 25% (le héifeacht ó 1 Aibreán 2012) go substaintiúil ar 29 Márta 2011 agus 5 Iúil 2011 faoi seach.

Achtaíodh laghduithe ar an ráta seo in 2012 go substaintiúil ar an 26 Márta 2012 (go 24%) agus an 3 Iúil 2012 (go 23%, le héifeacht ón 1 Aibreán 2013). Laghdóidh sé seo muirear chánach reatha todhchaí an Ghrúpa dá réir. Tá an dliteanas cánach iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2012 ríofa bunaithe ar an ráta 23% (2011: 25%) a achtaíodh go substaintiúil ag dáta an chláir chomhardaithe.

San áireamh i mBuiséad 2012 don RA, a fógraíodh i mí an Mhárta 2011, bhí foráil do laghdú breise sa ráta go 22% in 2014. Ní féidir fós éifeacht réamh-mheasta iomlán an laghdaithe ráta fógartha breise 1% a chainníochtú, cé go laghdóidh sé seo a thuilleadh muirear chánach reatha todhchaí an Ghrúpa agus go laghdóidh sé dliteanas cánach iarchurtha an Ghrúpa dá réir.

³ Maidir le rósholáthar na bliana roimhe i réiteach an ráta éifeachtúil cánach, eisiann sé éifeachtaí an athraithe ar bhonn cáinithe na mbabhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú atá leagtha amach i nóta 1 thuas.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

17. CÁNACHAS (ar lean)

(b) Sócmhainní agus dlíteanais chánach iarchurtha

(i) An Grúpa	2012 € '000	2011 € '000
Sócmhainní cánach iarchurtha		
Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	1,273	2,475
Dlíteanas pinsin um scéim le sochar sainithe	31,282	22,814
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	101,623	104,343
Soláthairtí	6,690	16,203
Caillteanais chánach ar aghaidh	13,618	7,234
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	77,484	27,983
Iomlán	231,970	181,052
Dlíteanais chánach iarchurtha		
Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	797,197	792,312
Soláthairtí	881	128
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	53,485	69,683
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	2,505	2,560
Iomlán	854,068	864,683
Glandlíteanas cánach iarchurtha	(622,098)	(683,631)

Is mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

2012	larmhéid amhail an 1 Eanáir 2012 € '000	Aitheanta in ioncam € '000	Aitheanta in OCI € '000	Cúlchistí aistrithe € '000	larmhéid amhail an 31 Nollaig 2012 € '000
Sócmhainní					
Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	2,475	(1,202)	-	-	1,273
Dlíteanas pinsin um scéim le sochar sainithe	22,814	(1,789)	10,257	-	31,282
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	104,343	(2,720)	-	-	101,623
Soláthairtí	16,203	(9,513)	-	-	6,690
Caillteanais chánach ar aghaidh	7,234	6,384	-	-	13,618
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	27,983	50,421	(920)	-	77,484
Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha	181,052	41,581	9,337	-	231,970
Dlíteanais					
Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	792,312	(1,367)	-	6,252	797,197
Soláthairtí	128	753	-	-	881
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	69,683	-	(16,198)	-	53,485
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	2,560	(55)	-	-	2,505
Iomlán na ndlíteanas cánach iarchurtha	864,683	(669)	(16,198)	6,252	854,068
Glan-cháin iarchurtha (dlíteanas) / sócmhainn don bhliain	(683,631)	42,250	25,535	(6,252)	(622,098)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

17. CÁNACHAS (ar lean)

(b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha (ar lean)

(i) An Grúpa (ar lean)

2011	larmhéid amhail an 1 Eanáir € '000	Aitheanta in ioncam € '000	Aitheanta in OCI € '000	Aistrithe isteach ar éadálacha € '000	larmhéid amhail an 31 Nollaig € '000
Sócmhainní					
Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	3,330	(855)	-	-	2,475
Dlíteanas pinsin um scéim le sochar sainithe	-	(3,531)	26,345	-	22,814
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	112,087	(7,744)	-	-	104,343
Soláthairtí	13,975	2,228	-	-	16,203
Caillteanais chánach ar aghaidh	10,110	(2,876)	-	-	7,234
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	13,381	19,525	(4,923)	-	27,983
Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha	152,883	6,747	21,422	-	181,052
Dlíteanais					
Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	757,713	(2,540)	5,748	31,391	792,312
Dlíteanas pinsin um scéim le sochar sainithe	2,541	(2,541)	-	-	-
Soláthairtí	844	(716)	-	-	128
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	81,039	-	(11,356)	-	69,683
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1,180	1,380	-	-	2,560
Iomlán na ndlíteanais cánach iarchurtha	843,317	(4,417)	(5,608)	31,391	864,683
Glan-cháin iarchurtha (dlíteanais) / sócmhainn don bhliain	(690,434)	11,164	27,030	(31,391)	(683,631)

Ní aithnítear na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe mar ní dócha go réadófar iad amach anseo:

	2012 € '000	2011 € '000
Caillteanais oibriúcháin	955	29,142

Bhain an tsócmhainn nár aithníodh in 2011 le caillteanais oibriúcháin á dtiomáint ag caillteanais mharc-go-margadh a d'eascair ó bhabhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú (féach nóta 19), nach bhféadfaí a thabhairt suas go hiomlán d'fhochuideachtaí eile RA an Ghrúpa in 2011. Le linn 2012 aithníodh an chuid is mó den tsócmhainn chánach iarchurtha seo bunaithe ar chomhaontú le HMRC go mbeidh cáin á ghearradh ar na hionstraimí airgeadais díorthaithe seo ar bhonn airgid thirim íoctha, chun críocha cánach na Ríochta Aontaithe.

Ní dhearnadh soláthar maidir le cáin iarchurtha i gcás cúlchistí neamhíoctha ar le fochuideachtaí thar lear de chuid an Ghrúpa iad óir nach bhfuil sé i gceist na cúlchistí sin a dháileadh san am atá le teacht. Ní dhearnadh soláthar ach oireadh maidir le cáin iarchurtha i gcás cúlchistí neamhíoctha ar le comhfhiontair an Ghrúpa iad óir tá sé de chumas ag an nGrúpa aisdiúichiú na gcúlchistí sin go hÉirinn a rialú. B'ionann agus €350.0 milliún san iomlán na cúlchistí carntha neamhíoctha de na fochuideachtaí, comhfhiontair agus comhlaigh thar lear (2011: €235.0 milliún).

Níl aon dáta éaga maidir leis an tráth ar féidir caillteanais chánach sa Ghrúpa a úsáid.

(ii) An Mhathairchuideachta

	2012 € '000	2011 € '000
Sócmhainní cánach iarchurtha		
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	101,623	104,343
Soláthairtí	4,482	12,176
Caillteanais chánach ar aghaidh	6,666	505
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	11,396	5,902
Iomlán	124,167	122,926
Dlíteanais chánach iarchurtha		
Maoin, gléasra agus trealamh	418,707	396,899
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1,180	1,180
Iomlán	419,887	398,079
Glandlíteanais cánach iarchurtha	(295,720)	(275,153)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

17. CÁNACHAS (ar lean)

(b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha (ar lean)

(ii) An Mháthairchuideachta (ar lean)

Is mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

2012	larmhéid amhail an 1 Eanáir € '000	Aitheanta in ioncam € '000	Aitheanta in OCI € '000	larmhéid amhail an 31 Nollaig € '000
Sócmhainní				
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	104,343	(2,720)	-	101,623
Soláthairtí	12,176	(7,694)	-	4,482
Caillteanais chánach ar aghaidh	505	6,161	-	6,666
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	5,902	-	5,494	11,396
Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha	122,926	(4,253)	5,494	124,167
Dlíteanais				
Maoin, gléasra agus trealamh	396,899	21,808	-	418,707
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1,180	-	-	1,180
Iomlán na ndlíteanas cánach iarchurtha	398,079	21,808	-	419,887
Glan-cháin iarchurtha (dlíteanas) / sócmhainn don bhliain	(275,153)	(26,061)	5,494	(295,720)

2011	larmhéid amhail an 1 Eanáir € '000	Aitheanta in ioncam € '000	Aitheanta in OCI € '000	larmhéid amhail an 31 Nollaig € '000
Sócmhainní				
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	112,087	(7,744)	-	104,343
Soláthairtí	12,642	(466)	-	12,176
Caillteanais chánach ar aghaidh	-	505	-	505
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	-	5,902	5,902
Iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha	124,729	(7,705)	5,902	122,926
Dlíteanais				
Maoin, gléasra agus trealamh	368,934	27,965	-	396,899
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	510	-	(510)	-
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1,180	-	-	1,180
Iomlán na ndlíteanas cánach iarchurtha	370,624	27,965	(510)	398,079
Glan-cháin iarchurtha (dlíteanas) / sócmhainn don bhliain	(245,895)	(35,670)	6,412	(275,153)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

18. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE

(a) An Grúpa	Léasa airgeadais € '000	lasachtaí lontaofa € '000	lasachtaí Neamhion- taofa € '000	2012 lomlán € '000	2011 lomlán € '000
lasachtaí reatha					
- Le haisiúc ina ghálaí	55,728	62,583	2,449	120,760	73,747
- Le haisiúc ar mhodh seachas ina ghálaí	-	328,486	-	328,486	159,562
lomlán na n-iasachtaí reatha	55,728	391,069	2,449	449,246	233,309
lasachtaí neamhreatha					
- Le haisiúc ina ghálaí					
Idir bliain is dhá bhliain	-	78,738	1,873	80,611	116,848
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	261,442	20,760	282,202	254,267
Tráth is faide anonn ná cúig bliana	-	481,150	96,240	577,390	507,827
- Le haisiúc ar mhodh seachas ina ghálaí					
Idir bliain is dhá bhliain	-	821,330	118,873	940,203	878,942
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	168,373	-	168,373	273,045
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	885,306	-	885,306	1,554,439
Tráth is faide anonn ná cúig bliana	-	1,406,734	723,797	2,130,531	1,661,436
lomlán na n-iasachtaí neamhreatha	-	2,460,413	723,797	3,184,210	3,488,920
lomlán na n-iasachtaí amuigh	55,728	3,672,812	845,119	4,573,659	4,601,171

Féach roinn (d) le haghaidh sonraí faoi rátaí úis is infheidhme.

lasachtaí reatha de réir na saoráide	Tag.	2012 € '000	2011 € '000
Socrú maoinithe do lamháltais astaíochtaí	1	60,515	148,342
Stoc ESB		10,304	-
lasachtaí bainc fadtéarmacha	6	62,583	58,649
lasachtaí láithrithe phríobháidigh	7	257,667	-
Fiachas neamhiontaofa i leith maoiniú tionscadail fhadtéarmaigh	3	2,449	1,716
Gné chaipitil de léasanna airgeadais	8	55,728	24,602
		449,246	233,309
lasachtaí neamhreatha de réir na saoráide			
Stoc ESB		-	10,304
Socrú maoinithe do bhreosla	4	29,664	-
Fiachas neamhiontaofa i leith maoiniú tionscadail fhadtéarmaigh	3	118,873	27,857
Eorabhannaí ESB	2	1,427,884	325,318
Eorabhannaí NIE	5	723,797	710,613
lasachtaí bainc fadtéarmacha	6	954,771	2,095,102
lasachtaí láithrithe phríobháidigh	7	869,424	1,142,940
Gné chaipitil de léasanna airgeadais	8	-	55,728
		4,124,413	4,367,862

Seachas iasachtaí a bhaineann le léasanna airgeadais agus an fiachas neamhiontaofa maidir le maoiniú tionscadail, atá urraithe i gcoinne sócmhainní sonracha, níl aon iasachtaí urraithe i gcoinne shócmhainní an Ghrúpa.

An 31 Nollaig 2012, fuair ESB rátáil BBB+ ó Standard & Poor's agus Fitch agus Baa3 ó Moody's faoi seach. Bhí dearcadh gach ceann de na trí ghníomhaireachta diúltach ag deireadh na bliana, rud a bhain den chuid is mó leis an dearcadh diúltach ar rátáil cheannasach na hÉireann a bhí léirithe ag gach ceann de na gníomhaireachtaí. An 31 Eanáir 2013, d'ardaigh Fitch rátáil chreidmheasa ESB ó BBB + (dearcadh diúltach) go BBB + (dearcadh cobhsaí) agus an 13 Feabhra 2013, d'ardaigh Standard & Poor rátáil chreidmheasa ESB freisin ó BBB + (dearcadh diúltach) go BBB + (dearcadh cobhsaí).

1. Socrú maoinithe do lamháltais astaíochtaí

In Aibreán 2011 fuair an Grúpa €145.0 milliún ó dhíol lamháltas astaíochtaí, agus ar an dáta céanna rinne siad conradh chun iad a cheannach ar ais i mí Aibreáin 2012 ar phraghas seasta. I mí Aibreáin 2012 cheannaigh an Grúpa na lamháltais seo ar ais, agus chríochnaigh díol den chineál céanna de lamháltais astaíochtaí le luach tugtha anonn de €59.0 milliún, agus rinne siad conradh chun iad a cheannach ar ais i mí Feabhra 2013, ar phraghas seasta (féach nóta 10). Feidhmíonn na hidirbhearta seo mar shocrú maoinithe, agus nochtar iad in iasachtaí reatha thuas.

2. Eorabhannaí ESB

I mí an Mhárta 2010, d'eisigh ESB Finance Limited Eorabhanna 10 mbliana de Stg£275.0 milliún le cúpón seasta de 6.5%.

I mí Mheán Fómhair 2012, d'eisigh ESB Finance Limited Eorabhanna 5 bliana de €600.0 milliún le cúpón seasta de 6.25%. Aisiocadh an áis sindeacáite 3 bliana de Stg£307.5 milliún a síníodh i mí Mheán Fómhair 2011 ó fháltais na heisiúna bannaí.

I mí na Samhna 2012, d'eisigh ESB Finance Limited Eorabhanna 7 mbliana de €500.0 milliún le cúpón seasta de 4.375%.

3. Fiachas neamhiontaofa i leith maoiniú tionscadail fhadtéarmaigh

I mí Mheán Fómhair 2012 Chríochnaigh Carrington Power Limited (CPL), fochuideachta faoi lánúinéireacht ESB, an dúnadh airgeadais de ghléasra cumhachta Gástuirbín Comh-thimthriallaigh (CCGT) 881MW, i Carrington, in aice le Manchain. Bhí an struchtúr airgeadais ar bhonn fiach/cothromas 70/30, le háiseanna maoinithe um airgeadas tionscadail neamhiontaofa de Stg£523.0 milliún á gcur ar fáil ag siondacáit de bhainc, a ionchorpraíonn tacaíocht creidmheasa easpórtála ó Ghníomhaireacht Creidmheasa Easpórtála na hÉilvéise, SERV. Tarraingíodh iasachtaí de Stg£100.3 ag deireadh na bliana. Tá an gléasra sceidealaithe le bheith coimisiúnaithe faoi 2016.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

18. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

(a) AN GRÚPA (ar lean)

4. Socrú maoinithe do bhreosla

I mí na Nollag 2012 fuair an Grúpa €30.0 milliún ó dhíol fardal breosla, agus ar an dáta céanna rinne siad conradh chun iad a cheannach ar ais i mí na Nollag 2015 ar phraghas seasta. Feidhmíonn an t-idirbheart seo mar shocrú maoinithe, agus nochtar é in iasachtaí neamhreacha ar an leathanach roimhe seo.

5. Eorabhannaí NIE

Mar chuid d'éadail NIE, fuarthas Eorabhanna de Stg£175.0 milliún freisin ag luach cóir ar an dáta éadála. Bhain ráta cúpón seasta 6.875% leis an áis seo agus tá sí inaisíoctha in 2018.

I mí an Mheithimh 2011, d'eisigh NIE Limited banna steirling 15 bliana de Stg£400.0 milliún le cúpón seasta de 6.375%.

6. Iasachtaí fadtéarmacha bainc

Áirítear le hiasachtaí fadtéarmacha bainc (a) áis creidmheasa imrothlaigh, arna athmhaoiniú i Mí Mheán Fómhair 2010, a tarraingíodh anuas go luach €85.0 milliún - is fiachas euro ag ráta comhlúthach é sin atá ar fáil faoin áis €1.5 billiún sin go dtí dátaí in 2014 agus 2015 agus ní gá aon fhiachas a tharraingítear faoin gcéanna a íoc go dtí an dáta sin; agus (b) €452.2 milliún d'fhiachas ag ráta comhlúthach a fuarthas ar iasacht ó shaoráidí déthaobhacha agus sindeacáite, agus fiachas úis sheasta is ea an chuid eile.

I mí Dheireadh Fómhair 2011, comhaontaigh an Grúpa agus tharraing síos saoráid dhéthaobhach 3 bliana de €50.0 milliún freisin, atá san áireamh fosta laistigh d'iasachtaí bainc fadtéarmacha.

I mí na Samhna 2011, síníodh saoráid nua de €235.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ('EIB') chun tacaíocht a thabhairt do Líonraí agus bonneagar ecars agus tarraingíodh €85.0 milliún de i mí Eanáir 2012.

I mí na Nollag 2011, shínigh an Grúpa saoráid dhéthaobhach nua de Stg£59.6 milliún le meántearma de 8.5 bliain chun tacú le caiteachas ar fheirmeacha gaoithe bunaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, nach raibh tarraingte faoi dheireadh na bliana.

7. Iasachtaí láithrithe phríobháidigh

Eisíodh na chéad nótaí neamhurráithe sinsearach láithrithe phríobháidigh, do raon infheisteoirí institiúideacha, i mí na Nollag 2003. Eisíodh na nótaí ráta seasta seo i ndollair SAM agus steirling agus cuimsíonn siad US\$951.5 milliún, in aibíocht ar dhátaí idir 2013 agus 2023, agus Stg£20.0 milliún, in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023.

Eisíodh an dara beart de nótaí neamhurráithe sinsearach láithrithe phríobháidigh i mí an Mheithimh 2009. Eisíodh na nótaí sin i ndollar na Stát Aontaithe, steirling agus euro agus chuimsigh siad US\$301.0 milliún, in aibíocht ar dhátaí idir 2013 agus 2019, Stg£85.0 milliún, in aibíocht ar dhátaí idir 2017 agus 2021, agus €50.0 milliún, in aibíocht ar dhátaí idir 2014 agus 2019.

Tá coinníollacha ag baint leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh agus le háiseanna áirithe eile a cheanglaíonn ar ESB cúnaint sócmhainní agus cumhdach úis áirithe a choimeád. Go dtí seo tá ESB i gcomhlíonadh iomlán le riachtanais uile an chúnaint a bhaineann le fiachas láithrithe phríobháidigh agus saoráidí eile.

8. Léasanna airgeadais

Bhí socrú léasa roimhe sin ag an nGrúpa maidir le sócmhainní áirithe san áireamh laistigh de mhaoín, gléasra agus trealamh. Comhlíonadh na hoibleagáidí íocaíochta ar an dá thaobh den socrú sin láithreach, ionas nach raibh aon ghlanoibleagáid íocaíochta ar an nGrúpa faoi théarmaí an chomhaontaithe amach anseo agus go raibh sé fós ábalta úsáid neamhsrionta a bhaint as na sócmhainní i gceist. I gcónaí i rith an léasa lean an tsócmhainn de bheith á haithint sna ráitis airgeadais. Trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh deireadh leis an léas sin in 2012, agus aithníodh gnóthachan de €5.2 milliún in ioncam oibriúcháin eile (féach nóta 4).

Tá na ceangaltais léasa airgeadais amach anseo don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta mar seo a leanas:

	2012 Íocaíochtaí Léasa Íosta € '000	2012 Luach reatha na níocaíochtaí Léasa Íosta € '000	2011 Íocaíochtaí Léasa Íosta € '000	2011 Luach reatha na níocaíochtaí Léasa Íosta € '000
Méideanna iniúchta:				
Laistigh de bhliain	59,025	55,728	28,679	24,602
Idir bliain amháin agus cúig bliana	-	-	59,025	55,728
	59,025	55,728	87,704	80,330
Lúide muirir léasa amach anseo	(3,297)		(7,374)	
Luach reatha na ndualgas léasa	55,728		80,330	

Fálú ar ghlainfheistíocht in oibríochtaí eachtracha

I measc na n-iasachtaí thuas tá iasachtaí bainc ainmnithe i steirling, a sainíodh mar fhálú ar infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta atá ainmnithe i steirling sa Ríocht Aontaithe, mar a léirítear thíos.

Íasachtaí ainmnithe i steirling atá sainithe mar fhálú ar infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta	2012 € '000	2011 € '000
Luach amháin an 1 Eanáir	102,727	110,772
Aisíocaíochtaí sa bhliain	(11,795)	(10,993)
(Gnóthachan) / caillteanas ar aistriú go Euro	2,524	2,948
Luach amháin an 31 Nollaig	93,456	102,727
Gnóthachan / (caillteanas) ar aistriú iasachta inghrúpa Euro chuig fochuideachta (tugtha chuig OCI)	1,904	2,292

¹ Ar 12 Feabhra 2013, shínigh an Grúpa áis nua chreidmheasa €1.35 billiún le siondacáit de 13 bainc, ag cur ar chumas an Ghrúpa airgeadas bainc a tharraingt anuas mar is gá suas go dtí Feabhra 2018. Tógann sé seo áit na háise creidmheasa imrothlaigh i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2012.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

18. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

	Airgeadas Léasanna € '000	Íasachtaí iontaoifa € '000	2012 lomlán € '000	2011 lomlán € '000
(b) An Mháthairchuideachta				
Íasachtaí reatha				
- Le haisiúc ina ghálaí	55,728	50,736	106,464	60,184
- Le haisiúc ar mhodh seachas ina ghálaí	-	328,486	328,486	159,562
lomlán na n-iasachtaí reatha	55,728	379,222	434,950	219,746
Íasachtaí neamhreatha				
- Le haisiúc ina ghálaí				
Idir bliain is dhá bhliain	-	66,891	66,891	103,285
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	242,262	242,262	217,823
Tráth is faide anonn ná cúig bliana	-	481,150	481,150	487,102
	-	790,303	790,303	808,210
- Le haisiúc ar mhodh seachas ina ghálaí				
Idir bliain is dhá bhliain	-	168,421	168,421	273,045
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	287,278	287,278	1,268,075
Tráth is faide anonn ná cúig bliana	-	576,878	576,878	625,505
	-	1,032,577	1,032,577	2,166,625
lomlán na n-iasachtaí neamhreatha	-	1,822,880	1,822,880	2,974,835
lomlán na n-iasachtaí amuigh	55,728	2,202,102	2,257,830	3,194,581

(c) Maoiniú agus bainistiú leachtachta

	Fiachas Tarraingthe - Grúpa		Fiachas Tarraingthe - Máthairchuideacht		Saoráid nár tarraingíodh - Grúpa agus Máthairchuideachta	
Ag dul in aibíochta	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000
I gceann bliana nó níos lú	449,246	233,309	434,950	219,746	-	-
Idir bliain is dhá bhliain	248,984	389,893	235,312	376,330	645,770	-
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	1,167,508	1,808,706	529,540	1,485,898	750,000	600,689
Tráth is faide anonn ná cúig bliana	2,707,921	2,169,263	1,058,028	1,112,607	237,984	321,306
	4,573,659	4,601,171	2,257,830	3,194,581	1,633,754	921,995

I leagann an tábla seo a leanas amach aibíochtaí conartha íasachtaí an Ghrúpa, lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann leo. Tá íasachtaí le luach tugtha anonn de €2,315.8 milliún (2011: €1,406.6 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní cuid de dhliteanais na Máthairchuideachta iad.

	Suim ghlanluacha € '000	Eis-sreabhadh/ (insreabhadh) airgid conarthach - glan € '000	Laistigh de bhliain € '000	1-2 bhliain € '000	2-5 bliana € '000	Tráth is faide anonn ná cúig bliana € '000
An 31 Nollaig 2012						
Léasanna airgeadais	55,728	59,025	59,025	-	-	-
Íasachtaí iontaoifa	3,672,812	4,736,006	565,565	405,467	1,573,278	2,191,696
Íasachtaí Neamhiontaoifa	845,119	1,379,029	48,261	48,303	165,341	1,117,124
lomlán na n-iasachtaí	4,573,659	6,174,060	672,851	453,770	1,738,619	3,308,820
An 31 Nollaig 2011						
Léasanna airgeadais	80,330	87,704	28,679	59,025	-	-
Íasachtaí iontaoifa	3,780,655	4,514,292	315,557	453,781	2,059,898	1,685,056
Íasachtaí Neamhiontaoifa	740,186	1,336,018	61,207	60,725	175,074	1,039,012
lomlán na n-iasachtaí	4,601,171	5,938,014	405,443	573,531	2,234,972	2,724,068

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

18. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

(d) Bainistiú Riosca Rátaí Úis

Is é beartas reatha an Ghrúpa maidir le rátaí úis 50% den phunann fiachais ar a laghad a choimeád ar rátaí úis seasta (nó nasctha le boillsciú), le sprioc 75% ag rátaí úis seasta (nó nasctha le boillsciú). Baintear é sin amach tríd iasachtaí a thógáil go díreach ar rátaí seasta úis nó trí bhabhtálacha rátaí úis. An 31 Nollaig 2012, bhí 93% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí aibíocht nó nasctha le boillsciú (2011: 79%). Is féidir luach cóir na mbabhtálacha rátaí úis a fheiceáil in nóta (19).

Maidir le dliteanais airgeadais a ghnóthaíonn ioncam, léirítear a rátaí úis éifeachteacha ag dáta an chláir chomhardaithe, agus an tionchar a bhíonn ag babhtálacha rátaí úis agus trasairgeadra á chur san áireamh, sa tábla seo a leanas:

	Ráta úis éifeacht ach %	Iomlán € '000	Laistigh de bhliain € '000	1-2 bhliain € '000	2-5 bliana € '000	Tráth is faide anonn ná cúig bliana € '000
Léasanna airgeadais (ráta seasta úis)	6.1%	55,728	55,728	-	-	-
lasachtaí láithrithe phríobháidigh (ráta seasta úis)	5.8%	1,127,091	257,667	34,932	257,614	576,878
lasachtaí neamhiontaofa (ráta seasta úis)	6.8%	845,119	2,449	1,873	20,760	820,037
lasachtaí fadtéarmacha eile (ráta seasta úis agus ráta úis athraitheach)	5.9%	2,545,721	133,402	212,179	889,134	1,311,006

San áireamh in iasachtaí fadtéarmacha eile san anailís seo tá dliteanais ráta chomhlúthaigh de €318.3 milliún (2011: €836.9 milliún).

Socraíodh an ráta úis éifeachtúil ar na hiasachtaí láithrithe phríobháidigh trí bhabhtálacha trasairgeadra agus babhtálacha ráta úis a úsáid. Socraíodh an ráta éifeachtúil ar iasachtaí neamhiontaofa steirling de €121.3 milliún ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. Mura n-úsáidí na babhtálacha rátaí úis sin, is é an ráta comhlúthach a bheadh i bhfeidhm ar na hiasachtaí bunúsacha i steirling agus euro amhail 31 Nollaig 2012 ná 3.2%, ar aon dul leis na rátaí úis atá i réim sna limistéir airgeadaíochta sin ar iasachtaí le fad comhchosúil. Áirítear babhtálacha nasctha le boillsciú ar leibhéal rátaí úis ainmniúla coibhéiseacha.

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú, agus riosca ráta úis á mbainistiú. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe buana ar rátaí úis ar thuillimh chomhdhlúite thar thréimhse níos faide. Meastar go ndéanadh méadú ginearálta de 50 bonnphointe ar rátaí úis (agus rátaí úis iarbhir a fhreagraíonn) amhail an 31 Nollaig brabús roimh chánachas a mhéadú / (laghdú) agus cothromas a mhéadú / (laghdú) ag na méideanna atá léirithe thíos. Déantar talamh slán de leis an anailís sin go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh go háirithe, mar an gcéanna, lena n-áirítear an toimhde nach mbeidh aon athrú ar rátaí boillscithe.

	An 31 Nollaig 2012		An 31 Nollaig 2011	
	méadú 50 bp Gnóthachan / (caillteanas) € '000	laghdú 50 bp Gnóthachan (caillteanas) € '000	méadú 50 bp Gnóthachan (caillteanas) € '000	laghdú 50 bp Gnóthachan (caillteanas) € '000
Brabús roimh chánachas				
Úis iníoctha	(3,941)	3,941	(9,073)	9,073
Gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais	64,823	(71,697)	81,212	(89,602)
Ioncam cuimsitheach eile				
Gnóthachain / (caillteanas) luach cóir	18,168	(17,490)	(303)	303

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i leith na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhaineann íogaireacht an chláir chomhardaithe i leith rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais díorthaigh, mar iompraítear fiachas agus taiscí eile ag costas amúchta agus mar sin ní athraíonn a luach tugtha anonn de réir mar a ghluaiseann rátaí úis;
- déantar íogaireacht úis fhabhráithe i leith ghluaiseachtaí i rátaí úis a ríomh bunaithe ar ghlan-nochtadh ráta comhlúthaigh maidir le fiachas, taiscí agus díorthaigh;
- díorthaigh atá sainithe mar fhálú sreabhach airgid i gcoinne gluaiseachtaí i rátaí úis meastar iad a bheith go hiomlán éifeachtach, taifeadta go hiomlán laistigh de chothromas gan aon tionchar ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe i luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh nach bhfuil i gcaidreamh fálaíthe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- caitear leis an gcos comhlúthach d'aon bhabhtáil nó le haon fhiachas ráta comhlúthaigh amhail is nach bhfuil aon ráta úis socraithe cheana féin; dá bhrí sin, imríonn athrú ar rátaí úis tionchar ar thréimhse iomlán 12 mhí maidir le sciar an úis fhabhráithe de na ríomhanna íogaireachta.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaigh

Tá luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais, i ngrúpaí de réir aicme ionstraime, mar seo a leanas:

An Grúpa	Sócmhainní neam- hreacha € '000	Sócmhainní reatha € '000	2012 Dlíteanais neam- hreacha € '000	Dlíteanais reatha € '000	Iomlán € '000
Babhtálacha ráta úis	-	-	(20,642)	-	(20,642)
Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú	-	-	(487,425)	(13,668)	(501,093)
Babhtálacha airgeadra	-	-	(81,578)	(27,225)	(108,803)
Conarthaí malairte eachtraí	3,546	5,326	(2,943)	(2,083)	3,846
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	217,167	52,051	(5,164)	(28,187)	235,867
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	133,243	26,949	-	-	160,192
	353,956	84,326	(597,752)	(71,163)	(230,633)

	Sócmhainní neam- hreacha € '000	Sócmhainní reatha € '000	2011 Dlíteanais neam- hreacha € '000	Dlíteanais reatha € '000	Iomlán € '000
Babhtálacha ráta úis	-	-	(5,986)	-	(5,986)
Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú	-	-	(478,517)	(8,135)	(486,652)
Babhtálacha airgeadra	-	-	(68,279)	-	(68,279)
Conarthaí malairte eachtraí	2,149	8,347	-	(191)	10,305
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	207,693	30,819	-	(10,401)	228,111
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	217,890	35,858	(1,055)	(8,072)	244,621
	427,732	75,024	(553,837)	(26,799)	(77,880)

An Mháthairchuideachta	Sócmhainní neam- hreacha € '000	Sócmhainní reatha € '000	2012 Dlíteanais neam- hreacha € '000	Dlíteanais reatha € '000	Iomlán € '000
Babhtálacha ráta úis	-	-	(131)	-	(131)
Babhtálacha airgeadra	-	-	(81,578)	(27,225)	(108,803)
Conarthaí malairte eachtraí	1,202	3,785	(1,081)	(1,726)	2,180
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	122	384	(5,164)	(27,274)	(31,932)
	1,324	4,169	(87,954)	(56,225)	(138,686)

	Sócmhainní neam- hreacha € '000	Sócmhainní reatha € '000	2011 Dlíteanais neam- hreacha € '000	Dlíteanais reatha € '000	Iomlán € '000
Babhtálacha ráta úis	-	-	(938)	-	(938)
Babhtálacha airgeadra	-	-	(68,279)	-	(68,279)
Conarthaí malairte eachtraí	2,149	4,853	-	(106)	6,896
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	410	2,584	-	(10,401)	(7,407)
	2,559	7,437	(69,217)	(10,507)	(69,728)

Ionpraítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir. Is ionann luach cóir ionstraim airgeadais agus an tsuim a bhféadfaí é a mhalartú air in idirbheart ar bhonn neamhthuilleamaíoch idir páirtithe eolacha toilteanacha seachas i ndíolachán éigeantach nó leachtaithe. Is é an modh a úsáidtear chun an luach cóir ar ionstraimí airgeadais de chuid an Ghrúpa a ríomh ná an anailís ar shreabhadh airgid lascainithe, agus ráta lascainithe an chúpóin nialasaigh á úsáid. Cuireann an modh sin ar chumas an Ghrúpa an sreabhadh airgid a lascainiú ar ráta comhionann leis na ráta margaidh úis atá i bhfeidhm, ag tógáil san áireamh aibíocht agus corrlach creidmheasa.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (ar lean)

(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaigh (ar lean)

Ach amháin i gcás babhtálacha ráta úis nasctha le boillsciú, tá an chuid is mó de na hiarmhéideanna díorthaigh atá léirithe sna táblaí ar an leathanach roimhe seo sainithe mar fhálú sreabhadh airgid ar ráta úis, riosca airgeadra nó riosca tráchtearraí ag eascairt ó ús, ioncam nó sreabhadh airgid costais oibríochtúil eile atá tuartha agus rídhóichí.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthaigh á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le hidirbhearta bunúsacha lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Socraítear luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh tríd an difríocht idir an praghas conartha ar aghaidh agus an praghas reatha ar aghaidh a lascaíniú le haghaidh aibíocht iarmharach an chonartha agus ráta úis saor ó riosca á úsáid.

Ba é an ráta úis a úsáideadh chun sreabhadh airgid todhchaí measta a lascaíniú ná 1.1% (2011: 1.7%). Tá an ráta bunaithe ar chuar toraidh EURIBOR ag an dáta tuairiscithe.

(i) Babhtálacha ráta úis

I gcás babhtálacha ráta úis, cuireann an luach cóir san áireamh na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i réim ag deireadh na bliana. De bhrí go ndéantar babhtálacha ráta úis a "mharcáil-go-margadh" ag deireadh na bliana, tá a luach tugtha anonn cothrom lena luach cóir.

Iomlán na gcaillteanas luach cóir de €25.2 milliún (2011: €2.9 milliún) tugadh aitheantas dóibh i rith na bliana i ndáil le babhtálacha ráta úis; astu sin rinneadh €10.7 milliún a aithint go díreach i gcostais airgeadais sa ráiteas ioncaim, le €14.5 milliún aitheanta in OCI (2011: caillteanas de €2.9 milliún - aithníodh iad go léir i gcostais airgeadais).

Rinneadh babhtálacha ráta úis de Stg£420.0 milliún a fhorghníomhú le linn 2012, rud a shocraigh an ráta úis ar mhaoiniú tionscadail a fuair Carrington Power Limited (CPL). Is cuid de chaidreamh fálaíthe éifeachtach iad sin.

Rinneadh tuilleadh babhtálacha ráta úis de Stg£365.0 milliún a fhorghníomhú le linn 2012 maidir le hiasachtaí ar ráta seasta i seilbh na Máthairchuideachta agus ESB Finance Limited, mar chuid de straitéis fálaíthe an Ghrúpa. Níor cuireadh cuntasáíocht fálaíthe i bhfeidhm ar na díorthaigh sin.

(ii) Babhtálacha ráta úis nasctha le boillsciú

Rinneadh babhtálacha ráta úis nasctha le boillsciú le luach cóir ar éadail de €272.5 milliún a fháil i mí na Nollag 2010 mar chuid de ghnó NIE a cheannach. I rith 2012, rinneadh gluaiseachtaí luach cóir diúltacha ar na babhtálacha sin de €12.7 milliún (2011: €202.3 milliún) a aithint laistigh de chostais airgeadais sa ráiteas ioncaim, ós rud é nach raibh cuntasáíocht fálaíthe ar fáil.

Níor cháiligh na babhtálacha ráta úis nasctha le boillsciú le haghaidh cuntasáíocht fálaíthe faoi IAS 39 ar éadail ghnó NIE. Tá tionchar ar a luach cóir ag gluaiseachtaí coibhneasta i rátaí úis agus in ionchais mhargaidh um ghluaiseachtaí san innéacs praghsanna do thomhaltóirí (RPI) amach anseo sa Ríocht Aontaithe.

(iii) Babhtálacha airgeadra

Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraí agus úis ar luach cóir na mbabhtálacha airgeadra. Rangaítear babhtálacha airgeadra ESB go príomha mar fhálta sreabhadh airgid agus baineann siad, den chuid is mó, le babhtálacha trasairgeadra a dhéantar maidir leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh, a ndéantar cur síos air i nóta 18. Rachadh i mbun na mbabhtálacha trasairgeadra seo chun ús ar dhollair SA agus ar steirling agus aisiocaíochtaí príomhaí ar an mbunfhiachas a mhalartú go euro, rud a fhálaíonn an riosca ar na híocaíochtaí sin thar na tréimhsí go haibíocht ó 2010 go 2023. San áireamh sa ráiteas ioncaim in 2012 tá caillteanas de €18.4 milliún (2011: gnóthachan de €33.3 milliún) a eascraíonn as babhtálacha trasairgeadra a dhéanann gluaiseachtaí in aistriú na mbun-iasachtaí fálaíthe d'airgeadra eachtrach ag na rátaí malairte a bhí i réim a fhritháireamh go hiomlán (féach nóta 6).

I dteannta conarthaí airgeadra eachtraigh ar aghaidh a glacadh leo maidir le hiasachtaí an Ghrúpa, tá an Grúpa tar éis glacadh le conarthaí airgeadra eachtraigh maidir le ceannacháin linne, riachtanais cheannacháin bhreosla (atá i ndólar SAM agus i bpuint steirling) agus maidir le tionscadail stáisiún cumhachta (lena n-áirítear Carrington Power Limited). Síneann aibíochtaí na gconarthaí sin go dtí 2022. Aithníodh gluaiseachtaí diúltacha iomlána luach cóir de €7.3 milliún (2011: gluaiseachtaí dearfacha de €6.2 milliún) i rith na bliana i ndáil le conarthaí malairte eachtraí den sórt sin, as a aithníodh gluaiseacht dhiúltach luach cóir de €8.3 milliún (2011: gluaiseachtaí dearfacha de €6.0 milliún) trí ioncam cuimsitheach eile agus gluaiseacht dhearfach luach cóir de €1.0 milliún (2011: € 0.2 milliún) sa ráiteas ioncaim.

(iv) Ordlatas luach cóir

Tá tuilleadh eolais ar na modhanna chun ionstraimí airgeadais a luacháil san áireamh i nóta 25.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (ar lean)

(b) Maoiniú agus bainistiú leachtachta - aibíocht na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh

Leagann an tábla seo a leanas amach aibíochtaí conartha na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh, lena n-áirítear an glansreabhadh airgid nach ndearnadh lascainiú air atá inchurtha ina leith. Meastar go mbeidh tionchar ag na hionstraimí airgeadais díorthaigh sin ar bhrabús nó chaillteanas thar thréimhse ama cosúil leis an eis-sreabhadh airgid. Tá glandliteanais ionstraim airgeadais díorthaigh de €91.9 milliún (2011: €8.2 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní cuid de shócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta iad. Féach nóta 25 (b) le haghaidh tuilleadh anailíse ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.

	Suim ghlanluacha € '000	Eis- sreabhadh/ (insreab- hadh) airgid conarthach - glan € '000	Laistigh de bhliain € '000	1-2 bhliain € '000	2-5 bliana € '000	Tráth is faide anonn ná cúig bliana € '000
An 31 Nollaig 2012						
Babhtálacha airgeadra	108,803	77,517	27,227	(656)	21,689	29,257
Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boillsciú	501,093	720,398	13,286	13,302	149,568	544,242
Babhtálacha ráta úis	20,642	88,007	5,155	4,917	23,976	53,959
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	33,351	33,362	28,205	5,157	-	-
Conarthaí malairte eachtraí	5,026	5,259	2,079	870	642	1,668
Iomlán na ndliteanas	668,915	924,543	75,952	23,590	195,875	629,126
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	269,218	274,210	52,259	56,334	125,870	39,747
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	160,192	164,368	26,991	24,755	65,604	47,018
Conarthaí malairte eachtraí	8,872	8,905	5,281	2,574	1,050	-
Iomlán na sócmhainní	438,282	447,483	84,531	83,663	192,524	86,765
(Glansócmhainní) / glandliteanais díorthaigh	230,633	477,060	(8,579)	(60,073)	3,351	542,361
An 31 Nollaig 2011						
Babhtálacha airgeadra	68,279	53,346	1,205	21,075	13,531	17,535
Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boillsciú	486,652	786,404	8,135	9,151	149,815	619,303
Babhtálacha ráta úis	5,986	14,301	1,810	1,751	1,927	8,813
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	10,401	10,401	10,401	-	-	-
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	9,127	9,127	8,072	1,055	-	-
Conarthaí malairte eachtraí	191	191	191	-	-	-
Iomlán na ndliteanas	580,636	873,770	29,814	33,032	165,273	645,651
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	238,512	251,817	27,776	46,957	90,337	86,747
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	253,749	274,192	36,397	28,251	92,327	117,217
Conarthaí malairte eachtraí	10,495	8,347	8,347	-	-	-
Iomlán na sócmhainní	502,756	534,356	72,520	75,208	182,664	203,964
(Glansócmhainní) / glandliteanais díorthaigh	77,880	339,414	(42,706)	(42,176)	(17,391)	441,687

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

20. DLITEANAIS PHINSIN

Oibríonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin don fhoireann i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Tá na socrúithe pinsin i leith na foirne i bPoblacht na hÉireann, lena n-áirítear fostaithe ESB ar iasacht thar lear, leagtha amach in ailt (a) agus (b) thíos. Tá na socrúithe pinsin i leith na foirne i dTuaisceart Éireann leagtha amach in alt (c).

(a) Máthairchuideachta agus Grúpa - Poblacht na hÉireann

(i) Táille pinsin eisceachtúil

Mar a mhínítear i míreanna (ii) agus (iii) thíos, cuireadh i gcrích Comhaontú Pinsin ('an Comhaontú') idir ESB agus na comhaltaí de Scéim Aoisliúntais na bhFostaithe Ginearálta ('an Scéim') i mí Iúil 2010, agus dhaingnigh Bord ESB é go foirmiúil ar 20 Deireadh Fómhair 2010. Shoiléirigh an Comhaontú nádúr agus scála oibleagáidí pinsin ESB, agus chuir sé faisnéis bhreise ar fáil i gcomhair na mbreithiúnas atá riachtanach chun láimhseáil chuntasaíochta chuí na Scéime de réir IAS 19 Sochair d'Fhostaithe a chinneadh. Dá réir sin, athraíodh modh cuntasaíochta na Scéime ó dháta feidhmithe an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010), agus is é sin is cúis le táille pinsin eisceachtúil in 2010.

(ii) An modh cuntasaíochta a bhíodh ann maidir le Scéim Aoisliúntais Fostaithe Ginearálta ESB ('an Scéim')

Maoinítear pinsin formhór na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim ranníocaíochtaí pinsin ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais Fostaithe Ginearálta ESB. Tá an ciste dílsithe in iontaobhaithe ainmnithe ag ESB agus a chuid ball chun leasa na bhfostaithe agus a gcuid cleithiúnaithe agus iadsan amháin.

Cé go gcuirtear síos sách mion sna rialacháin a rialaíonn an Scéim ar na sochair atá le cur ar fáil, leagann siad síos na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill atá ag íoc isteach sa scéim freisin. Níl an méid sin ag teacht le gnáthchur chuige sochair sainithe trí "iarmhéid an chostais" ina mbíonn ar an bhfostóir fuilleach sin na ranníocaíochtaí a íoc a bhíonn ag teastáil chun na sochair a mhaoiniú. Rud eile, riamh bhí ranníocaíochtaí ESB agus na mball araon seasta ar feadh tréimhsí fada, faoi na rialacháin. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú ESB.

Léiríonn an méid sin nach sampla tipiciúil den chur chuige sochair sainithe í an Scéim agus nach raibh sí amhlaidh riamh. Ina ainneoin sin, ar aistriú go dtí IFRS rinneadh cuntasaíocht uirthi mar scéim le sochar sainithe chun críocha tuairiscithe faoi IAS 19. Ba é tuairim an Bhoird agus an breith á tabhairt aige gur chóir cuntasaíocht a dhéanamh uirthi amhlaidh, cé nár scéim tipiciúil an Scéim ina nglactar cothromaíocht costais, agus bíodh is nach raibh aon dualgas dlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochar a chinntiú dá mbeadh easnamh ann, mar sin féin chreid siad go raibh oibleagáid inchiallaithe ann cheana féin de réir bhrí an IAS 19 a bhí bunaithe ar an gcleachtas a bhí ann leis na blianta in imthosca den sórt sin.

Rinne an chuideachta comhaontú in 2010 le Grúpa Ceardchumann ESB (a bhí ag gníomhú thar cheann bhaill na Scéime) chun leasú a dhéanamh ar na socrúithe pinsin laistigh den chuideachta. I mí Iúil 2010 d'fhaomh comhaltaí na Scéime na tograí a bhí comhaontaithe ag an gCuideachta agus ag Grúpa na gCeardchumann. Dhaingnigh Bord ESB iad go foirmiúil ar 20 Deireadh Fómhair 2010, a bhféadfaí a mheas mar dháta feidhmithe an Chomhaontaithe.

Ar phríomhghnéithe an Comhaontaithe sin tá tabhairt isteach múnla pinsin 'Meántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha (CARE)' i gcomhair na sochar a thuilltear tar éis 1 Eanáir 2012, agus cosc ar mhéadaithe pinsin agus pá, deireadh a chur leis an nasc a bhíodh ann idir méaduithe tuarastail agus pinsin, agus go gcuirfeadh tástáil sócmhainneachta i bhfeidhm i ndáil le haon mhéaduithe pinsin sa todhchaí. Ní dhearnadh aon athrú ar na rátaí ranníocaíochta a bhí socraithe don fhóistóir agus do na fostaithe. Faoi gComhaontú cuirfidh ESB suim airgid aonuaire isteach sa Scéim, a mbeidh luacháil comhaontaithe, chun críocha achtúireacha, de €591.0 milliún aici amhail 1 Eanáir 2010. Mar atá mínithe i nóta 21 thíos, ba é luach cóir na ranníocaíochta caipitil seo arna ríomh de réir riachtanais IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas ná €638.4 milliún amhail 20 Deireadh Fómhair 2010. Déanfar é seo a íoc thar thréimhse 10 mbliana, agus éascóidh sé sócmhainní na Scéime a shaoradh ó bhaol. Tá sé socrúithe faoin gComhaontú nach mbeidh daoine nua in ann clárú sa scéim.

(iii) Athrú ar an modh cuntasaíochta

Shoiléirigh an Comhaontú nádúr agus scála oibleagáidí pinsin ESB, agus chuir sé faisnéis bhreise ar fáil i gcomhair na mbreithiúnas atá riachtanach chun láimhseáil chuntasaíochta chuí na Scéime de réir IAS 19 a chinneadh. Má léiríonn luacháil achtúireach sa todhchaí barrachas, sonraíonn an Comhaontú go n-úsáidfear é seo chun tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar rioscáil na Scéime, le cois na suimeanna a chuir ESB isteach sa Scéim chun na críche sin faoin gComhaontú. Má nochtann luacháil achtúireach easnamh, beidh ar ESB faoi Rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, leis na hlontaobhaithe agus le hAchtúire na Scéime le féachaint an gá an Scéim a leasú. D'ainneoin an cheanglais seo faoi na Rialacháin, níl sé ar intinn ag ESB íocaíochtaí breise a dhéanamh leis an Scéim chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa todhchaí, is cuma cad iad na cúinsí, seachas ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh go rialta ar ráta seasta, suas le 16.4% de thuarastal inphinsin, faoi mar a shonraítear i Rialacháin reatha na Scéime.

Toisc nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar ESB maoiniú a dhéanamh ar aon easnamh dá n-eascródh ceann sa Scéim, seachas na tiomantais sin atá ann faoi láthair, is é tuairim an Bhoird gur ceart cuntasaíocht a dhéanamh uirthi mar scéim le ranníocaíochtaí sainithe faoi réir bhrí IAS 19 seachas mar scéim le sochar sainithe, mar a bhíodh roimhe seo, agus é sin ón dáta ar dhaingnigh na páirtithe ábhartha an Comhaontú (20 Deireadh Fómhair 2010).

Dá réir sin rinneadh cuntasaíocht ar an Scéim mar scéim le sochar sainithe faoi réir bhrí IAS 19 go dtí dáta feidhmithe an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010), agus mar scéim le ranníocaíochtaí sainithe ina dhiaidh sin. Cuireadh deireadh leis an aitheantas a bhí á tabhairt don dliteanas sochair shainithe carntha suas go dtí agus amhail 20 Deireadh Fómhair 2010, faoi mar atá leagtha amach thíos. Ag an am céanna rinneadh soláthar i gcomhair dhliteanas an Ghrúpa a d'eascair ón gComhaontú. Féach nóta 21 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Ba é ranníocaíocht ESB don Scéim i rith 2012 ná €98.5 milliún (2011: €140.2 milliún), agus as sin bhain €39.7 milliún (2011: €38.5 milliún) le seirbhís reatha agus nochtar é mar chostas pinsin ranníocaíochtaí sainithe i Nóta 7 de na ráitis airgeadais seo, agus bhain €58.8 milliún (2011: €101.9 milliún) le seirbhís roimhe seo agus is cuid é d'íocaíocht i leith an dliteanais i dtaca le hoibleagáid pinsin a nochtar i Nóta 21.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

20. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

(b) Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe - Poblacht na hÉireann

Feidhmíonn ESB scéim faofa le ranníocaíochtaí sainithe freisin, ar a dtugtar Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB (Scéim Phinsin Fochuideachtaí ESB roimhe seo), i gcomhair fostaithe fochuideachtaí ESB (seachas NIE) agus, ón 1 Samhain 2010, foireann oibre nua na Máthairchuideachta. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ar rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann leis na sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn grúpa agus iad iníoctha i bhfoirm cnapshuim agus/nó pinsin marthanóra. Coinnítear sócmhainní na scéime i gciste ar leith á riaradh ag iontaobhaithe. Is ionann muirear pinsin na bliana agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus ba ionann sin agus €6.4 milliún (2011: €5.8 milliún).

(c) Scéim Phinsin Northern Ireland Electricity

Tá formhór na bhfostaithe in Northern Ireland Electricity Limited agus fochuideachtaí ('NIE') ina gcomhaltaí de Scéim Phinsin Northern Ireland Electricity ('Scéim NIE'). Tá sé seo ina dhá chuid: 'Roghanna', ar socrú ceannach airgid é trína meaitseáil an fostóir ranníocaíochtaí na mball de ghnáth suas go dtí uasmhéid de 6% den tuarastal, agus 'Fócas' a sholáthraíonn sochair atá bunaithe ar thuarastal inphinsin ar scor nó ar fhágáil seirbhíse níos luaithe. Coinnítear sócmhainní na Scéime NIE faoi iontaobhas agus infheistíonn na hiontaobhaithe iad ar chomhairle bainisteoirí infheistíochta gairmiúla.

Toimhdí airgeadais

Tá an luacháil a dhéanann achtúirí neamhspleácha ar an rannóg Fócas de Scéim NIE, chun críche nochtadh IAS 19, bunaithe ar na toimhdí seo a leanas:

	An 31 Nollaig 2012	An 31 Nollaig 2011	An 31 Nollaig 2010
Ráta úis i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine	4.30%	4.70%	5.60%
Boilsciú praghsanna (CPI sa Ríocht Aontaithe)	1.80%	1.90%	2.45%
Ráta méadaithe ar thuarastail inphinsin	3.05%	3.40%	3.85%
Ráta méadaithe pinsean á n-íoc	1.80%	1.90%	2.45%

Ba é an ráta lascaine a úsáideadh i ríomh an dliteanais phinsin ag 31 Nollaig 2012 ná 4.3% (2011: 4.7%). Socraíodh é seo trí thagairt do thorthaí an mhargaidh amhail an dáta ar bhannaí corparáideacha den scoth. Bhí airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul le hairgeadra agus le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.

Toimhdí maidir le Mortlaíocht

Tá na toimhdí a bhaineann le hionchas saoil nuair a théann na comhaltaí ar scor leagtha amach thíos. Tá na toimhdí bunaithe ar tháblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus áirítear liúntas d'fheabhsúcháin sa todhchaí ar ionchas saoil leo.

	An 31 Nollaig 2012		An 31 Nollaig 2011	
	Fireannaigh Bliain	Baineannaigh Bliain	Fireannaigh Bliain	Baineannaigh Bliain
Pinsinéirí reatha ag aois 60	26.4	28.9	26.3	28.8
Pinsinéirí na todhchaí atá 40 bliain d'aois faoi láthair (ionchas saoil ag 60 bliain d'aois)	27.9	30.5	27.9	30.4

Sócmhainní agus dliteanais phinsin

Is iad na sócmhainní agus na dliteanais sa chuid Fócas de Scéim NIE, agus na rátaí toraidh ionchais ná:

	An 31 Nollaig 2012 €'000	An ráta toraidh ionchais %	An 31 Nollaig 2011 €'000	An ráta toraidh ionchais %	An 31 Nollaig 2010 €'000	An ráta toraidh ionchais %
Cothromas	359,933	7.6%	331,554	7.6%	397,063	7.4%
Bannaí	769,261	3.7%	731,720	3.5%	634,397	4.6%
Eile	3,264	2.7%	2,522	2.8%	2,562	4.2%
Luach cóir ar shócmhainní an phlean	1,132,458		1,065,796		1,034,022	
Luach reatha na ndualgas cistithe	(1,264,982)		(1,157,012)		(1,021,324)	
(Easnamh) / barrachas glan	(132,524)		(91,216)		12,698	

Tá an ráta toraidh ionchais ar chothromais bunaithe ar na torthaí airmheáin ionchais sa bhfadtearma. Tomhaistear an ráta toraidh ionchais ar bhannaí go díreach ó na torthaí iarbhair margaidh ar órchiúmhaiseanna agus ar bhannaí corparáideacha na Ríochta Aontaithe. Cuimsíonn sócmhainní eile iarmhéideanna airgid agus infheistíochtaí eile. Tomhaistear an ráta toraidh ionchais ar na sócmhainní seo go díreach ó rátaí úis gearrthéarmacha an mhargaidh.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

20. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

(c) Scéim Phinsin Northern Ireland Electricity (ar lean)

	An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí		
An difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhir ar shócmhainní Scéime:		
Méid	21,110	(20,812)
Céatadán de shócmhainní Scéime	1.9%	2.0%
 (Caillteanas) / gnóthachain ó thaithí ar dhliteanas Scéime:		
Méid	(22,876)	6,476
Céatadán de luach reatha na ndlitéanas Scéime	1.8%	(0.6%)
Athrú ar oibleagáid sochair		
Dualgas sochair ag tús na bliana	1,157,012	1,021,324
Gluaiseacht sa bhliain:		
Costas seirbhíse reatha	9,689	8,096
Costas úis	57,589	54,669
Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean	697	634
Caillteanas achtúireach	77,993	91,966
Sochair a íacadh	(65,305)	(57,580)
Athdháileadh dlitéanas ó Viridian go NIE	-	2,523
Costas ciorrúcháin	353	-
Difríocht Aistriúcháin ar oibleagáid sochair sa bhliain	26,954	35,380
Dualgas sochair ag deireadh na bliana	1,264,982	1,157,012
Athrú ar shócmhainní an phlean		
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	1,065,796	1,034,022
Gluaiseacht sa bhliain:		
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	55,447	53,931
Gnóthachain / (caillteanas) achtúireacha	21,110	(20,812)
Ranníocaíochtaí fostóra	29,268	21,903
Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean	697	634
Eile - íocaíocht Viridian / Athdháileadh ar Viridian	510	2,178
Sochair a íacadh	(65,305)	(57,580)
Difríocht aistriúcháin ar shócmhainní sa bhliain	24,935	31,520
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	1,132,458	1,065,796
Toradh iarbhir ar shócmhainní an phlean i rith na bliana	76,557	33,119
Is mar seo a leanas atá an anailís ar na suimeanna a aithnítear i gcostais fostaithe mar chuid de shochair na bhfostaithe:		
	2012 €'000	2011 €'000
Costas seirbhíse reatha	(9,689)	(8,096)
Costas ciorrúcháin	(353)	-
Muirear sochair shainithe iomlán sa bhliain	(10,042)	(8,096)
Anailís ar na suimeanna a aithnítear sna costais airgeadais, mar ghlanús scéime pinsin:		
Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin	55,447	53,931
Ús ar dhliteanas na scéime pinsin	(57,589)	(54,669)
Glanús na scéime pinsin	(2,142)	(738)
Anailís ar na suimeanna a aithnítear sa ráiteas maidir le hioncain cuimsitheach:		
Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ar shócmhainní	21,110	(20,812)
Caillteanas achtúireach ar dhliteanas	(77,483)	(92,310)
Glancaillteanas achtúireach	(56,373)	(113,122)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

21. DLITEANAS MAIDIR LE HOIBLEAGÁID PINSIN AGUS DLITEANAIS A BHAINNEANN LE FOSTAITHE

An Grúpa	Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsin € '000	Dliteanais a bhaineann le fostaithe		
		Dliteanais a athstruchtúrú € '000	Eile € '000	Iomlán € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	896,702	110,109	47,293	157,402
Gluaiseachtaí i rith na bliana:				
Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim	-	-	37,611	37,611
Éadálacha	-	-	1,556	1,556
Úsáidte i rith na bliana	(101,907)	(27,746)	(30,746)	(58,492)
Muirear maoinithe	39,947	3,605	-	3,605
Difríochtaí aistriúcháin	-	11	25	36
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	834,742	85,979	55,739	141,718
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	834,742	85,979	55,739	141,718
Gluaiseachtaí i rith na bliana:				
Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim	-	182,813	20,979	203,792
Úsáidte i rith na bliana	(58,773)	(90,132)	(46,285)	(136,417)
Muirear maoinithe	38,798	4,034	-	4,034
Difríochtaí aistriúcháin	-	10	368	378
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	814,767	182,704	30,801	213,505
Anailísithe mar seo a leanas:				
Dliteanais neamhreacha	723,826	146,415	-	146,415
Dliteanais reatha	90,941	36,289	30,801	67,090
Iomlán	814,767	182,704	30,801	213,505

An Mháthairchuideachta	Dliteanas maidir le hoibleagáid pinsin € '000	Dliteanais a bhaineann le fostaithe		
		Dliteanais a athstruchtúrú € '000	Eile € '000	Iomlán € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	896,702	109,592	39,952	149,544
Gluaiseachtaí i rith na bliana:				
Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim	-	-	30,231	30,231
Úsáidte i rith na bliana	(101,907)	(27,631)	(24,319)	(51,950)
Muirear maoinithe	39,947	3,605	-	3,605
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	834,742	85,566	45,864	131,430
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	834,742	85,566	45,864	131,430
Gluaiseachtaí i rith na bliana:				
Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim	-	182,813	15,431	198,244
Úsáidte i rith na bliana	(58,773)	(89,941)	(37,307)	(127,248)
Muirear maoinithe	38,798	4,034	-	4,034
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	814,767	182,472	23,988	206,460
Anailísithe mar seo a leanas:				
Dliteanais neamhreacha	723,826	146,415	-	146,415
Dliteanais reatha	90,941	36,057	23,988	60,045
Iomlán	814,767	182,472	23,988	206,460

01 FORBHREATHNU
GNO02 ATHBHREITHNIÚ OIBRICHÁIN
& AIRGEADAIS03 FREAGRACHT SHÓISIALTA
CHORPARAIDEACH04 RALACHAS
CORPARAIDEACH05 RÁITIS
AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

21. DLITEANAS MAIDIR LE HOIBLEAGÁID PINSIN AGUS DLITEANAIS A BHAINNEANN LE FOSTAITHE (ar lean)

Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin

I rith na bliana 2010 tháinig an chuideachta ar chomhaontú le Grúpa Ceardchumann ESB chun leasú a dhéanamh ar shocruithe pinsin laistigh den chuideachta. Mar a mhínítear i nóta 20, mar thoradh ar an soiléiriú seo sa Chomhaontú ar thiomantais na cuideachta i ndáil leis an gcistiú amach anseo de Scéim Aoisliúntais Fostaithe Ginearálta ESB, tá athrú tagtha ar mhodh cuntasaoíochta na Scéime, agus dhearbhaigh an Comhaontú freisin oibleagáidí áirithe cuideachta a éilíonn foráil ar leith.

Tá an chuideachta tiomanta faoin gComhaontú do instealladh airgid eisceachtúil a dhéanamh isteach sa Scéim, a íocfar thar thréimhse 10 mbliana. Ba é luach cóir an instealladh airgid seo arna ríomh faoi théarmaí IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas, ag baint úsáide as ráta úis éifeachtach 5.0%, ná €638.4 milliún ar dháta éifeachtach an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010). Ina theannta sin aontaíodh go mbeidh na rátaí ranníocaíochta don Scéim d'fhostóir agus d'fhostaithe araon gan athrú. Cuimsíonn an ráta reatha ranníocaíochta ón bhfostóir ranníocaíocht i leith seirbhíse roimhe seo. Ba é luach cóir ranníocaíochtaí na todhchaí don Scéim i leith seirbhíse roimhe seo amhail dáta an Chomhaontaithe (20 Deireadh Fómhair 2010) ná €206.8 milliún. Íocfar é seo thar an saol seirbhíse atá fanta ag comhaltaí gníomhacha reatha na Scéime. Ar deireadh, leanfaidh an chuideachta ag déanamh ranníocaíochtaí pinsin i leith na mball foirme a d'fhág an chuideachta faoi thionscnaimh téarfa dheonaigh atá caite, ach nach bhfuil aois scoir bainte amach acu fós. Ba é an luach cóir thiomantas seo na cuideachta don todhchaí an 20 Deireadh Fómhair 2010 ná €51.9 milliún.

Dlíteanais athstruchtúraithe

Is ionann an fhoráil seo agus an costas a mheastar a bheadh le híocaíochtaí iarscior a chur ar fáil d'iarfhostaithe, seachas na suimeanna a thagann faoin scéim phinsin. Tá dlíteanais san áireamh ann a bhaineann le híocaíochtaí leanúnacha a dhéanamh le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh luathscior dheonaigh cheana, atáthar ag súil a bheith scaoilte go hábhartha faoi 2027. Tá sreabhadh airgid todhchaí ionchais lascainithe go dtí an luach reatha ag úsáid rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

Eile

De réir cheanglais IAS 19 Sochair Fostaithe, tá foráil déanta maidir le dlíteanais luach saothair na bhfostaithe, lena n-áirítear laethanta saoire fabhráithe, bónaís agus socruithe roinnte brabúis.

22. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS EILE

	An Grúpa		An Mháthairchuideachta	
	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000
Suimeanna iníochta reatha:				
Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair atá idir lámha	34,917	38,242	-	-
Suimeanna iníochta trádála	307,378	266,963	210,488	192,786
Suimeanna iníochta eile	46,117	61,568	34,389	55,432
Cánacha fostaíochta	18,154	19,303	16,362	17,456
Cáin bhreisluacha	46,035	43,579	29,800	24,505
Fabhrúithe	93,107	95,592	19,034	20,348
Suimeanna dlíte d'fhochuideachtaí	-	-	1,760,599	714,631
Ús fabhráithe ar iasachtaí	69,379	57,945	12,868	2,968
	615,087	583,192	2,083,540	1,028,126
	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000
Suimeanna iníochta neamhreatha:				
Suimeanna iníochta eile	7,813	13,281	-	5,649

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

23. IONCAM IARCHURTHA AGUS DEONTAIS RIALTAIS

(a) An Grúpa

	Lamháltais astaíochtaí € '000	Ranniocaíochtaí soláthair agus eile € '000	Iomlán € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	6,751	699,216	705,967
Infháltas	135,161	6,437	141,598
Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim	(127,746)	(42,451)	(170,197)
Difríochtaí aistriúcháin	(161)	-	(161)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	14,005	663,202	677,207
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	14,005	663,202	677,207
Infháltas	69,438	4,476	73,914
Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim	(71,496)	(37,692)	(109,188)
Difríochtaí aistriúcháin	150	-	150
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	12,097	629,986	642,083
Anailísithe mar seo a leanas:			
Dlíteanais neamhreatha	-	592,376	592,376
Dlíteanais reatha	12,097	37,610	49,707
Iomlán	12,097	629,986	642,083

(b) An Mháthairchuideachta

	Lamháltais astaíochtaí € '000	Ranniocaíochtaí soláthair agus eile € '000	Iomlán € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	6,752	687,198	693,950
Infháltas	112,076	332	112,408
Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim	(104,963)	(32,180)	(137,143)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	13,865	655,350	669,215
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	13,865	655,350	669,215
Infháltas	57,629	1,118	58,747
Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim	(60,447)	(32,904)	(93,351)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	11,047	623,564	634,611
Anailísithe mar seo a leanas:			
Dlíteanais neamhreatha	-	590,456	590,456
Dlíteanais reatha	11,047	33,108	44,155
Iomlán	11,047	623,564	634,611

Taifeadtar na liúntais astaíochtaí a fuarthas i rith na bliana mar shócmhainní doláimhsithe agus mar ioncam iarchurtha araon. Is é luach an mhargaidh nuair a fhaightear iad a luaitear leo agus amúchtar iad chuig an ráiteas ioncaim ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhir i rith na bliana.

Sa mhéid is go sáraíonn luach na lamháltais astaíochtaí a fuarthas i rith na bliana luach an mhargaidh ar astaíochtaí carbóin, aithnítear an barrachas seo laistigh d'ioncam iarchurtha, seachas é a bheith amúchta don ráiteas ioncaim sa bhliain reatha, agus úsáidtear é i gcoinne chostas na lamháltais astaíochtaí a bheidh á bhfáil sna blianta amach romhainn.

Rinneadh ranniocaíochtaí soláthair neamh-inaisíochta agus deontais chaipitil a fuarthas roimh 1 Iúil 2009 a thaifeadh mar ioncam iarchurtha agus a scaoileadh chuig an ráiteas ioncaim ar bhonn a thagann le polasaí dímheasa na sócmhainní iomchuí. Tá tuilleadh cur síos déanta ar an gcuntasaíocht maidir le ranniocaíochtaí soláthair tar éis Iúil 2009 i ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta sna ráitis airgeadais seo.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

24. SOLÁTHAIRTÍ

(a) An Grúpa

	Costais dúnta stáisiún cumhachta € '000	Soláthairtí astaíochtaí € '000	Lacáiste do chustaiméirí agus soláthairtí eile € '000	Iomlán € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	192,773	121,139	79,369	393,281
Curtha chun dochair / (chun sochair) an ráitis ioncaim				
- Astaíochtaí	-	131,568	-	131,568
- Dílíúil agus eile	-	-	(24,242)	(24,242)
- Dúnadh stáisiúin	281	-	-	281
Éadálacha	1,136	-	-	1,136
Úsáidte sa bhliain	(28,376)	(125,014)	(3,142)	(156,532)
Muirear maoinithe	7,873	-	2,194	10,067
Difríochtaí aistriúcháin	157	435	363	955
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	173,844	128,128	54,542	356,514
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	173,844	128,128	54,542	356,514
Curtha chun dochair / (chun sochair) an ráitis ioncaim				
- Astaíochtaí	-	76,482	-	76,482
- Dílíúil agus eile	-	-	3,736	3,736
- Dúnadh stáisiúin	(28,238)	-	-	(28,238)
Úsáidte sa bhliain	(12,236)	(127,475)	(4,312)	(144,023)
Muirear maoinithe	8,643	-	1,787	10,430
Difríochtaí aistriúcháin	51	80	285	416
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	142,064	77,215	56,038	275,317
Anailísithe mar seo a leanas:				
Dlíteanais neamhreacha	133,643	-	50,943	184,586
Dlíteanais reatha	8,421	77,215	5,095	90,731
Iomlán	142,064	77,215	56,038	275,317

(b) An Mháthairchuideachta

	Costais dúnta stáisiún cumhachta € '000	Soláthairtí astaíochtaí € '000	Lacáiste do chustaiméirí agus soláthairtí eile € '000	Iomlán € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	190,242	92,893	68,239	351,374
Curtha chun dochair / (chun sochair) an ráitis ioncaim				
- Astaíochtaí	-	100,740	-	100,740
- Dílíúil agus eile	-	-	(25,420)	(25,420)
Úsáidte sa bhliain	(28,376)	(96,799)	(2,557)	(127,732)
Muirear maoinithe	7,873	-	2,194	10,067
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011	169,739	96,834	42,456	309,029
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012	169,739	96,834	42,456	309,029
Curtha chun dochair / (chun sochair) an ráitis ioncaim				
- Astaíochtaí	-	60,447	-	60,447
- Dílíúil agus eile	-	-	3,296	3,296
- Dúnadh stáisiúin	(28,413)	-	-	(28,413)
Úsáidte sa bhliain	(12,310)	(96,286)	(3,507)	(112,103)
Muirear maoinithe	8,643	-	1,787	10,430
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	137,659	60,995	44,032	242,686
Anailísithe mar seo a leanas:				
Dlíteanais neamhreacha	129,238	-	40,871	170,109
Dlíteanais reatha	8,421	60,995	3,161	72,577
Iomlán	137,659	60,995	44,032	242,686

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

01
FORBHREATHNÚ
GNO02
ATHBHREITHNÚ OIBRICHÁIN
& AIRGEADAIS03
FREAGRACHT SHÓISIALTA
CHORPARAIDEACH04
RALACHAS
CORPARAIDEACH05
RÁITIS
AIRGEADAIS

24. SOLÁTHAIRTÍ (ar lean)

Costais dúnta stáisiún cumhachta

Is ionann an soláthar ag 31 Nollaig 2012 de €142.1 milliún (2011: €173.8 milliún) do dhúnadh stáisiún agus luach reatha an mheastacháin reatha ar na costais a bhaineann le stáisiún ghiniúna a dhúnadh ag deireadh a saolré úsáideach eacnamaíochta. Téann dáta dúnta ionchais i gcás formhór na stáisiún ghiniúna suas chomh fada leis an mbliain 2025. Ós rud é gur ar bhonn lascaine a luaitear na costais, cuirtear muirear maoinithe san áireamh sa ráiteas ioncaim a chuirtear leis an soláthar gach bliain. Déantar athscrúdú ar an bhforáil do dhúnadh stáisiún cumhachta gach bliain agus ath-riomhtar an dliteanas de réir na dátaí reatha a mheastar a dhúnfar stáisiún. Tá costais maidir leis na stáisiún a bhaint anuas go fisiciúil agus costais a bhaineann le scor foirne na stáisiún nuair a dhúntar iad san áireamh le costais dúnta.

Tá roinnt éiginnteachtaí a mbeadh tionchar acu ar ríomh an tsoláthair do dhúnadh stáisiún, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna súimh, éilliú gan choinne, tionchar mhalairt teicneolaíochta agus athruithe sa ráta lascaine. Tá an meastachán is fearr maidir leis an tionchar airgeadais a bheadh ag na nithe éiginnte sin déanta ag an nGrúpa agus an soláthar á ríomh ach d'fhéadfadh athrú ábhartha amach anseo ar aon toimhde díobh sin tionchar ábhartha a imirt ar ríomh an tsoláthair. Déantar sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú go dtí luach reatha, ag úsáid rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

Sa bhreis ar an gclár téarfa deonach a cuireadh i gcrích i rith na bliana, d'aithbhreithnigh an Grúpa a mheastachán ar luach reatha na gcostas a bhaineann le stáisiún ghiniúna a dhúnadh, agus scaoil an barrachas atá fágtha chuig costais scoir fostaithe sa ráiteas ioncaim in 2012.

Soláthairtí astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí CO₂ na hEorpa, aithnítear soláthar chun an dliteanas maidir le hastaíochtaí iarbhir i rith na bliana a chlúdach. Faoin scéim sin, deonaíonn an tÚdarás iomchuí (féach nóta 10 sócmhainní doláimhsithe) lamháltais astaíochtaí ag tús gach bliana a chlúdaíonn céatadán de na hastaíochtaí ionchais. Cuirtear na lamháltais sin, maille le haon lamháltais bhreise a cheannaítear i rith na bliana, ar ais chuig an Údarás iomchuí atá i mbun na scéime laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana sin, ag teacht leis na hastaíochtaí CO₂ iarbhir i rith na bliana. Is ionann an fhoráil ag deireadh na bliana agus an oibleagáid lamháltais astaíochtaí atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhir a chur ar ais. Tomhastar an oibleagáid sin mar shuim ghlánluacha na lamháltas astaíochtaí CO₂ caipitlithe, chomh maith le luach an mhargaidh d'aon lamháltais bhreise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a shásamh.

Lacáiste custaiméara agus soláthairtí eile

Baineann soláthar do lacáiste custaiméara de €300 milliún ag 1 Eanáir 2009 le híocaíocht a bhí dlite ó ESB do gach custaiméir leictreachais in Éirinn, chun maolú a dhéanamh ar an ngá le méadú a dhéanamh ar tharaifí leictreachais in 2008 / 2009 mar gheall ar luaineacht i bpraghsanna breosla. Íocadh an chuid is mó de seo i rith 2009. Scaoileadh an t-iarmhéid a bhí fágtha, i dteannta le soláthairtí eile nach gá a thuilleadh, chuig an ráiteas ioncaim in 2011.

Meastacháin stuama atá i gceist le soláthairtí eile maidir le dliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn nó gan teacht chun cinn, do thríú páirtithe, i ndáil le héilimh a cuirtear in iúl nó a ndéantar soláthar ina leith ag deireadh na bliana. De réir gnáthchleachtas tráchtála, tá meastachán maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár cuireadh in iúl go fóill san áireamh sa soláthar ag deireadh na bliana.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR

(a) Forléargas ar bhainistiú riosca airgeadais

Timpeallacht riosca

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, malairt eachtrach, ráta úis, gluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), agus riosca oibriúcháin. Athbhreithníonn, leasaíonn agus ceadaíonn an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí seo agus ó rioscaí eile, amhail riosca creidmheasa mar is cuí. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Coinnítear Coiste Airgeadais an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi ghníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste chomh maith lena breithniú.

Is iad na feidhmeanna tuloífige agus oifige láir de na haonaid ghnó ábhartha a dhéanann riosca praghsanna tráchtearraí a bhainistiú: ESB Energy International agus Electric Ireland. Déantar é sin i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca foriomlán an Ghrúpa. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin. Cinníonn feidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa go mbainisteofar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa ar shlí a thabharfaidh cosaint don Ghrúpa ó chaillteanas agus lena léireofar meas ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá i bhfeidhm idir na haonaid ghnó.

Is féidir conarthaí a rinneadh chun fálú a dhéanamh ar nochtadh ag eascairt ó cheannach agus ó dhíol leictreachais a roinnt ina gconarthaí praghas breosla ar aghaidh, conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh agus conarthaí malairte eachtraí. Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint nuair a shocraítear iad nó nuair a dhíoltar iad.

Struchtúr um thuairisciú riosca

Tríd an bPríomhfheidhmeannach, rinne an Bord an fhreagracht níos leithne as bainistíocht a dhéanamh ar riosca trádála ESB ar bhealach a réitíonn le lamhálaí riosca agus straitéisí gnó an Ghrúpa a tharmligean do Choiste Trádála an Ghrúpa (GTC). Bhunaigh an GTC teorainneacha riosca chun nochtadh riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ar leibhéal Grúpa agus aonaid ghnó. Déantar na teorainneacha sin a thairgeadh le haghaidh gach ceann de ghnóthaí ESB atá i mbun gníomhaíochtaí trádála mórdhiola. Sa bheis air sin tá feidhm ag Beartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa maidir le gach ceann de na gnóthaí sin.

Laistigh de gach ceann de na haonaid ghnó sin, bunaíodh Coiste Bainistíochta Riosca Trádála chun feidhmiú mar an príomhmhaoirseoir ar riosca trádála ar leibhéal an aonáin aonair imfhálaithe. Ar an gcoiste sin tá ceann na feidhme tuloífige, an Bainisteoir Riosca Trádála (Oifig Láir), ionadaí ó Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa, agus Rialtóir Airgeadais an aonaid ghnó. Tá na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála freagrach as an straitéis riosca trádála a cheapadh de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa agus as comhlíonadh a chinntiú leis an mbeartas céanna, teorann riosca trádála a bhainistiú agus a chinntiú go bhfuil creat éifeachtach rialaithe i bhfeidhm.

Tugann na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála tuairisc don GTC. Coimeádann an fheidhm oifige láir i ngach aonad gnó líne tuairiscithe ar leithligh go dtí feidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar glan-nochtadh an Ghrúpa do ghluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí nó praghsanna eile a bhainistiú go cuí de réir Bheartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa. Bíonn oibriúcháin trádála na n-aonad gnó faoi réir athbhreithnithe ag Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi bheartas agus faoi chuspóirí an Ghrúpa maidir le Bainistíocht Riosca féach an Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca ar leathanaigh 58 go dtí 61.

Cuntasaíocht fálaithe

Déanann ESB a chuid oibríochtaí a mhaoiniú agus meascán d'iasachtaí agus léasaí airgeadais á n-úsáid, úsáideann sé ionstraimí taisce chun cistí barrachais a infheistiú agus úsáideann sé ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí ráta úis agus airgeadra a eascraíonn i ngnáthchúrsa oibríochtaí ó iasachtaí ainmnithe i ndollar na Stát Aontaithe agus steirling, óna chuid fochuideachtaí airgeadra eachtraigh, agus ó sholáthraithe airgeadra eachtraigh a úsáid. Baintear úsáid as cuntasaíocht fálaithe de bhun IAS 39 i gcomhair fálaithe ar dhliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí ó rátaí úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha araon.

Ina theannta sin, téann an Grúpa i mbun idirbhearta áirithe maidir le fálú tráchtearraí chun costais bhreosla a shocrú agus chun ioncam leictreachais a nascadh níos mó le hionchuir bhreosla, áit is féidir. Tá na socruithe sin go léir ainmnithe i gcoibhnis fálaithe, agus i bhformhór mór na gcásanna comhlíonann siad critéir shonracha chuntasaíochta IAS 39 maidir le cuntasaíocht fálaithe. Áit a gcomhlíontar critéir fálaithe IAS 39 i dtaobh babhtálacha trasairgeadra, babhtálacha ráta úis, conarthaí malairte eachtraigh, conarthaí praghas breosla ar aghaidh agus conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh, tá na hionstraimí go léir sainithe mar fhálú sreabhadh airgid ar ús, ioncam nó costais oibríochtúil eile atá tuartha agus rídhióichí. Breathnaítear ar aon díorthaigh idir lámha nach bhfuil sainithe go sonrach i gcoibhnis fálaithe ó thaobh na cuntasaíochta de mar fhálú eacnamaíoch bailí, mar sin féin.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(b) Forbhreathnú ar shócmhainní agus dhliteanais airgeadais

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar shócmhainní agus dhliteanais airgeadais, gan soláthairtí agus dliteanais atá bainteach le fostaithe a áireamh, amhail an 31 Nollaig 2012 agus an 31 Nollaig 2011:

An Grúpa	Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas		Socmhainní / (dliteanais) ar láimh ag an gcostas amúchta		Ionstraimí airgeadais diorthaigh le caidrimh fálaithe		Ionstraimí airgeadais diorthaigh gan caidrimh fálaithe		Iomlán	
	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000	2012 € '000	2011 € '000
SÓCMHAINNÍ										
Sócmhainní neamhreacha										
Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais	48,849	40,826	-	-	-	-	-	-	48,849	40,826
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	353,628	427,303	328	429	353,956	427,732
Iomlán na sócmhainní airgeadais neamhreacha	48,849	40,826	-	-	353,628	427,303	328	429	402,805	468,558
Sócmhainní reatha										
Infháilais trádála agus eile	-	-	794,131	643,710	-	-	-	-	794,131	643,710
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	-	-	159,405	277,409	-	-	-	-	159,405	277,409
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	81,966	72,900	2,360	2,124	84,326	75,024
Iomlán na sócmhainní airgeadais reatha	-	-	953,536	921,119	81,966	72,900	2,360	2,124	1,037,862	996,143
Iomlán na sócmhainní airgeadais	48,849	40,826	953,536	921,119	435,594	500,203	2,688	2,553	1,440,667	1,464,701
DLITEANAIS										
Dlíteanais neamhreacha										
Iasachtaí agus fiachas eile	-	-	4,124,413	4,367,862	-	-	-	-	4,124,413	4,367,862
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	-	-	723,826	732,835	-	-	-	-	723,826	732,835
Suimeanna iníochta trádála agus eile	-	-	7,813	13,281	-	-	-	-	7,813	13,281
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	103,698	74,382	494,054	479,455	597,752	553,837
Iomlán na ndlíteanas airgeadais neamhreacha	-	-	4,856,052	5,113,978	103,698	74,382	494,054	479,455	5,453,804	5,667,815
Dlíteanais reatha										
Iasachtaí agus fiachas eile	-	-	449,246	233,309	-	-	-	-	449,246	233,309
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	-	-	90,941	101,907	-	-	-	-	90,941	101,907
Suimeanna iníochta trádála agus eile	-	-	615,087	583,192	-	-	-	-	615,087	583,192
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	52,254	17,608	18,909	9,191	71,163	26,799
Iomlán na ndlíteanas airgeadais reatha	-	-	1,155,274	918,408	52,254	17,608	18,909	9,191	1,226,437	945,207
Iomlán na ndlíteanas airgeadais	-	-	6,011,326	6,032,386	155,952	91,990	512,963	488,646	6,680,241	6,613,022
An Mháthairchuideachta										
SÓCMHAINNÍ										
Sócmhainní neamhreacha										
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	-	-	72,832	72,832	-	-	-	-	72,832	72,832
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	996	2,130	328	429	1,324	2,559
Iomlán na sócmhainní airgeadais neamhreacha	-	-	72,832	72,832	996	2,130	328	429	74,156	75,391
Sócmhainní reatha										
Infháilais trádála agus eile	-	-	2,415,867	1,946,550	-	-	-	-	2,415,867	1,946,550
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	-	-	47,990	202,470	-	-	-	-	47,990	202,470
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	2,171	5,313	1,998	2,124	4,169	7,437
Iomlán na sócmhainní airgeadais reatha	-	-	2,463,857	2,149,020	2,171	5,313	1,998	2,124	2,468,026	2,156,457
Iomlán na sócmhainní airgeadais	-	-	2,536,689	2,221,852	3,167	7,443	2,326	2,553	2,542,182	2,231,848
DLITEANAIS										
Dlíteanais neamhreacha										
Iasachtaí agus fiachas eile	-	-	1,822,880	2,974,835	-	-	-	-	1,822,880	2,974,835
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	-	-	723,826	732,835	-	-	-	-	723,826	732,835
Suimeanna iníochta trádála agus eile	-	-	-	5,649	-	-	-	-	-	5,649
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	87,418	68,279	536	938	87,954	69,217
Iomlán na ndlíteanas airgeadais neamhreacha	-	-	2,546,706	3,713,319	87,418	68,279	536	938	2,634,660	3,782,536
Dlíteanais reatha										
Iasachtaí agus fiachas eile	-	-	434,950	219,746	-	-	-	-	434,950	219,746
Dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin	-	-	90,941	101,907	-	-	-	-	90,941	101,907
Suimeanna iníochta trádála agus eile	-	-	2,083,540	1,028,126	-	-	-	-	2,083,540	1,028,126
Ionstraimí airgeadais diorthaigh	-	-	-	-	51,244	9,451	4,981	1,056	56,225	10,507
Iomlán na ndlíteanas airgeadais reatha	-	-	2,609,431	1,349,779	51,244	9,451	4,981	1,056	2,665,656	1,360,286
Iomlán na ndlíteanas airgeadais	-	-	5,156,137	5,063,098	138,662	77,730	5,517	1,994	5,300,316	5,142,822

Ní dhéantar anailís ar sholáthairtí an Ghrúpa ná ar a dhliteanais a bhaineann le fostaithe sa tábla thuas, ná san anailís bhreise thall. Is é an t-aon eisceacht amháin anseo ná an dlíteanas maidir le hoibleagáid pinsin de €814.8 milliún amhail 31 Nollaig 2012 (2011: €834.7 milliún). Féach nótaí 20, 21 agus 23 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis seo agus leis na soláthairtí eile agus na dliteanais a bhaineann le fostaithe.

01
FORBHREATHNÚ
GNO02
ATHBHREITHNÚ OIBRUCHÁIN
& AIRGEADAIS03
FREAGRACHT SHOISIALTA
CHORPARAIDEACH04
RALACHAS
CORPARAIDEACH05
RÁITIS
AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(c) Maoiniú agus bainistiú leachtachta

Sa tábla seo a leanas leagtar amach aibíochtaí conartha na ndlíteanas airgeadais (agus sócmhainní cosúil leo), lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann le hiasachtaí, agus an glansreabhadh airgid nach ndearnadh lascainiú air atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh. Tá iasachtaí le luach tugtha anonn de €2,315.8 milliún (2011: €1,406.6 milliún), agus glandlíteanaí ionstraim airgeadais díorthaigh de €91.9 milliún (2011: €8.2 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní cuid de shócmhainní agus dlíteanas na Máthairchuideachta iad. Féach nótaí 18, 19 agus 25 (b) le haghaidh tuilleadh anailíse ar shócmhainní agus dlíteanas airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.

	Suim ghlanluacha € '000	Eis-sreabhadh/ (insreabhadh) airgid conartha - glan € '000	Laistigh de bhliain € '000	1-2 bhliain € '000	2-5 bliana € '000	Tráth is faide anonn ná cúig bliana € '000
An 31 Nollaig 2012						
Iasachtaí	4,573,659	6,174,060	672,851	453,770	1,738,619	3,308,820
Suimeanna inioctha trádála agus eile (gan ús ná iarmhéideanna cánach a áireamh)	489,332	489,332	481,519	7,813	-	-
Ionstraimí airgeadais	668,915	924,543	75,952	23,590	195,875	629,126
Iomlán na ndlíteanas	5,731,906	7,587,935	1,230,322	485,173	1,934,494	3,937,946
Ionstraimí airgeadais	438,282	447,483	84,531	83,663	192,524	86,765
Iomlán na sócmhainní	438,282	447,483	84,531	83,663	192,524	86,765
Glandlíteanaí	5,293,624	7,140,452	1,145,791	401,510	1,741,970	3,851,181
An 31 Nollaig 2011						
Iasachtaí	4,601,171	5,938,014	405,443	573,531	2,234,972	2,724,068
Suimeanna inioctha trádála agus eile (gan ús ná iarmhéideanna cánach a áireamh)	475,646	475,646	462,365	13,281	-	-
Ionstraimí airgeadais	580,636	873,770	29,814	33,032	165,273	645,651
Iomlán na ndlíteanas	5,657,453	7,287,430	897,622	619,844	2,400,245	3,369,719
Ionstraimí airgeadais	502,756	534,356	72,520	75,208	182,664	203,964
Iomlán na sócmhainní	502,756	534,356	72,520	75,208	182,664	203,964
Glandlíteanaí	5,154,697	6,753,074	825,102	544,636	2,217,581	3,165,755

(d) Riosca creidmheasa

Eascraíonn riosca creidmheasa ó airgead tirim agus coibhéisí airgid, ionstraimí airgeadais díorthaigh agus taiscí le bainc agus institiúidí airgeadais, chomh maith le nochtadh creidmheasa do chustaiméirí mórdhíola agus miondhíola, lena n-áirítear infháltais gan íoc agus idirbhearta tiomnaithe.

Sócmhainní airgeadais

	2012		2011	
	An Grúpa € '000	An Mháthairchuideachta € '000	An Grúpa € '000	An Mháthairchuideachta € '000
Infháltais trádála agus eile	794,131	2,415,867	643,710	1,946,550
Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais	48,849	72,832	40,826	72,832
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	159,405	47,990	277,409	202,470
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	438,282	5,493	502,756	9,996
	1,440,667	2,542,182	1,464,701	2,231,848

Infháltais trádála agus eile

I nóta 14 nochtar an riosca mórdhíola agus creidmheasa a eascraíonn as infháltais trádála agus eile.

Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais

Déantar dlúthmhonatóireacht ar riosca creidmheasa ag eascairt ó infheistíochtaí sócmhainní airgeadais, sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas san áireamh, agus léirítear é sa luach tugtha anonn ag deireadh na bliana.

Riosca creidmheasa bainteach le cistíocht (maidir le hairgead agus ionstraimí díorthaigh)

Tá an Grúpa nochtadha do riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo agus a ndéanann sé idirbhearta leo sna margairí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa ná a nochtadh do gach institiúid airgeadais a theorannú ar bhunús rátálacha creidmheasa glactha nach lú ná BBB nó a choibhéis.

Déantar trádáil i ndíorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus déantar é sin agus Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi choimircé 'Acht um Bhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992' a gcomhlíonadh. Léiríonn an tSonraíocht agus na Ceanglais na cineálacha díorthach is féidir le ESB a dhéanamh agus na riachtanais ghaolmhara nach mór do ESB a shásamh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí mhandáidí déileála láidre a chur i bhfeidhm le contrapháirtithe. Ní bhíonn ionstraimí díorthaigh ina sheilbh ag an nGrúpa nó ní dhéanann sé trádáil iontu do chríocha amhantracha. Bíonn nochtadh, teorainneacha gaolmhara agus comhlíonadh Shonraíocht agus Ceanglais an Aire faoi réir athbhreithnithe agus monatóireachta leanúnach. Níor fhulaing an Grúpa aon chaillteanas mar thoradh ar mhainneachtain na gcontrapháirtithe sin a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Riosca creidmheasa tráchtearraí (a bhaineann le díorthaigh)

Tá riosca creidmheasa ag an nGrúpa freisin a bhaineann le staideanna tráchtearraí. Eascraíonn siad siúd ó ionstraimí airgeadais díorthaigh a dhéantar chun rioscaí praghsanna fuinnimh agus breosla a fháil agus déantar iad a bhainistiú de réir Shonraíocht agus Ceanglais an Aire ('Acht um Idirbhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992'). Socraíonn an Grúpa teorainneacha riosca creidmheasa contrapháirtí chun nochtadh nár soláthraíodh cúlbhannaí dó a shrianadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar ghlan-nochtadh, riachtanais cúlbhanna agus ar chomhlíonadh. Éilíonn aonaid ghnó ESB cúlbhannaí, i bhfoirm bannaí agus ráthaíochtaí, ó pháirtithe éagsúla, i bhfoirm Litreacha Creidmheasa go sonrach ó chontrapháirtithe cumhachta Conradh Dífríochta (CfD) áirithe. Ba é méid iomlán na gcúlbhannaí ar láimh ag deireadh na bliana ná €173.7 milliún (2011: €208.9 milliún). Mar gheall ar na cúinsí reatha eacnamaíochta, bíonn an Grúpa ar an eolas go háirithe maidir le haon athruithe ar acmhainneacht creidmheasa na gcontrapháirtithe, agus áit a dtarlaíonn athrú den sórt sin glactar na céimeanna oiriúnacha go léir chun seasamh an Ghrúpa a dhaingniú níos mó.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(e) Bainistiú riosca airgeadra eachtraigh

Eascaíonn nochtadh d'airgeadra eachtrach go príomha ó cheannach breosla agus cumhachta, costais a bhaineann le hollchóiriú riachtanach ar stáisiúin, ceannacháin eile ainmnithe in airgeadraí eachtracha, iasachtaí in airgeadraí eachtracha (lena n-áirítear an láithriú príobháideach mar a chuirtear síos air i nóta 18) agus infheistíochtaí lasmuigh de limistéar an euro.

Úsáidtear conarthaí réamhcheannaigh airgeadra eachtraigh agus babhtálacha trasairgeadra chun luaineacht a eascaíonn ó nochtadh d'airgeadra eachtraigh a laghdú. Baineann na conarthaí réamhcheannaigh airgeadra eachtraigh atá i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2012 le sreabhadh airgid tuartha a cheaptar a tharlóidh suas go 15 Nollaig 2023.

Ag deireadh na bliana b'ionann punann fiachais iomlán ESB agus €4.6 billiún (2011: €4.6 billiún), agus €2.3 milliún de á choimeád ag an Máthairchuideachta (2011: €3.2 billiún). Ainmníodh an fiachas bunúsach sna hairgeadraí seo a leanas, roimh bhabhtálacha agus dá n-éis:

An Grúpa	Roimh bhabhtálacha		Tar éis bhabhtálacha	
	2012 %	2011 %	2012 %	2011 %
Airgeadra				
Euro	46%	37%	67%	59%
Dollar SAM	20%	21%	0%	0%
Steirling	34%	42%	33%	41%
Iomlán	100%	100%	100%	100%
An Mhathairchuideachta				
Airgeadra				
Euro	56%	52%	81%	83%
Dollar SAM	24%	30%	0%	0%
Steirling	20%	18%	19%	17%
Iomlán	100%	100%	100%	100%

Mar a léirítear thuas, déantar formhór phunann fiachais na Máthairchuideachta a bhabhtáil go euro don phríomhshuim agus don ús araon; dá bhrí sin, laghdaítear nochtadh do riosca airgeadra eachtraigh sa Ghrúpa. Agus a chuid oibriúcháin eachtracha á mbainistiú aige, bíonn an Grúpa eolach ar iasachtaí a dhéanamh in airgeadraí a mheaitseálann airgeadra feidhmeach an oibriúcháin eachtraigh. Dá bhrí sin, tá cuid shuntasach d'fhiachas ainmnithe i steirling, go príomha mar thoradh ar éadail NIE.

Dhéanfaidh méadú ginearálta 10% ar rátaí malairte airgeadra eachtraigh amhail 31 Nollaig cothromas agus brabús roimh chánachas a mhéadú faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. Déantar talamh slán de leis an anailís sin go bhfanfaidh gach athróg eile mar an gcéanna, agus áirítear leis an tionchar atá ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm, iad go léir i gcoibhnis éifeachtacha fálaíthe amhail an 31 Nollaig 2012.

An Grúpa	An 31 Nollaig 2012		An 31 Nollaig 2011	
	Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000
Neartú 10%				
Dollar SAM	(24,337)	-	(24,974)	259
Steirling	9,258	451	(15,153)	(69)
Franc na hEilvéise	(1,959)	-	(3,783)	(503)
Lagú 10%				
Dollar SAM	29,745	-	30,524	(317)
Steirling	(11,315)	(551)	18,520	84
Franc na hEilvéise	2,394	-	4,624	615

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i leith na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhíonn tionchar ag athruithe i luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh nach bhfuil i gcaidrimh fálaíthe ach ar an ráiteas ioncaim amháin;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh ar fálú sreabhadh airgid iad ach ar ioncam cuimsitheach eile
- déantar athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh atá sainithe mar fhálú glaninfheistíochta ag eascairt ó ghluaiseachtaí sa ráta malairte euro go steirling a thaifeadadh go díreach i gcothromas, agus ní dhéantar aon neamhéifeachtúlacht a thiomhdú.

Bheadh an tionchar ag ghluaiseachtaí den sórt sin ar an Máthairchuideachta i bhfad mar an gcéanna leis an tionchar ar an nGrúpa.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(f) Bainistiú riosca praghsanna tráchtearraí

Tá tábhacht ag baint le luaineacht na bpraghsanna breosla a theastaíonn do ghníomhaíochtaí giniúna cumhachta an Ghrúpa le blianta beaga anuas agus déanann an Grúpa bainistíocht ar an nochtadh dá bharr do ghluaiseachtaí praghsanna breosla ar bhunús fáilithe roghnaigh. Tá conarthaí praghsanna tráchtearraí ar aghaidh déanta ag an nGrúpa i ndáil le gás agus gual a cheannach a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais - féach nóta 19. Déantar luacháil ar chonarthaí praghsanna breosla ar aghaidh ar bhunús méideanna ar chonradh agus gan íoc, agus ar na praghsanna ar aghaidh ar tháirgí cosúla, ar dháta an chláir chomhardaithe; déantar iad a lascainiú áit is gá ar bhunús cuar oiriúnach réamhráta úis.

Dhéanadh méadú ginearálta 10% ar phraghas gáis agus guail amhail an 31 Nollaig cothromas agus brabús roimh chánachas a mhéadú faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. Déanann an anailís sin talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí malairte eachtraí go háirithe, mar an gcéanna, agus áiríonn sé an tionchar atá ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm, gach ceann acu i gcaidrimh fáilithe sreabhadh airgid éifeachtacha amhail an 31 Nollaig 2012. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbunús go bhfanadh gach athróg eile mar an gcéanna.

An Grúpa	An 31 Nollaig 2012 Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000	An 31 Nollaig 2011 Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000
Gnóthachan de thoradh méadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail	119,028	1,094	122,153	2,502
An Mhathairchuideachta	An 31 Nollaig 2012 Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000	An 31 Nollaig 2011 Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000
Gnóthachan de thoradh méadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail	20,596	1,094	22,349	2,502

Dá dtiocfadh méadú ginearálta 10% ar Phraghas Margaidh Chórais (SMP) an Mhargaidh Aonair Leictreachais amhail 31 Nollaig dhéanfaí ioncam cuimsitheach eile agus brabús roimh chánachas a laghdú faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. Déantar talamh slán de leis an anailís sin go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí malairte eachtraí go háirithe, mar an gcéanna, agus áirítear an tionchar ar luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbunús go bhfanadh gach athróg eile mar an gcéanna.

An Grúpa	An 31 Nollaig 2012 Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000	An 31 Nollaig 2011 Ioncam cuimsitheach eile Gnóthachan / (caillteanas) € '000	Brabús roimh chánachas Gnóthachan / (caillteanas) € '000
Caillteanas de thoradh méadú 10% ar an bPraghas Margaidh Chórais (SMP)	(39,076)	-	(61,684)	-

Ní bheadh tionchar suntasach ag gluaiseacht 10% san SMP amhail 31 Nollaig ar ioncam cuimsitheach eile, ná ar bhrabús roimh chánachas, na Máthairchuideachta in 2012 nó 2011.

Rinneadh an anailís íogaireachta atá ar fáil thuas don Ghrúpa agus don Mhathairchuideachta a ríomh amhail an 31 Nollaig ag baint úsáide as na bunpraghsanna tráchtearraí agus rátaí airgeadra eachtraigh a leanas:

	2012	2011
Gás (Stg. p/therm)	60.90	62.75
SMP (€/ MWh)	67.73	71.88
Gual (US\$ / tona)	90.10	112.40
Ráta airgeadra eachtraigh (US\$ = €1)	1.3194	1.2939
Ráta airgeadra eachtraigh (Stg£ = €1)	0.8161	0.8353

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(g) Luach cóir

Is mar seo a leanas atá luach cóir na sócmhainní agus dliteanas airgeadais i dteannta na suimeanna glanluacha arna léiriú sa chlár comhardaithe:

An 31 Nollaig 2012	An Grúpa		An Mháthairchuideachta	
	Luach anonn	Luach cóir	Luach anonn	Luach cóir
	2012 € '000	2012 € '000	2012 € '000	2012 € '000
Fiachas fadtéarmach	4,124,413	4,505,509	1,822,880	1,940,801
lasachtaí gearrthéarmacha (lena n-áirítear léasanna airgeadais)	449,246	482,995	434,950	467,526
Iomlán na n-iasachtaí	4,573,659	4,988,504	2,257,830	2,408,327
Ionstraimí airgeadais díorthaigh - (sócmhainní) / dliteanais	230,633	230,633	138,686	138,686
Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	(48,849)	(48,849)	-	-
Dlitéanais maidir le hoibleagáid pinsin	814,767	814,767	814,767	814,767
Suimeanna iníoctha trádála agus eile (gan rótharraingtí bainc a áireamh)	622,900	622,900	2,083,540	2,083,540
Infháltais trádála agus eile	(794,131)	(794,131)	(2,415,867)	(2,415,867)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	(159,405)	(159,405)	(47,990)	(47,990)
Glandlitéanais	5,239,574	5,654,419	2,830,966	2,981,463

An 31 Nollaig 2011	An Grúpa		An Mháthairchuideachta	
	Luach anonn	Luach cóir	Luach anonn	Luach cóir
	2011 € '000	2011 € '000	2011 € '000	2011 € '000
Fiachas fadtéarmach	4,312,134	4,233,929	2,919,107	2,845,663
Dlitéanais léasanna airgeadais fadtéarmacha	55,728	56,560	55,728	56,560
lasachtaí gearrthéarmacha (lena n-áirítear léasanna airgeadais)	233,309	226,989	219,746	212,687
Iomlán na n-iasachtaí	4,601,171	4,517,478	3,194,581	3,114,910
Ionstraimí airgeadais díorthaigh - (sócmhainní) / dliteanais	77,880	77,880	69,728	69,728
Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	(40,826)	(40,826)	-	-
Dlitéanais maidir le hoibleagáid pinsin	834,742	834,742	834,742	834,742
Suimeanna iníoctha trádála agus eile (gan rótharraingtí bainc a áireamh)	596,473	596,473	1,033,775	1,033,775
Infháltais trádála agus eile	(643,710)	(643,710)	(1,946,550)	(1,946,550)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	(277,409)	(277,409)	(202,470)	(202,470)
Glandlitéanais	5,148,321	5,064,628	2,983,806	2,904,135

De bhrí go bhfuil infháltais trádála agus eile dlite taobh istigh de bhliain amháin, agus go bhfuil soláthar déanta dóibh sa chás go bhfuil siad lagaithe, meastar go bhfuil a luach tugtha anonn ar aon dul go hábhartha lena luach cóir.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthaigh á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le hidirbhearta bunúsacha lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Socraítear luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh tríd an difríocht idir an praghas conartha ar aghaidh agus an praghas reatha ar aghaidh a lascainiú le haghaidh aibíocht iarmharach an chonartha agus ráta úis saor ó riosca á úsáid. Déantar an luach cóir de shuimeanna iníoctha trádála agus eile a ríomh ar bhunús luach reatha sreabhadh airgid amach anseo, agus é lascainithe ag an ráta margaidh úis ar an dáta tuairiscithe.

Luach cóir - rataí lascaine

Tá na rataí úis a úsáidtear chun sreabhadh airgid measta amach anseo a lascainiú, i gcás inarb infheidhme, bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí, agus bhí siad mar seo a leanas:

	2012 %	2011 %
Léasanna	-	4.8%
lasachtaí agus fiachais eile	3.3%	5.3%
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	1.1%	1.7%
Dlitéanais maidir le hoibleagáid pinsin	5.0%	5.0%
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	2.7%	5.2%

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(h) Ordlaithas luach cóir

Déanann an tábla thíos anailís ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais tugtha anonn ag luach cóir, trí mhodh luachála. Tá na leibhéil éagsúla a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá i seilbh an Ghrúpa léirmhínte mar seo a leanas:

- Leibhéal 2: ionchuir, seachas praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha do shócmhainní agus dliteanais chomhionanna, atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna);
- Leibhéal 3: ionchuir don tsócmhainn nó dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

An 31 Nollaig 2012 - An Grúpa

	Leibhéal 2 € '000	Leibhéal 3 € '000	Iomlán € '000
Sócmhainní			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Conarthaí malairte eachtraí	8,872	-	8,872
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	505	268,713	269,218
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	-	160,192	160,192
Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	-	48,260	48,260
	9,377	477,165	486,542
Dlíteanais			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Babhtálacha airgeadra	108,803	-	108,803
Babhtálacha ráta úis	20,642	-	20,642
Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú	-	501,093	501,093
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	32,697	654	33,351
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	-	-	-
Conarthaí malairte eachtraí	5,026	-	5,026
	167,168	501,747	668,915
(Dlíteanas) / sócmhainn ghlan	(157,791)	(24,582)	(182,373)

An 31 Nollaig 2011 - An Grúpa

	Leibhéal 2 € '000	Leibhéal 3 € '000	Iomlán € '000
Sócmhainní			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Conarthaí malairte eachtraí	10,495	-	10,495
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	-	238,512	238,512
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	-	253,749	253,749
Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	-	39,482	39,482
	10,495	531,743	542,238
Dlíteanais			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Babhtálacha airgeadra	68,279	-	68,279
Babhtálacha ráta úis	5,986	-	5,986
Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú	-	486,652	486,652
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	8,204	2,197	10,401
Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh	-	9,127	9,127
Conarthaí malairte eachtraí	191	-	191
	82,660	497,976	580,636
(Dlíteanas) / sócmhainn ghlan	(72,165)	33,767	(38,398)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

(h) Ordlatas luach cóir (ar lean)

An 31 Nollaig 2012 - An Mháthairchuideachta	Leibhéal 2 € '000	Leibhéal 3 € '000	Iomlán € '000
Sócmhainní			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Conarthaí malairte eachtraí	4,987	-	4,987
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	506	-	506
	5,493	-	5,493
Dliteanais			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Babhtálacha airgeadra	108,803	-	108,803
Babhtálacha ráta úis	131	-	131
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	32,438	-	32,438
Conarthaí malairte eachtraí	2,807	-	2,807
	144,179	-	144,179
Glandliteanas	(138,686)	-	(138,686)
An 31 Nollaig 2011 - An Mháthairchuideachta	Leibhéal 2 € '000	Leibhéal 3 € '000	Iomlán € '000
Sócmhainní			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Conarthaí malairte eachtraí	7,002	-	7,002
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	2,994	-	2,994
	9,996	-	9,996
Dliteanais			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh			
Babhtálacha airgeadra	68,279	-	68,279
Babhtálacha ráta úis	938	-	938
Conarthaí praghas breosla ar aghaidh	10,401	-	10,401
Conarthaí malairte eachtraí	106	-	106
	79,724	-	79,724
Glandliteanas	(69,728)	-	(69,728)

Léiríonn an tábla seo a leanas réiteach ó iarmhéideanna tosaigh 1 Eanáir 2012 go dtí iarmhéideanna deireadh bliana i gcomhair toisí luach cóir ar Leibhéal 3 den ordlatas luach cóir:

An Grúpa	Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó cailiteanas € '000	Conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh € '000	Conarthaí praghas breosla ar aghaidh € '000	Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú € '000	Iomlán € '000
Iarmhaid tosaigh	39,482	244,622	236,315	(486,652)	33,767
Aistriú isteach ó Leibhéal 2	-	-	-	-	-
Ceannacháin	15,223	-	-	-	15,223
Faighthe i rith na bliana	-	-	-	-	-
Gnóthachain nó cailiteanais iomlána:					
i mbrabús nó cailiteanas	(6,445)	-	-	(12,660)	(19,105)
in OCI	-	(118,862)	(4,407)	-	(123,269)
Socraíochtaí	-	34,432	36,151	8,822	79,405
Gluaiseachtaí aistriúcháin	-	-	-	(10,603)	(10,603)
Iarmhaid deiridh - glan	48,260	160,192	268,059	(501,093)	(24,582)

Tugtar sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó cailiteanas anonn ag luach cóir. Bíonn an luach cóir bunaithe ar an ráiteas luachála ciste is déanaí atá ar fáil, nuair is cuí. Maidir le hinfeistíochtaí neamhspleacha, tá an modheolaíocht luachála a úsáidtear ag teacht le Treoirínte Luachála Caipitil Fiontar agus Cothromais Phríobháidigh Idirnáisiúnta arna bhforbairt ag roinnt cumainn chaipitil fiontar idirnáisiúnta. De bhrí go dteastaíonn teicnící luachála bunaithe ar mhúnla chuige seo, mar aon le roinnt ionchur neamh-inbhraite, tá gach sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó cailiteanas rangaithe mar infheistíochtaí ar leibhéal 3 sa bhliain reatha.

Baineann conarthaí praghas breosla ar aghaidh agus conarthaí praghas leictreachais ar aghaidh atá ag leibhéal 3 san ordlatas luach cóir le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a gcuid luachálacha bunaithe ar roinnt toimhdí praghas ar aghaidh, le roinnt ionchur neamhinbhraite, lena n-áirítear leictreachas, carbón agus gás ar aghaidh toimhdithe thar thréimhsí níos fadtéarmaí. Tá socraíochtaí ina gcuid de na costais ioncaim agus breosla sa ráiteas ioncaim.

(i) Bainistiú caipitil

Measann an Grúpa go gcuimsíonn a chaipiteal cothromas, is é sin stoc caipitiúil, tuillimh choinnithe agus fálú sreabhadh airgid, cúlchistí athluachála agus cúlchistí eile. Déantar gluaiseachtaí i dtuillimh choinnithe agus fálú sreabhadh airgid agus cúlchistí athluachála i rith na bliana a nochtadh i ráiteas an Ghrúpa um athruithe i gcothromas sna ráitis airgeadais seo. Ní mór d'aon athruithe ar chomhdhéanamh an stoic chaipitil faomhadh na scairshealbhóirí a fháil. Is é cuspóir an Ghrúpa giniúint sreabhadh airgid, clúdach úis agus cóimheasa gearála choimeád láidir, agus an fás agus leibhéil infheistíochta caipitil atá mar spriocanna ina straitéis 2020 á maoiniú.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

26. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS

(a) Dualgais léasa oibriúcháin

Mar seo a leanas a bhí na tiomantais iomlána faoi léasanna oibriúcháin nárbh fhéidir a chur ar ceal:

	2012 € '000	2011 € '000
Laistigh de bhliain	14,794	14,588
Ildir dhá bhliain agus cúig bliana	33,690	41,129
Tráth is faide anonn ná cúig bliana	105,895	114,778
Iomlán iníoctha	154,379	170,495

Baineann léasanna oibriúcháin is iníoctha ag an nGrúpa de ghnáth le talamh agus foirgnimh ar cíos. Bunaítear na costais léasa seo ar luach an mhargaidh oscailte agus de ghnáth bíonn siad faoi réir athbheithnithe cíosa, gach cúig bliana ar an meán. Níl aon srianta suntasacha ná srianta neamhghnácha ar an nGrúpa mar gheall ar théarmaí na léasanna oibriúcháin.

(b) Ceangaltais chaipitiúla

	2012 € '000	2011 € '000
A conraíodh	756,426	215,489

Tháinig méadú ar cheangaltais chaipitil in 2012 go príomha i ndáil leis an tionscadal chun gléasra cumhachta Gástuirbín Comh-thimthriallach 881MW (CCGT) a thógáil i Carrington, in aice le Manchain. Shroich an tionscadal dúnadh airgeadais i mí Mheán Fómhair 2012, agus tá an gléasra sceidealaithe le bheith coimisiúnaithe faoi 2016.

Comhaontaíodh conarthaí nua cothabhála fadtéarmacha chomh maith i rith 2012

San áireamh i gceangaltais chaipitil 2012, tá tiomantas a bhaineann leis an gciste VantagePoint (féach nóta 12). D'fhéadfadh comhpháirtithe an Ghrúpa sa chiste seo iarraidh air infheistíocht bhreise de €3.6 milliún a dhéanamh (2011: €6.2 milliún).

	2012 € '000	2011 € '000
Sciar de cheangaltais chaipitil chomhfhiontair		
A conraíodh	-	88

Baineann na ceangaltais in 2011 den chuid is mó le conarthaí cothabhála a bhí déanta ag an comhfhiontar Energia SL Bizkaia.

(c) Ceangaltais chonarthaí breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha déanta maidir le soláthar gáis do thréimhsí éagsúla suas go dtí an bhliain 2020. Déantar soláthar sna socruithe sin d'athruithe praghsála ag teacht le hathruithe ar tháscairí ionsuite sa mhargadh fuinnimh. Nuair is cuí, tá díorthaigh leabaithe scartha agus luach curtha orthu de réir IAS 39.

(d) Nochtadh eile

Tá roinnt litreacha éilimh faighte i ndáil le tuilte in 2009 i gCorcaigh (Éire); tá imeachtaí dlí tionscanta ag éilitheoir amháin atá ag iarraidh thart ar €19 milliún a aisghabháil toisc damáiste maoine. Tá seans ann go ndéanfar éilimh bhreise i ndáil leis na tuilte, ach tá sé ar intinn ag ESB cur i gcoinne gach éilimh den sórt sin go láidir. Ar bhonn na comhairle a fuarthas, creideann ESB go bhfuil cosaint mhaith aige ar na héilimh seo, agus dá réir sin, níl aon soláthar déanta d'éilimh den sórt sin sna ráitis airgeadais.

An 22 Feabhra 2012 d'fhógair Rialtas na hÉireann go raibh cinneadh déanta aige togra a chur chun cinn maidir le roinnt d'acmhainn giniúna neamh-straitéiseach ESB a dhiúscairt.

Sa bhreis ar an gcinneadh sin, ar an 24 Deireadh Fómhair 2012, d'iarr an Rialtas ar ESB moltaí a fhorbairt maidir le roinnt acmhainne giniúna neamh-straitéisí a dhíol, leis an gcuspóir sonracha díbhinní speisialta a sheachadadh don Rialtas dírithe ar suas go €400 milliún faoi dheireadh na bliana 2014. Agus an t-iaratas seo á dhéanamh, d'athdhearbhaigh an Rialtas a thiomantas go mbeidh ESB:

- ag fanacht ina fhóntas atá comhtháite go hingearach (VIU) faoi úinéireacht an Stáit;
- ag coinneáil a rátáil chreidmheasa láidir chun rochtain ar mhaoiniú a chinntiú d'fhonn a infheistíocht i mbonneagar criticiúil a sholáthar; agus
- ag fanacht ar scála mór i nGiniúint chun dul san iomaíocht sa mhargadh uile-oileáin (Éire agus an Ríocht Aontaithe), agus leanúint le bogadh go dtí sciar cuí den mhargadh in Éirinn.

Amhail 31 Nollaig 2012 níor chomhlíon aon tsócmainn de chuid an Ghrúpa critéir IFRS 5 Sócmhainní Neamh-Reatha a Choimeádtar le Díol agus Oibríochtaí Scortha a éilíonn cur i láthair agus nochtadh ar leith, ach d'fhéadfaidís na critéir sin a chomhlíonadh sa tréimhse cuntasaíochta atá ag teacht.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

27. BEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Comhlachtaí stát-tionscanta

Cosúil le go leor aonán eile, déanann ESB gnó sa ghnáthshlí le comhlachtaí státurraithe eile ar nós Bord Gáis agus Bord na Móna. Déantar comhaontuithe idir ESB agus Bord na Móna maidir le socrúithe fadtéarmacha chun móin a cheannach do na Stáisiúin Lár Tíre.

Bainc faoi úinéireacht stáit in Éirinn

Sa ghnáthshlí, bíonn idirbhearta ag ESB le bainc áirithe in Éirinn arna rialú go hiomlán nó go páirteach ag Rialtas na hÉireann. Tá gach idirbheart de chuid ESB le bainc den chineál seo ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh aon comhchruinniú ábhartha iasachtaí ag ESB le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana nó ar 31 Nollaig 2012. Bhí cuid den airgead tirim agus de na cóibhéisí airgid i dtaisce le bainc den sórt sin, mar a nochtar i nóta 15.

Leasa Chomhaltaí an Bhoird

Seachas na leithroinntí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird in ESB ná i bhfochuideachtaí dá chuid ag aon am i rith na bliana.

Fochuideachtaí

I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012, cheannaigh Máthairchuideachta ESB seirbhísí innealtóireachta, comhairleoireachta agus eile, lena n-áirítear seirbhísí cíosa de €93.1 milliún (2011: €109.7 milliún) óna chuid fochuideachtaí.

I rith na bliana, bhí díolacháin €75.0 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2011: €69.7 milliún) le fochuideachtaí. Is le seirbhísí bainistíochta is mó a bhaineann na díolacháin sin, agus le muirir leictreachais lena n-áirítear muirir Úsáide Córais agus díolacháin leictreachais.

I rith na bliana fuair Máthairchuideachta ESB €42.4 milliún d'ús (2011: €31.4 milliún) ó fochuideachtaí agus d'íoc ús de €25.2 milliún (2011: €6.8 milliún) le fochuideachtaí ar iasachtaí idirchuideachtaí.

An 31 Nollaig 2012, bhí suimeanna iníoctha de €1,760.6 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2011: €714.6 milliún) lena fochuideachtaí. Baineann na suimeanna iníoctha seo den chuid is mó le suimeanna a bhí i dtaisce d'fhochuideachtaí, iasachtaí a thóg ESB Finance Limited agus a thug sé ar iasacht do Máthairchuideachta ESB um riachtanais chaipitil oibre agus chaiteachais chaipitiúil, chomh maith le méideanna atá dlíte i dtaobh seirbhísí innealtóireachta agus comhairleoireachta.

An 31 Nollaig 2012, bhí iarmhéideanna infhaighte de €1,969.6 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2011: €1,583.6 milliún) óna chuid fochuideachtaí. Is le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí d'fhochuideachtaí, chomh maith le muirir leictreachais lena n-áirítear muirir Úsáide Córais, is mó a bhaineann na hinfháiltais sin.

An 31 Nollaig 2012, bhí infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i ndáil le ranníocaíochtaí cothromais agus caipitil, de €72.8 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2011: €72.8 milliún).

Comhfhiontair

I rith na bliana chuir ESB seirbhísí ar fáil do Bizkaia Energia SL ar luach €6.7 milliún (2011: €6.5 milliún), do Oweninny Power Limited de €2.5 milliún (2011: €nialas), agus do Emerald Bridge Fibres Limited de €0.2 milliún. Níor cuireadh aon seirbhísí ar fáil do Marchwood Power Limited i rith 2012 (2011: €nialas).

Cuireadh maoínú caipitil de €1.5 milliún ar fáil (2011: €nialas), do Oweninny Power Limited, agus €4.1 milliún (2011: €nialas) do Emerald Bridge Fibres Limited. Níor cuireadh aon chaipiteal ar fáil i rith na bliana do Bizkaia Energia SL (2011: €nialas) nó Marchwood Power Limited (2011: €nialas).

An 4 Bealtaine 2011, d'athraigh Corby Power Limited ó chomhfhiontar go fochuideachta iomlán de chuid ESB Group, leis an nGrúpa ag fáil an scair comhionannais 50% a bhí fanta sa chuideachta. Sula bhfuarthas Corby Power Limited mar fhochuideachta iomlán, chuir ESB seirbhísí ar fáil don chuideachta dar luach €1.8 milliún.

Luach saothair na bpríomhbhainisteoirí

	2012 € '000	2011 € '000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile d'fhostaithe	2,731	2,849
Sochair iarfhostaíochta	329	361
Sochair Scoir	200	171
	3,260	3,381

Is ionann luach saothair na bpríomhbhainisteoirí a nochtar thuas agus an luach saothair do na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Cuimsíonn siad seo luach saothair na gComhaltaí Boird agus an fhoireann feidhmiúcháin.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

28. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS

Bíonn gá le líon suntasach toimhdí breithiúnacha agus meastachán breithiúnach nuair a bhíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Téann siad sin i bhfeidhm ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a luaitear sa ráiteas ioncaim agus ar an luacháil ar shócmhainní agus ar dhliteanais a luaitear sa chlár comhardaithe. Bíonn meastacháin agus breithiúnais den sórt sin bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear meastacháin maidir lena bhfuil i ndán a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis agus a bhíonn faoi réir ag athbhreithniú seasta.

Ba chóir a thabhairt ar aird go bhféadann athraitheas maidir le toimhdí nó meastacháin áirithe tionchar ábhartha, suntasach a bheith aige ar na torthaí a thuairiscítear. Áirítear iad seo a leanas orthu sin, ach níl siad teoranta do:

- (a) an luach cóir, de réir IAS 36 Lagú Sócmhainní, sócmhainní fadsaolacha agus dea-thola a bhaineann, mar a thuairiscítear i nóta 11.
- (b) Costais a bheidh ag teastáil amach anseo chun freastal ar sholáthairtí reatha agus ar dhliteanais a bhaineann le fostaithe, amhail dliteanais phinsin, an dliteanas maidir le hoibleagáid pinsin, costais um stáisiún chumhachta a dhúnadh agus oibleagáidí téarfa dheonaigh. Nochtar na dliteanais sin i nótaí 20, 21 agus 24.
- (c) Tomhas ar roinnt sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas ag deireadh na bliana a éilíonn ardleibhéal meastacháin agus breithiúnais, ina measc an ríomh ar ioncam leictreachais neamhbhilleáilte agus ar infháltais trádála agus eile, an luacháil ar stoic bhreosla, costas an bhreosla a ídíodh, saolré fónaimh na sócmhainní seasta agus fabhruithe maidir le hearraí a fuarthas nó le hobair a rinneadh agus nach bhfuarthas sonraisc ó sholáthraithe ina leith go fóill. Déantar meastacháin maidir leis na míreanna sin de réir pholasaithe cuntasáiochta an Ghrúpa agus de réir na gCaighdeán Cuntasáiochta Airgeadais Idirnáisiúnta reatha.
- (d) Mar a thuairiscítear i nóta 25 alt (h), tá luacháil ionstraimí airgeadais ar leith bunaithe ar roinnt fachtóirí agus boinn tuisceana dhaorbhreithiúnacha nach bhfuil, de riachtanais, bunaithe ar ionchur inbhraite. Táthar tar éis iad seo a aicmiú mar ionstraimí airgeadais leibhéal 3, faoi réir bhrí IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtadh. Sa bhliain 2010, fuair an Grúpa, mar chuid d'éadail NIE, babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú a bhfuil ré de níos mó ná 20 bliain acu, a cuireadh le punann reatha an Ghrúpa d'ionstraimí airgeadais ar leibhéal 3.
- (e) Cuireann ESB seirbhísí ar fáil do thuairim is 1.5 milliún duine agus gnó, ar théarmaí creidmheasa go príomha. Tá a fhios ag an saol nach n-íocfar fiachais faoi leith atá dlite do ESB trí mhainneachtain roinnt custaiméirí. Úsáidtear meastacháin bunaithe ar thaithí stairiúil, arna nuashonrú do choinníollacha an mhargaidh reatha, chun leibhéal na gcaillteanas a tabhaíodh a chinneadh. Tá fachtóirí mar staid reatha gheilleagar na hÉireann agus ceisteanna áirithe tionscail san áireamh sna meastacháin sin. Féach nóta 14 alt chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le próifíl agus aosú na n-infháltas trádála agus eile agus maidir leis an lamháltas um laghdú na n-infháltas trádála agus eile.

29. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Rinne ESB corprú ar ESB ESOP Trustee Limited i gcaitheamh 2001, le hinfheistíocht €1, mar iontaobhaí leis an ESB Employee Ownership Trust (ESOT)(iontaobhas Úinéireachta Scaireanna Fostaithe ESB) agus an ESB Approved Profit Sharing Scheme (APSS)(Scéim Roinnte Brabúis Ceadaithe ESB). Faoi théarmaí chruthú ESB ESOP Trustee Limited, níl ar chumas ESB ná de cheart aige smacht a chur i bhfeidhm ar shócmhainní ná bainistíocht na cuideachta. Ionntaobhaí is stiúrthóirí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gcuideachta iontaobhais, mar aon le ceathrar iontaobhaithe is stiúrthóirí thar ceann fostaithe ESB agus beirt iontaobhaithe is stiúrthóirí thar ceann na Cuideachta. Dá réir sin tá diansrianta ann a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú cearta ESB ar shócmhainní agus bainistíocht na cuideachta. De réir IAS 27 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar Leithligh, ní dhéantar cuntais ESB ESOP Trustee Limited a chomhdhlúthú le torthaí ESB.

30. IMEACHTAÍ INA DHIAIDH SIN

Ar 12 Feabhra 2013, shínigh an Grúpa áis nua chreidmheasa €1.35 billiún le siondacaít de 13 bainc, ag cur ar chumas an Ghrúpa airgeadas bainc a tharraingt anuas mar is gá suas go dtí Feabhra 2018. Tógann sé seo áit na háise creidmheasa imrothlaigh i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2012 a bhí le dul in éag ar dhátaí in 2014 agus 2015.

Sa bhreis ar mholadh Rialtas na hÉireann go ndéanadh ESB roinnt acmhainne giniúna neamh-straitéisí a dhiúscairt (mar a nochtar i nóta 26), ar 27 Feabhra 2013 d'fhógair ESB go raibh sé ar intinn aige a scairshealúchas 50% i ngach ceann dá ghléasraí dola idirnáisiúnta, eadhon Marchwood Power Limited sa Ríocht Aontaithe agus Bizkaia Energia SL sa Spáinn a dhíol.

31. FAOMHADH NA gCUNTAS

Rinne an Bord na cuntais a fhaomhadh ar an 27 Feabhra 2013.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

32. FOCHUIDEACHTAÍ, COMHFHIONTAIR AGUS COMHLAIGH

Ainm na cuideachta	Oifig chláráithe	Scair an Ghrúpa %	Cineál gnó
Fochuideachtaí			
Fochuideachtaí Díreacha			
ESB Energy International Ltd.	1	100	Cuideachta shealbhaíochta
ESB International Ltd.	1	100	Cuideachta shealbhaíochta
ESB International Investments Ltd.	1	100	Infheistíochtaí idirnáisiúnta
ESB Financial Enterprises Ltd.	1	100	Cuideachta shealbhaíochta
Menloe Two Ltd.	2	100	Léasú airgeadais
ESB Networks Ltd.	2	100	Dáileachán cumhachta
ESBNI Ltd.	7	100	Cuideachta shealbhaíochta
ESB Finance Ltd.	2	100	Airgeadas
ESB Electric Ireland Ltd.	2	100	Díolachán leictreachais
ESB Electric Ireland Ltd. (UK)	2	100	Díolachán leictreachais
Electric Ireland Ltd. (UK)	2	100	Díolachán leictreachais
Fochuideachtaí Indíreacha			
ESBI Engineering and Facility Management Ltd.	1	100	Innealtóireacht
ESBI Contracting Ltd.	1	100	Conraitheoireacht
ESBI Consultants Ltd.	1	100	Comhairleacht
ESBI Computing Ltd.	1	100	Seirbhísí Ríomhaire
Elfinance Ltd.	1	100	Creidmheas custaiméara
ESBI Contracts Engineering Ltd.	1	100	Conraitheoireacht
ESB Independent Energy Ltd.	1	100	Díolachán leictreachais
ESB Independent Energy NI Ltd.	1	100	Díolachán leictreachais
ESB Contracts Ltd.	1	100	Conraitheoireacht
ESB Power Generation Holding Company Ltd.	1	100	Cuideachta shealbhaíochta
Gort Windfarms Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
Crockahenny Wind Farm Ltd.	1	75	Giniúint chumhachta
Utilities O&M Services Ltd.	58 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2	100	Seirbhísí oibríochtaí agus cothabhála
Hibernian Wind Power Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
ESB Retail Ltd.	1	100	Díolachán fhearaí leictreacha
ESB Telecoms Ltd.	1	100	Teileachumarsáid
Facility Management Espana S.L.	4	100	Bainistíocht saoráide
ESBI Engineering UK Ltd.	5	100	Innealtóireacht agus comhairleacht ghinearálta
Electricity Supply Board Services B.V.	Symphony House Block D13 Jalan PJU 1A/46 43701 Petaling Jaya Malaysia	100	Bainistíocht saoráide
Electricity Supply Board International Investments B.V.	Strawinskylaan 3105 7th Floor 1077 ZX Amsterdam The Netherlands	100	Cuideachta shealbhaíochta
Coolkeeragh ESB Ltd.	6	100	Giniúint chumhachta
ESBII UK Ltd.	5	100	Cuideachta shealbhaíochta
ESBI Luxembourg S.A.	65 Boulevard Grand Duchesse Charlotte L-1391 Luxembourg	100	Cuideachta shealbhaíochta
Power Generation Technology Snd. Bhd.	10th Floor Wisma Havela Thakardos No 1 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur Malaysia	100	Giniúint chumhachta
Facility Management UK Ltd.	5	100	Bainistíocht saoráide
ESBI Georgia Ltd.	39 Gamsakhurdia Ave Suite 42 Tbilisi Georgia	100	Bainistíocht tarchuir
Marchwood Power Development Ltd.	5	100	Giniúint chumhachta

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

32. FOCHUIDEACHTAÍ, COMHFHIONTAIR AGUS COMHLAIGH (ar lean)

Ainm na cuideachta	Oifig chláráithe	Scair an Ghrúpa %	Cineál gnó
Knottingly Power Ltd	5	100	Giniúint chumhachta
Asturias Generation de Electricidad S.L.	Calle Uria, No 50-4, Oviedo 33001, Asturias, Spain	100	Giniúint chumhachta
Mountainlodge Power Ltd.	1	85.9	Giniúint chumhachta
Tullynahaw Power Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
Boleywind Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
ESB Trading Ltd. (formerly Blackwind Ltd.)	1	100	Giniúint chumhachta
Kobai Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
Orliven Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
Cappawhite Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
Waterfern Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
Hunter's Hill Wind Farm Ltd	6	100	Giniúint chumhachta
ESB Wind Development Ltd	2	100	Giniúint chumhachta
ESB Wind Development UK Ltd	5	100	Giniúint chumhachta
ESB Commercial Properties Ltd.	1	100	Bainistiú réadmhaoine
Crockagarran Windfarm Ltd.	6	100	Giniúint chumhachta
West Durham Wind Farm Limited.	5	100	Giniúint chumhachta
West Durham Wind Farm Holdings Ltd.	5	100	Giniúint chumhachta
West Durham Wind Farm Holdings 2 Ltd.	5	100	Giniúint chumhachta
Devon Wind Power Ltd.	5	100	Giniúint chumhachta
Synergen Power Ltd.	Gléasra Cumhachta Bóthar Theach Pigeon An Rinn Baile Átha Cliath 4	100	Giniúint chumhachta
ESB Novus Modus GP Ltd.	2	100	Infheistíocht sa teicneolaíocht ghlan
Airvolution Energy Ltd. (UK)	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Ysgellog) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Garlenick) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Wythegill) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (East Youlstone) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (M1J18) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Mossmorran) Ltd	50 Lothian Road, Festival Square Edinburgh Scotland, EH3 9WJ	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Potato Pot) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Demming) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Shotts) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Park Farm) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Hafod-Y-Dafal) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Crossrig) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Agney Farm) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Rawcliffe Bridge) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Thorpe) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Watsonhead) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (New Rides Farm) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Junction 2A) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Biglis Farm) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Blaeduard) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Glenstockdale) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Muircleugh) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Scottow) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Pan Lane) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
Airvolution Energy (Park Hall) Ltd	8	90	Giniúint chumhachta
ESB 1927 Properties Ltd.	2	100	Bainistiú réadmhaoine
ESBI Carbon Solutions Ltd.	1	100	Laghdú astaíochtaí carbóin
ESB Independent Generation Trading Ltd.	1	100	Trádáil leictreachais agus gáis
Carrington Power Ltd.	5	100	Giniúint chumhachta
Northern Ireland Electricity Ltd.	7	100	Tarchur agus dáileadh cumhachta

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

32. FOCHUIDEACHTAÍ, COMHFHIONTAIR AGUS COMHLAIGH (ar lean)

Ainm na cuideachta	Oifig chláraithe	Scair an Ghrúpa %	Cineál gnó
NIE Powerteam Ltd.	7	100	Conraitheoireacht infrastruchtúir
Capital Pensions Management Ltd.	7	100	Riarachán scéime pinsin
Powerteam Electrical Services Ltd.	7	100	Conraitheoireacht infrastruchtúir
Powerteam Electrical Services (UK) Ltd.	7	100	Conraitheoireacht infrastruchtúir
NIE Power Ltd.	7	100	Giniúint chumhachta
NIE Generation Ltd.	7	100	Giniúint chumhachta
NIE Enterprises	7	100	Giniúint chumhachta
Cambrian Renewable Energy Ltd	6	100	Giniúint chumhachta
EC02 Cambrian Ltd	5	100	Giniúint chumhachta
Curryfree Wind Farm Ltd	6	100	Giniúint chumhachta
Mount Eagle Wind Farm Ltd	1	100	Giniúint chumhachta
Garvagh Glebe Power Ltd.	1	100	Giniúint chumhachta
Corby Power Ltd.	3	100	Giniúint chumhachta
CPL Operations Ltd.	3	100	Bainistíocht saoráide
NIE Finance Ltd	7	100	Airgeadas
Fochuideachta neamhrialaithe			
ESB ESOP Trustee Ltd.	43 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2	100	Scéim Scairsheilbhe Foirme
Comhfhiontair			
Bizkaia Energia S.L.	4	50	Giniúint chumhachta
Marchwood Power Ltd.	Oceanic Way, Marchwood Industrial Estate Marchwood Southampton Hampshire SO40 4BD	50	Giniúint chumhachta
Oweninny Power Ltd	1	50	Giniúint chumhachta
Emerald Bridge Fibres Ltd	1	50	Teileachumarsáid
UNES Operation and Maintenance Inc.	Nispetiye Cad.Akmerkez E3 Blok K.13 Etiler/Besiktas, Turkey	50	Seirbhísí oibríochtaí agus cothabhála
Comhlaigh			
Pesaka Technologies	Level 1, Menara Yayasan, Tun Razak, Zoo, Jalan Bukit Bintang, 55100 Kuala Lumpur, Malaysia	30	Giniúint chumhachta

Tabhair do d'aire: Is é 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 príomhái ghnó ESB.

Nótaí:

- Cúirt Stiabhna, 18-21 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2
- 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
- Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire N17 1Q7
- Poligono Industrial de Boroa, Insula A. I-1, 48340 Amorebieta, Spain
- Tricor Suite 52/54 Gracechurch Street, London EC3V 0EH
- 2 Electra Road, Maydown, Derry BT47 6 UL
- 120 Malone Road Belfast BT9 5HT
- Palladium House, 1-4 Argyll Street, London, United Kingdom, W1F 7TA

Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird maidir leis an nGéilliúntas i leith an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Íocaí Malla maidir le Bearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002)

Réamhrá

Bhí téarmaí íocaíochtaí i rith na bliana 2012 faoi réir ag dhá phíosa reachtaíochta:

> An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

> Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Íocaí Malla maidir le Bearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002) chun comhrac i gcoinne íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Baineann na Rialacháin sin le conarthaí maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthraigh soláthraithe atá bunaithe san AE do ESB.

Ráiteas faoi chleachtais íocaíochta lena n-áirítear gnáth-thréimhsí íocaíochtaí

Tá polasaí ag ESB gach sonrasc soláthraí nach bhfuil díospóid faoi a íoc taobh istigh de na téarmaí íocaíochta a aontaítear. Glan in aghaidh na míosa na téarmaí caighdeánacha a shonraítear sa ghnáthordú ceannacháin. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i gcás gur aontaíodh conradh ar leith leis an soláthróir.

Géilliúntas maidir leis an reachtaíocht

Comhlíonann ESB ceanglais na reachtaíochta i ndáil le híocaíochtaí soláthraí seachtraigh laistigh den AE ar gach bealach ábhartha.

Nósanna Imeachta agus rialuithe i bhfeidhm


Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí i bhfeidhm lena n-áirítear rólanna agus dualgaisí atá sainithe go soiléir. Soláthraíonn na nósanna imeachta dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh reachtaíochta ábhartha.

Sonraí d'íocaíochtaí úis maidir leis an mbliain 2012

Nuair a fhaigheann ESB éileamh ó sholáthróir, tá sé de pholasaí ag ESB an t-ús atá dlite maidir le híoc mall a íoc. Rinneadh íocaíocht den sórt sin arb ionann é agus €17,040 i ndáil le híocaíochtaí malla i rith na bliana 2012 (2011: nialas).



Lochlann Quinn
Cathaoirleach




Pat O'Doherty
Príomhfheidhmeannach

27 Feabhra 2013

FUINNEAMH CHUN TÚ A NASCADH



20:25
FUINNEAMH CHUN
AM TEAGHLAIGH
A CHOTHÚ



03:35
FUINNEAMH CHUN
ATHLUCHTÚ A DHÉANAMH
ROIMH
LÁ GNÓTHACH




07:59
FUINNEAMH CHUN
TÚS MAITH
A CHUR LEIS



18:04
FUINNEAMH CHUN TALLANN
NUA A FHORBAIRT


24/7



10:14
FUINNEAMH CHUN INTINNÍ ÓGA
A CHUR AG OBAIR



15:35
FUINNEAMH A
CHUMASAÍONN GNÓ



12:25
FUINNEAMH LE
HAGHAIDH NUÁLAÍOCHTA



Energy for
generations

Ceannáras ESB
27 Sráid Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
Éire
t: + 353 (0)1 676 5831
www.esb.ie



Tá an tuarascáil seo clóite ar pháipéar deimhnithe a bheith FSC